



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0184/2023**

8.5.2023

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícéall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Lara Wolters

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta:  
Raphaël Glucksmann, An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha  
Barry Andrews, An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta  
René Repasi, An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta  
Samira Rafaela, An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta  
Tiemo Wölken, An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTEIR IONCHUR.....	220
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA.....	223
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA.....	300
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA.....	327
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ....	408
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA.....	437
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT .....	510
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH.....	647
TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA.....	675
NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.....	735
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.....	737



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0071),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 50(1) agus (2)(g) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0050/2022),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Iúil 2022<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0184/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

### Leasú 1

<sup>1</sup> Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

## Togra le haghaidh treorach Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh treorach Aithris 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip<sup>74</sup>. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí.

*Leasú*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh **agus in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach**. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine **agus an chomhshaoil**, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

*Leasú*

(2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip<sup>74</sup>. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí. **Luaitear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go rannchuideoidh beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaoil le cáilíocht an**

*chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, le sláinte an duine a chosaint, le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus le bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.*

---

<sup>74</sup> Communication from the Commission to the European Parliament the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Region “The European Green Deal” [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’] (COM/2019/640 final).

---

<sup>74</sup> Communication from the Commission to the European Parliament the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Region “The European Green Deal” [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’] (COM/2019/640 final).

## Leasú 3

### Togra le haghaidh treorach Aithris 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir<sup>75</sup>, gheall an Coimisiún geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirithítear dálaí oibre cothroma. Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a bhaineann le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain<sup>76</sup>.

*Leasú*

(3) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir<sup>75</sup>, gheall an Coimisiún geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta a bhaint amach, **agus á áirithiú nach bhfágfaí aon duine ar lár.** Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirithítear dálaí oibre cothroma. **Ina theannta sin, cuirfidh sí le hinfheictheacht an Cholúin, agus le úinéireacht de, i measc cuideachtaí, a bhfuil a rannpháirtíocht riachtanach chun an Colún a chur chun feidhme go héifeachtach.** Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a

bhaineann le hobair **chóir** chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain<sup>76</sup>.

---

<sup>75</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A Strong Social Europe for Just Transitions [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

<sup>76</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

---

<sup>75</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A Strong Social Europe for Just Transitions [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

<sup>76</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

## Leasú 4

### Togra le haghaidh treorach Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Tá iompraíocht **chuideachtaí** i ngach earnáil den gheilleagar rithábhachtach **chun go n-éireofar cuspóirí** inbhuanaitheachta an Aontais **a bhaint amach** toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, **go háirithe cuideachtaí móra**, ar shlabhraí

*Leasú*

(4) Tá iompraíocht **cuideachtaí** i ngach earnáil den gheilleagar rithábhachtach **do bhaint amach chuspóirí** inbhuanaitheachta an Aontais toisc go mbraitheann **a lán** cuideachtaí de chuid an Aontais ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus



luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin *ar leibhéal an Aontais*<sup>77</sup> agus *ar an leibhéal náisiúnta*<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach *ar leibhéal an Aontais*<sup>77</sup> agus *ar an leibhéal náisiúnta*<sup>78</sup>, lena n-áirítear reachtaíocht cheangailteach i roinnt *Ballstát amhail an Fhrainc agus an Ghearmáin, as a n-eascraíonn an gá atá le cothrom iomaíochta do chuideachtaí chun ilroinnt a sheachaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach creat Eorpach a bhunú le haghaidh cur chuige freagrach agus inbhuanaithe i leith slabhraí luacha domhanda, i bhfianaise a thábhachtaí atá cuideachtaí mar cholún i gcruthú sochaí agus geilleagair inbhuanaithe.*

---

<sup>77</sup> ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [*Fiontraíocht* agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ *Eanáir 2021*.

<sup>78</sup> E.g. <https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

---

<sup>77</sup> Enterprise Models and the EU agenda [*Samhlacha Fiontraíochta* agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ *Eanáir 2021*.

<sup>78</sup> E.g. <https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

## Leasú 5

### Togra le haghaidh treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le hiompar freagrach gnó gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus *leagtar amach iontu* an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún

*Leasú*

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta *sheanbhunaithe* atá ann cheana maidir le hiompar freagrach gnó *amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine*<sup>79</sup> agus *Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta*<sup>79a</sup> mar a *shoiléirítear i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar*

Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an **Duine**<sup>79</sup> freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí **dhrochthionchair** a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainaithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na **tionchair** sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí sárú ar chearta an duine a sheachaint agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar **dhrochthionchair** ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar rannchuidigh siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indéreacha.

---

<sup>79</sup> ‘Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations “Protect, Respect and Remedy” Framework’, [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiún Aontaithe, 2011, ar fáil ag [https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr\\_en.pdf](https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf).

**Freagrach Gnó**<sup>79b</sup> gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus an chaoi ar cheart dóibh **meas a bheith acu ar agus** aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus **ina** slabhraí luacha **a leagan amach**. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an **Duine** freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí **iarmhairtí dochracha** a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainaithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na **hiarmhairtí** sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí sárú ar chearta an duine a sheachaint agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar rannchuidigh siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indéreacha.

---

<sup>79</sup> Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations “Protect, Respect and Remedy” Framework, [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiún Aontaithe, 2011, ar fáil ag [https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr\\_en.pdf](https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf).

<sup>79a</sup> **Treoir ECFE d’Fhiontair Innáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag** <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/>

<sup>79b</sup> **Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáilshonrach, ar fáil ag** <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

## Togra le haghaidh treorach Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh *sna Treoirlínte* ECFE d’Fhiontair *Ilnáisiúnta*<sup>80</sup> lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir *earnála*<sup>81</sup>, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí *tionchair* iarbhir agus *fhéideartha* ina n-oibríochtaí, ina slabhraí luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shaináithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.<sup>82</sup>

---

<sup>80</sup> *Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/> <https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>*

<sup>81</sup> *Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáil-shonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/duediligence-guidance-for-responsible->*

*Leasú*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh *i dTreoirlínte* ECFE d’Fhiontair *Ilnáisiúnta* lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir *earnála*, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí *iarmhairtí* iarbhir agus *féideartha* ina n-oibríochtaí, ina slabhraí luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shaináithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá *ról tábhachtach ag Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) arna gcruthú ag tíortha a chloíonn le Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le dícheall cuí cuideachtaí a chur chun cinn trína ról i gcur chun cinn na dTreoirlínte agus i bhfeidhmiú mar shásraí casaoide neamhbhreithiúnacha. Tá* coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.<sup>82</sup>

***business-conduct.htm.***

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Innáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag:

[https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Innáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag:

[https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(6a) Ba cheart do gach cuideachta cearta an duine a urramú, mar a chumhdaítear sna coinbhinsiúin agus sna hionstraimí idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I, Roinn 2, agus ba cheart ceangal a bheith orthu siúd faoi raon feidhme na Treorach seo dícheall cuí a dhéanamh agus ba cheart dóibh bearta iomchuí a dhéanamh chun iarmhairtí dochracha ar chearta an duine feadh a slabhra luacha a shainithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Féadfaidh méid agus cineál an díchill chuí a bheith éagsúil de réir mhéid, earnáil, chomhthéacs oibriúcháin, agus phróifíl riosca na cuideachta.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe<sup>83</sup>, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha

(7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe<sup>83</sup>, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha

amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Rannchuidíonn an earnáil phríobháideach leis na haidhmeanna sin.

amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Rannchuidíonn an earnáil phríobháideach leis na haidhmeanna sin. *Maidir leis an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, ar staid í a eascraíonn as ionsaí na Rúise san Úcráin, as an ngéarchéim fuinnimh, as iarmhairtí leanúnacha COVID-19 agus as iarrachtaí chun slándáil an tslabhra agraibhia a choinneáil agus a neartú, d'fhéadfadh an earnáil phríobháideach cabhrú le fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus cruthú míchothromaíochtaí ar an margadh inmheánach á sheachaint ag an am céanna.*

83

[https://www.un.org/ga/search/view\\_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E](https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E)

83

[https://www.un.org/en/search/view\\_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E](https://www.un.org/en/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E)

## Leasú 9

### Togra le haghaidh treorach Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe iontu, amhail Comhaontú Pháras<sup>84</sup> agus an Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid<sup>85</sup> a comhaontaíodh le déanaí, leagtar amach bealaí beachta chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an téamh domhanda a choinneáil laistigh de **1.5°C. Chomh maith le gníomhaíochtaí sonracha a bhfuiltear ag súil leo ó na Páirtithe sínitheacha go léir, meastar go bhfuil ról lárnach ag an earnáil phríobháideach, go háirithe a straitéisí infheistíochta, chun na cuspóirí sin a**

*Leasú*

(8) Sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe iontu, amhail Comhaontú Pháras<sup>84</sup> agus an Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid<sup>85</sup> a comhaontaíodh le déanaí, leagtar amach bealaí beachta chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an téamh domhanda a choinneáil laistigh de **1.5°C. Chomh maith le gníomhaíochtaí sonracha a bhfuiltear ag súil leo ó na Páirtithe sínitheacha go léir, meastar freisin go bhfuil ról lárnach ag an earnáil phríobháideach, go háirithe a straitéisí infheistíochta, chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Cé nach bhfuil ach**

*bhaint amach.*

*100 cuideachta freagrach as níos mó ná 70 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an domhain ó 1988 i leith, tá neamhréir bhunúsach ann idir gealltanais chorpáraídeacha aeráide agus a n-infheistíochtaí iarbhir chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Dá bhrí sin, is uirlis thábhachtach reachtach í an Treoir seo chun aon mhaíomh míthreorach maidir le haeráidneodracht a sheachaint agus chun deireadh a chur leis an méadú ar snas glas agus ar bhreosláí iontaise ar fud an domhain chun cuspóirí aeráide idirnáisiúnta agus Eorpacha a bhaint amach, ar cuspóirí iad a mholtar freisin sna tuarascálacha eolaíocha is déanaí<sup>85a</sup>.*

84

[https://unfccc.int/files/essential\\_background/convention/application/pdf/english\\_paris\\_agreement.pdf](https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf).

<sup>85</sup> Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid, arna ghlacadh an 13 Samhain 2021 ag COP26 i nGlaschú, [https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021\\_L16\\_adv.pdf](https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf). [https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021\\_L16\\_adv.pdf](https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf).

84

[https://unfccc.int/files/essential\\_background/convention/application/pdf/english\\_paris\\_agreement.pdf](https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf).

<sup>85</sup> Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid, arna ghlacadh an 13 Samhain 2021 ag COP26 i nGlaschú, [https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021\\_L16\\_adv.pdf](https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf). [https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021\\_L16\\_adv.pdf](https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf).

<sup>85a</sup> *CDP Carbon Majors Report, 2017 Influence Map Report, Big Oil's Real Agenda on Climate Change 2022, Meán Fómhair 2022, <https://influencemap.org/report/Big-Oil-s-Agenda-on-Climate-Change-2022-19585> IEA, Net Zero by 2050, A Roadmap for the Global Energy Sector, lch. 51.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Sa Dlí Aeráide Eorpach<sup>86</sup>, thug an tAontas gealltanais dlíthiúil freisin go

*Leasú*

(9) Sa Dlí Aeráide Eorpach<sup>86</sup>, thug an tAontas gealltanais dlíthiúil freisin go

mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanas sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a *sholáthraíonn* cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin<sup>87</sup>, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘go mbeidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ I *dTeachtaireacht 2019* ar an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>88</sup> leagtar amach gur ceart gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais *a bheith* ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorparáidigh.

mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanas sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a *soláthraíonn* cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin<sup>87</sup>, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘go mbeidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais *chorparáidigh*, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ *Is é is aidhm le Clár Ginearálta Gníomhaíochta an Aontais don Chomhshaol go dtí 2030<sup>87a</sup> ('an 8ú CGC'), arb é an creat do ghníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhshaoil agus na haeráide, dlús a chur leis an aistriú glas chuig gilleagar ciorclach atá aeráidneodrach, inbhuanaithe, neamhthocsaineach, tíosach ar acmhainní, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athléimneach agus iomaíoch ar bhealach cóir, cothrom agus cuimsitheach agus staid an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú trí, inter alia, cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú. I dTeachtaireacht 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>88</sup>, leagtar amach gur ceart *go mbeadh* gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe *nach bhfágfar aon duine ar lár inti* a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorparáidigh.*

<sup>86</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') PE/27/2021/REV/1 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>87</sup> SWD/2020/176 final.

<sup>88</sup> COM/2019/640 final.

## Leasú 11

### Togra le haghaidh treorach Aithris 11

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach<sup>91</sup>, sa Straitéis Bhithéagsúlachta<sup>92</sup>, sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc<sup>93</sup> agus sa Straitéis Ceimiceán<sup>94</sup> agus in Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Tionsclaíochta **Nua 2020** a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]<sup>95</sup>, in Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]<sup>96</sup> agus i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta<sup>97</sup> agus *in* Athbhreithniú ar an mBeartas **Trádála 2021**<sup>98</sup>, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe.

<sup>86</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') PE/27/2021/REV/1 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>87</sup> SWD/2020/176 final.

### ***<sup>87ú</sup> Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030.***

<sup>88</sup> COM/2019/640 final.

*Leasú*

(11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach<sup>91</sup>, sa Straitéis Bhithéagsúlachta<sup>92</sup>, sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc<sup>93</sup> agus sa Straitéis Ceimiceán<sup>94</sup>, **sa Straitéis Chógaisíochta, i bPlean Gníomhaíochta 2021 AE um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú agus** in Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Tionsclaíochta **Nua 2020** a thabhairt cothrom le dáta: Margadh aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]<sup>95</sup>, in Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]<sup>96</sup> agus i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta<sup>97</sup> agus *san* Athbhreithniú ar an mBeartas **Trádála 2021**<sup>98</sup>, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe. ***Dá bhrí sin, ba cheart do cheanglais díchill chuí faoin Treoir seo rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú agus trí staid an chomhshaoil a fheabhsú, go háirithe***



***an t-aer, an t-uisce agus an ithir. Ba cheart dóibh rannchuidiú freisin le dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach neamhthocsaineach. Ba cheart do cheanglais díchill chuí faoin Treoir seo rannchuidiú freisin le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú a mhéid a bhaineann le comhshaol saor ó thocsainí a chruthú agus sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chosaint ar rioscaí a bhaineann leis an gcomhshaol agus ar iarmhairtí diúltacha.***

---

<sup>91</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

<sup>92</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM/2020/380 final).

<sup>93</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy

---

<sup>91</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

<sup>92</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM/2020/380 final).

<sup>93</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy

and environmentally-friendly food system [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381 final).

<sup>94</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

<sup>95</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe’s recovery [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig *an gCoiste* Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Tionsclaíochta *Nua 2020* a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

<sup>96</sup> Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta *5.0*]; [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50\\_en](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_en)

<sup>97</sup>

<https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

<sup>98</sup> Communication from the Commission to

and environmentally-friendly food system [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381 final).

<sup>94</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

<sup>95</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe’s recovery [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig *Coiste* Eacnamaíoch agus Sóisialta *na hEorpa* agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Tionsclaíochta *Nua 2020* a thabhairt cothrom le dáta: Margadh aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

<sup>96</sup> Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta *5.0*]; [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50\\_ga](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_ga)

<sup>97</sup>

<https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

<sup>98</sup> Communication from the Commission to

the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

## Leasú 12

### Togra le haghaidh treorach Aithris 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta **an Aontais** maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024<sup>99</sup>. Sainmhínítear sa Phlean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht **é** rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus treoirlínte **idírnáisiúnta ábhartha eile amhail Treoirlínte** ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeáin ábhartha **an** díchill chuí a chur chun cinn.

---

<sup>99</sup> Joint Communication to the European Parliament and the Council on the EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024 [Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024] (JOIN/2020/5 final).

*Leasú*

(12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta **AE** maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024<sup>99</sup>. Sainmhínítear sa Phlean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht **í** rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta **mar a shoiléirítear i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Freagrach Gnó mar na treoirlínte ábhartha a** chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeáin ábhartha díchill chuí a chur chun cinn.

---

<sup>99</sup> Joint Communication to the European Parliament and the Council on the EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024 [Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024] (JOIN/2020/5 final).

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(13) *Sa rún uaithi an 10 Márta 2021, iarrann* Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún rialacha an Aontais a mholadh le haghaidh *oibleagáid chuimsitheach* maidir le dícheall cuí *corparáideach*<sup>100</sup>. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, conclúidí a eisíodh an 1 Nollaig 2020, iarradh ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh creat dlíthiúil de chuid an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha maidir le dícheall cuí corparáideach feadh na slabhraí soláthair domhanda.<sup>101</sup> Ina tuarascáil féintionscnaimh a glacadh an 2 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, iarrann Parlaimint na hEorpa freisin go ndéanfaí dualgais stiúirthóirí a shoiléiriú. Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022<sup>102</sup>, tá gealltanús tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún geilleagar a fhóireann do dhaoine a bhaint amach, agus an creat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fheabhsú.

---

<sup>100</sup> *European Parliament resolution of 10 March 2021 with recommendations to the Commission on corporate due diligence and corporate accountability [Rún ó*

*Leasú*

(13) *I rún an 10 Márta 2021 uaithi, d'iarr* Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún rialacha *de chuid* an Aontais a mholadh le haghaidh *oibleagáidí cuimsitheacha* maidir le dícheall cuí *corparáideach, a mbeidh iarmhairtí uirthi nó air lena n-áirítear dlíteanas sibhialta do na cuideachtaí sin is cúis le díobháil nó a rannchuidíonn le díobháil trí mhainneachtain dícheall cuí a dhéanamh*<sup>100</sup>. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, conclúidí a eisíodh an 1 Nollaig 2020, iarradh ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh creat dlíthiúil de chuid an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha maidir le dícheall cuí corparáideach feadh na slabhraí soláthair domhanda.<sup>101</sup> Ina tuarascáil féintionscnaimh a glacadh an 2 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, iarrann Parlaimint na hEorpa freisin go ndéanfaí dualgais stiúirthóirí a shoiléiriú. Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022<sup>102</sup>, tá gealltanús tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún geilleagar a fhóireann do dhaoine a bhaint amach, agus an creat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fheabhsú.

---

<sup>100</sup> *Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021* lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht

Pharlaimint na hEorpa an **10 Márta 2021** lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht **chorparáideach** (2020/2129(INL)), P9\_TA(2021)0073, **atá** ar fáil ag [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popup/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129\(INL\)](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popup/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129(INL)).

<sup>101</sup> Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, 1 Nollaig 2020 (13512/20).

<sup>102</sup> Dearbhú Comhphárteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022, ar fáil ag [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint\\_declaration\\_2022.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint_declaration_2022.pdf).

**chorparáideach** (2020/2129(INL)), P9\_TA(2021)0073, ar fáil ag [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popup/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129\(INL\)](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popup/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129(INL)).

<sup>101</sup> Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, 1 Nollaig 2020 (13512/20).

<sup>102</sup> Dearbhú Comhphárteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022, ar fáil ag [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint\\_declaration\\_2022.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint_declaration_2022.pdf).

## Leasú 14

### Togra le haghaidh treorach Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí **dhrochthionchair fhéideartha** nó iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar **drochthionchair** iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha.

*Leasú*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí **chearta an duine agus an comhshaol a urramú, trí iarmhairtí dochracha féideartha** nó iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, **a fheabhsú** agus a íoslaghdú, **agus i gcás inar gá, tosaíocht a thabhairt dóibh, ar iarmhairtí dochracha** iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha, **agus lena áirithiú go mbeidh rochtain ar cheartas agus ar leigheasanna dlí ag iad siúd a ndéanann mainneachtain an dualgas sin**

*a urramú difear dóibh. Ba cheart go mbeadh an Treoir seo gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit cearta an duine agus an comhshaol a urramú agus an dualgas atá orthu cearta an duine agus an comhshaol a chosaint faoin dlí idirnáisiúnta.*

## Leasú 15

### Togra le haghaidh treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin **agus** a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha **sheanbhunaithe ar fud a** slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart go gcuirfeadh an treoir seo de cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh **drochthionchair** riamh nó go gcuirfeadh stop leo. Mar shampla, i dtaca le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascaíonn an **drochthionchar** as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart gur 'oibleagáidí acmhainne' na príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a **mbeifí** ag súil **le réasún gur cosc nó íoslaghú an drochthionchair a bheadh mar** thoradh orthu **in imthosca** an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ar a caidrimh ghnó **dhíreacha agus indíreacha**, agus i dtaobh an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh **de réir a n-acmhainní** chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin, **oibríochtaí** a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha **ina** slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart go gcuirfeadh an Treoir seo de cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh **iarmhairtí dochracha** riamh nó go gcuirfeadh stop leo. Mar shampla, i dtaca le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascaíonn an **iarmhairt dhochrach** as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart gur 'oibleagáidí acmhainne' na príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a **bhféadfaí a bheith** ag súil **leis go réasúnta go ndéanfaí de** thoradh orthu an **iarmhairt dhochrach a chosc nó a íoslaghú faoi chúinsí an** cháis shonraigh, **a bheadh comhréireach agus comhchuimseach le leibhéal déine agus dóchúlacht na hiarmharta dochraí agus le méid, acmhainní, agus cumais na cuideachta**. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a

mhéadú.

comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ar a caidrimh ghnó, agus i dtaobh an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

## Leasú 16

### Togra le haghaidh treorach Aithris 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) Ba cheart **a chumhdach** leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa treoir sin na sé chéim arna sainiú **ag Treoir Díchill Chuí** ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun **drochthionchair** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) **drochthionchair** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú, (3) **drochthionchair** iarbhír agus **fhéideartha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar.

## Leasú 17

### Togra le haghaidh treorach Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Bíonn **drochthionchar** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina

*Leasú*

(16) Ba cheart **go gcumhdófaí** leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa Treoir sin na sé chéim arna sainiú **i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí** maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú, (3) **iarmhairtí dochracha** iarbhír agus **fhéideartha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a **fhíorú**, **faireachán a dhéanamh uirthi agus í a** mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar.

*Leasú*

(17) Bíonn **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina

bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart **a chumhdach** leis **drochthionchair** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, **úsáid** agus **diúscairt** an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.

## Leasú 18

### Togra le haghaidh treorach Aithris 17 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, **ina gcuid seirbhísí** agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart **go gcumhdófaí** leis **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, **dhiol** agus **bhainistiú dramhaíola** an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.

*Leasú*

**(17a) Bíonn tionchar ag éifeachtaí díobhálacha guaiseacha nádúrtha nó guaiseacha de dhéantús an duine ar shlabhraí luacha domhanda, go háirithe ar shlabhraí luacha amhábhbar criticiúil. Léiríodh le géarchéim COVID-19 na rioscaí a bhaineann le slabhraí luacha criticiúla agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar thionchar na suaití sin amach anseo, rud a bheidh ina spreagadh don bhoilsciú agus as a dtiocfaidh méadú ina dhiaidh sin ar luaineacht mhaicreacnamaíoch chomh maith le héiginnteacht sa mhargadh agus sa trádáil. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart don Aontas tús a chur le measúnú bliantúil ar fud an Aontais ar athléimneacht cuideachtaí i leith cásanna dochracha a bhaineann lena slabhraí luacha, lena ndéanfaí freagairtí féideartha ar a rioscaí slabhra luacha a mhapáil, a mheasúnú agus a sholáthar, lena n-áirítear seachtrachtaí chomh maith le rioscaí sóisialta, comhshaoil agus polaitiúla.**



## Leasú 19

### Togra le haghaidh treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Ba cheart **a chumhdach** leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus **úsáid agus diúscairt** an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó **sheanbhunaithe** na cuideachta. Ba cheart a **chumhdach leis caidrimh ghnó dhíreacha** agus **indíreacha sheanbhunaithe réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhair**, táirgí nó codanna de tháirgí **a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha**, lena n-áirítear **caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.**

## Leasú 20

### Togra le haghaidh treorach Aithris 18 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(18) Ba cheart **go gcumhdófaí** leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, **dáileadh agus díol** earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus **bainistiú dramhaíola** an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó na cuideachta. Ba cheart **go gcuimseofaí leis gníomhaíochtaí caidreamh gnó cuideachta a bhaineann le dearadh, eastóscadh, monarú, iompar, stóráil agus soláthar amhábhair**, táirgí nó codanna de tháirgí, **chomh maith le díol nó dáileadh earraí nó soláthar nó forbairt seirbhísí**, lena n-áirítear **bainistiú dramhaíola**, iompar agus stóráil, **gan bainistiú dramhaíola** an táirge **ag tomhaltóirí aonair a áireamh.**

**(18a) I gcásanna áirithe, a luaithe a dhíoltar nó a dháiltear táirgí trí**

*chaidreamh gnó, d'fhéadfadh sé go mbeadh cumas laghdaithe ag cuideachtaí faireachán a dhéanamh ar iarmhairtí d'fhonn bearta réasúnta a dhéanamh chun iad a chosc nó a mhaolú. Sna cásanna sin, beidh sé tábhachtach iarmhairtí iarbhír agus féideartha a shainaithint agus gníomhaíochtaí coiscitheacha nó maolaitheacha a dhéanamh roimh agus tráth an díola tosaigh nó an dáilte tosaigh, agus in idirghníomhaíochtaí leantacha nó leanúnacha leis na caidrimh ghnó sin nuair atá na hiarmhairtí sin intuartha go réasúnta nó nuair a thugtar fógra faoi iarmhairtí suntasacha tríd an nós imeachta um fhógra a thabhairt.*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 18 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(18b) Nuair a fhoinsíonn cuideachta táirgí ina bhfuil ábhar athchúrsáilte, d'fhéadfadh sé a bheith deacair tionscnamh na n-amhábhair tánaisteach a fhíorú. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta bearta iomchuí a dhéanamh chun amhábhair thánaisteacha a rianú chuig an soláthróir ábhartha agus meastóireacht a dhéanamh an bhfuil faisnéis leormhaith ann chun a léiriú gur ábhar athchúrsáilte atá ann.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(19) A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí

(19) A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí

iasachtaí, *seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile*, ba cheart *‘slabhra luacha’ maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí* na gcliant a fhaigheann *na seirbhísí sin*, agus *dá* bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. Cliaint ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid *den slabhra luacha. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliaint sin a chumhdach.*

iasachtaí, *atá nasctha le tabhairt i gcrích conartha laistigh de shlabhra luacha*, ba cheart *go n-áireofaí i soláthar na seirbhísí sin gníomhaíochtaí* na gcliant a fhaigheann *iad go díreach*, agus *gníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí sin* a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. *Chun forluí idir cleachtaí díchill chuí na ngnóthas airgeadais rialáilte a sheachaint, déantar gníomhaíochtaí cuideachtaí nó eintiteas dlíthiúil eile atá mar chuid de shlabhra luacha an chliaint sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo má shocraítear oibleagáidí díchill chuí in áit eile faoi dhlí an Aontais.* Cliaint ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid *de shlabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte.*

Leasú 23

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(19a) Ba cheart do ghnóthais airgeadais rialáilte chomh maith le cuideachtaí eile úsáid a bhaint as faisnéis lasmuigh den fhaisnéis a dhíorthaítear ó ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ó ghníomhaireachtaí rátála inbhuanaitheachta nó ó riarthóirí tagarmharcanna.**

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar 'chaidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar**

*scriosta*

*chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.*

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **500** fostaí acu ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 150 milliún acu** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart **a cheangal** orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. ***A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha.*** Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir **2018/957/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach

*Leasú*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **250** fostaí acu ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach **nó cuideachtaí ar máthairchuideachta dheiridh iad de ghrúpa a raibh 500 fostaí aige agus glanláimhdeachas domhanda de níos mó ná 150 milliún sa bhliain airgeadais dheireanach ar ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith**, ba cheart **go gceanglófaí** orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. Ba cheart go **n-áireofaí i ríomh na dtairseach líon na bhfostaithe agus láimhdeachas brainsí cuideachta, ar áiteanna gnó iad seachas an cheannoifig atá spleách air go dlíthiúil, agus a mheastar, dá bhrí sin, mar chuid den chuideachta, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta.** Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha **agus oibrithe eile i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta**, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir **(AE) 2018/957** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

## Leasú 26

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, **ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach** seo a **bheith** bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. **Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo**: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastóscatar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

*Leasú*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, **don Choimisiún treoirlínte earnáilsonracha a fhorbairt, lena n-áirítear do na hearnálacha** seo a **leanas**, bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí: monarú teicstílí, **corpbhirt**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola **agus mhiondíola** teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, **margaíocht** agus **fógraíocht bia agus deochanna, agus** trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, **táirgí de bhunadh ainmhióch, táirgí ó ainmhithe, táirgí** adhmaid, bia agus deochanna; **fuinneamh**, eastóscadh, **iompar agus láimhseáil** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastóscatar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus

(lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). **Maidir leis an earnáil** airgeadais, **mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha** agus **na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dlíteanas teoranta.**

trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile), **gníomhaíochtaí tógála agus gníomhaíochtaí gaolmhara, soláthar seirbhísí** airgeadais, **seirbhísí infheistíochta** agus **gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí airgeadais eile; agus táirgeadh, soláthar agus dáileadh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nó seirbhísí gaolmhara, lena n-áirítear crua-earraí, réitigh bogearraí, lena n-áirítear intleacht shaorga, faireachas, aghaidh-aithint, stóráil nó próiseáil sonraí, seirbhísí teileachumarsáide, seirbhísí gréasánbhunaithe agus néalbhunaithe, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus líonrú, teachtaireachtaí, ríomhthráchtáil, seachadadh, soghluaisteacht, agus seirbhísí ardáin eile.**

Leasú 27

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar **dhrochthionchair** ar chearta an duine agus ar an **geomhshaoil** i ndáil le hoibríochtaí, **fochuideachtaí** agus slabhraí luacha **cuideachtaí**, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **EUR 150 milliún** ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún ach níos lú ná EUR 150 milliún** sa bhliain airgeadais

*Leasú*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar **iarmhairtí dochracha** ar chearta an duine agus ar an **geomhshaoil** i ndáil le hoibríochtaí **cuideachtaí**, agus **oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a** slabhraí luacha, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **EUR 40 milliún** ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó **maidir le cuideachtaí ar máthairchuideachta deiridh iad de ghrúpa a raibh 500 fostaí**

*roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasú na Treorach seo.*

*aige agus glanláimhdeachas domhanda de níos mó ná 150 milliún agus a gineadh 40 milliún ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais dheireanach ar ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i ríomh an ghlanláimhdeachais láimhdeachas arna ghiniúint ag cuideachtaí tríú páirtí lena bhfuil comhaontú ingearach déanta ag an gcuideachta agus/nó ag a fochuideachtaí san Aontas i gcomaoin ar ríchíosanna.*

Leasú 28

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le **drochthionchair** ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh **sárú ar cheann de** na cearta nó **na** toirmisc **a chumhdaítear** sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart **sárú ar thoirmeasc nó ar** cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den **drochthionchar** ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an **chomhthéacs** oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin **drochthionchair** ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus

*Leasú*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le **hiarmhairt dhochrach** ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh **aon ghníomhaíocht lena mbaintear nó lena laghdaítear cumas duine aonair nó grúpa leas a bhaint as** na cearta nó **atá le bheith faoi chosaint ag** toirmisc **atá cumhdaithe** sna coinbhinsiúin agus **hionstraimí** idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo, **agus cásdlí agus obair comhlachtaí conartha ina dhiaidh sin bhaineann leis na coinbhinsiúin sin, lena n-áirítear cearta ceardchumann, cearta oibrithe agus cearta sóisialta.** Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart **iarmhairt dhiúltach ar thairbhíú de** cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin **agus sna hionstraimí** sin a bheith mar chuid den **iarmhairt dhochrach** ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart



na hoibleagáidí *de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol* a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an *comhthéacs* oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin *iarmhairtí dochracha* ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 25 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25a) Leis an Treoir seo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha i gcás iarmhairtí dochracha sistéamacha státurraithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí, beartais, rialacháin nó cleachtas institiúidithe arna gcinneadh, arna gcur chun feidhme agus arna bhforfheidhmiú ag údaráis náisiúnta nó áitiúla na Stát nó arna ndéanamh le tacaíocht ghníomhach uathu.*

## Leasú 30

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 25 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25b) Ba cheart go mbeadh cuideachtaí freagrach freisin as a dtionchar a úsáid chun cur le caighdeán leordhóthanach maireachtála i slabhraí luacha. Tuigtear gurb ionann sin agus pá maireachtála d'fhostaithe agus ioncam maireachtála d'oibríthe féinfhostaithe agus do shealbhóirí beaga, a thuilleann siad óna gcuid oibre agus óna dtáirgeadh agus ní*

*mór dó freastal ar a riachtanais agus ar riachtanais a dteaghlaigh.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 25 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25c) Aithnítear sa Treoir seo an cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ mar a d’aithin an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte é, mar chur chuige comhtháite agus aontáithe arb é is aidhm dó cothromaíocht inbhuanáithe a bhaint amach agus sláinte daoine, ainmhithe agus éiceachóras a bharrfheabhsú. Aithnítear leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ go bhfuil dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe clóis agus sláinte ainmhithe fiáine, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear éiceachórais. Is iomchuí, dá bhrí sin, a leagan síos gur cheart go gcuimseodh dícheall cuí comhshaoil díghrádú comhshaoil a bhfuil éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte amháil eipidéimí mar thoradh air a sheachaint, agus an ceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanáithe a urramú. Maidir le tiomantas G7 aitheantas a thabhairt don mhéadú tapa atá tagtha ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) ar an scála domhanda, is gá úsáid stuama agus fhreagrach antaibheathach i gcógas don duine agus i gcógas tréidliachta a chur chun cinn.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 25 d (nua)**

**(25d) D'fhéadfadh tosca amhail éilliú agus breabaireacht a bheith fite fuaite le hiarmhairtí dochracha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol nó mar bhonn taca leo, agus dá bhrí sin, áirítear i dTreoirlínte ECFE d'Fhiontair Innáisiúnta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ghá do chuideachtaí na tosca sin a chur san áireamh agus iad ag déanamh díchill chuí maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol.**

### Leasú 33

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) **Tá** treoraíocht ar fáil do chuideachtaí a léiríonn an chaoi a bhféadfadh a gcuid gníomhaíochtaí **tionchar** a imirt ar chearta an duine agus a léiríonn an iompraíocht chorparáideach a thoirmisctear i gcomhréir le cearta an duine atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Áirítear an treoraíocht sin, mar shampla, i gCreat Tuairiscithe Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe<sup>104</sup> agus i dTreoirleabhar Léirmhínte Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe<sup>105</sup>. Agus treoirlínte agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á n-úsáid mar thagairt, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint a bheidh mar uirlis phraiticiúil le haghaidh cuideachtaí.

<sup>104</sup> [https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPRreportingFramework\\_k\\_withguidance2017.pdf](https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPRreportingFramework_k_withguidance2017.pdf).

<sup>105</sup>

Leasú

(26) **Ba cheart** treoraíocht **a chur** ar fáil do chuideachtaí a léiríonn an chaoi a bhféadfadh a gcuid gníomhaíochtaí **iarhairt** a imirt ar chearta an duine agus a léiríonn an iompraíocht chorparáideach a thoirmisctear i gcomhréir le cearta an duine atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Áirítear an treoraíocht sin, mar shampla, i gCreat Tuairiscithe Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe<sup>104</sup> agus i dTreoirleabhar Léirmhínte Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe<sup>105</sup> **agus ba cheart rochtain éasca a bheith ag cuideachtaí uirthi. Dá bhrí sin,** agus treoirlínte agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á n-úsáid mar thagairt, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint a bheidh mar uirlis phraiticiúil le haghaidh cuideachtaí.

<sup>104</sup> [https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPRreportingFramework\\_k\\_withguidance2017.pdf](https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPRreportingFramework_k_withguidance2017.pdf).

<sup>105</sup>

<https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>.  
<https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>.

<https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>.  
<https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>.

## Leasú 34

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh **drochthionchair** iarbhír agus **fhéideartha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc **agus** a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh **nós imeachta gearán** a bhunú **agus a choinneáil ar bun**, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht **na mbearta a dhéantar** i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun **drochthionchair fhéideartha** a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le **drochthionchair** iarbhír nó, nuair nach féidir sin, **iad** a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

*Leasú*

(27) Chun dícheall cuí **iomchuí** maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh **iarmhairtí dochracha** iarbhír agus **féideartha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, **tús áite a thabhairt dóibh nuair is gá, iad a chosc**, a mhaolú, **a leigheas agus** deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh **sásra um fhógra agus sásra casaoide neamhbhreithiúnach** a bhunú **nó páirt a ghlacadh iontu**, ba cheart dóibh faireachán **agus fíorú** a dhéanamh ar éifeachtacht **a ngníomhaíochtaí atá déanta acu** i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo, agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí, **agus dul i dteagmháil le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh le linn an phróisis iomláin seo**. Na céimeanna, go háirithe, chun **iarmhairtí dochracha féideartha** a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le **hiarmhairtí dochracha** iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a **méid a** íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 28**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha **uile** agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, **an fadtéarma san áireamh**, cód iompair **ina mbeidh tuairisc ar** na rialacha **agus ar** na prionsabail a bheidh le leanúint **ag fostaithe** agus **ag fochuideachtaí** na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun **comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú** agus chun **cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú** chuig **caidrimh ghnó sheanbhunaithe**. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear **cinntí soláthair** agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta **gach bliain**.

*Leasú*

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha **ábhartha** agus **ag gach leibhéal oibríochta agus** ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu **le spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha**. Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, cód iompair **lena sainmhínítear** na rialacha, na prionsabail **agus na bearta** a bheidh le leanúint agus **le cur chun feidhme i gcás inarb ábhartha ar fud** na cuideachta **agus a fochuideachtaí thar na hoibríochtaí corparáideacha uile**; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm **agus na bearta iomchuí arna nglacadh** chun dícheall cuí a chur chun feidhme **i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 sa slabhra luacha**, lena n-áirítear na bearta **ábhartha** a glacadh chun **dícheall cuí a ionchorprú ina samhail ghnó féin, ina cleachtais fostaíochta** agus **ceannaigh le heintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo agus bearta arna ndéanamh** chun **faireachán agus fíorú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí díchill chuí, agus beartais leordhóthanacha chun nach gcuirfear na costais a bhaineann le próiseas an díchill chuí a chur ar aghaidh** chuig **comhpháirtithe gnó atá níos laige**. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear **cleachtais phraghsála** agus cinntí ceannaigh. **mar shampla maidir le trádáil agus le soláthar**. Ba cheart

do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill  
chuí a thabhairt cothrom le dáta *nuair a  
tharlaíonn athruithe suntasacha.*

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 28 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(28a) Ba cheart go mbeadh máthairchuideachtaí in ann gníomhaíochtaí a déanamh ar féidir leo rannchuidiú le dícheall cuí a bhfochuideachtaí, i gcás ina soláthraíonn an fhochuideachta an fhaisnéis uile is ábhartha agus is gá dá máthairchuideachta agus ina gcomhoibríonn sí léi, agus go gcloíonn sí le beartas díchill chuí a máthairchuideachta, go ndéanann an mháthairchuideachta a beartas díchill chuí a oiriúnú dá réir sin chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5(1) a mhéid a bhaineann leis an bhfochuideachta, go gcomhtháthaíonn an fhochuideachta dícheall cuí ina beartaís agus ina córais bhainistíochta riosca uile i gcomhréir le hAirteagal 5, i gcás inar gá, go leanann an fhochuideachta de bhearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8, agus go leanann sí dá hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 8a, Airteagal 8b agus Airteagal 8d, i gcás ina ndéanann an mháthairchuideachta gníomhaíochtaí sonracha thar ceann na fochuideachta, go gcuireann an mháthairchuideachta agus an fhochuideachta araon an méid sin in iúl go soiléir agus go trédhearcach do gheallsealbhóirí ábhartha agus don fhearann poiblí, agus go gcomhtháthaíonn an fhochuideachta an aeráid ina cuid beartas agus córas bainistithe riosca i gcomhréir le hAirteagal 15. Ar mhaithe le*

*fochuideachtaí a thabhairt chun cuntais, ba cheart an dliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 22 den Treoir seo a fhágáil ar leibhéal an eintitis gan dochar do reachtaíocht na mBallstát maidir le dliteanas comhpháirteach agus leithleach.*

Leasú 37

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 28 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(28b) I limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, tá baol níos mó ann go mbeidh cuideachtaí páirteach i sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Sna limistéir sin, ba cheart do chuideachtaí, dá bhrí sin, dícheall cuí méadaithe, coinbhleacht-íogair a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí méadaithe sin agus chun a áirithiú nach ndéanfaidh siad an choinbhleacht a éascú, a mhaoiniú, a ghéarú nó iarmhairt diúltach a imirt uirthi ar bhealach eile nó nach gcuirfidh siad le sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i limistéir ina bhfuil coinbhleacht nó i limistéir ardriosca. Áirítear le dícheall cuí méadaithe anailís chríochnúil coinbhleachta a dhéanamh mar chomhlánú ar ghnáthdhícheall cuí, bunaithe ar rannpháirtíocht fhóinteach agus coinbhleacht-íogair na ngeallsealbhóirí, a bhfuil sé d'aidhm léi tuiscint a áirithiú ar na bunchúiseanna, trucir agus páirtithe a spreagann an choinbhleacht agus an iarmhairt atá ag gníomhaíochtaí gnó na cuideachta ar an gcoinbhleacht. I gcásanna coinbhleachta armtha agus/nó forghabhála míleata, ba cheart do chuideachtaí na hoibleagáidí agus na caighdeáin a shainaithearn i gcaighdeáin an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta (DDI) agus an Dlí Choiriúil Idirnáisiúnta (ICL) a urramú. Ba cheart*

*do chuideachtaí treoraíocht a leanúint ó chomhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus UNDP.*

Leasú 38

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 28 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(28c) Tá éagsúlachtaí sna bealaí ar féidir le cuideachta a bheith páirteach in iarmhairt dhochrach. Is féidir le cuideachta a bheith ina chúis le hiarmhairt dhochrach i gcás inar leor a cuid gníomhaíochtaí ina n-aonar go mbeidh iarmhairt dhochrach mar thoradh orthu. Is féidir le cuideachta cur le hiarmhairt dhochrach i gcás inarb iad a gníomhaíochtaí féin, in éineacht le gníomhaíochtaí eintiteas eile, a chruthaíonn iarmhairt, nó inarb iad gníomhaíochtaí na cuideachta is cúis le cruthú iarmharta dochraí ag eintiteas eile, go n-éascaíonn siad sin nó go ndreasaíonn siad sin. Ní mór go mbeadh an ranníocaíocht substaintiúil, rud a chiallaíonn nach bhfuil mion-ranníocaíochtaí ná ranníocaíochtaí fánacha san áireamh inti. D'fhéadfadh an iliomad tosca a bheith i gceist le measúnú a dhéanamh ar chineál suntasach an rannchuidithe agus le tuiscint a fháil ar cathain a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí na cuideachta a bheith ina gcúis le cruthú iarmharta dochraí ag eintiteas eile, cathain a d'fhéadfadh sí é sin a éascú agus cathain a d'fhéadfadh sí é a dhreasú. Is féidir roinnt tosca a chur san áireamh, lena n-áirítear a mhéid a d'fhéadfadh cuideachta iarmhairt dhochrach eintiteas eile a spreagadh, i.e. a mhéid a mhéadaigh an gníomhaíocht an baol go dtarlódh an iarmhairt, a mhéid a d'fhéadfadh nó ar cheart do chuideachta eolas a bheith aici faoin*



*iarmhairt dhochrach nó faoin bhféidearthacht iarmhairt dhochrach a bheith aici, i.e. méid na hintuarthachta, agus a mhéid a mhaolaigh aon cheann de ghníomhaíochtaí na cuideachta an iarmhairt dhochrach nó a laghdaigh siad an riosca go dtarlódh an iarmhairt. Níor cheart gurb ionann caidreamh gnó nó gníomhaíochtaí a bheith ann go simplí, lena gcruthaítear na coinníollacha ginearálta inar féidir iarmhairtí dochracha a bheith ann, agus caidreamh rannchuidithe. Ba cheart go méadódh an ghníomhaíocht atá i gceist an baol go mbeadh iarmhairt dhochrach ann go suntasach. Ar deireadh, is féidir baint dhíreach a bheith ag cuideachta le hiarmhairt dhochrach, i gcás ina bhfuil gaol idir an iarmhairt dhochrach agus táirgí, seirbhísí nó oibríochtaí na cuideachta trí chaidreamh gnó eile agus i gcás nach í an chuideachta is cúis leis an iarmhairt ná nár chuir sí léi. Níl sé nasctha go díreach le caidreamh gnó díreach. Chomh maith leis sin, níor cheart go dtugfaí le tuiscint le nasc díreach go n-aistríonn an fhreagracht ón gcaidreamh gnó atá ina chúis le hiarmhairt dhochrach chuig an gcuideachta a bhfuil baint aici léi.*

Leasú 39

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 29

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithint agus *chosc na ndrochthionchar agus i leith* deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘*beart iomchuí*’ *beart* a bhíonn in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht *an drochthionchair*, agus *a bhíonn ar fáil go réasúnta don*

*Leasú*

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithint, *cosc* agus deireadh a chur *leis na hiarmhairtí dochracha arb iad is cúis* leo, *ar rannchuidigh siad leo nó a bhfuil baint dhíreach acu leo*. Ba cheart go gciallódh ‘*bearta iomchuí*’ *bearta* a bhíonn in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach *agus aghaidh a thabhairt go*

*chuideachta*, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear *saintréithe* na hearnála eacnamaíche *agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar* na cuideachta *air sin*, agus *an gá lena áirithiú go sannfar tosaíochtaí ar an ngníomhaíocht. Sa chomhthéacs sin*, i *gcomhréir le creatáí idirnáisiúnta*, ba cheart *go n-áireofaí le tionchar* na cuideachta ar *chaidreamh gnó, ar thaobh amháin*, a *cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaol, etc.) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d'fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is í comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.*

*héifeachtach ar an iarmhairt dhochrach arna shainnithint de bhun Airteagal 6 ar bhealach atá comhréireach agus i gcomhréir le leibhéal na déine agus le dóchúlacht na hiarmharta dochraí, agus atá comhréireach agus i gcomhréir le méid, le hacmhainní agus le hacmhainneachtaí na cuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear cineál na hiarmharta dochraí, saintréithena hearnála eacnamaíche, cineál ghníomhaíochtaí, táirgí, seirbhísí, sonracha na cuideachta, an caidreamh sonrach gnó. Chun críocha Airteagal 7 agus Airteagal 8, i gcásanna inar cuideachta ba chúis, nó ina bhféadfadh sé gurbh í cuideachta ba chúis, le hiarmhairt, ba cheart bearta iomchuí a thuiscint mar bhearta a bhfuil sé d'aidhm leo iarmhairt a chosc nó a mhaolú, agus aon damáiste arb é an iarmhairt ba chúis leis a leigheas. Chun críocha Airteagal 7 agus Airteagal 8, i gcásanna inar rannchuidigh cuideachta nó ina bhféadfadh gur rannchuidigh sí le hiarmhairt, ba cheart bearta iomchuí a thuiscint mar bhearta arb é is aidhm leo rannchuidiú leis an iarmhairt a chosc nó a mhaolú, cumas dul i gcion na cuideachta ar pháirtithe freagracha eile a úsáid nó a mhéadú chun an iarmhairt a chosc nó a mhaolú, agus rannchuidiú le haon damáiste a thagann as iarmhairt a leigheas, go méid an rannchuidithe. Chun críocha Airteagal 7 agus Airteagal 8, i gcásanna ina bhfuil baint dhíreach ag oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí cuideachta le hiarmhairt trína caidrimh le heintitis eile, ba cheart bearta iomchuí a thuiscint mar bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo cumas dul i gcion na cuideachta ar pháirtithe freagracha a úsáid nó a mhéadú chun féachaint leis an iarmhairt a chosc nó a mhaolú, agus breithniú a dhéanamh ar a cumas dul i gcion ar pháirtithe freagracha a úsáid chun aon damáiste arb é an iarmhairt ba chúis leis*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 30**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaitheint. Chun go bhféadfar na **drochthionchair** a shainaitheint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaitheint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le **drochthionchair** ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na **ndrochthionchar** measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus **go tráthrialta**: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, **roimh chinntí** móra nó athruithe **ar an** oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibríocháin nó chun teacht rompu; **agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh**. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn **iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile**, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na **drochthionchair** a shainaitheint. Agus **drochthionchair** á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí **tionchar** na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear **a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann**

*Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta **iarmhairtí dochracha** iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaitheint **agus a mheasúnú**. Chun go bhféadfar na **hiarmhairtí dochracha** a shainaitheint **agus a mheasúnú** go cuimsitheach, ba cheart an tsainaitheint **agus an measúnú** sin a bhunú ar **rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí agus ar** fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le **hiarmhairtí dochracha** ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint **agus measúnú** na **n-iarmhairtí dochracha** measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus **leanúnach, lena n-áirítear** roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, **sula ndéanfar cinntí** móra nó athruithe **san** oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibríocháin nó chun teacht rompu; Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na **hiarmhairtí dochracha** a shainaitheint **agus sula dtarlóidh oibríochtaí airgeadais ina dhiaidh sin, agus má thugtar fógra dóibh faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann trí na nósanna imeachta in Airteagal 9, le linn sholáthar na seirbhíse**. Agus **iarmhairtí dochracha** á sainaitheint **agus á measúnú** acu, ba cheart do chuideachtaí **iarmhairt** na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó,

*tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.*

Leasú 41

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 30 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

lena n-áirítear *cleachtais cheannaigh.*

*Leasú*

*(30a) I gcás nach féidir leis an gcuideachta na hiarmhairtí dochracha uile a sainaithníodh agus a ndearnadh measúnú orthu a chosc, a thabhairt chun críche nó a mhaolú ag an am céanna, ba cheart cead a bheith aici tosaíocht a thabhairt don ord ina ndéanann sí bearta iomchuí bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht na hiarmharta dochraí agus fachtóirí riosca á gcur san áireamh, trí straitéis tosaíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú go rialta. I gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart déine iarmharta dochraí a mheasúnú bunaithe ar scála, raon feidhme agus carachtar doleigheasta iarmharta dochraí, agus tromchúis na hiarmharta dochraí á cur san áireamh, lena n-áirítear líon na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh nó a ndéanfar difear dóibh, a mhéid a dhéantar nó a bhféadfaí damáiste a dhéanamh don chomhshaol nó difear a dhéanamh dó ar bhealach eile, a dhoathraitheacht agus na teorainneacha ar an gcumas daoine aonair a ndéantar difear dóibh nó ar an gcomhshaol a athbhunú i staid atá coibhéiseach lena staid roimh an iarmhairt. A luaithe a thabharfar aghaidh ar na hiarmhairtí is déine agus is dochraí, ba cheart don chuideachta aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dochracha nach bhfuil chomhdian céanna agus nach bhfuil aon*

*dóchúlacht ann ina leith.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 30 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(30b) Ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt do thionchair ar bhonn déine agus dóchúlachta. Níl méid an chumais dul i gcion atá ag cuideachta thar chaidreamh gnó ábhartha maidir lena cinntí nó próisis tosaíochta. Is féidir le méid an chumais dul i gcion, mar sin féin, tionchar a imirt ar na bearta ionchuí a roghnaíonn cuideachta a ghlacadh chun iarmhairtí a bhaineann le comhpháirtithe gnó a mhaolú agus/nó a chosc go héifeachtach.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(31) Chun ualach míchuí a sheachaint ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, níor cheart oibleagáid a chur ar na cuideachtaí sin ach amháin na drochthionchair dhiana iarbhír nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann siad a shainaithint.*

*scriosta*

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 32**

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear **drochthionchair** orthu a chur san áireamh agus na **drochthionchair** sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar **idirghabháil** leanúnach **a dhéanamh** leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na **drochthionchair** a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar na leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol **drochthionchair** níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, **dá bhrí sin**, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear **iarmhairtí dochracha** orthu a chur san áireamh agus na **hiarmhairtí dochracha** sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar **dul i mbun rannpháirtíocht** leanúnach leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na **hiarmhairtí dochracha** a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar **leanaí, straitéis an Aontais maidir le cearta an Linbh agus an spriocdháta 2025 a d'fhógair na Náisiúin Aontaithe chun saothar leanaí a dhíothú ar fud an domhain**. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol **maidir le hiarmhairt dhochrach** níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. **Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh mná i ndálaí oibre forbhásacha aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dochracha níos déine ó thaobh chearta an duine de, rud a mhéadódh a gcuid leochaileachta. Dá bhrí sin**, ba cheart é sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh, **agus ba cheart díscor a sheachaint i gcás ina mbeadh iarmhairt an díscoir níos mó ná an iarmhairt dhochrach atá an chuideachta ag iarraidh a chosc nó a mhaolú. I gcásanna saothair éigeantais arna fhorchur ag an stát, i gcás ina n-eagraíonn na húdaráis pholaitiúla an iarmhairt dhochrach, ní féidir teagmháil gan bhac a dhéanamh leo siúd a bhfuil iarmhairt dhochrach orthu ná ní féidir mhaolú a dhéanamh. Ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo go gcuirfidh cuideachtaí deireadh le caidreamh gnó i gcás ina bhfuil saothar éignithe arna**

*fhorchur ag an stát ag tarlú. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh sa díscor freagrach freisin na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh siúd a bhraitheann ar an táirge nó a ndéanann briseadh sna slabhraí soláthair difear dóibh.*

Leasú 45

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 34

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na **gníomhaíochtaí** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí **féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis** go n-áiritheoidh **an comhpháirtí sin** go gcomhlíonfar an cód iompair **nó an** plean gníomhaíochta **coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe** conarthacha comhfhreagracha a lorg óna **chomhpháirtithe féin** a mhéid is cuid de shlabhra luacha na **cuideachtaí iad** a gcuid gníomhaíochtaí **siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú**

*Leasú*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na **bearta iomchuí** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí **breithniú a dhéanamh go suífear trí fhorálacha conarthacha agus in éineacht le comhpháirtí ag a bhfuil caidreamh gnó acu** go n-áiritheoidh **sé** go gcomhlíonfar an cód iompair **agus, de réir mar is gá,** plean gníomhaíochta **um chosc. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar chomhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo féachaint le forálacha** conarthacha comhfhreagracha a lorg óna **gcomhpháirtithe** a mhéid is cuid de shlabhra luacha na **cuideachta** a gcuid gníomhaíochtaí.

*díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.*

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 34 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(34a) Níor cheart go mbeadh na forálacha conarthacha den chineál a fhágfaidh go n-aistreofar an fhreagracht as dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo agus an dliteanas as mainneachtain déanamh amhlaidh. Thairis sin, ba cheart go mbeadh na forálacha conarthacha cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach sna himthosca, agus ba cheart go léireofaí leo cúraimí comhpháirteach na bpáirtithe dícheall cuí a dhéanamh sa chomhar leanúnach. Ba cheart do chuideachtaí a mheasúnú freisin an féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go gcomhlíonfaidh an comhpháirtí gnó na forálacha sin. Is minic a dhéanann ceannaitheoir téarmaí conarthacha a fhorchur go haontaobhach ar sholáthróir, agus is dócha gurb é an toradh a bheidh ar aon sárú air sin go ndéanfaidh an ceannaitheoir gníomhaíocht aontaobhach, amhail foirceannadh nó díscor. Níl gníomhaíocht aontaobhach den sórt sin iomchuí i gcomhthéacs an díchill chuí agus is dócha go mbeadh iarmhairtí dhochracha mar thoradh uirthi féin. I gcásanna ina bhféadfadh iarmhairt dhochrach a bheith mar thoradh ar shárú forálacha conarthacha den sórt sin, ba cheart don chuideachta bearta iomchuí a dhéanamh*



*ar dtús chun iarmhairtí den sórt sin a chosc nó a mhaolú go leormhaith, seachas breithniú a dhéanamh ar dheireadh a chur leis an gconradh nó é a chur ar fionraí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Chun cosc cuimsitheach ar iarmhairtí dochracha iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu iarmhairtí dochracha a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach airgeadais agus riaracháin a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.*

Leasú 47

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coiscitheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag*

*scriosta*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Chun a áirithiú ***gurb éifeachtach*** cosc agus maolú na ***ndrochthionchar*** féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce ***drochthionchair*** fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na ***drochthionchair*** fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí ***gan caidrimh*** nua a ***bhunú*** leis an gcomhpháirtí atá i gceist ***ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú*** agus, i gcás ***ina gceadaítear sin*** leis an dlí lena rialaítear a ***gcaidrimh, caidrimh thráchtála*** leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí ***coiscthe*** agus ***íoslaghdaithe*** á saothrú acu, ***má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthearma;*** nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó ***maidir*** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann ***más dian an drochthionchar*** féideartha. Chun a ***chur ar a gcumas*** do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a ***rialáionn a ndlíthe iad***. D'fhéadfadh sé go bhfuil gá le comhar le cuideachta eile chun ***drochthionchair*** ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I

*Leasú*

(36) Chun a áirithiú ***go bhfuil éifeacht*** le cosc a ***chur*** agus maolú a ***dhéanamh ar na hiarmhairtí dochracha*** féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce a ***dhéanamh na hiarmhairtí dochracha*** fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na ***hiarmhairtí dochracha*** fhéideartha, ***a raibh cuideachta ina cúis nó ina rannchuidiú leo,*** leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ***agus nach bhfuil aon ionchas réasúnta ann go dtiocfaidh athrú orthu,*** ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí ***staonadh ó chaidreamh*** nua ***nó ó chaidreamh atá ann cheana a leathnú*** leis an gcomhpháirtí atá i gceist agus i gcás, leis an dlí lena rialaítear a ***gcaidreamh, ina bhfuil siad i dteideal, mar rogha dheireanach, i gcomhréir le díscor freagrach, caidreamh tráchtála*** leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí ***coisctheacha*** agus ***maolaithe*** á saothrú acu; nó ***chun*** deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó ***i ndáil*** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann ***mar gheall ar dhéine na hiarmharta dochraí*** féideartha, ***nó mura gcomhlíontar na coinniollacha maidir le fionraí sealadach.*** Chun ***ligean*** do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil ***i dtaobh*** deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó ***nó é a chur ar fionraí go***

gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é comhar *den sórt* sin an t-aon bhealach réalaíoch chun *drochthionchair* a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indéach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí *is féidir leis drochthionchair* a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indíreach agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

*sealadach* i gconarthaí *atá rialaithe ag a ndlíthe. Agus cinneadh á dhéanamh caidreamh gnó a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, ba cheart don chuideachta a mheas an mbeadh iarmhairtí dochracha an chinnidh sin níos mó ná an iarmhairt dhochrach a bhfuil sé beartaithe í a chosc nó a mhaolú. I gcás ina ndéanann cuideachtaí caidreamh tráchtála a fhionraí go sealadach nó an caidreamh gnó a fhoirceannadh, ba cheart dóibh bearta a chur i gcrích chun na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí nó le foirceannadh a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, fógra réasúnta a thabhairt don chomhpháirtí gnó agus an cinneadh sin a choinneáil faoi athbhreithniú.*

D'fhéadfadh sé go bhfuil gá le comhar le cuideachta eile *a bheith ann* chun *na hiarmhairtí dochracha* ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indéach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gurbh é *an* comhar sin an t-aon bhealach réalaíoch chun *iarmhairtí dochracha* a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indéach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí *atá ábalta iarmhairtí dochracha* a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indíreach agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

Leasú 49

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 37

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) *Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha agus indéacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena*

*Leasú*

(37) Is féidir le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh *il-gheallsealbhóra* cabhrú le *cumas dul i gcion sa bhreis* a chruthú chun *iarmhairtí dochracha* a

*mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainaithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhri sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.*

shainaithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhri sin, ba cheart *do chuideachtaí a bheith in ann a bheith rannpháirteach sna tionscnaimh sin chun tacú le gnéithe dá ndícheall cuí, lena n-áirítear dul i gcion ar bhonn comhpháirteach a chomhordú, éifeachtúlachtaí a bhaint amach, dea-chleachtais a mhéadú, agus saineolas a lorg atá ábhartha d'earnálacha sonracha, do limistéir gheografacha, do thráchtearraí nó do shaincheisteanna riosca. Tá brí leathan le tionscnaimh agus áirítear leis tionscnaimh a thacaíonn le gnéithe de dhícheall cuí cuideachta agus a dhéanann faireachán, meastóireacht, deimhniú agus/nó fíorú ar ghnéithe de dhícheall cuí cuideachta, nó ar an dícheall cuí arna dhéanamh ag a fochuideachtaí agus/nó ag a caidrimh ghnó. Féadfaidh rialtais, comhlachais tionscail, grúpálacha d'eagraíochtaí leasmhara, comhpháirtithe sóisialta nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta na tionscnaimh sin a fhorbairt agus a mhaoirsiú, agus eagraíochtaí faireacháin, comhaontuithe creata domhanda, idirphlé earnála agus tionscnaimh a dheimhníonn gnéithe den dícheall cuí a bheith ar áireamh iontu. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit éascú a dhéanamh ar scaipeadh na faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, le ECFE agus le geallsealbhóirí ábhartha, treoraíocht a eisiúint i dtaobh measúnú a dhéanamh ar raon feidhme beacht, ailíniú leis an Treoir seo, agus inchreidteacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh il-geallsealbhóirí. Maidir le cuideachtaí atá rannpháirteach i dtionscnaimh tionscail nó i dtionscnaimh il-geallsealbhóra nó a úsáideann fíorú tríú páirtí maidir le gnéithe dá ndícheall cuí, ba cheart go mbeidís fós in ann*

*smachtbhannaí a ghearradh orthu nó iad a bheith faoi dhliteanas i leith sáruiithe ar an Treoir seo agus i leith damáiste a d'fhulaing íospartaigh dá thoradh sin. Ba cheart na híoschaighdeáin le haghaidh fíoraitheoirí tríú páirtí atá le glacadh trí ghníomhartha tarmligthe faoin Treoir seo a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile agus ba cheart iad a athbhreithniú i bhfianaise a oiriúnachta i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo. Ba cheart fíoraitheoirí tríú páirtí a bheith faoi réir formhaoirseachta ag na húdaráis ábhartha agus, i gcás inar gá, ba cheart iad a bheith faoi réir smachtbhannaí, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais.*

Leasú 50

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta **drochthionchair** iarbhir **ar** chearta an duine **nó ar an gcomhshaol**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag **súil** leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le **drochthionchair** iarbhir ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, **a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó sheanbhunaithe**, i gcás nach féidir deireadh a chur le **drochthionchair**, gur cheart do chuideachtaí méid na **dtionchar** sin a **íoslaghdú**. Ba cheart **ceangal a bheith ann** gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na **ndrochthionchar** an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an **drochthionchar**. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar

*Leasú*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta **iarmhairtí dochracha** iarbhir **do** chearta an duine **agus don chomhshaol**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag **dréim** leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le **hiarmhairtí dochracha** iarbhir ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, i gcás nach féidir deireadh a chur le **hiarmhairtí dochracha**, gur cheart do chuideachtaí méid na **n-iarmhairtí** sin a **mhaolú, agus iarrachtaí á ndéanamh acu deireadh a chur leis an iarmhairt dhochrach, agus plean gníomhaíochta ceartaithí a chur chun feidhme, arna fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara a ndéantar difear dóibh**. Ba cheart **a cheangal** gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na **n-iarmhairtí**

do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a **bheidh** ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le **drochthionchair** iarbhir **ar** chearta an duine agus **ar an gcomhshaol** agus chun méid na **ndrochthionchar** sin a íoslaghódú, i gcás inarb iomchuí **de réir na n-imthosca**.

**dochracha ná** an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an **iarmhairt dhochrach**. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí **ar cheart dóibh a bheith** ina gceangal ar chuideachtaí **a dhéanamh** chun deireadh a chur le **hiarmhairtí dochracha** iarbhir **do** chearta an duine agus **don chomhshaol** agus chun méid na **n-iarmhairtí** sin a íoslaghódú, i gcás inarb iomchuí **ag brath ar na himthosca**.

## Leasú 51

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na **drochthionchair** iarbhir agus méid na **ndrochthionchar** sin a **íoslaghódú**, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an **drochthionchar** a neodrú nó méid **an drochthionchair a íoslaghódú, le gníomhaíocht a bheidh i gcomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar**. I gcás inar gá **sin** toisc nach féidir **deireadh a chur** láithreach **leis an drochthionchar**, ba cheart **go ndéanfadh cuideachtaí** plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta **a shaineofar** go soiléir **maidir le gníomhaíocht a dhéanamh**, agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun **an feabhas** a thomhas. **Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach** a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe acu leis** go n-áiritheoidh an

*Leasú*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na **hiarmhairtí dochracha** iarbhir agus méid na **n-iarmhairtí dochracha** sin a **mhaolú**, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an **iarmhairt dhochrach** a neodrú nó **a méid a mhaolú go leormhaith trí na daoine, na grúpaí agus na pobail agus/nó an comhshaol dá ndéantar difear a athbhunú go staid atá coibhéiseach nó chomh gar agus is féidir don staid ina raibh siad roimh an iarmhairt dhochrach**. I gcás inar gá, toisc nach féidir **an iarmhairt dhochrach a thabhairt chun deiridh** láithreach, ba cheart **do chuideachtaí** plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta **atá sainithe** go soiléir **le haghaidh bearta iomchuí** agus **gníomhaíochta agus** táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla **a chur chun feidhme chun feabhsúchán** a thomhas. **D'fhéadfadh cuideachtaí a shuí freisin trí fhorálacha conarthacha le comhpháirtí a**

*comhpháirtí sin* go gcomhlíonfar cód iompair *na cuideachta* agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta *coisc*, lena *n-áirítear trí dhearbhuíthe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin*, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a *ngníomhaíochtaí*. Ba cheart *na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuíthe conarthacha*. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an *drochthionchar* nó méid *an drochthionchair a íoslaghú*, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, *comhar chun feabhas a chur* ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an *drochthionchar*.

bhfuil caidreamh gnó *acu leo* go n-áiríteoidh *siad* go gcomhlíonfar *an* cód iompair agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta *ceartaithí*. *D'fhéadfaí a iarraidh ar chomhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo forálacha conarthacha a bheidh comhréireach, réasúnach, neamh-idirdhealaitheach agus cothrom a leagan síos lena gcomhpháirtithe*, a mhéid is *gur* cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a *gcuid gníomhaíochtaí*. Ba cheart bearta a bheith ag gabháil leis na *forálacha conarthacha chun tacú le dícheall cuí a dhéanamh mar a leagtar amach sa Treoir seo*. *Thairis sin, ba cheart d'fhorálacha conarthacha a bheith cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach, agus ba cheart go léireofaí leo cúraimí comhpháirteacha na bpáirtithe chun dícheall cuí a dhéanamh sa chomhar leanúnach, agus béim á leagan ar bhearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur le hiarmhairtí dochracha*. Ba cheart do chuideachtaí a mheas freisin cibé acu an féidir a bheith ag dréim leis go réasúnach go gcomhlíonfaidh an comhpháirtí gnó na forálacha sin nó nach gcomhlíonfaidh. Is minic a dhéanann ceannaitheoir téarmaí conarthacha a fhorchur go haontaobhach ar sholáthróir, agus is dócha gurb é an toradh a bheidh ar aon sárú a dhéanfar ina leith sin go ngníomhóidh an ceannaitheoir go haontaobhach amhail trí fhoirceannadh nó díscor a dhéanamh. Níl an ghníomhaíocht aontaobhach sin iomchuí i gcomhthéacs an díchill chuí agus is dócha go mbeadh iarmhairtí dochracha mar thoradh ar an ngníomhaíocht féin. I gcásanna ina bhféadfadh iarmhairt dhochrach a bheith mar thoradh ar shárú forálacha conarthacha den sórt sin, ba cheart don chuideachta bearta iomchuí a dhéanamh ar dtús chun na hiarmhairtí sin a chosc nó a mhaolú go leormhaith, seachas breithniú a dhéanamh i dtaobh deireadh a chur leis an gconradh nó é a chur ar

*fionraí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an **iarmhairt dhochrach** nó méid **na hiarmharta dochraí a mhaolú**, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé **agus** chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, **méadú a dhéanamh** ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an **iarmhairt dhochrach**.*

Leasú 52

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí iarbhir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chaidrimh gnó indírich leis an gconradh a fhíorú.**

*Leasú*

*scriosta*

Leasú 53

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 41**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(41) Chun a áirithiú *gur* deireadh**

*Leasú*

**(41) Chun a áirithiú *go bhfuil éifeacht***



*éifeachtach a chuirtear le drochthionchair* iarbhír nó *gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar* orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas an caidreamh gnó a fhoirceannadh, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le *drochthionchair* iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart *sa* Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur *le drochthionchair* iarbhír nó iad a mhaolú go *leormhaithe* leis *na bearta* a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí *gan caidrimh* nua a *bhunú* leis an gcomhpháirtí atá i gceist *ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú* agus, i gcás *ina gceadaítear sin* leis an dlí lena rialaítear a *gcaidrimh, caidrimh thráchtála* leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú *chun* deireadh a chur leis an *drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú*, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó *maidir* leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, *má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh*, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a *rialáionn a ndlíthe iad*.

*le deireadh a chur le hiarmhairtí dochracha* iarbhír nó *le híoslaghdú a dhéanamh* orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas an caidreamh gnó a fhoirceannadh, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce *a dhéanamh* deireadh a chur le *hiarmhairtí dochracha* iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart *don* Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur *leis na hiarmhairtí díobhálacha* iarbhír *a raibh cuideachta ina cúis nó ina rannchuidiú leo nó* iad a mhaolú go *leordhóthanach* leis *an mbeart* a bhfuil tuairisc *air, agus nach bhfuil aon ionchas réasúnta ann go dtiocfaidh athrú* orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí *staonadh ó chaidreamh* nua *nó ó chaidreamh atá ann cheana a leathnú* leis an gcomhpháirtí atá i gceist agus, i gcás, leis an dlí lena rialaítear a *gcaidreamh, ina bhfuil siad i dteideal, mar rogha dheireanach, i gcomhréir le díscor freagrach, caidreamh tráchtála* leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú *acu* deireadh a chur leis an *iarmhairt dhochrach nó maolú a dhéanamh ina leith*, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó *i ndáil* leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, *mar gheall ar dhéine na hiarmharta dochraí iarbhír nó mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le fionraí sealadach*. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil *i dtaobh* deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó *nó é a chur ar fionraí* i gconarthaí *atá rialaithe ag a ndlíthe. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh caidreamh gnó a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, ba cheart don chuideachta a mheas an mbeadh iarmhairtí dochracha an chinnidh sin níos mó ná an iarmhairt dhochrach a bhfuil sé beartaithe deireadh a chur léi nó maolú a dhéanamh ina leith. I gcás ina ndéanann cuideachtaí*

*caidreamh tráchtála a fhionraí go sealadach nó an caidreamh gnó a fhoirceannadh, ba cheart dóibh bearta a chur i gcrích chun na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí nó le foirceannadh a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, fógra réasúnta a thabhairt don chomhpháirtí gnó agus an cinneadh a choinneáil faoi athbhreithniú.*

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 41 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(41a) I gcás ina raibh cuideachta ina cúis nó ina rannchuidiú le hiarmhairt dhochrach iarbhír, ba cheart don chuideachta bearta iomchuí a dhéanamh chun an iarmhairt sin a leigheas. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag bearta feabhais na daoine agus na grúpaí nó na pobail agus/nó an comhshaol dá ndéantar difear a athbhunú i staid atá coibhéiseach nó chomh gar agus is féidir don staid ina raibh siad roimh an iarmhairt, agus ba cheart iad a fhorbairt agus riachtanais agus tuairimí na ngeallsealbhóirí lena mbaineann á gcur san áireamh. Féadfar a áireamh iontu ach gan a bheith teoranta do chúiteamh, aiseag, athshlánú, leithscéal poiblí, athbhunú nó comhar de mheon macánta le himscrúduithe. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cúiteamh airgeadais a bheith riachtanach chun an t-athbhunú sin a sholáthar. I gcás ina bhfuil baint dhíreach ag cuideachta le hiarmhairt dhochrach, ba cheart go mbeadh sí in ann a bheith rannpháirteach go deonach in aon bhearta feabhais, i gcás inarb iomchuí, agus breithniú a dhéanamh i dtaobh úsáid a bhaint as a cumas dul i gcion ar pháirtithe freagracha chun gur féidir aon damáiste a tharla de dheasca na hiarmharta a leigheas. Ba cheart do na Ballstáit a*

*áirithiú nár cheart a cheangal ar gheallsealbhóirí a ndéanann iarmhairt dhochrach difear dóibh leigheas a lorg sula ndéanfaidh siad éilimh a chomhdú sa chúirt.*

Leasú 55

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 42

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart do chuideachtaí *an deis* a thabhairt *do dhaoine* agus *d’eagraíochtaí gearáin* a chur *go díreach faoina mbráid* i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le *drochthionchair* iarbhir nó *fhéideartha* ar *chearta an duine nó ar an gcomhshaol*. *Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí* a d’fhéadfadh *gearáin* den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair *a oibríonn* sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha *lena mbaineann* i gcás ina bhfuil eolas acu *ar dhrochthionchar* féideartha nó iarbhir. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a *bhunú* chun déileáil leis na *gearáin* sin agus ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibríthe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. *Má théann gearánach i muinín an tsársa leighis agus gearán*, níor cheart go *gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha*. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go *mbeadh gearánaigh* i dteideal obair leantach iomchuí *ar an ngearán a iarraidh ar an* gcuideachta agus *bualadh* le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun *drochthionchair dhiana* fhéideartha nó iarbhir is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí a bheith *ina*

*Leasú*

(42) Ba cheart do chuideachtaí *sásraí éifeachtacha maidir le fógra* a thabhairt agus *sásraí casaoide neamhbhreithiúnach atá ar fáil go poiblí* a chur *ar fáil ar an leibhéal oibríochtúil, ar féidir le daoine agus eagraíochtaí iad a úsáid chun fógra a thabhairt dóibh nó chun casaoídí a ardú agus chun leigheas a iarraidh* i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le *cearta an duine* iarbhir nó *féideartha, iarmhairtí dochracha comhshaoil sa slabhra luacha*. Ar na *daoine agus eagraíochtaí* a d’fhéadfadh *casaoídí* den sórt sin a chur isteach *ba cheart a bheith san áireamh daoine a ndéantar difear dóibh nó a bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus a n-ionadaithe dlísteanacha*, ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair *atá ag obair* sa slabhra luacha lena mbaineann agus eagraíochtaí *inchreidte a bhfuil taithí acu a n-áirítear cosaint an chomhshaoil mar chuspóir acu. Féadfaidh na daoine agus na heagraíochtaí thuasluaite chomh maith le heagraíochtaí na* sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha *atá i gceist fógraí a thíolacadh i* gcás ina bhfuil eolas acu *faoi iarmhairt dhochrach* féideartha nó iarbhir, *agus faoi dhaoine dlítheanacha agus nádúrtha a chosnaíonn cearta an duine agus an comhshaol*. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a *leagan síos*

*dtoradh* ar an rochtain sin.

chun déileáil leis na *fógraí agus leis na casaoidí* sin agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. *Ba cheart do chuideachtaí an deis a chur ar fáil chun fógraí agus casaoidí a chur isteach trí shocruithe comhoibríocha, lena n-áirítear tionscnaimh tionscail, le cuideachtaí nó eagraíochtaí eile, trí bheith rannpháirteach i sásraí casaoide il-gheallsealbhóra nó trí dhul isteach i gcreat-chomhaontú domhanda.* Níor cheart *gur réamhriachtanas é fógra nó casaoid a chur isteach ná níor cheart* cosc a chur ar an duine atá á dtíolacadh ó rochtain a bheith aige ar an nós imeachta maidir le hábhar inní a bhfuil bunús leis ná ar shásraí breithiúnacha ná ar shásraí neamhbhreithiúnacha eile, amháil pointí teagmhála náisiúnta ECFE i gcás inarb ann dóibh. I gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart daoine a bhfuil casaoidí nó fógraí á gcur isteach acu, i gcás nach gcuireann siad isteach go hanaitnid iad, a bheith i dteideal obair leantach thráthuil iomchuí a fháil ón gcuideachta agus *ba cheart do dhaoine a bhfuil casaoidí á gcur isteach acu a bheith i dteideal freisin teagmháil a dhéanamh* le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun *na hiarmhairtí dochracha* fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé, agus *ba cheart an réasúnaíocht a thabhairt dóibh i dtaobh an bhfuil sé measta go bhfuil bunús leis an gcasaoid nó an bhfuil an chasaoid gan bhunús agus faisnéis a bheith curtha ar fáil dóibh maidir leis na bearta agus na gníomhaíochtaí atá déanta, agus chun leigheas nó rannchuidiú leis an leigheas a iarraidh.* Níor cheart sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí a bheith *mar thoradh* ar an rochtain sin. *Ba cheart do chuideachtaí a bheith freagrach freisin as a áirithiú go ndéanfar aon duine a chuireann casaoidí nó fógraí isteach a chosaint ar fhrithbheart agus ar*

*chúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear trí anaithnideacht nó rúndacht a áirithiú sa phróiseas fógartha agus casaoide, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart an nós imeachta um fhógra a thabhairt agus an nós imeachta casaoide neamhbhreithiúnach a bheith dlisteanach, inrochtana, intuartha, cothrom, trédhearcach, comhoiriúnach do chearta, freagrúil ó thaobh inscne agus cultúir de, bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar idirphlé, agus ba cheart é a bheith inoiriúnaithe mar a leagtar amach sna critéir éifeachtachta le haghaidh sásraí casaoide neamhbhreithiúnacha i bPrionsabal 31 de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Barúil Ghinearálta Uimh. 16 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Ba cheart do chuideachtaí feasacht a mhúscailt i measc na ngeallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh maidir le fógraí agus sásraí casaoide a bheith ann, cuspóirí agus próisis na bhfógraí agus na sásraí casaoide, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an stáit ina bhfuil siad ag feidhmiú, lena n-áirítear maidir le conas rochtain a fháil orthu, cinntí agus leigheasanna a bhaineann le cuideachta agus an chaoi a bhfuil siad á gcur chun feidhme ag an gcuideachta. Ba cheart cosaint chuí a thabhairt d'oibrithe agus dá n-ionadaithe freisin, agus ba cheart aon iarrachtaí neamhbhreithiúnacha ar leigheas a bheith gan dochar do chómhargáil agus aitheantas do cheardchumann a spreagadh agus níor cheart, ar bhealach ar bith, an bonn a bhaint ó ról na gceardchumann dlisteanach nó ionadaithe na n-oibrithe maidir le haghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a bhaineann leis an lucht saothair.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 43**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart **go ndéanfadh cuideachtaí faireachán ar chur** chun feidhme agus ar éifeachtacht a **mbearr díchill chuí**. Ba cheart dóibh measúnuithe **tréimhsiúla** a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar **oibríochtaí** a bhfochuideachtaí agus, **i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí** a gcaidrimh ghnó **sheanbhunaithe**, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun **drochthionchair ar** chearta an duine agus **ar an gcomhshaol** a shainaitheint, a chosc, a íoslaghdú agus a **mhaolú** agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart **leis** na measúnuithe sin a fhíorú go sainaitheintear na **drochthionchair** go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus **gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh** deireadh leo go hiarbhir. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh **gach 12 mhí ar a laghad** agus ba cheart iad a athbhreithniú **idir an dá linn** má tá forais réasúnacha ann **a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair** a bheith tagtha chun cinn.

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagadh síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le

PE738.450v02-00

*Leasú*

(43) Ba cheart **do chuideachtaí cur** chun feidhme **a fhíorú go leanúnach** agus **faireachán a dhéanamh ar leormhaitheas agus** éifeachtacht a **ngníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo**. Ba cheart dóibh measúnuithe a dhéanamh ar a n-oibríochtaí, **a dtáirgí agus a seirbhísí** féin, ar a bhfochuideachtaí agus **ar** a gcaidrimh ghnó, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun **iarmhairtí dochracha do** chearta an duine agus **don chomhshaol** a shainaitheint, a chosc, a íoslaghdú, **a mhaolú** agus a **fheabhsú**, agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart **do** na measúnuithe sin a fhíorú go sainaitheintear na **hiarmhairtí dochracha** go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus **go bhfuil cosc curtha leis na hiarmhairtí dochracha nó go bhfuil** deireadh **curtha** leo go hiarbhir. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh **ar bhonn leanúnach** agus **tar éis d'athrú suntasach tarlú, agus** ba cheart iad a athbhreithniú **go leanúnach** má tá forais réasúnacha ann **lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra o thaobh iarmhairtí dochracha de** a bheith tagtha chun cinn. **Ba cheart do chuideachtaí doiciméadacht lena léirítear go bhfuil an ceanglas sin á chomhlíonadh acu a choinneáil ar feadh 10 bliana.**

*Leasú*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagadh síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le

62/737

RR\1278479GA.docx

Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat **OECD**, is cuid dhílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis ábhartha a chur in iúl go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. **Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú maidir le hinbhuanaitheacht corparáideach**, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha **le haghaidh na gcuideachtaí** a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil **na n-oibleagáidí** tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, **go dtabharfaí** aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach **leis an Treoir seo de bhreis ar na hoibleagáidí** faoi **Threoir 2013/34/AE** le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin **agus** leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí **atá** faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme **Threoir 2013/34/AE**, chun a n-oibleagáid **chumarsáide a chomhlíonadh** mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i **dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta**.

Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat **ECFE**, is cuid dhílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis ábhartha a chur in iúl go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun **iarmhairtí dochracha** iarbhir nó fhéideartha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Le **Treoir 2013/34/AE maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach** leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha **do na cuideachtaí** a chumhdaítear leis an treoir seo **chomh maith le Rialachán (AE) 2019/2088 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de in earnáil na seirbhísí airgeadais, le haghaidh gnóthais airgeadais**. Chun dúbláil **oibleagáidí** tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, **leis an Treoir seo**, aon oibleagáidí tuairiscithe nua **a thabhairt** isteach **sa bhreis orthu sin** faoi **Threoir 2013/34/AE** le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin **chomh maith** leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi, **ná níor cheart di aon oibleagáidí tuairiscithe nua a thabhairt isteach sa bhreis orthu sin faoi Rialachán (AE) 2019/2088**. Maidir le cuideachtaí **a thagann** faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme **Threoir 2013/34/AE**, chun a n-oibleagáid **maidir le cumarsáid a dhéanamh** mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo **a chomhlíonadh**, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil **atá i gcomhréir leis na ceanglais sin** a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i **gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad**.

Leasú 58

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44 a (nua)**

*(44a) Maidir le ceanglais ar chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus atá, ag an am céanna, faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi Airteagail 19a, 29a agus 40a de Threoir 2013/34/AE agus ar cheart dóibh, dá bhri sin, tuairisciú a dhéanamh ar a bpróiseas díchill chuí mar a shonraítear in Airteagail 19a, 29a agus 40a de Threoir 2013/34/AE, ba cheart iad a thuiscint mar cheanglas atá ar chuideachtaí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann siad dícheall cuí chun feidhme dá bhforáiltear sa Treoir seo. Agus ceanglais Threoir 2013/34/AE á gcomhlíonadh acu maidir le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí atá déanta chun iarmhairtí dochracha féideartha nó iarbhír a shainaithint, ba cheart do chuideachtaí míniú a thabhairt i dtaobh cibé acu a thug siad tosaíocht don ord ina ndearna siad bearta iomchuí nó nár thug, conas a cuireadh an cur chuige sin i bhfeidhm, agus cén fáth ar ghá tosaíocht a thabhairt. Agus ceanglais Threoir 2013/34/AE á gcomhlíonadh aici maidir le tuairisciú ar aon ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an ngnóthas chun iarmhairtí dochracha iarbhír nó fhéideartha a chosc, a mhaolú, a leigheas nó deireadh a chur leo, agus toradh na ngníomhaíochtaí sin, ba cheart don chuideachta líon na gcásanna inar chinn sí díscor a dhéanamh, an chúis atá leis an díscor sin agus suíomh na gcaidreamh gnó lena mbaineann a nochtadh gan a gcéannacht a nochtadh.*

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44 b (nua)



**(44b) Níl sé mar chuspóir leis an Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí caipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó nó torthaí nuálaíochta a nochtadh go poiblí a cháileadh mar rúin trádála mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart na ceanglais tuairiscithe dá bhforáiltear sa Treoir seo, dá bhrí sin, a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2016/943. Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo freisin gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún.**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44 c (nua)**

**(44c) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun rannpháirtíocht fhóinteach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh lena gcumasaítear fíor-idirghníomhaíocht agus idirphlé ina bpróiseas díchill chuí. Ba cheart don rannpháirtíocht faisnéis agus comhairliúchán a chumhdach leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus ba cheart go mbeadh sí cuimsitheach, struchtúrach, éifeachtach, tráthúil agus freagrúil ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh inscne de. Tá cásanna ann nach mbeifear in ann dul i**

*mbun rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh, nó i gcás ina mbeidh rannpháirtíocht le peirspictíochtaí saineolaithe breise úsáideach chun go mbeidh an chuideachta in ann ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh go hiomlán, go háirithe i gcomhthéacs cinntí scóipe agus tosaíochta. . Sna cásanna sin, ba cheart do chuideachtaí dul i mbun rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó daoine dlítheanacha nó nádúrtha a chosnaíonn cearta an duine nó an comhshaol chun léargas inchreidte a fháil ar iarmhairtí dochracha fhéideartha nó iarbhir. Ba cheart go mbeadh comhairliúchán fós ar siúl agus ba cheart do chuideachtaí faisnéis chuimsitheach, spriocdhírthe agus ábhartha a chur ar fáil do gheallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh. Ba cheart é a bheith de cheart ag na geallsealbhóirí dá ndéantar difear faisnéis bhreise i scríbhinn a iarraidh, ar cheart don chuideachta í a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta agus i bhformáid iomchuí agus intuigthe. I gcás ina ndiúltaítear iarraidh den sórt sin, ba cheart an ceart a bheith ag na geallsealbhóirí dá ndéantar difear réasúnú i scríbhinn a fháil i gcás diúltú den sórt sin. San fhaisnéis agus sa chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh, ba cheart aird chuí a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht, a áirithiú go bhfuil geallsealbhóirí saor ó fhrithbheart agus ó chúiteamh, lena n-áirítear trí rúndacht agus anaithnideacht a choinneáil, agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais geallsealbhóirí leochaileacha, agus ar leochaileachtaí forluiteacha agus ar thosca forluiteacha, lena n-áirítear trí chur chuige inscne-fhreagrúil a áirithiú, agus trí Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a urramú go hiomlán. Ba cheart do chuideachta a n-ionadaithe oibrithe a*

*chur ar an eolas faoina straitéis díchill  
chuí agus a cur chun feidhme, i  
gcomhréir le dlí AE atá ann cheana agus  
gan dochar dá gcearta is infheidhme  
maidir le faisnéis, comhairliúchán agus  
rannpháirtíocht, agus go háirithe na  
cearta sin a chumhdaítear le reachtaíocht  
ábhartha AE i réimse na fostaíochta agus  
na gceart sóisialta, lena n-áirítear  
Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle <sup>106a</sup>,  
Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle <sup>107a</sup>, agus  
Treoir 2001/86/CE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle <sup>108a</sup>. Ba  
cheart a mheas go bhfuil comhairliúchán  
le geallsealbhóirí ábhartha i gcásanna  
inar féidir a thuar go réasúnta go  
ndéanfaidh na hiarmhairtí dochracha  
féideartha agus iarbhír nó na  
gníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi  
Airteagal 4 go hAirteagal 10 difear do  
chearta nó do leas geallsealbhóirí nó  
nuair atá faisnéis, comhairliúchán nó  
idirphlé iarrtha ag geallsealbhóirí a  
ndéantar difear dóibh.*

---

<sup>1a</sup> *Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle an  
11 Márta 2002 lena mbunaítear creat  
ginearálta chun fostaíthe sa  
Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas  
agus chun dul i gcomhairle leo - Dearbhú  
comhphárteach ó Pharlaimint na  
hEorpa, ón gComhairle agus ón  
gCoimisiún maidir le hionadaíocht  
fostaíthe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).*

<sup>1b</sup> *Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na  
hEorpa agus ón gComhairle an  
6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle  
Oibreacha Eorpacha a bhunú nó nós  
imeachta i ngnóthais ar leibhéal an  
Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar  
leibhéal an Chomhphobail a bhunú chun  
fostaíthe a chur ar an eolas agus dul i  
gcomhairle leo (IO L 122, 16.5.2009,  
lch. 28).*

*<sup>1c</sup> Treoir 2001/86/CE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 lena bhforlíontar an Reacht do Chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 294, 10.11.2001, lch. 22).*

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(44d) Is cineál áirithe ciaptha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí chun cosc nó pionós a ghearradh ar labhairt amach ar shaincheisteanna a bhaineann le leas an phobail. Ba cheart do na Ballstáit coimircí riachtanacha a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh sin is follasach go bhfuil siad gan bhunús nó ar imeachtaí mí-úsáideacha cúirte i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais.*

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 45**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(45) Chun *comhlíontacht na gcuideachtaí lena* gceanglais díchill chuí trína slabhra luacha *a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM*, ba cheart don Choimisiún *treoir a sholáthar* maidir le clásail chonarhacha eiseamláireacha.

(45) Chun *uirlisí a thabhairt do chuideachtaí chun cabhrú leo a* gceanglais díchill chuí *a chomhlíonadh* trína slabhra luacha, ba cheart don Choimisiún, *i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoraíocht a chur ar fáil* maidir le clásail chonarhacha eiseamláireacha, *ar féidir le cuideachtaí iad a úsáid go deonach mar uirlis chun cabhrú lena n-oibleagáidí in Airteagal 7 agus Airteagal 8 a*

*chomhlíonadh. Ba cheart a leagan síos sna clásail chonarthacha sin, ar a laghad, leithdháileadh soiléir cúraimí idir páirtithe conarthacha i gcomhar leanúnach, nach féidir aistriú freagrachta as dícheall cuí a dhéanamh a bheith mar thoradh orthu, agus, nuair a sháraítear na clásail sin, gur cheart do chuideachtaí staonadh ó na clásail sin a fhoirceannadh trí bhearta iomchuí a dhéanamh ar dtús i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 den Treoir seo. Ba cheart a shoiléiriú sa treoraíocht freisin nach féidir le forálacha conarthacha, astu féin, caighdeáin díchill chuí na Treorach seo a chomhlíonadh. Níor cheart na caighdeáin sin a chomhlíonadh ach amháin má shanntar oibleagáidí díchill chuí do dhaoine eile ar bhealach dícheallach lena n-áirítear feidhmíocht éifeachtach na n-oibleagáidí sin agus lena n-áirítear bearta is iomchuí do na himthosca, amhail faireachán, cúnaimh airgeadais agus neamhairgeadais, agus cleachtais ceannaigh fhreagracha.*

Leasú 63

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 46

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a *sholáthar* do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart *an rogha a bheith ag an gCoimisiún*, agus *leas á bhaint aige as* treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, *le* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *leis an nGníomhaireacht* Eorpach *Chomhshaoil*, agus i gcás inarb iomchuí *le comhlachtaí* idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar *an dícheall* cuí, treoirlínte

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a *chur ar fáil* do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart *don Choimisiún*, agus treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha *á n-úsáid* mar thagairt *aige, agus* i gcomhairle leis na Ballstáit, *leis na comhpháirtithe sóisialta trastionscail* agus *earnálacha Eorpacha* agus le geallsealbhóirí *ábhartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta*, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *an Ghníomhaireacht* Eorpach

a eisiúint, lena n-áirítear *treoir*línite le haghaidh earálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.

*Comhshaoil, an tÚdarás Eorpach Saothair, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus i gcás inarb iomchuí don ECFE agus do chomhlachtaí idirnáisiúnta eile a bhfuil saineolas acu ar dhícheall cuí, treoir*línite soiléire agus sothuigthe a eisiúint, lena n-áirítear *treoraíocht ghinearálta agus treoraíocht a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith, ar mhaithe le comhlíonadh a éascú ar bhealach praiticiúil.*

## Leasú 64

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 46 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(46a) Chun tacú le cuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh feadh a slabhra luacha, ba cheart don Choimisiún Eorpach tuilleadh taighde a dhéanamh ar uirlisí digiteacha agus iad a chur chun cinn.*

## Leasú 65

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí **atá** faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí **a thagann** faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó

ar FBManna a mhaolú, **nó tá** cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit, **ina n-aonar nó i gcomhpháirt, suímh ghréasáin**, tairseacha nó ardáin **dhílsithe** a chur ar bun agus a oibriú, agus **d'fhéadfadh** na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus **cuidiú** leo cur lena **gcumas**. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú chucu i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é **a gcomhpháirtí gnó** tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, **i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol**, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

riaracháin ar FBManna a mhaolú, **ós rud é go bhfuil** cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit, **le tacaíocht ón gCoimisiún, suíomhanna gréasáin**, tairseacha nó ardáin **tiomnaithe agus só-úsáidte** a chur ar bun agus a oibriú, **ina n-aonar nó i gcomhpháirt**, agus **ba cheart do** na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus **cabhrú** leo cur lena **n-acmhainneacht**. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú chucu i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí **a bhfuil comhpháirtí gnó acu** ar FBM é tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, agus ceanglais chothroma, réasúnacha, neamh-idirdhealaitheacha **agus** chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna. **Ba cheart an deis a bheith ag FBManna an Treoir seo a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach agus ba cheart, chun na críche sin, tacaíocht a thabhairt dóibh trí bhearta agus uirlisí leormhaithe, agus ba cheart iad a dhreasú.**

Leasú 66

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 48

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(48) **D'fhonn** an tacaíocht a thugann na Ballstáit do **FBManna** a chomhlánú, **féadfaidh an Coimisiún** cur le huirlisí, tionscadaíl agus gníomhaíochtaí eile **ata** ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. **Féadfaidh sé** bearta tacaíochta nua a **chur ar bun a chuideoidh le cuideachtaí**, lena n-áirítear FBManna, maidir le ceanglais díchill chuí,

*Leasú*

(48) **Chun** an tacaíocht a thugann na Ballstáit do **chuideachtaí ina gcur chun feidhme** a chomhlánú, **lena n-áirítear FBManna, ba cheart don Choimisiún** cur le huirlisí, tionscadaíl agus gníomhaíochtaí eile **atá** ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. **Ba cheart dó** bearta tacaíochta nua a **bhunú lena dtabharfaí cabhair do chuideachtaí**,

lena n-áirítear faireachlann **le haghaidh trédhearcacht** an tslabhra luacha agus éascú **na dtionscnamh** comhpháirteach ó **pháirtithe leasmhara**.

## Leasú 67

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 49

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha chun tacú le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena **gcumas drochthionchair** a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga. Ba cheart dóibh a n-ionstraimí comharsanachta, forbartha agus comhair idirnáisiúnta a úsáid chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha **chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a gcuid oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó réamhtheachtacha ar** chearta an duine agus **ar an gcomhshaol**. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le **páirtithe leasmhara** chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le **drochthionchair ar** chearta an duine agus ar **an gcomhshaol**.

## Leasú 68

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 50

lena n-áirítear FBManna maidir le ceanglais díchill chúí, lena n-áirítear faireachlann **do thrédhearcacht** an tslabhra luacha agus éascú **tionscnamh** comhpháirteach ó **gheallsealbhóirí**.

*Leasú*

(49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha chun tacú le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena **n-acmhainneacht iarmhairtí dochracha** a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga. Ba cheart dóibh a n-ionstraimí comharsanachta, forbartha agus comhair idirnáisiúnta a úsáid, **lena n-áirítear Comhaontuithe Saorthrádála**, chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha **lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí dochracha a n-oibríochtaí do chearta an duine agus don chomhshaol agus do chaidrimh ghnó réamhtheachtacha**. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le **geallsealbhóirí** chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le **hiarmhairtí dochracha do** chearta an duine agus ar **don chomhshaol**.



(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **comhoiriúnach leis an aistriú** chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. I gcás ina saináithnítear, nó inar cheart go saináithneofaí, an aeráid mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí, **i gcomhairle leis na geallsealbhóirí**, plean **aistrithe** a ghlacadh **agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 19ú de Threoir (AE) 2022/2464 (CSRD)**

**chun** a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **ailínithe le cuspóirí an aistrithe** chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras, chomh maith leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 (An Dlí Aeráide Eorpach) agus i sprioc aeráide 2030. Ba cheart leis an bplean go gcuirfí i gcuntas an slabhra luacha agus ba cheart spriocanna faoi cheangal ama a áireamh ann a bhaineann lena gcuspóirí aeráide do raon feidhme astaíochtaí 1, 2 agus, i gcás inarb ábhartha, 3, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, dearbhspriocanna laghdaithe astaíochtaí do ghás ceaptha teasa lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, astaíochtaí meatáin, do 2030 agus i gcéimeanna cúig bliana suas go dtí 2050 bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch, ach amháin i gcás inar féidir le cuideachta a léiriú nach bhfuil a hoibríochtaí agus a slabhra luacha ina gcúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus nach mbeadh na spriocanna sin maidir le hastaíochtaí a laghdú iomchuí, dá bhri sin. Ba cheart leis na pleananna go bhforbrófaí gníomhaíochtaí cur chun feidhme chun spriocanna aeráide na cuideachta a bhaint amach agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte, rud a chiallaíonn fianaise le bailíochtú eolaíoch neamhspleách atá comhsheasmhach le teorannú an téimh**

*dhomhanda ag 1.5 °C mar atá sainithe ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus na moltaí ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide á gcur i gcuntas.*

## Leasú 69

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 51

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) D'fhonn a áirithiú go **ndéanfar an plean sin maidir le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú, má bhíonn an luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú an stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.**

## Leasú 70

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 53

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(53) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme ceart oibleagáidí díchill chuí na gcuideachtaí agus chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údarás nó údaráis maoirseachta náisiúnta a ainmniú. Ba cheart na húdaráis mhaoirseachta sin a bheith de chineál poiblí, neamhspleách ar na cuideachtaí a

*Leasú*

(51) **Ba cheart go n-áireofaí sna pleananna oibleagáidí soiléire do stiúrthóirí agus do chomhaltaí boird chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí agus ar thionchair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid i straitéis na cuideachta. D'fhonn dreasachtaí airgeadais stiúrthóirí a mhéadú, ba cheart beartas ábhartha agus éifeachtach a bheith i bhfeidhm ag cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 1000 fostaí acu ar an meán chun a áirithiú go mbeidh cuid de luach saothair inathraithe na stiúrthóirí nasctha le baint amach spriocanna phlean aistrithe na cuideachta chun an t-athrú aeráide a chomhrac.**

*Leasú*

(53) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme ceart oibleagáidí díchill chuí na gcuideachtaí agus chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údarás nó údaráis maoirseachta náisiúnta a ainmniú. Ba cheart na húdaráis mhaoirseachta sin a bheith de chineál poiblí, neamhspleách ar na cuideachtaí a

thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus ar leasanna margaidh eile, agus iad a bheith saor ó choinbhleachtaí leasa. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit maoiniú iomchuí an údaráis inniúil a áirithiú. Ba cheart dóibh a bheith i dteideal imscrúduithe a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn **gearán nó ábhar** inní a bhfuil bunús leo a **agraítear** faoin Treoir seo. I gcás inarb ann d'údaráis inniúla faoi reachtaíocht earnála, d'fhéadfadh na Ballstáit iad siúd a shainnithint mar údaráis atá freagrach as cur i bhfeidhm na Treorach seo ina réimsí inniúlachta. D'fhéadfaidís údaráis mhaoirseachta ar ghnóthais airgeadais rialáilte a ainmniú freisin mar údaráis mhaoirseachta chun críocha na Treorach seo.

thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus ar leasanna margaidh eile, agus iad a bheith saor ó choinbhleachtaí leasa. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit maoiniú iomchuí an údaráis inniúil a áirithiú. Ba cheart dóibh a bheith i dteideal imscrúduithe a dhéanamh, **lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí ar an láthair agus éisteacht a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha, ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn casaoidí nó ábhair** inní a bhfuil bunús leo a **ardaíodh** faoin Treoir seo. I gcás inarb ann d'údaráis inniúla faoi reachtaíocht earnála, d'fhéadfadh na Ballstáit iad siúd a shainnithint mar údaráis atá freagrach as cur i bhfeidhm na Treorach seo ina réimsí inniúlachta. D'fhéadfaidís údaráis mhaoirseachta ar ghnóthais airgeadais rialáilte a ainmniú freisin mar údaráis mhaoirseachta chun críocha na Treorach seo. **Ba cheart do na Ballstáit, agus iad ag ainmniú údarás maoirseachta agus ag sainiú na nósanna imeachta trína n-oibríonn siad, comhordú agus comhlántacht a áirithiú le próisis eile atá ar fáil faoi ionstraimí idirnáisiúnta eile, amháil an sásra casaoide neamhbhreithiúnach arna oibriú ag Pointí Teagmhála Náisiúnta.**

## Leasú 71

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 54

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sárúithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí **airgid a bheith ar áireamh sna smachtbhannaí** riaracháin **a bheidh** le

*Leasú*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sárúithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart **go n-áireofaí leis na** smachtbhannaí riaracháin **atá** le forchur ag na húdaráis

forchur ag na húdaráis **mhairseachta** náisiúnta. I gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhairseachta inniúla.

**mairseachta** náisiúnta **smachtbhannaí airgid, ráiteas poiblí ina léirítear gurb í an chuideachta atá freagrach agus cineál an tsáráithe, oibleagáidí maidir le gníomhaíocht a dhéanamh lena n-áirítear deireadh a chur leis an iompar arb ionann é agus an sárú agus staonadh ó aon athdhéanamh ar an iompar sin, agus táirgí ó shaorchúrsaíocht nó ó onnmhairiú a chur ar fionraí.** I gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhairseachta inniúla.

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 54 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(54a) Chun laghdú saorga a chosc ar fhíneálacha riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar mháthairchuideachta deiridh a bheith ag aistriú a glanláimhdeachais dhomhanda chuig tríú heintitis, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) agus Airteagal 2(2)(b), go ndéanfar smachtbhannaí airgid riaracháin a ríomh agus an láimhdeachas comhdhlúite arna thuarisciú ag an gcuideachta sin á chur i gcuntas.**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 54 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(54b) Faoi Airteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE, Airteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE agus Airteagal 30(3) de Threoir 2014/23/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí faoi dhlí an Aontais maidir le conarthaí soláthair agus conarthaí lamháltais. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil sé ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar na treoracha sin chun na ceanglais agus na bearta atá le glacadh ag na Ballstáit a shonrú tuilleadh chun comhlíonadh na n-oibleagáidí inbhuanaitheachta agus díchill chuí faoin Treoir seo a áirithiú ar fud na bpróiseas soláthair agus lamháltais, ó roghnú go feidhmíocht an chonartha.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 56**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(56) D'fhonn cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh na **ndrochthionchar** a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na gcuideachtaí as damáistí a thagann chun cinn toisc nár chomhlíon cuideachta an próiseas díchill chuí. Ba cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é nár chomhlíon sí na hoibleagáidí **drochthionchair fhéideartha** a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le **tionchair** iarbhír nó méid na **dtionchar** iarbhír sin a **íoslaghdú**, agus más rud é, toisc nár

(56) D'fhonn cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh na **n-iarmhairtí dochracha** a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na gcuideachtaí as damáistí a thagann chun cinn toisc nár chomhlíon cuideachta an próiseas díchill chuí. Ba cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é nár chomhlíon sí na hoibleagáidí **iarmhairtí dochracha féideartha** a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le **hiarmhairtí** iarbhír nó méid na **n-iarmhairtí** iarbhír sin a **mhaolú**, nó

chomhlíon, gur *tharla drochthionchar* ar cheart *é* a shainaitheint, a chosc, *nó* a mhaolú, nó deireadh a chur *leis* nó a mhéid a íoslaghdú trí na bearta iomchuí agus gur tharla damáiste dá dheasca sin.

*leigheas a chur ar fáil*, agus más rud é, toisc nár chomhlíon, *go raibh an chuideachta ina cúis le hiarmhairt dhochrach* nó gur *rannchuidigh sí le hiarmhairt dhochrach* ar cheart *í* a shainaitheint, *tús áite a bheith tugtha di, í* a chosc, a mhaolú, *a fheabhsú* nó deireadh a chur *léi, a leigheas* nó a mhéid a íoslaghdú trí na bearta iomchuí, agus gur tharla damáiste dá dheasca sin. *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin, i gcás nach bhfuil aon chomharba dlíthiúil ann, gur féidir na máithreacha a chur faoi dhliteanas as a bhfochuideachta i gcás ina bhfuil an fhochuideachta faoi raon feidhme na Treorach seo nó ina raibh sí tráth na hiarmhairte agus ina ndearna an mháthairchuideachta í a dhíscaoileadh d'aon ghnó chun dliteanas a sheachaint, gan beann ar aon chomhoibriú leis an máthairchuideachta maidir le dícheall cuí a dhéanamh.*

Leasú 75

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 57

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) *Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal caidrimh ghnó seanbhunaithe indíreacha, ba cheart dliteanas na cuideachta a bheith faoi réir coinníollacha sonracha. Níor cheart an chuideachta a bheith faoi dhliteanas más rud é gur chuir sí bearta dícheall chuí sonracha i gcrích. Níor cheart, áfach, go saorfaí ó dhliteanas í trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme i gcás ina raibh sé míréasúnta a bheith ag súil leis gur leormhaith an beart iarbhír a rinneadh, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhlíonadh a fhíorú, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar*

*Leasú*

(57) Agus measúnú á dhéanamh ar dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, *ba cheart* aird chuí *a thabhairt* ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a *dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíocht ar* éiligh údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht spriocdhíritha a soláthraíodh, agus ar aon chomhar le *geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus le* heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar *iarmhairtí dochracha* ina slabhraí luacha.

dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, **tá** aird chuí **le tabhairt** ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a **d’eiligh** údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht spriocdhírithé a soláthraíodh, agus ar aon chomhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar **dhrochthionchair** ina slabhraí luacha.

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 57 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(57a) Thairis sin, ba cheart an deis atá ag cuideachta tosaíocht a thabhairt, nuair is gá, a chur san áireamh maidir lena dliteanas féideartha faoi Airteagal 22. Ar choinníoll go ndearnadh an tosaíocht go dílis maidir le déine agus dóchúlacht na hiarmhairte dochraí, níor cheart cuideachta a chur faoi dhliteanas má eascraíonn iarmhairt dhochrach as gníomhaíocht nó oibríocht nár tugadh tosaíocht di go dlisteanach.**

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 58**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(58) Ní rialaítear leis an gcóras dliteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur **leordhóthanach** gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, **agus dá bhrí sin fágtar an cheist sin faoin dlí náisiúnta.**

(58) Ní rialaítear leis an gcóras dliteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur **leormhaith** gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, **ach féadfaidh na Ballstáit a fhoráil ina ndlí náisiúnta, i gcás ina dtugann éilitheoir eilimintí prima facie a thugann bunús leis**

*an dóchúlacht go mbeidh dliteanas an chosantóra ann, go mbeidh an cosantóir faoi dhliteanas, ach amháin más féidir leis a chruthú gur chomhlíon sé a oibleagáidí faoin Treoir seo.*

Leasú 78

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(59) Maidir le rialacha dliteanais sibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí a eascraíonn as gan dícheall cuí **leordhóthanach** a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach comhpháirtithe gnó díreacha agus indéreacha sa slabhra luacha. Chomh maith leis sin, **ba** cheart na rialacha **dliteanais sibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do rialacha Aontais nó do rialacha náisiúnta** maidir le dliteanas sibhialta **a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchar ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear leis an Treoir seo nó lena bhforáiltear do dhliteanas níos déine ná mar a fhoráiltear leis an Treoir seo.**

Leasú 79

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(59) Maidir le rialacha dliteanais sibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí **arbh í ba chúis leo nó ar rannchuidigh sí leo** a eascraíonn as gan dícheall cuí **leormhaith** a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach comhpháirtithe gnó díreacha agus indéreacha sa slabhra luacha. Chomh maith leis sin, **níor** cheart **go gcuirfi leis** na rialacha maidir le dliteanas sibhialta **faoin Treoir seo teorainn le dliteanas cuideachtaí faoi chórais dlí an Aontais nó faoi chórais dlí náisiúnta**, lena **n-áirítear rialacha maidir le dliteanas comhpháirteach agus leithleach.**

**(59a) Is ceart daonna a aithnítear go hidirnáisiúnta é an ceart chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 8 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, in Airteagal 9(3) de**



*Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil agus in Airteagal 2(3) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus is ceart bunúsach de chuid an Aontais é freisin de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt. D'fhéadfadh moilleanna agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar fhianaise, chomh maith le héagsúlacht inscne, suíomh geografach, leochaileachtaí agus imeallú a bheith ina mbacainní móra praiticiúla agus nós imeachta do na daoine lena mbaineann, rud a chuireann bac ar a rochtain ar leigheas éifeachtach gan eagla roimh bheart díoltais. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar leigheas éifeachtach agus nach gcuirfidh costais agus fad na n-imeachtaí cosc orthu rochtain a fháil ar chúirteanna. Féadfaidh na bearta sin a bheith i bhfoirm cistiú poiblí mar shampla, lena n-áirítear tacaíocht struchtúrtha d'íospartaigh iarmhairtí dochracha iarbhír agus féideartha, teorainn a chur leis na táillí cúirte nó riaracháin is infheidhme, nó rochtain a thabhairt ar chúnamh dlíthiúil.*

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(59b) Ba cheart do cheardchumainn shainordaithe, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó do ghníomhaithe ábhartha eile atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, amhail Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine nó Ombudsman, a bheith in ann caingne a thabhairt os comhair a gcúirteanna thar ceann íospartaigh nó grúpa íospartach a bhfuil iarmhairtí dochracha acu, agus ba cheart*

*cearta agus oibleagáidí páirtí is éilitheoir sna himeachtaí a bheith acu, gan dochar don dlí náisiúnta atá ann cheana.*

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(59c) Ba cheart deich mbliana ar a laghad a bheith sna tréimhsí teorann chun éilimh ar dhliteanas sibhialta a dhéanamh ar dhamáistí. Agus túsphointe na dtréimhsí teorann sin á shocrú, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an tráth a bhfuil deireadh tagtha leis an iarmhairt is cúis leis an damáiste a chur i gcuntas agus nuair a bhí an t-íospartach lena mbaineann ar an eolas, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeadh a fhios aige, gurbh í an iarmhairt dhochrach ba chúis leis an damáiste a bhain dóibh.*

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 65 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(65a) Tá cosantóirí chearta an duine agus chearta an chomhshaoil ar thús cadhnaíochta maidir leis na hiarmhairtí a bhíonn ag iarmhairtí dochracha ar an gcomhshaol agus ar chearta an duine ar fud an domhain agus in AE, agus tá siad faoi bhagairt, imeaglaithe, géarleanúint déanta orthu, ciaptha nó dúnmharaithe fiú. Dá bhrí sin, níor cheart do chuideachtaí iad a nochtadh d'aon chineál foréigin.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 69**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(69) Tá an Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus **beidh** feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

*Leasú*

(69) Tá an Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus **ba cheart** feidhm **a bheith** acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin, **sna cásanna sin ina bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach i ngníomh reachtach eile maidir le hearnáil nó ábhar níos sonraí. Áirítear ar na gníomhartha sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, reachtaíocht AE atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le hadhmad agus dífhoraóisiú, oibríthe a phostú agus saothar éigeantais.**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 70**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar **cibé ar cheart nó nár cheart** earnálacha **nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo**, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, **nó de bharr** fianaise **shoiléir a bheith ann** maidir le dúshaothrú

*Leasú*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cheart **raon feidhme na Treorach a ísliú, go háirithe i gcás** earnálacha **áirithe**, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta **nó i bhfianaise sonraí soiléire nó** fianaise maidir le dúshaothrú saothair, sárúithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil **nua** atá ag

saothair, sáruihte ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, **ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach.**

## Leasú 85

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***i dtaca*** le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le ***drochthionchair*** iarbhír agus ***fhéideartha*** ar chearta an duine agus ar ***an gcomhshaol***, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus ***oibríochtaí an tslabhra*** luacha ***arna ndéanamh ag eintitis*** a bhfuil caidreamh gnó ***bunaithe*** ag an gcuideachta leo agus

## Leasú 86

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) maidir le dliteanas i leith sáruihte ar na hoibleagáidí thuasluaite.

## Leasú 87

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2

teacht chun cinn, ***lena n-áirítear sonraí ó BEAF, EIS nó FRA.***

*Leasú*

(a) ***maidir*** le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le ***hiarmhairtí dochracha*** iarbhír agus ***ionchasacha*** ar chearta an duine agus ***iarmhairtí dochracha comhshaoil arbh iad ba chúis leo***, ar ***rannchuidigh siad leo nó a bhfuil baint dhíreach acu leo***, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, agus oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus ***maidir leis na hoibríochtaí a dhéanann eintitis ina slabhra*** luacha a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo agus

*Leasú*

(b) maidir le dliteanas i leith sáruihte ar na hoibleagáidí thuasluaite ***as ar eascair damáiste;***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidreamh bunaithe’ go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.**

**scriosta**

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Ní bheidh an Treoir seo ina **foras** chun leibhéal cosanta chearta an duine **nó chun cosaint an chomhshaoil** a laghdú nó **chun an** aeráid **a chosaint** dá bhforáiltear **le dlí namBallstát** tráth a nglacfar an Treoir seo.

2. Ní bheidh an Treoir seo ina **forais** chun **an** leibhéal cosanta **do** chearta an duine a laghdú, **lena n-áirítear cearta fostaíochta agus sóisialta mar a shonraítear i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana, sa chomhshaoil nó san** aeráid dá bhforáiltear **ag na Ballstáit nó sna comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme**, tráth a nglacfar an Treoir seo.

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) bhí níos mó ná **500** fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas domhanda ar mhó é ná **EUR 150 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

(a) bhí níos mó ná **250** fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas domhanda ar mhó é ná **EUR 40milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) níor shroich an chuideachta **na tairseacha** faoi **phointe** (a), **ach bhí níos mó ná 250** fostaí **aici ar an meán** agus **bhí glanláimhdeachas** de níos mó ná **EUR 40 milliún aici** sa bhliain airgeadais dheireanach **a bhfuil** ráitis airgeadais bhliantúla **ullmhaithe** ina leith, **ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:**

(b) níor shroich an chuideachta **an tairseach** faoi (a) **ach is í máthairchuideachta deiridh grúpa í a raibh 500** fostaí **aige** agus glanláimhdeachas **domhanda** de níos mó ná **150 milliún** sa bhliain airgeadais dheireanach **ar ullmhaíodh** ráitis airgeadais bhliantúla ina leith.

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) **monarú teicstíle, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstíle, éadaí agus coisbheart;**

**scriosta**

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ii) **talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;**

**scriosta**

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhiola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).**

*scriosta*

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná *EUR 150 milliún* san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;**

**(a) *ghin an chuideachta* glanláimhdeachas *domhanda* níos mó ná *EUR 150 milliún*, *archoinnioll gur gineadh EUR 40 milliún ar a laghad* san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, *lena n-áirítear láimhdeachas arna ghiniúint ag cuideachtaí tríú páirtí lena bhfuil comhaontú ingearach déanta ag an gcuideachta agus/nó ag a fochuideachtaí san Aontas i gcomaoin ríchíosanna;***

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún ach nach mó ná EUR 150 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais **roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlánláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i mír 1, pointe (b).**

*Leasú*

(b) **níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi (a) ach is í an mháthairchuideachta deiridh de ghrúpa a raibh 500 fostaí aige agus a gineadh glanláimhdeachas domhanda de níos mó ná 150 milliún agus 40 milliún ar a laghad** san Aontas sa bhliain airgeadais **dheireanach dár ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla, lena n-áirítear láimhdeachas arna ghiniúint ag cuideachtaí tríú páirtí lena bhfuil comhaontú ingearach déanta ag an gcuideachta agus/nó ag a fochuideachtaí san Aontas i gcomaoin ríchíosanna.**

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun críocha mhír 1, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibríthe gníomhaireachta sealadacha a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mb'oibríthe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta.

*Leasú*

3. Chun críocha mhír 1, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibríthe gníomhaireachta sealadacha **agus oibríthe eile i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta** a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mb'oibríthe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta.

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun **críocha** na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

*Leasú*

1. Chun **críche** na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:



## Leasú 98

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>110</sup>;

---

<sup>110</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

## Leasú 99

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(iii) *duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE atá comhdhéanta go hiomlán de ghnóthais a eagraítear i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a thagann faoi phointí (i) agus (ii);*

## Leasú 100

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv– fleasc 8

*Leasú*

(i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I **agus in Iarscríbhinn II** a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>110</sup>;

---

<sup>110</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

*Leasú*

*scriosta*

— *institiúidí pinsin a oibríonn scriosta*  
*scéimeanna pinsin a mheastar a bheith*  
*ina scéimeanna slándála sóisialta a*  
*chumhdaítear le Rialachán (CE)*  
*Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa*  
*agus ón gComhairle<sup>119</sup> agus le Rialachán*  
*(CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na*  
*hEorpa agus ón gComhairle<sup>120</sup> mar aon le*  
*haon eintiteas dlítheanach a bhunaítear*  
*chun infheistíocht a dhéanamh i*  
*scéimeanna den sórt sin;*

---

<sup>119</sup> *Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó*  
*Pharlaimint na hEorpa agus ón*  
*gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le*  
*comhordú córas slándála sóisialta*  
*(IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).*

<sup>120</sup> *Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó*  
*Pharlaimint na hEorpa agus ón*  
*gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009*  
*lena leagtar síos an nós imeachta chun*  
*Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le*  
*comhordú na gcóras slándála sóisialta a*  
*chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009,*  
*lch. 1).*

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv– fleasc 9**

— *ciste infheistíochta malartach scriosta*  
*(CIM) arna bhainistiú ag BCIM mar a*  
*shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe*  
*(b), de Threoir 2011/61/AE nó CIM arna*  
*mhaoirsiú faoin dlí náisiúnta is*  
*infheidhme;*

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv– fleasc 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *tá GCUÍ de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE;* *scriosta*

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) ciallaíonn ‘cuideachta infheistiúcháin’ cuideachta ina n-infheistíonn infheisteoir institiúideach nó bainisteoir sócmhainní nach féidir a mheas mar ghnóthas rialaithe;*

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) ciallaíonn ‘infheisteoir institiúideach’ eintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(e) de Threoir 2007/36/CE, faoi raon feidhme Airteagal 2 den Treoir seo;*

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ac) ciallaíonn ‘bainisteoir sócmhainní’ eintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(f) de Threoir 2007/36/CE, faoi raon feidhme*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ciallaíonn ‘*drochthionchar* ar an gcomhshaol’ *drochthionchar* ar an gcomhshaol *de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol* a liostaítear san Iarscríbhinn, *Cuid II*;

*Leasú*

(b) ciallaíonn ‘*iarmhairt dhochrach* ar an gcomhshaol’ *iarmhairt dhochrach* ar an gcomhshaol a *eascraíonn as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le forálacha ábhartha na n-ionstraimí a liostaítear i gCuid I, pointe 18 agus pointe 19, den Iarscríbhinn agus i gCuid II den Iarscríbhinn, agus an reachtaíocht náisiúnta agus bearta atá nasctha leis na forálacha sin a bhaineann leis na téacsanna idirnáisiúnta a liostaítear i gCuid I, i bpointe 18 agus i bpointe 19 den Iarscríbhinn agus i gCuid II den Iarscríbhinn á gcur i gcuntas, i gcás ina mbeidh fáil orthu;*

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ciallaíonn ‘*drochthionchar* ar chearta an duine’ *drochthionchar* ar dhaoine faoi chosaint *de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn I, mar* atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, *Cuid I Roinn 2*;

*Leasú*

(c) ciallaíonn ‘*iarmhairt dhochrach* ar chearta an duine’ *iarmhairt dhochrach* ar dhaoine *ó aon ghníomhaíocht lena gcuirtear deireadh le cumas an duine nó an ghrúpa na cearta a theachtadh nó lena ndéantar laghdú ar an gcumas sin nó ó bheith* faoi chosaint *ag* toirmisc atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin *agus ionstraimí* idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, *Cuid I, Roinn 1 agus san Iarscríbhinn, Cuid I, Roinn 2*;

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) ciallaíonn ‘iarmhairt dhochrach’ aon iarmhairt dhochrach fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine nó ar iarmhairt dhochrach ar an gcomhshaol;**

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) ciallaíonn ‘fochuideachta’ duine dlítheanach trína bhfeidhmítear gníomhaíocht ‘gnóthas rialaithe’ mar a shainmhínítear **i bpointe (f) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2004/109/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>128</sup>;

(d) ciallaíonn ‘fochuideachta’ duine dlítheanach **mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (10) de Threoir 2013/34/AE agus duine dlítheanach** trína bhfeidhmítear gníomhaíocht ‘gnóthas rialaithe’ mar a shainmhínítear **in** Airteagal 2(1), **pointe (f)** de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>128</sup>;

---

<sup>128</sup> Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38);

---

<sup>128</sup> Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38);

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh le conraitheoir, **le** fochonraitheoir nó **le haon eintiteas dlíthiúil eile (‘comhpháirtí’)**

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh **díreach nó indíreachcuideachta** le conraitheoir, fochonraitheoir, nó **eintitis eile ina slabhra luacha:**

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an gcuideachta leis nó lena soláthraíonn an chuideachta **maoiniú, árachas nó athárachas, nó**

(i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an gcuideachta leis nó lena soláthraíonn an chuideachta **seirbhísí airgeadais;**

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ii) a dhéanann **oibríochtaí gnó** a bhaineann le táirgí nó seirbhísí na cuideachta **don chuideachta nó thar a ceann;**

(ii) a dhéanann **gníomhaíochtaí** a bhaineann le táirgí nó seirbhísí na cuideachta;

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó bunaithe’ caidreamh gnó, **bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh**

**scriosta**

*sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach  
nó cuid choimhdeach den slabhra luacha  
é.*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’  
**gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh  
earraí nó le soláthar seirbhísí ag  
cuideachta, lena n-áirítear forbairt an  
táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus  
diúscairt an táirge mar aon leis na  
gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh  
ghnó bhunaithe na cuideachta atá  
réamhtheachtach agus iartheachtach.  
Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe  
(a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i  
ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin  
ach gníomhaíochtaí na gcliant a  
fhaigheann iasacht, creidmheas agus  
seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus  
gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid  
an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid  
gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh  
i dtrácht. Ní chumhdaíonn slabhra luacha  
na ngnóthas airgeadais rialáilte sin  
FBManna a fhaigheann iasacht,  
creidmheas, maoiniú, árachas nó  
athárachas na n-eintiteas sin;**

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g – pointe i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’:

(i) **gníomhaíochtaí a bhaineann le  
hamhábhair, táirgí nó codanna de tháirge  
cuideachta a tháirgeadh, a dhearadh, a  
fhoinsiú, a eastóscadh, a mhonarú, a**

*iompar, a stóráil agus a sholáthar agus a bhfuil baint acu le forbairt táirge cuideachta nó le forbairt nó soláthar seirbhíse, agus*

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g – pointe ii (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le díol, dáileadh, iompar, stóráil agus bainistiú dramhaíola táirgí cuideachta nó soláthar seirbhíse, agus eintitis atá páirteach iontu, agus gan bainistiú dramhaíola an táirge ag tomhaltóirí aonair a áireamh.*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g – pointe ii (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil leis na seirbhíse sonracha sin a sholáthar gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann go díreach seirbhíse airgeadais den sórt sin arna soláthar ag gnóthais airgeadais de bhun phointe (iv) agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile atá sa ghrúpa céanna a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. Ní chumhdaítear teaghlaigh agus daoine nádúrtha nó FBManna le slabhra luacha na ngnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí phointe (a)-(iv);*

**Leasú 118**



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú **go gcomhlíonann** cuideachta, **nó codanna** dá slabhra luacha, **ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol** a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, **ar fíorú é a dhéanann iniúchóir** atá neamhspleách **ar an** gcuideachta, **atá** saor ó aon **choinbhleacht** leasa, **a** bhfuil taithí agus inniúlacht aige **in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol** agus **le cearta** an duine agus **atá cuntasach** as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

*Leasú*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú **ar ghnéithe de dhícheall cuí** cuideachta **nó ar chodanna** dá slabhra luacha a eascraíonn as forálacha na Treorach seo **ag iniúchóir nó ag gnólacht iniúchóireachta atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2006/43/CE nó atá creidiúnaithe i mBallstát chun deimhniú a dhéanamh, nó ag soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23), de Threoir 2006/43/CE arna gcreidiúnú i mBallstát i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na gníomhaíochta measúnaithe comhréireachta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(4ú) nó ag tríú páirtí neamhspleách atá creidiúnaithe i mBallstát le haghaidh deimhniú a sheoladh agus atá neamhspleách ón** gcuideachta, **go bhfuil sé** saor ó aon **choinbhleachtaí** leasa, **go** bhfuil taithí, **saineolas** agus inniúlacht **léirithe** aige **i gcúrsaí comhshaoil, aeráide,** agus **chearta** an duine, agus **go bhfuil sé freagrach** as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta **nó an mheasúnaithe, agus go gcomhlíonann sé na híosaighdeáin a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe mar a thuairiscítear in Airteagal 14(4a);**

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe j**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail’ **meascán de** nósanna imeachta **díchill chuí sa slabhra luacha deonacha,** uirlisí agus

*Leasú*

(j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail **nó il-gheallsealbhóra**’ **tionscnamh ina nglacann cuideachtaí páirt, lena gcuirtear**

sásraí, *lena n-áirítear fíoruithe neamhspleácha tríú páirtí*, arna bhforbairt agus arna maoirsiú ag rialtais, comhlachais tionscail nó grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara;

*caighdeáin*, nósanna imeachta, uirlisí agus/nó sásraí ar fáil, chun gnéithe dá ndícheall cuí, nó dícheall cuí arna ndéanamh ag a bhfochuideachtaí agus/nó a gcaidrimh ghnó, a thacú, faireachán a dhéanamh orthu, meastóireacht a dhéanamh orthu, iad a dheimhniú agus/nó a fhíorú. Féadfaidh rialtais, comhlachais tionscail, grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara, nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta na tionscnaimh sin a fhorbairt agus a mhaoirsiú;

## Leasú 120

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe l

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(l) *ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol nó drochthionchar ar chearta an duine a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe, nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú;*

*scriosta*

## Leasú 121

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(n) *ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó*

(n) *ciallaíonn ‘geallsealbhóirí dá ndéantar difear’ na daoine aonair, na grúpaí nó na pobail sin a bhfuil cearta nó leasanna dlisteanacha acu a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh leis na hiamhairtí dochracha a eascraíonn as*

*a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.*

*gníomhaíochtaí cuideachta nó as gníomhaíochtaí eintiteas ina slabhra luacha, agus ionadaithe dlisteanacha na ndaoine aonair nó na ngrúpaí sin, lena n-áirítear na hoibrithe agus a n-ionadaithe agus ceardchumann na cuideachta, a fochuideachtaí agus ar fud a slabhra luacha, nó i gcásanna nach bhfuil aon daoine aonair, grúpaí nó pobail a ndéanann iarmhairtí ar an gcomhshaol difear dóibh, eagraíochtaí inchreidte a bhfuil taithí acu ar a n-áirítear cosaint an chomhshaoil;*

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(na) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí leochaileacha’ geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh atá i staideanna imeallaithe agus i staideanna leochaileachta, de dheasca comhthéacsanna ar leith nó toasca trasnacha, lena n-áirítear, i measc nithe eile, gnéas, inscne, aois, cine, eitneacht, aicme, sainaicme, oideachas, pobail dhúchasacha, stádas imirce, míchumas, chomh maith le stádas sóisialta agus eacnamaíoch, agus áirítear leis geallsealbhóirí a bhfuil cónaí orthu i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, atá ina gcúis le hiamhairtí dochracha éagsúla agus ar minic díréireach iad, agus a gcruthaítear leo idirdhealú agus bacainní breise ar rannpháirtíocht agus ar rochtain ar cheartas;*

Leasú 123

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe q

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(q) ciallaíonn ‘*beart* iomchuí’ *beart atá in ann* cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht na *iarmharta* dochraí, agus atá *ar fáil go réasúnta don chuideachta*, agus imthosca an cháis shonraigh *á gcur san áireamh*, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus *an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar* na cuideachta *air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.*

*Leasú*

(q) ciallaíonn ‘*bearta* iomchuí’ *bearta lenar féidir* cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach *agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an iarmhairt dhochrach arna shainaithint de bhun Airteagal 6 ar bhealach atá comhréireach agus* i gcomhréir le *leibhéal na déine agus le* dóchúlacht na *hiarmharta* dochraí, agus atá *comhréireach agus comhréireach le méid, acmhainní agus acmhainneachtaí na cuideachta. Cuirfear san áireamh leis sin* imthosca an cháis shonraigh, lena n-áirítear *cinéal na hiarmharta dochraí*, saintréithe na hearnála eacnamaíche, *cinéal gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí sonracha* na cuideachta, *an caidreamh sonrach gnó;*

Leasú 124

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe q a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(qa) ciallaíonn ‘*cumas dul i gcion*’ an *acmhainn difear a dhéanamh d’athrú ar chleachtais an eintitis is cúis leis an iarmhairt dhochrach nó a rannchuidíonn léi;*

Leasú 125

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe q b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(qb) ciallaíonn ‘*a bheith ina chúis le*

*hiarmhairt dhochrach' gur leor gníomhaíochtaí na cuideachta ina n-aonar chun iarmhairt dhochrach a bheith ina toradh orthu;*

Leasú 126

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 –mír 1 – pointe q c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qc) ciallaíonn ‘rannchuidiú le hiarmhairt dhochrach’ gurb iad gníomhaíochtaí cuideachta, in éineacht le gníomhaíochtaí eintiteas eile, a chruthaíonn iarmhairt, nó gurb iad gníomhaíochtaí cuideachta is cúis le cruthú iarmharta dochraí ag eintiteas eile, go n-éascaíonn siad sin nó go ndreasaíonn siad sin. Ní mór go mbeadh an ranníocaíocht substaintiúil, rud a chiallaíonn nach bhfuil mion-ranníocaíochtaí ná ranníocaíochtaí fánacha san áireamh inti. D’fhéadfadh an iliomad fachtóirí a bheith i gceist le measúnú a dhéanamh ar chineál suntasach an rannchuidithe agus le tuiscint a fháil ar cathain a d’fhéadfadh gníomhaíochtaí na cuideachta a bheith ina gcúis le cruthú iarmharta dochraí ag eintiteas eile, cathain a d’fhéadfadh sí é sin a éascú agus cathain a d’fhéadfadh sí é a dhreasú. Is féidir na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh:*

*– a mhéid a fhéadfaidh cuideachta iarmhairt dhochrach ag eintiteas eile a spreagadh nó a fhéadfaidh sé a bheith ina chúis léi, i.e. a mhéid a mhéadaigh an ghníomhaíocht an baol go dtarlódh an iarmhairt,*

*– a mhéid a d’fhéadfadh cuideachta nó ar cheart do ghnóthas fios a bheith aige faoin iarmhairt dhochrach nó faoin bhféidearthacht go dtarlódh iarmhairt dhochrach, i.e. méid na hintuarthachta,*

*– a mhéid a mhaolaigh aon cheann de ghníomhaíochtaí na cuideachta an iarmhairt dhochrach go hiarbhir nó gur laghdaigh siad an baol go dtarlódh an iarmhairt.*

*Ní hionann caidreamh gnó nó ghníomhaíochtaí a bheith ann go simplí, lena gcruthaítear na coinníollacha ginearálta inar féidir iarmhairtí dochracha a bheith ann agus caidreamh rannchuidithe. Ba cheart go méadódh an ghníomhaíocht atá i gceist an baol go mbeadh iarmhairt dhochrach ann go suntasach;*

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 –mír 1 – pointe q d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qd) ciallaíonn ‘baint dhíreach le hiarmhairt dhochrach’ go bhfuil gaol idir an iarmhairt dhochrach agus táirgí, seirbhísí nó oibríochtaí na cuideachta trí chaidreamh gnó eile agus i gcás nár chuir an chuideachta leis an iarmhairt ná nár chuir sí leis an iarmhairt sin. Níl sé nasctha go díreach le caidreamh gnó díreach. Chomh maith leis sin, ní thugtar le tuiscint le nasc díreach go n-aistríonn an fhreagracht ón gcaidreamh gnó atá ina chúis le hiarmhairt dhochrach chuig an gcuideachta a bhfuil baint aici léi;*

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 — mír 1 — pointe q e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qe) ciallaíonn ‘bunaithe ar riosca’ comhréireach le dóchúlacht agus déine*

*na hiarmharta dochraí féideartha;*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 — mír 1 — pointe q f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qf) ciallaíonn ‘fachtóirí riosca’  
fachtóirí riosca ar leibhéal cuideachta,  
fachtóirí riosca de réir samhla gnó,  
fachtóirí riosca geografacha, fachtóirí  
riosca táirge agus seirbhíse agus fachtóirí  
riosca earnála;*

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 — mír 1 — pointe q g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qg) ciallaíonn ‘déine iarmharta  
dochraí’ scála, raon feidhme agus  
carachtar doleigheasta na hiarmharta  
dochraí, agus tromchúis na hiarmharta  
dochraí á cur san áireamh, lena n-áirítear  
líon na ndaoine aonair a ndéantar difear  
dóibh nó a ndéanfar difear dóibh, a  
mhéid a dhéantar nó a bhféadfaí damáiste  
a dhéanamh don chomhshaol nó difear a  
dhéanamh dó ar bhealach eile, a dho-  
athraitheacht agus na teorainneacha ar  
an gcumas daoine aonair a ndéantar  
difear dóibh nó ar an gcomhshaol a  
athbhunú i staid atá coibhéiseach lena  
staid roimh an iarmhairt.*

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun an Iarscríbhinn a leasú, chun a áirithiú go leanfaidh sí de bheith ag teacht le cuspóirí an Aontais maidir le cearta an duine agus an comhshaol.**

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 3 a**

**Clásal an mhargaidh aonair**

**1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú le linn thrasú na Treorach seo agus ina dhiaidh sin i bhfianaise leibhéal iomlán comhchuibhithe idir na Ballstáit, chun machaire comhréidh a áirithiú do chuideachtaí agus chun ilroinnt an Mhargaidh Aonair a chosc.**

**2. Déanfaidh an Coimisiún, sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, a mheas an gá athruithe a dhéanamh ar leibhéal comhchuibhithe na Treorach seo chun machaire comhréidh a áirithiú do chuideachtaí sa Mhargadh Aonair, lena n-áirítear an bhféadfaí forálacha na Treorach seo a thiontú ina Rialachán.**

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go

1. Áiritheoidh na Ballstáit go



ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol mar a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 ('dícheall cuí') trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

#### **Leasú 134**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí maidir le cearta an duine **rioscabhunaithe** agus leis an gcomhshaol mar a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 ('dícheall cuí') trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

*Leasú*

**(ca) i gcás inar gá, tosaíocht a thabhairt d'iarmhairtí dochracha féideartha agus iarbhír i gcomhréir le hAirteagal 8b;**

#### **Leasú 135**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cb) iarmhairtí dhochracha iarbhír a leigheas i gcomhréir le hAirteagal 8c;**

#### **Leasú 136**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 9;**

**(d) sásra um fhógra a thabhairt agus um chasaoid neamhbhreithiúnach a bhunú nó páirt a ghlacadh ann i gcomhréir le hAirteagal 9;**

#### **Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a **mbeartais** díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;

*Leasú*

(e) faireachán **agus fíorú** a dhéanamh ar éifeachtacht a **mbeartas** díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(fa) dul i gcomhairle le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus dul i dteagmháil leo ar bhealach fóinteach i gcomhréir le hAirteagal 8d.**

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Déanfaidh cuideachtaí doiciméadacht lena léirítear go bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh acu a choinneáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad.**

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 4a**

**Tacaíocht díchill chuí ar leibhéal an**

*ghrúpa*

*1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh máthairchuideachtaí gníomhaíochtaí a dhéanamh ar féidir leo rannchuidiú lena bhfochuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 5 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 15 a chomhlíonadh. Tá an méid sin gan dochar do dhliteanas sibhialta fochuideachtaí i gcomhréir le hAirteagal 22.*

*2. Féadfaidh an mháthairchuideachta gníomhaíochtaí a dhéanamh a rannchuidíonn le comhlíonadh na n-oibleagáidí díchill chuí ag an bhfochuideachta i gcomhréir le mír 1, faoi réir na gcoinníollacha uile seo a leanas:*

*(a) go gcuireann an fhochuideachta an fhaisnéis uile is ábhartha agus is gá ar fáil dá máthairchuideachta agus go gcomhoibríonn sí léi;*

*(b) go gcloíonn an fhochuideachta le beartas díchill chuí a máthairchuideachta;*

*(c) go ndéanann an mháthairchuideachta a beartas díchill chuí a oiriúnú dá réir sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5(1) i ndáil leis an bhfochuideachta;*

*(d) go gcomhtháthaíonn an fhochuideachta dícheall cuí ina beartais agus ina córais bainistíochta riosca go léir i gcomhréir le hAirteagal 5;*

*(e) i gcás inar gá, go leanann an fhochuideachta de bhearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8, agus go leanann sí dá hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 8a, Airteagal 8b agus Airteagal 8d;*

*(f) i gcás ina ndéanann an mháthairchuideachta gníomhaíochtaí*

*sonracha thar ceann na fochuideachta, go gcuireann an mháthairchuideachta agus an fhochuideachta araon in iúl go soiléir agus go trédhearcach do gheallsealbhóirí ábhartha agus don fhearann poiblí;*

*(g) go gcomhtháthaíonn an fhochuideachta an aeráid ina beartais agus ina córais bhainistíochta riosca i gcomhréir le hAirteagal 15.*

## **Leasú 141**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha **ábhartha** go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:

## **Leasú 142**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe -a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## **Leasú 143**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe a**

*Leasú*

*(-a) tuairisc ar na hiarmhairtí dochracha fhéideartha nó iarbhír a shaináithin an chuideachta i gcomhréir le hAirteagal 6;*

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas san fhadtéarma, ***maidir le dícheall cuí***;

*Leasú*

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta ***maidir le dícheall cuí***, lena n-áirítear a beartas ***sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus*** san fhadtéarma;

#### **Leasú 144**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) cód iompair ***ina dtugtar tuairisc ar*** rialacha agus ***ar phrionsabail atá*** le leanúint ***ag fostaithe*** agus ***ag fochuideachtaí*** na cuideachta;

*Leasú*

(b) cód iompair ***lena sainítear na*** rialacha agus ***na prionsabail agus na bearta a bheidh*** le leanúint agus ***le cur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, ar fud*** na cuideachta agus ***a fochuideachtaí i ngach oibríocht. Ceapfar an cód iompair chun a áirithiú go n-urramóidh an chuideachta cearta an duine agus an comhshaol, agus déanfar é a ailíniú le luachanna bunúsacha an Aontais***;

#### **Leasú 145**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a ***glacadh*** chun ***comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe***.

*Leasú*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm ***agus na bearta iomchuí arna nglacadh*** chun dícheall cuí a chur chun feidhme ***i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 sa slabhra luacha***, lena n-áirítear na bearta ***ábhartha arna ndéanamh chun dícheall cuí a ionchorprú ina samhail ghnó féin, ina cleachtais fostaíochta agus ceannaigh le heintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo agus bearta arna ndéanamh chun faireachán agus fíorú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí díchill chuí***.

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí **a thabhairt** cothrom le dáta **gach bliain**.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí **athbhreithniú leanúnach ar** a mbeartas díchill chuí **agus go dtabharfaidh siad** cothrom le dáta **é nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha**.

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Déanfaidh cuideachtaí beartas díchill chuí atá comhréireach agus ar cóimhéid le dóchúlacht agus déine a n-iarmhairtí dochracha ionchasacha agus déine a n-iarmhairtí dochracha iarbhír, chomh maith lena gcúinsí sonracha agus a bhfachtóirí riosca, go háirithe a n-earnáil agus suíomh a ngníomhaíochta, méid agus fad a slabhra luacha, méid na cuideachta, a hacmhainneacht, a hacmhainní agus a cumas dul i gcion.**

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2b. Nuair a oibríonn cuideachtaí i limistéir ina bhfuil coinbhleacht armtha nó i staid leochaileach iarchoinbhleachta, i limistéir atá faoi fhorghabháil agus/nó in iarscríbhinneacht, chomh maith le limistéir ina bhfeictear rialachas agus**

*slándáil lag nó nach ann dóibh, amhail stáit theipthe, áiritheoidh na Ballstáit go n-urramóidh siad oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta agus go ndéanfaidh siad dícheall cuí méadaithe, íogair ó thaobh coinbhleachta de maidir lena n-oibríochtaí agus lena gcaidreamh gnó trína gcomhtháthú ina ndícheall cuí, anailís choinbhleachta bunaithe ar rannpháirtíocht fhóinteach geallsealbhóirí atá íogair ó thaobh coinbhleachta de, ar bhunchúiseanna, truícir agus páirtithe lena gcuirtear an choinbhleacht chun cinn, agus ar thionchar ghníomhaíochtaí na cuideachta ar an gcoinbhleacht.*

## Leasú 149

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Iarmhairtí dochracha iarbhír agus fhéideartha a shainaitint

*Leasú*

Iarmhairtí dochracha iarbhír agus fhéideartha a shainaitint **agus a mheasúnú**

## Leasú 150

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun iarmhairtí dochracha iarbhír agus féideartha ar chearta an duine agus **iarmhairtí dochracha** ar an gcomhshaol a **shainaitint, ar iarmhairtí dochracha iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe, i**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun iarmhairtí **a n-oibríochtaí, a bhfochuideachtaí agus a gcaidrimh ghnó a raon feidhme a bheag nó a mhór chun iarmhairtí** dochracha iarbhír agus féideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin, **astáirgí agus as seirbhísí a bhfochuideachtaí agus as na hiarmhairtí sin a bhaineann** lena slabhraí luacha **a**

*gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.*

*shainaithint agus a mheas, agus cibé acu an ndéanann siad na hiarmhairtí sin nó an gcuireann siad leo nó an bhfuil baint dhíreach acu leo.*

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach iarmhairtí dochracha tromchúiseacha iarbhír agus féideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithint.*

*Leasú*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit, mar chuid dá bpróiseas díchill chuí, go ndéanfaidh cuideachtaí an méid seo a leanas:*

*(a) a shainaithint cá háit is dóichí go dtarlóidh iarmhairtí dochracha agus go mbeidh siad dian, lena n-áirítear trí oibríochtaí riosca níos airde, fochuideachtaí agus caidrimh ghnó aonair a shainaithint ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh; agus*

*(b) grinnmheasúnuithe a dhéanamh ar oibríochtaí tosaíochta, ar fhochuideachtaí agus ar chaidrimh ghnó chun nádúr agus méid na n-iarmhairtí dochracha sonracha iarbhír agus féideartha a chinneadh.*

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2 a. Agus caidrimh ghnó riosca níos airde á sainaithint, áireofar le fachtóirí riosca ábhartha ar leibhéal na cuideachta*



**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Nuair a dhéanann cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), **creidmheas, iasacht nó** seirbhísí airgeadais **eile** a sholáthar, **ní dhéanfar** iarmhairtí dochracha iarbhír agus féideartha ar chearta an duine agus iarmhairtí dochracha **ar an gcomhshaol a shaináithint ach amháin** sula soláthrófar an tseirbhís sin.

*Leasú*

3. Nuair a dhéanann cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), seirbhísí airgeadais a sholáthar, **saináithneofar** iarmhairtí dochracha iarbhír agus féideartha ar chearta an duine agus iarmhairtí dochracha **comhshaoil** sula soláthrófar an tseirbhís sin **agus roimh oibríochtaí airgeadais ina dhiaidh sin, agus, má thugtar fógra faoi rioscaí féideartha trí bhíthin na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9, le linn sholáthar na seirbhíse.**

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun **na hiarmhairtí** dochracha **dá dtagraítear i mír 1** a shaináithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go **mbeidh** cuideachtaí **i dteideal úsáid a bhaint** as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an **nós imeachta gearán** dá bhforáiltear in Airteagal 9. I **gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí** a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir **leis na** hiarmhairtí dochracha iarbhír nó féideartha.

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun **críoch iarmhairtí** dochracha a shaináithint **agus a mheasúnú** bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, **lena n-áirítear na sonraí imdhealaithe ábhartha is féidir le cuideachta a fháil go réasúnta, go mbainfidh** cuideachtaí úsáid as **modhanna agus** acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha **poiblí, tuarascálacha** neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an **sásra um fhógra a thabhairt agus um chasaoid neamhbhreithiúnach a bhunú** dá bhforáiltear in Airteagal 9. **Déanfaidh cuideachtaí rannpháirtíocht fhóinteach freisin i gcomhréir le**

***hAirteagal 8d le geallsealbhóirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir le hiarmhairtí dochracha iarbhír nó féideartha agus chun iarmhairtí dochracha iarbhír nó féideartha a shainaithint agus a mheasúnú.***

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***4a. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena slabhra luacha ar fáil, míneoidh an chuideachta na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina slabhra luacha, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus na pleananna atá aici an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.***

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun iarmhairtí dochracha féideartha ar chearta an duine agus iarmhairtí dochracha ***féideartha ar an gcomhshaol a shainaithnítear*** de bhun Airteagal 6 a ***chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc láithreach, a mhaolú go leordhóthanach i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun ***cosc a chur, nó i gcás nach féidir cosc a dhéanamh láithreach nó nach féidir é a chosc láithreach nó gur theip orthu, chun maolú leormhaith a dhéanamh ar*** iarmhairtí dochracha féideartha ar chearta an duine agus ***ar*** iarmhairtí dochracha ***comhshaoil, a sainaitníodh*** de bhun Airteagal 6, ***nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta de bhun Airteagal 6, i gcomhréir leis an Airteagal seo.***

Leasú 157

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Chun críoch an Airteagail seo, i gcásanna ina bhféadfadh cuideachta a bheith ina cúis le hiarmhairt dhochrach féideartha, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta a bhfuil sé mar aidhm leo iarmhairt dhochrach féideartha a mhaolú, agus damáiste a leigheas. I gcásanna ina bhféadfadh cuideachta rannchuidiú a dhéanamh le hiarmhairt dhochrach, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta arb é is aidhm dóibh an rannchuidiú leis an iarmhairt a chosc nó a mhaolú, agus úsáid á baint nó méadú á dhéanamh ar an gcumas dul i gcion atá ag an gcuideachta ar pháirtithe freagracha eile chun an iarmhairt dhochrach féideartha a chosc nó a mhaolú. I gcásanna ina bhfuil baint dhíreach ag oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí cuideachta le hiarmhairt dhochrach trína caidreamh gnó le heintitis eile, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta arb é is aidhm dóibh úsáid a bhaint nó méadú a dhéanamh ar chumas dul i gcion na cuideachta ar pháirtithe freagracha chun féachaint leis an iarmhairt dhochrach féideartha a chosc nó a mhaolú agus tionchar a imirt ar an eintiteas is cúis leis an iarmhairt.***

Leasú 158

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1b. Chun críoch an Airteagail seo, toimhdeofar go bhfuil baint dhíreach ag***

*gnóthais airgeadais le hiarmhairt  
dhochrach ina slabhra luacha gan é a  
bheith ina chúis leis ná rannchuidiú leis.*

## Leasú 159

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **bearta** seo a leanas a **dhéanamh**, i gcás inarb ábhartha:

*Leasú*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí **bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear** na **gníomhaíochtaí** seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

## Leasú 160

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh **amlínte** réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh **gníomhaíochta** agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. **Déanfar** an plean gníomhaíochta **um chosc** a fhorbairt i **gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear**;

*Leasú*

(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh **amlíne** réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh **bearta** agus **gníomhaíocht iomchuí a chur chun feidhme agus** le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. **Beidh** an plean gníomhaíochta **coisc infheidhme agus curtha in oiriúint go cruinn do chomhthéacs oibríochtaí agus slabhra luacha cuideachtaí. Measfar gur beart iomchuí é plean aistrithe aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 chun iarmhairtí dochracha ar an gcomhshaol a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide a chosc de bhun mhír 1 den Airteagal seo.**

## Leasú 161

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) **dearbhuíthe** conarthacha a **lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil gaol díreach** gnó aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena **n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe**, a mhéid **agus** is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (**cascaídiú conarthach**). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail **infheistíochtaí sna próisis agus sna bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun mír 1 a chomhlíonadh**;

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Leasú*

(b) **measúnú a dhéanamh go suífear trí fhorálacha** conarthacha **agus in éineacht le comhpháirtí** a bhfuil **caidreamh** gnó aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc. **D'fhéadfaí a iarraidh ar chomhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo forálacha conarthacha a bheidh comhréireach, réasúnach, neamhidirdhealaitheach agus cóir a leagan síos** lena **gcomhpháirtithe**, a mhéid is **gur** cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;

*Leasú*

(c) na **modhnuithe, na feabhsuithe, na haistarraingtí nó na** hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh **ar oibríochtaí na cuideachta féin, nó infheistíochtaí a dhéanamh iontu**, amhail **bainistíocht, táirgeadh nó próisis oibríochtúla, saoráidí, táirgí agus inrianaitheacht táirgí, tionscadail, seirbhísí agus scileanna**;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) samhlacha gnó agus straitéisí gnó a oiriúnú, lena n-áirítear cleachtais cheannaigh, lena n-áirítear iad siúd a chuireann le pá maireachtála agus ioncaim dá soláthróirí, chun iarmhairt dhochrach a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, agus beartais cheannaigh a fhorbairt agus a úsáid nach spreagann iarmhairt dhochrach féideartha ar chearta an duine ná ar an gcomhshaol;*

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) tacaíocht **dhírithe** chomhréireach a **chur ar fáil** do FBM a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** ag an gcuideachta leis, **i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc inmharthanacht an FBM i mbaol;**

*Leasú*

(d) tacaíocht **airgeadais agus riaracháin spriocdhírithe agus** chomhréireach a **sholáthar** do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis;

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(da) dul i dteagmháil le caidreamh gnó faoi ionchais na cuideachta maidir leis na hiarmhairtí dochracha fhéideartha a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear trí rochtain ar fhothú acmhainneachta, treoir, tacaíocht riaracháin agus airgeadais amhail iasachtaí nó maoiniú a sholáthar nó a chumasú, agus acmhainní, eolas agus srianta an chomhpháirtí gnó á gcur san áireamh;*

Leasú 166

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, ***i gcás inarb ábhartha***, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an iarmhairt dhochrach, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.

*Leasú*

(e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an iarmhairt dhochrach, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach;

Leasú 167

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ea) ***i gcás ina bhfuil nasc díreach ann le hiarmhairtí a tharlaíonn i gcaidrimh ghnó le cuideachtaí eile atá ag feidhmiú san Aontas, féadfar a áireamh ar bhearta iomchuí fógra a thabhairt don údarás maoirseachta ábhartha agus leanúint d'iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh féachaint leis an iarmhairt a chosc nó a mhaolú.***

*Leasú*

(ea) ***i gcás ina bhfuil nasc díreach ann le hiarmhairtí a tharlaíonn i gcaidrimh ghnó le cuideachtaí eile atá ag feidhmiú san Aontas, féadfar a áireamh ar bhearta iomchuí fógra a thabhairt don údarás maoirseachta ábhartha agus leanúint d'iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh féachaint leis an iarmhairt a chosc nó a mhaolú.***

Leasú 168

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2a. ***Agus táirge á dháileadh nó á dhiól nó seirbhís á soláthar acu, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun a áirithiú go bhfuil comhdhéanamh, dearadh agus tráchtálú táirge nó seirbhíse***

*Leasú*

2a. ***Agus táirge á dháileadh nó á dhiól nó seirbhís á soláthar acu, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun a áirithiú go bhfuil comhdhéanamh, dearadh agus tráchtálú táirge nó seirbhíse***

*i gcomhréir le dlí an Aontais agus nach mbeidh iarmhairtí dochracha mar thoradh air, bíodh sin ina aonar nó i dteannta a chéile. Ina leith sin, tabharfar aird ar leith ar an iarmhairt dhochrach a d'fhéadfadh a bheith ar leanaí.*

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. Maidir le hiarmhairtí dochracha féideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.**

*scriosta*

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 4 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Beidh na bearta *iomchuí* chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.**

Beidh bearta chun *tacú le dícheall cuí a dhéanamh* ag gabháil leis na *forálacha* conarthacha.

**Leasú 171**



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Nuair a ***fhaightear dearbhuithe*** conarthacha ***ó FBM***, nó nuair a dhéantar conradh le ***FBM***, beidh na téarmaí a ***úsáidfear*** cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

*Leasú*

Nuair a ***bhunaítear forálacha, lena n-áirítear forálacha*** conarthacha, nó nuair a dhéantar conradh le ***heintíteas ag a bhfuil caidreamh gnó***, beidh na téarmaí a ***úsáidtear*** cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí. ***Arna iarraidh sin do FBM, cumhdóidh siad na costais ina n-iomláine nó roinnfidh siad leis an gcuideachta iad. Féadfaidh FBManna torthaí na bhfíoruithe a dhéantar i ndáil leo féin a roinnt le níos mó ná cuideachta amháin.***

***Ní bheidh na forálacha conarthacha arna lorg i gcomhréir le mír 2 de chineál a fhágfaidh go n-aistreofar an fhreagracht as dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo agus aistriú an dlíteanais as mainneachtain déanamh amhlaidh.***

***Agus na forálacha conarthacha sin á lorg acu, measfaidh cuideachtaí an féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go gcomhlíonfaidh an comhpháirtí gnó na forálacha sin.***

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Maidir le hiarmhairtí dochracha féideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go leormhaith ***leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4***, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a

*Leasú*

Maidir le hiarmhairtí dochracha féideartha de réir bhrí mhír 1, ***ar thionchair dhochracha iad ba chúis le cuideachta nó ar rannchuidigh sí léi agus*** nach bhféadfaí í a chosc nó a mhaolú go leormhaith, ***agus i gcás nach bhfuil ionchas réasúnach ann go n-athróidh sí***, beidh sé de cheangal ar

leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an iarmhairt sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

an gcuideachta staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an iarmhairt sin ina leith nó sa slabhra luacha, **agus**, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas **mar rogha dheiridh, i gcomhréir leis an díscor freagrach:**

#### Leasú 173

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a **fhionraí** go sealadach, agus iarrachtaí coisctheacha agus **íoslaghdúcháin** á saothrú ag an am céanna, **má tá súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma;**

*Leasú*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a **chur ar fionraí** go sealadach, agus iarrachtaí coisctheacha agus **maolaithe** á saothrú ag an am céanna;

#### Leasú 174

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó **maidir** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann **más mór an iarmhairt dhochrach** féideartha.

*Leasú*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó **i ndáil** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, **mar gheall ar dhéine na hiarmharta dochraí féideartha nó mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le fionraí sealadach faoi phointe (a).**

#### Leasú 175

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Sula gcuirfear caidreamh tráchtála ar fionraí go sealadach nó sula bhfoirceannfar an caidreamh gnó, ceanglófar ar chuideachtaí ar dtús a mheas an mbeadh na hiarmhairtí dochracha a bhainfeadh leis sin níos mó ná an iarmhairt dhochrach a bheartaítear a chosc nó a mhaolú. Más amhlaidh a bheadh, féadfaidh cuideachtaí staonadh ó chaidreamh tráchtála a chur ar fionraí go sealadach nó ón gcaidreamh gnó a fhoirceannadh. I gcás ina ndéanann cuideachtaí caidreamh tráchtála a fhionraí go sealadach nó an caidreamh gnó a fhoirceannadh, déanfaidh siad bearta chun iarmhairtí is toradh le fionraí nó foirceanta a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, tabharfaidh siad fógra réasúnach don chomhpháirtí gnó agus coinneoidh siad an cinneadh sin faoi athbhreithniú.*

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil **chun deireadh** a chur leis an **gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe**.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil **caidreamh gnó** a chur **ar fionraí nó a fhoirceannadh i gconarthaí arna rialú ag andlíthe, ach amháin i gcás conarthaí ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh. Féadfaidh cuideachtaí tagairt a dhéanamh d'údaráis mhaoirseachta chun treoir a fháil maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh.**

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina **gcuirfidh** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), **creidmheas, iasacht nó** seirbhísí airgeadais **eile ar fáil**, ní bheidh sé de cheangal orthu **deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó** conradh seirbhíse airgeadais **eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil** don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun iarmhairtí dochracha iarbhír a sainaitníodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

**Leasú 179**

*Leasú*

6. De mhaolú ar mhír 5, **an chéad fhomhír**, pointe (b), i gcás ina **gcuireann** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), seirbhísí airgeadais **d'eintitis atá ina gcúis le hiarmhairtí dochracha féideartha fhéideartha nó a rannchuidíonn leo de réir bhír mhír 1**, ní bheidh sé de cheangal orthu **an** conradh seirbhíse airgeadais **a fhoirceannadh má tá fíorghá** leis **sin chun féimheacht a chosc** don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó. **Sa bhreis ar mhír 5, an dara fomhír, ní fhéadfar cinneadh a dhéanamh an conradh seirbhíse airgeadais a fhoirceannadh de mhaolú ar mhír 5, an chéad fomhír, pointe (b), ach amháin, mar rogha dheireanach, i gcás inar mhainnigh iarrachtaí dhul i gcion na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv) tionchar a imirt ar an eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó chun iarmhairtí dochracha a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc nó a mhaolú go leormhaith.**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun iarmhairtí dochracha iarbhír a sainaitníodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás nach féidir an iarmhairt dhochrach ***a thabhairt chun deiridh***, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid na hiarmharta sin a ***íoslaghdú***.

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. I gcás nach féidir ***deireadh a chur leis*** an iarmhairt dhochrach ***láithreach***, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid na hiarmharta sin a ***mhaolú go leormhaith, agus gach iarracht á déanamh acu chun deireadh a chur leis an iarmhairt dhochrach***.

*Leasú*

***2a. Chun críoch an Airteagail seo, i gcásanna inar tharla iarmhairt iarbhír ag cuideachta, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta a bhfuil sé mar aidhm leo méid na hiarmharta dochraí iarbhír a mhaolú, agus damáiste a leigheas. I gcásanna inar chuir cuideachta le hiarmhairt dhochrach, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta arb é is aidhm dóibh an méid a cuireadh leis an iarmhairt dhochrach a mhaolú, agus an dul i gcion is féidir leis an gcuideachta a imirt ar pháirtithe freagracha eile á úsáid nó á mhéadú, chun an iarmhairt dhochrach a d'fhéadfaí a imirt a mhaolú agus chun rannchuidiú le damáiste a leigheas, a mhéid a cuireadh leis an iarmhairt dhochrach. I gcásanna ina bhfuil baint dhíreach ag oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí cuideachta le hiarmhairt dhochrach trína caidreamh le heintitis eile, tuigfear gurb ionann bearta iomchuí agus bearta arb é is aidhm dóibh cumas dul i gcion na cuideachta ar pháirtithe freagracha a úsáid nó a mhéadú chun féachaint leis an iarmhairt dhochrach a mhaolú. Aon***

*chuideachta atá nasctha go díreach le hiarmhairt dhochrach, breathnóidh sí ar úsáid a bhaint as an gcumas dul i gcion is féidir léi a imirt ar pháirtithe freagracha chun gur féidir aon damáiste de dheasca aon iarmharta dochraí a leigheas.*

## Leasú 181

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 2 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2b. Chun críoch an Airteagail seo, toimhdeofar go bhfuil baint dhíreach ag gnóthais airgeadais le hiarmhairt dhochrach ina slabhra luacha gan é a bheith ina chúis leis ná rannchuidiú leis.*

## Leasú 182

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **bearta** seo a leanas **a dhéanamh**, i gcás inarb ábhartha:

3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí **bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear** na **gníomhaíochtaí** seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

## Leasú 183

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) an iarmhairt dhochrach a neodrú nó a mhéid a **íoslaghdú, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc leis** na daoine **lena mbaineann** agus **trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail lena mbaineann**.  
Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le

(a) **i gcomhréir le hAirteagal 8c**, an iarmhairt dhochrach a neodrú nó a mhéid a **mhaolú go leormhaith trí** na daoine **dá ndéantar difear agus/nó an comhshaol a athbhunú i staid atá coibhéiseach nó chomh gar** agus **is féidir dá gcás roimh an**

suntasacht agus scála na hiarmharta dochraí agus **le rannchuidiú** iompar na cuideachta leis an iarmhairt dhochrach;

**iarmhairt.** Beidh an ghníomhaíocht comhréireach **agus ar cóimhéid** le suntasacht agus scála na hiarmharta dochraí agus **leis an méid a chuir** iompar na cuideachta leis an iarmhairt dhochrach, **chomh maith lena hacmhainní agus a cumas dul i gcion;**

## Leasú 184

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an iarmhairt dhochrach a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. ***I gcás inarb ábhartha, déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;***

*Leasú*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an iarmhairt dhochrach a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh ***bearta agus gníomhaíochta iomchuí a chur chun feidhme*** agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. ***Beidh an plean gníomhaíochta coiscitheach infheidhme agus curtha in oiriúint go cruinn do chomhthéacs oibríochtaí agus slabhra luacha cuideachtaí. Féadfaidh cuideachtaí a bpleananna gníomhaíochta a fhorbairt i gcomhar le tionscnaimh tionscail. Measfar gur beart iomchuí é plean aistrithe aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 chun iarmhairtí dochracha ar an gcomhshaol a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide a íoslaghódú de bhun mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.***

## Leasú 185

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) **dearbhuithe** conarthacha a **lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil caidreamh gnó díreach aige** leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair **na** cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta **um chosc**, lena **n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe**, a mhéid **agus** is cuid **de slabhra** luacha **na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach)**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5.

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail **infheistíochtaí sna próisis agus sna bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;**

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 3 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) **a roghnú, trí fhorálacha** conarthacha **agus in éineacht le comhpháirtí** a bhfuil caidreamh gnó **acu** leis, **a shuí** go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair cuideachta, agus de réir mar is gá, plean gníomhaíochta **ceartaithí. D'fhéadfaí a iarraidh ar chomhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo forálacha conarthacha a bheidh comhréireach, réasúnach, neamh-idirdhealaitheach agus cóir a leagan síos** lena **gcomhpháirtithe**, a mhéid is cuid **den slabhra** luacha **iad**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5;

*Leasú*

(d) na **modhnuithe, na feabhsuithe, na haistarraingtí nó na** hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh **ar oibríochtaí na cuideachta féin, nó infheistíochtaí a dhéanamh iontu**, amhail **bainistíocht, táirgeadh nó próisis oibríochtúla, saoráidí, táirgí agus inrianaitheacht táirgí, tionscadail, seirbhísí agus scileanna;**

*Leasú*

(da) **samhlacha gnó agus straitéisí gnó a oiriúnú, lena n-áirítear cleachtais cheannaigh, lena n-áirítear iad siúd a chuireann le pá maireachtála agus**



*ioncaim dá soláthróirí, chun deireadh a chur le hiarmhairtí dochracha iarbhír nó iad a mhaolú, agus beartais cheannaigh a fhorbairt agus a úsáid nach spreagann iarmhairtí dochracha iarbhír ar chearta an duine ná ar an gcomhshaol;*

## Leasú 188

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a **chur ar fáil** do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, ***i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht an FBM i mbaol;***

*Leasú*

(e) tacaíocht ***airgeadais agus riaracháin*** spriocdhírthe ***agus sholáthar*** do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis;

## Leasú 189

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe e a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ea) dul i dteagmháil le caidreamh gnó faoi ionchais na cuideachta maidir le deireadh a chur le hiarmhairtí dochracha iarbhír agus iarmhairtí dochracha iarbhír a mhaolú, lena n-áirítear trí rochtain ar fhothú acmhainneachta, treoir, tacaíocht riaracháin agus airgeadais amhail iasachtaí nó maoiniú a sholáthar nó a chumasú, agus acmhainní, eolas agus srianta an chomhpháirtí gnó á gcur san áireamh;***

## Leasú 190

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(fa)** *i gcás ina bhfuil nasc díreach ann le hiarmhairtí a tharlaíonn i gcaidrimh ghnó le cuideachtaí eile atá ag feidhmiú san Aontas, féadfar a áireamh ar bhearta iomchuí fógra a thabhairt don údarás maoirseachta ábhartha agus leanúint d'iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh féachaint leis an iarmhairt a thabhairt chun deiridh nó an iarmhairt a mhaolú.*

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a.** *Agus táirge á dháileadh nó á dhíol nó seirbhís á soláthar acu, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun a áirithiú go bhfuil comhdhéanamh, dearadh agus tráchtálú táirge nó seirbhíse i gcomhréir le dlí an Aontais agus nach mbeidh iarmhairtí dochracha mar thoradh air, bíodh sin ina aonar nó i dteannta a chéile. Ina leith sin, tabharfar aird ar leith ar an iarmhairt dhochrach a d'fhéadfadh a bheith ar leanaí.*

Leasú 192

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. Maidir le drochthionchair iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d’fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.**

*scriosta*

Leasú 193

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 5 – fómhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Beidh na bearta *iomchuí* chun an *chomhlíontacht a fhíorú* ag gabháil leis na *dearbhuíthe* conarthacha *nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d’fhíorú neamhspleách tríú páirtí.*

Beidh bearta chun *tacú le dícheall cuí a dhéanamh* ag gabháil leis na *forálacha* conarthacha.

Leasú 194

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 5 – fómhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Nuair a *fhaightear dearbhuíthe* conarthacha *ó FBM*, nó nuair a dhéantar conradh le *FBM*, beidh na téarmaí a

Nuair a *bhunaítear forálacha, lena n-áirítear forálacha* conarthacha, nó nuair a dhéantar conradh le *heintíteas ag a bhfuil*

**úsáidfear** cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

**caidreamh gnó**, beidh na téarmaí a **úsáidtear** cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí. **Féadfaidh FBManna torthaí na bhfíoruithe a dhéantar i ndáil leo féin a roinnt le níos mó ná cuideachta amháin.**

## Leasú 195

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Ní bheidh na forálacha conarthacha arna lorg i gcomhréir le mír 3 de chineál a fhágfaidh go n-aistreofar an fhreagracht as dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo mar aon leis an dlíteanas as mainneachtain déanamh amhlaidh.**

## Leasú 196

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 2 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Agus na forálacha conarthacha sin á lorg acu, measfaidh cuideachtaí an féidir a bheith ag súil leis go réasúnach go gcomhlíonfaidh an comhpháirtí gnó na forálacha sin.**

## Leasú 197

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Maidir le **drochthionchair** iarbhír de réir bhrí **mhír 1** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a **íoslaghdú leis na bearta i míreanna 3, 4 agus 5, staonfaidh an chuideachta** ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí **ceann amháin de** na gníomhaíochtaí seo a leanas:

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú **chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó**

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó **maidir** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, **má mheastar gur tionchar**

*Leasú*

Maidir le **hiarmhairtí dochracha** iarbhír de réir bhrí **mhír 1, ar iarmhairtí dochracha iad ba chúis le cuideachta nó ar rannchuidigh sí léi agus** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a **mhaolú, agus i gcás nach bhfuil ionchas réasúnach ann go n-athróidh sí, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh** ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, **agus**, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas **mar rogha dheiridh, i gcomhréir leis an díscor freagrach:**

*Leasú*

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí **coisctheacha agus maolaithe** á saothrú **ag an am céanna**

*Leasú*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó **i ndáil** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, **mar gheall ar dhéine na**

*dian é an drochthionchar.*

*hiarmharta dochraí iarbhír nó mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir le fionraí shealadach faoi phointe (a).*

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Sula gcuirfear caidreamh tráchtála ar fionraí go sealadach nó sula bhfoirceannfar an caidreamh gnó, ceanglófar ar chuideachtaí ar dtús a mheas an mbeadh na hiarmhairtí dochracha a bhainfeadh leis sin níos mó ná an iarmhairt dhochrach a bheartaítear deireadh a chur léi nó a mhaolú. Más amhlaidh a bheadh, féadfaidh cuideachtaí staonadh ó chaidreamh tráchtála a chur ar fionraí go sealadach nó ón gcaidreamh gnó a fhoirceannadh. I gcás ina ndéanann cuideachtaí caidreamh tráchtála a fhionraí go sealadach nó an caidreamh gnó a fhoirceannadh, déanfaidh siad bearta a chur i gcrích chun na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí nó le foirceannadh a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leo, fógra réasúnta a thabhairt don chomhpháirtí gnó agus an cinneadh sin a choinneáil faoi athbhreithniú.*

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil **chun deireadh** a chur leis an **gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.***

*Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil **caidreamh gnó** a chur **ar fionraí nó a fhoirceannadh i gconarthaí** arna rialú ag a ndlíthe, **ach amháin i gcás conarthaí ina bhfuil***

*oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh. Féadfaidh cuideachtaí tagairt a dhéanamh d'údarais mhaoirseachta chun treoraíocht a fháil maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh.*

## Leasú 202

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. De mhaolú ar **mhír 6, pointe (b)**, i gcás ina **gcuirfidh** cuideachtaí dá dtagraítear in **Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó** seirbhísí airgeadais **eile** ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu **deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó** conradh seirbhíse airgeadais **eile nuair is féidir a bheith ag súil** leis **le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil** don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

*Leasú*

7. De mhaolú ar **mhír 6, pointe (b)**, i gcás ina **gcuireann** cuideachtaí dá dtagraítear in **Airteagal 3, pointe (a)(iv)**, seirbhísí airgeadais ar fáil **d'eintitis atá ina gcúis le hiarmhairtí dochracha iarbhír nó a rannchuidíonn leo de réir bhrí mhír 1**, ní bheidh sé de cheangal orthu **an** conradh seirbhíse airgeadais **a fhoirceannadh má tá fíorghá** leis **sin chun féimheacht a chosc** don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó. **De bhreis ar mhír 6, an dara fomhír, ní fhéadfar cinneadh a dhéanamh an conradh seirbhíse airgeadais a fhoirceannadh de mhaolú ar mhír 6, pointe (b), ach amháin, mar rogha dheiridh, i gcás inar mhainnigh iarrachtaí dhul i gcion na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a)(iv) tionchar a imirt ar an eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó chun deireadh a chur le hiarmhairtí dochracha iarbhír nó chun a méid a íoslaghdú.**

## Leasú 203

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 8 a*

*Bearta iomchuí ó infheisteoirí  
institiúideacha agus ó bhainisteoirí  
sócghainní chun a gcuid cuideachtaí  
infheistiúcháin a spreagadh chun na  
hiarmhairtí dochracha iarbhír a bhfuil  
siad ina gcúis leo a thabhairt chun  
deiridh*

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh infheisteoirí institiúideacha agus bainisteoirí sócghainní bearta iomchuí mar a thuairiscítear i mír 3 den Airteagal seo chun a gcuid cuideachtaí infheistiúcháin a spreagadh chun na hiarmhairtí dochracha iarbhír a sainaitheantú nó ba cheart iad a bheith sainaitheanta de bhun Airteagal 6, a thabhairt chun deiridh.*
- 2. I gcás nach féidir an iarmhairt dhochrach a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go spreagfaidh infheisteoirí institiúideacha agus bainisteoirí sócghainní a gcuid cuideachtaí infheistiúcháin chun méid na hiarmharta sin a íoslaghdú.*
- 3. I gcás inarb ábhartha, beidh sé de cheangal ar infheisteoirí institiúideacha agus ar bhainisteoirí sócghainní dul i dteagmháil leis an gcuideachta infheistiúcháin agus cearta vótála a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 3 g (1), pointe (a) de Threoir 2007/36/CE [SRD2], chun comhlacht bainistíochta de chuideachta infheistiúcháin a spreagadh chun an iarmhairt iarbhír a thabhairt chun deiridh nó a méid a íoslaghdú. Beidh an ghníomhaíocht a lorgófar ón gcuideachta infheistiúcháin comhréireach le suntasacht agus scála na hiarmharta dochraí agus le rannchuidiú iompar na cuideachta infheistiúcháin leis an iarmhairt dhochrach. Ar an gcaoi chéanna, beidh na gníomhaíochtaí a cheanglófar ar infheisteoirí institiúideacha agus ar bhainisteoirí sócghainní comhréireach agus comhchuimseach, agus tabharfaidh siad aird chuí ar an méid rialaithe atá acu ar*



*an gcuideachta infheistiúcháin.*

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 8b*

*Tosaíocht a thabhairt d'iarmhairtí  
dochracha iarbhír agus féideartha*

- 1. I gcásanna nach féidir gach iarmhairt dhochrach arna sainaitheint a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a mhaolú ag an am céanna trí bhearta iomchuí mar a leagtar amach in Airteagal 7 agus in Airteagal 8, féadfaidh cuideachtaí tosaíocht a thabhairt don ord ina ndéanann siad bearta iomchuí ar bhonn dóchúlacht agus déine iarmhairtí dochracha.*
- 2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh de réir mhír 1 de réir dhéine agus dhóchúlacht na n-iarmhairtí agus fachtóirí riosca á gcur san áireamh.*
- 3. A luaithe a thabharfar aghaidh ar na hiarmhairtí dochracha is déine agus is dóchúla i gcomhréir le hAirteagal 7 nó 8 laistigh de thréimhse réasúnta, tabharfaidh an chuideachta aghaidh ar iarmhairtí dochracha nach bhfuil chomhdian céanna agus nach bhfuil aon dóchúlacht ann ina leith.*

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 8c*

*Iarmhairtí dochracha iarbhír a leigheas*

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás iarmhairt dhochrach iarbhír, ba chúis le cuideachta nó ar rannchuidigh sí léi, go ndéanfaidh an chuideachta sin bearta iomchuí chun an iarmhairt dhochrach sin agus an dochar a d'fhéadfadh a bheith déanta aici do dhaoine nó don chomhshaol a leigheas nó rannchuidiú leis sin. Féadfar an feabhsúchán a mholadh mar thoradh ar nós imeachta casaoide neamhbhreithiúnach mar a leagtar síos in Airteagal 9.*
- 2. Beidh sé d'aidhm ag bearta feabhais den sórt sin na daoine agus na grúpaí nó na pobail agus/nó an comhshaol a ndéantar difear dóibh a athbhunú go staid atá coibhéiseach nó chomh gar agus is féidir don staid ina raibh siad roimh an iarmhairt. Féadfar a áireamh orthu sin cúiteamh, aiseag, athshlánú, leithscéal poiblí, athbhunú nó rannchuidiú le himscrúduithe. Cuirfidh cuideachtaí cosc ar dhíobháil bhreise a dhéanamh.*
- 3. Áiritheoidh na Ballstáit go ngníomhóidh an deasc chabhrach aonair arna hainmniú de bhun Airteagal 14a mar phointe teagmhála d'idirghabháil díchill chuí chun cabhrú le cuideachtaí agus le geallsealbhóirí teacht ar réitigh feabhais. Agus na dualgais sin á gcomhlíonadh aici, beidh an deasc chabhrach aonair neamhchlaonta, intuartha agus cothromasach.*
- 4. I gcás ina bhfuil cuideachta nasctha go díreach le hiarmhairt dhochrach, molfaidh na Ballstáit di a bheith rannpháirteach go deonach in aon bhearta feabhais, i gcás inarb iomchuí, agus molfaidh siad do chuideachtaí a gcumas dul i gcion ar pháirtithe freagracha a úsáid chun gur féidir aon damáiste a dhéantar de bharr iarmharta a leigheas.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 8d***

***Rannpháirtíocht fhóinteach a dhéanamh  
leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear  
 dóibh***

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun rannpháirtíocht fhóinteach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh lena gcumasaítear fíor-idirghníomhaíocht agus idirphlé ina bpróiseas díchill chuí. Chuige sin, ba cheart go gcumhdófar leis an rannpháirtíocht faisnéis agus comhairliúchán leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus ba cheart go mbeadh sí cuimsitheach, struchtúrach, éifeachtach, tráthúil agus freagrúil ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh inscne de.***
- 2. I gcásanna nach mbeifear in ann dul i mbun rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh, nó i gcás ina mbeidh rannpháirtíocht le peirspictíochtaí saineolaithe breise úsáideach chun go mbeidh an chuideachta in ann ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh go hiomlán, go háirithe i gcomhthéacs cinntí scóipe agus tosaíochta faoi Airteagal 6, rachaidh cuideachtaí i dteagmháil ar bhealach fóinteach le geallsealbhóirí ábhartha eile, amháil eagraíochtaí na sochaí sibhialta, nó daoine dlítheanacha nó nádúrtha a chosnaíonn cearta an duine nó an comhshaol chun léargas inchreidte a fháil ar iarmhairtí dochracha féideartha nó iarbhír, chun go mbeifear in ann ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh.***
- 3. Déanfaidh cuideachtaí, de réir***

*mar is iomchuí, faisnéis chuimsitheach, spriocdhírthe agus ábhartha a sholáthar do gheallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh faoina slabhra luacha agus faoina n-iarmhairtí dochracha iarbhír nó féideartha ar an gcomhshaol, ar chearta an duine agus ar dhea-rialachas.*

*4. Beidh cead ag na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh faisnéis bhreise i scríbhinn a iarraidh, a chuirfidh an chuideachta ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta ama agus i bhformáid iomchuí agus intuigthe. Gan dochar do Threoir (AE) 2016/943, má dhiúltaíonn an chuideachta d'iarraidh ar fhaisnéis bhreise, beidh an geallsealbhóir a ndéantar difear dó i dteideal an bonn cirt leis an diúltú sin a fháil i scríbhinn. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta nó bhreithiúnacha i dteideal a ordú go nochtfaí an fhaisnéis.*

*5. Bunóidh cuideachtaí creat iomchuí chun dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh. Féadfaidh cuideachtaí a chinneadh geallsealbhóirí éagsúla a ndéantar difear dóibh a shainaithint agus dul i gcomhairle leo ag brath ar an gcomhthéacs nó ar an iarmhairt dhochrach lena mbaineann. Cuirfidh cuideachtaí go háirithe oibríthe agus ionadaithe oibríthe chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha eile a ndéantar difear dóibh ar an eolas agus beartas díchill chuí á fhorbairt acu i gcomhréir le hAirteagal 5, agus iarmhairtí dochracha á sainaithint acu i gcomhréir le hAirteagal 6, agus pleananna gníomhaíochta á bhforbairt acu nó caidreamh gnó á fhoirceannadh acu i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8, agus tús áite á thabhairt dá n-iarmhairtí dochracha i gcomhréir le hAirteagal 8b, agus bearta feabhais á bhforbairt acu i gcomhréir le hAirteagal 8c, agus sásra maidir le fógra a thabhairt nó sásra casaoide*

*neamhbhreithiúnach á mbunú acu i gcomhréir le hAirteagal 9 agus nuair a bheidh a n-oibleagáidí á gcur i gcrích acu i gcomhréir le hAirteagal 10.*

*6. Cuirfidh a gcuideachta oibrithe agus a n-ionadaithe ar an eolas faoina beartas díchill chuí agus faoi chur chun feidhme an bheartais sin, agus beidh rannpháirtíocht leo gan dochar do reachtaíocht an Aontais agus don reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana i réimse na fostaíochta agus na gceart sóisialta mar aon leis na comhaontuithe cómhargála is infheidhme.*

*7. Agus iad ag cur geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh ar an eolas agus ag dul i gcomhairle leo, sainaitheoidh cuideachtaí bacainní ar rannpháirtíocht agus tabharfaidh siad aghaidh orthu agus áirítheoidh cuideachtaí nach ndéanfar frithbhearta ná bearta díoltais in éadan rannpháirtithe, lena n-áirítear trí rúndacht nó anaithnideacht a choinneáil. Tabharfaidh cuideachtaí aird ar leith ar riachtanais geallsealbhóirí leochaileacha, agus ar leochaileachtaí forluiteacha agus ar thosca trasnacha, áirítheoidh siad cur chuige atá freagrúil ó thaobh inscne de, agus urramóidh siad go hiomlán Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.*

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Nósanna imeachta gearán*

*Leasú*

*Sásra maidir le fógra a thabhairt agus  
sásra casaoide neamhbhreithiúnach*

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **gcuirfidh** cuideachtaí **an deis** ar fáil **do dhaoine** agus **d’eagraíochtaí** atá liostaithe i **mír 2 gearáin a chur faoina mbráid** i gcás ina bhfuil inní **dhlisteanach orthu** maidir le **drochthionchair** iarbhír nó **fhéideartha** ar chearta an duine **agus drochthionchair** ar an gcomhshaol i ndáil **lena n-oibríochtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **soláthróidh** cuideachtaí **sásraí éifeachtacha maidir le fógra a thabhairt agus sásraí casaoide neamhbhreithiúnacha** atá ar fáil **go poiblí a chur ar fáil ar an leibhéal oibríochtúil, ar féidir le daoine** agus eagraíochtaí atá liostaithe i **mír 2 iad a úsáid chun fógra a thabhairt dóibh nó chun casaoidí a ardú agus chun leigheas a iarraidh**, i gcás ina bhfuil **faisnéis dhlisteanach nó ábhair inní acu** maidir le **hiarmhairtí dochracha** iarbhír nó **féideartha** ar chearta an duine **nó** ar an gcomhshaol i ndáil **le hoibríochtaí na gcuideachtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí in ann an deis sin a thabhairt chun fógraí agus casaoidí a chur isteach trí shocrúithe comhoibríocha, lena n-áirítear tionscnaimh tionscail, le cuideachtaí nó eagraíochtaí eile, trí pháirt a ghlacadh i sásraí casaoide il-gheallsealbhóra nó trí dhul isteach i gcreat-chomhaontú domhanda.**

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na **gearáin** a chur isteach:

*Leasú*

(2) Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na **casaoidí** a chur isteach:

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) daoine **dá** ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh **drochthionchar** a bheith acu orthu,

*Leasú*

(a) daoine **a** ndéantar difear **dóibh** nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh **iarmhairt dhochrach** a bheith acu orthu, **agus ionadaithe dlisteanacha na ndaoine aonair sin, nó, i gcásanna nach bhfuil aon daoine aonair, grúpaí nó pobail ann a ndéanann iarmhairt dhochrach ar an gcomhshaol difear dóibh, eagraíochtaí inchreidte a bhfuil taithí acu a n-áirítear cosaint an chomhshaoil mar chuspóir acu,**

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) **eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.**

*Leasú*

**scriosta**

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na daoine agus na heagraíochtaí a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 fógraí a thíolacadh, agus de bhreis air sin, a mhéid nach bhfuil siad cumhdaithe faoi na pointí sin, leis an méid seo a leanas:**

(a) **daoine dlítheanacha nó nádúrtha a chosnaíonn cearta an duine nó an comhshaol;**

(b) **eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann**

*leis an slabhra luacha lena mbaineann.*

## Leasú 213

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil **leis na gearáin** dá dtagraítear i **mír 1**, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil **an gearán** gan bhunús, agus na **hoibrithe agus na ceardchumainn** ábhartha a **chur** ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an **ngearán**, go measfar an **drochthionchar** is ábhar don **ghearán** a bheith sainaitheanta de réir bhrí **Airteagal 6**.

## Leasú 214

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil **le fógraí agus casaoidí** dá dtagraítear i **mír 1**, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil **na fógraí nó na casaoidí** gan bhunús, agus **cuirfidh siad** na **geallsealbhóirí** ábhartha a **ndéantar difear dóibh, agus a n-ionadaithe i gcás inarb infheidhme, agus daoine nó eagraíochtaí ábhartha eile a chumhdaítear le mír 2 agus mír 2a** ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an **bhfógra nó leis an gcasaoid**, go measfar an **iarmhairt dhochrach** is ábhar don **fhógra nó don chasaoid** a bheith sainaitheanta de réir bhrí **Airteagal 6**.

3a. **Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a bhunóidh cuideachtaí sásraí maidir le fógra a thabhairt agus sásraí casaoide nó nuair a bheidh siad rannpháirteach iontu, go mbeidh na sásraí sin dlisteanach, inrochtana, intuartha, cothrom, trédhearcach, comhoiriúnach do chearta, freagrúil ó thaobh inscne agus an chultúir de agus bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar idirphlé. Déanfar sásraí maidir le fógra a thabhairt agus**



*sásraí casaoide a dhearadh agus a oibriú ar bhealach a bheidh bunaithe ar pheirspictíochtaí na ngeallsealbhóirí agus a chuirfear in oiriúint do riachtanais na ndaoine ar dóigh dóibh a bheith ar na daoine is leochailí i leith iarmhairtí dochracha. Déanfaidh cuideachtaí beartais agus próisis a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun neamhspleáchas an tsásra maidir le fógra a thabhairt agus an tsásra casaoide a chaomhnú.*

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3b. Déanfaidh cuideachtaí bearta chun a áirithiú go bhfuil daoine a chuireann isteach fógraí nó casaoidí saor ó fhrithbheart nó díoltas, lena n-áirítear trína áirithiú gur féidir fógraí agus casaoidí a dhéanamh gan ainm a thabhairt nó faoi rún, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme chuige sin. I gcás inar gá faisnéis a roinnt, déanfar é ar bhealach nach gcuirfidh sábháilteacht na ngeallsealbhóirí i mbaol, lena n-áirítear trí gan a gcéannacht a nochtadh.*

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 3 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine a chuireann casaoidí isteach faoi mhír 2, i gcás nach ndéanfaidh siad amhlaidh ar bhealach anaithnid, i dteideal obair leantach thráthúil iomchuí a fháil ón gcuideachta a bhfuil casaoid*

*curtha isteach acu léi de bhun mhír 1 agus go mbeidh siad i dteideal an méid seo a leanas freisin:*

*(a) go dtabharfar réasúnaíocht dóibh i dtaobh an bhfuil sé measta go bhfuil bunús leis an gcasaoid nó an bhfuil an chasaoid gan bhunús agus faisnéis a bheith curtha ar fáil dóibh maidir leis na bearta agus na gníomhaíochtaí atá déanta;*

*(b) idirphlé a dhéanamh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun iarmhairtí dochracha féideartha nó iarbhír atá ina n-ábhar don chasaoid a phlé;*

*(c) iarraidh ar chuideachtaí iarmhairtí dochracha iarbhír a leigheas nó rannchuidiú leis na hiarmhairtí dochracha iarbhír a leigheas, i gcomhréir le hAirteagal 8c.*

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh *na gearánaithe* i dteideal *an mhéid a leanas:*

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh *daoine a chuireann fógraí isteach faoi mhír 2a*, i gcás nach ndéanfaidh siad *amhlaidh ar bhealach anaithnid*, i dteideal *obair leantach thráthúil iomchuí a fháil ón gcuideachta a bhfuil fógra curtha isteach acu léi de bhun mhír 1.*

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*(a) obair leantach iomchuí a iarraidh ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil*

*Leasú*

*scriosta*

*gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1, agus*

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.**

*scriosta*

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta treoraíocht a thabhairt do chuideachtaí agus do ghníomhaithe ábhartha eile atá freagrach as sásraí maidir le fógra a thabhairt agus sásraí casaoide a fhorbairt agus a riar, lena n-áirítear i ndáil leis na critéir a leagtar amach san Airteagal seo a bheith á gcomhlíonadh acu, i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta.**

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4b. Ní réamhriachtanas a bheidh i bhfógra nó casaoid a chur isteach faoin Airteagal seo ná ní chuirfidh sé cosc ar an duine atá á gcur isteach ó rochtain a**

*bheith aige ar an nós imeachta maidir le hábhar inní a bhfuil bunús leis faoi Airteagal 19 ná ar shásraí breithiúnacha ná ar shásraí neamhbhreithiúnacha eile, amhail pointí teagmhála náisiúnta ECFE i gcás inarb ann dóibh.*

Leasú 222

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faireachán

*Leasú*

Faireachán *agus fíorú*

Leasú 223

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Áirtheoidh* na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí *measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó, chun* faireachán a dhéanamh ar a *éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shaináithint, a chose, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú*. Beidh na *measúnuithe sin* bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad *gach 12 mhí ar a laghad* agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí *suntasacha* nua teacht chun cinn maidir leis na *drochthionchair* sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a *nuashonrú* i gcomhréir *le* toradh na measúnuithe sin.

*Leasú*

*Áirtheoidh* na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí *cur chun feidhme a fhíorú go leanúnach* agus faireachán a dhéanamh ar *leormhaitheas agus éifeachtacht a ngníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo*. Beidh an *faireachán agus an fíorú* bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar *ar bhonn leanúnach* iad, agus *cinéal, déine agus dóchúlacht na n-iarmhairtí dochracha i dtrácht á gcur san áireamh agus* aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí nua teacht chun cinn maidir leis na *hiarmhairtí dochracha* sin a tharlú. *I gcás inarb iomchuí*, déanfar an beartas díchill chuí, *an plean gníomhaíochta coisc agus an plean gníomhaíochta ceartaithí a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta* i gcomhréir *leis an* toradh *a bheidh ar* na measúnuithe sin.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi **Airteagal 19a** agus **Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE** tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i **dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta**. Foilseofar an ráiteas **faoin 30 Aibreán gach bliain, ina gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin**.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena sonrúfaisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, **drochthionchair fhéideartha** agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi **Airteagal 19a, Airteagal 29a** agus **Airteagal 40a de Threoir 2013/34/AE** tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i **gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad**. Foilseofar an ráiteas **tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais a bhfuil an ráiteas tarraingthe suas ina leith**. I gcás cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, beidh faisnéis sa ráiteas maidir leis an mbealach chun teagmháil a dhéanamh le hionadaí údaraithe na cuideachta mar a shainmhínítear in **Airteagal 16**.

*Leasú*

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena **n-áiritheofar go bhfuil sé comhsheasmhach leis na ceanglais maidir le nochtadh díchill chuí a leagtar amach in Airteagal 40b de Threoir 2013/34/AE, agus lena** sonrúfaisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, **iarmhairtí dochracha féideartha** agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin. **Ba cheart an tuairisciú sin a bheith sách mionsonraithe chun a léiriú gur**

*chomhlíon sé na hoibleagáidí faoin Treoir seo.*

*Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, áiritheoidh an Coimisiún nach mbeidh aon dúbláil sna ceanglais tuairiscithe le haghaidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), atá faoi réir ceanglais tuairiscithe agus a dhéanann iarmhairtí dochracha príomha a mheas i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus fós na hoibleagáidí íosta a shonraítear sa Treoir seo á gcoinneáil go hiomlán.*

*I gcás cuideachtaí nach bhfuil suíomh gréasáin acu, tiomnóidh na Ballstáit suíomh gréasáin d'fhoilsiú ráiteas bliantúil na gcuideachtaí lena mbaineann.*

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 11 a*

*Inrochtaineacht faisnéise ar an bPointe  
Rochtana Aonair Eorpaigh (ESAP)*

*1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí, agus na ráitis bhliantúla arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 11(1) den Treoir seo á bpoibliú acu, an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ag an am céanna, le haghaidh inrochtaineachta ar ESAP arna bhunú faoi Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>.*

*Comhlíonfaidh an fhaisnéis sin na ceanglais uile seo a leanas:*

*(a) ullmhófar an fhaisnéis i bhformáid ar féidir sonraí a bhaint di mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP]<sup>1b</sup> nó, i gcás ina gceanglaítear é le dlí an Aontais, i bhformáid mheaisín-inléite, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1c</sup>;*

*(b) beidh na meiteashonraí uile seo a leanas ag gabháil leis an bhfaisnéis:*

*(i) ainmneacha uile na cuideachta lena mbaineann an fhaisnéis;*

*(ii) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na cuideachta, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];*

*(iii) méid na cuideachta de réir catagóire, mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];*

*(iv) an cineál faisnéise, mar a aicmítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP];*

*(v) an tréimhse shonrach a mbeidh an fhaisnéis le cur ar fáil go poiblí ar ESAP ina leith, i gcás inarb ábhartha.*

*2. Chun críocha mhír 1(b)(ii), áirítheoidh na Ballstáit go bhfaighidh cuideachtaí aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shonraítear de bhun Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP].*

*3. Faoin [1 lá sula dtiocfaidh an oibleagáid ar chuideachtaí i bhfeidhm maidir le faisnéis a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin], chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil ar ESAP, ainmneoidh na Ballstáit ceann de na sásraí atá ceaptha go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 21, pointe (2) de Threoir 2004/109/CE mar an comhlacht bailiúcháin mar a*

*shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) XX/XXXX [Rialachán ESAP] agus tabharfaidh siad fógra do ESMA ina leith.*

**4. D'fhonn bailiú agus riarachán éifeachtúil na sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú:**

**(a) aon mheiteashonraí eile chun gabháil leis an bhfaisnéis;**

**(b) struchtúrú na sonraí san fhaisnéis;**

**(c) cé acu atá nó nach bhfuil gá le formáid mheaisín-inléite agus cén fhormáid mheaisín-inléite atá le húsáid.**

---

**<sup>1a</sup> Rialachán (AE) XX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis, atá ar fáil go poiblí, is ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargai caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L [...], [...], lch. [...]).**

**<sup>1b</sup> Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).**

**<sup>1c</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73)**



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh *Airteagal 7(2), pointe (b)* agus *Airteagal 8(3), pointe (c)* a éascú, glacfaidh an Coimisiún *treoir* maidir le clásail chonarhacha *shamplacha* dheonacha.

*Leasú*

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh *Airteagal 7(2), pointe (b)* agus *Airteagal 8(3), pointe (c)*, a éascú, glacfaidh an Coimisiún, *i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoraíocht, a bheidh curtha in oiriúint d’earnáil agus do mhéid na gcuideachtaí*, maidir le clásail chonarhacha *eiseamláireacha* dheonacha *faoi dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo. Déanfar an méid seo a leanas, ar a laghad, a leagan síos sna clásail chonarhacha eiseamláireacha sin:*

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(a) leithdháileadh soiléir cúraimí idir an dá pháirtí chonarhacha i gcomhar leanúnach, agus nach mbeidh na clásail chonarhacha de chineál a fhágfaidh go n-aistreofar an fhreagracht as dícheall cuí a dhéanamh; agus*

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(b) gan dochar d’Airteagal 7(5) agus d’Airteagal 8(6), i gcás ina sárófar clásail chonarhacha, déanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 7 (4) agus le hAirteagal 8(5) agus seachnóidh siad clásail den sórt sin*

*a fhoirceannadh.*

Leasú 230

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a *sholáthar* do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, *féadfaidh* an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le *páirtithe leasmhara, le* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *leis an nGníomhaireacht* Eorpach *Chomhshaoil*, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar *an dícheall* cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear *treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.*

*Leasú*

*1.* Chun tacaíocht a *chur ar fáil* do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, *lena n-áirítear maidir le cearta agus cosaintí atá cumhdaithe san Iarscríbhinn, déanfaidh* an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, *leis na comhpháirtithe sóisialta trastiionscail* agus *earnálacha Eorpacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile,* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *an Gníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, an tÚdarás Eorpach Saothair, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus* i gcás inarb iomchuí le *ECFE agus le* comhlachtaí idirnáisiúnta *eile* a bhfuil saineolas acu ar *dhícheall* cuí, treoirlínte *soiléire agus sothuigthe* a eisiúint, lena n-áirítear *treoraíocht ghinearálta agus treoraíocht a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith, ar mhaithe le comhlíonadh a éascú ar bhealach praiticiúil.*

Leasú 231

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

**1a. Chun tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, áireofar na nithe seo a leanas sna treoirlínte:**

**(a) faisnéis maidir le cur chun feidhme chearta an duine agus na gcaighdeán comhshaoil is infheidhme maidir le gnólachtaí bunaithe ar Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta mar a soiléiríodh i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Freagrach Gnó chomh maith le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;**

**(b) liostaí d'fhachtóirí riosca agus de threoraíocht a ghabhann leo, lena n-áirítear fachtóirí riosca ar leibhéal fiontair, fachtóirí riosca geografacha agus fachtóirí riosca earnála;**

**(c) treoraíocht earnáilsonrach, go háirithe don earnáil seo a leanas, i gcomhréir le treoirlínte ECFE atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo:**

**(i) monarú, trádáil mhórdhíola agus miondíol teicstíle, corpbhirt, fionnaidh, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart),**

**(ii) talmhaíocht, soláthar uisce, bainistiú talún agus acmhainní, lena n-áirítear caomhnú an dúlra, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), tionscal rubair, monarú táirgí bia, margáíocht agus fógraíocht bia agus deochanna, agus trádáil mhórdhíola agus miondíol amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, táirgí ainmhithe, adhmaid, bia agus deochanna, agus bainistiú dramhaíola,**

**(iii) mianadóireacht agus cairéalacht,**

*eastóscadh, scagadh, iompar agus láimhseáil acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile), tógáil, earnáil an fhuinnimh,*

*(iv) seirbhísí airgeadais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta, agus seirbhísí airgeadais eile a sholáthar;*

*(d) faisnéis maidir le conas dícheall cuí méadaithe, íogair ó thaobh coinbhleachta de a dhéanamh i limistéir ina bhfuil coinbhleacht;*

*(e) faisnéis maidir le conas acmhainní agus faisnéis a roinnt i measc cuideachtaí agus eintiteas dlíthiúil eile chun iarmhairtí dochracha a chosc, a mhaolú agus a leigheas i gcomhréir le dlí na hiomaíochta;*

*(f) faisnéis maidir le conas riachtanais shonracha FBManna a chur san áireamh;*

*(g) faisnéis maidir le sásra maidir le fógra a thabhairt agus sásra casaoide neamhbhreithiúnach a bhunú,*

*(h) faisnéis faoi dhíscor freagrach agus faoi mheasúnú agus liostú dinimiciúil comhthéacsanna ina bhfuil iarmhairtí dochracha sistéamach státurraithe;*

*(i) treoraíocht phraiticiúil maidir le conas geallsealbhóirí a ndéantar dífear dóibh a shainaithint agus dul i dteagmháil leo;*

*(j) faisnéis faoi éascú ag na Ballstáit ar rochtain ar cheartas d'íospartaigh agus frithbheart na ngeallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh a chosc;*

*(k) lena n-áirítear treoraíocht phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar straitéisí tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear treoir phraiticiúil maidir le conas is féidir comhréireacht agus beartú tosaíochta ó thaobh iarmhairtí, earnálacha agus limistéir gheografacha de, a chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag brath ar mhéid agus earnáil na cuideachta;*

*(l) faisnéis maidir le cleachtais cheannaigh fhreagracha;*

*(m) faisnéis maidir le dícheall cuí atá freagrúil ó thaobh inscne agus an chultúir de, agus bearta ar cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair sealbhóirí beaga, lena n-áirítear rochtain ar ioncam maireachtála;*

*(n) faisnéis maidir le conas tacú le sonraí neamhspleácha a bhailiú go rannpháirtíoch agus go sábháilte maidir le sárúithe ar chearta an duine agus damáistí don chomhshaol agus maidir le conas tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is gá chun na sonraí a chur san áireamh;*

*(o) faisnéis le haghaidh ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin an Aontais chun cabhrú le cistí agus creidmheasanna onnmhairiúcháin an Aontais agus na mBallstát a oibriú i gcomhréir le prionsabail na Treorach seo.*

Leasú 232

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)

***1b. Cuirfear na treoirlínte ar fáil tráth nach déanaí ná ... [I bhliain roimh dháta theacht i bhfeidhm na n-oibleagáidí do chuideachtaí faoin Treoir seo], saor in aisce agus i bhformáid atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear formáid dhigiteach, agus i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar ábharthacht a threoirlínte agus déanfaidh sé iad a oiriúnú do dhea-chleachtais nua.***

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 c (nua)**

***1c. Tabharfaidh an Coimisiún bileoga eolais tíre cothrom le dáta go rialta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad chun faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil maidir leis na Coinbhinsiúin agus na Conarthaí idirnáisiúnta arna ndaingniú ag gach comhpháirtí trádála de chuid an Aontais. Baileoidh agus foilseoidh an Coimisiún sonraí trádála agus custaim maidir le tionscnamh amhábar, agus maidir le táirgí idirmheánacha agus críochnaithe, agus foilseoidh sé faisnéis faoi rioscaí a bhaineann le hiarmhairtí dochracha féideartha nó iarbhír, ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar rialachas a bhaineann le tíortha nó réigiúin, earnálacha agus fo-earnálacha áirithe, agus táirgí áirithe.***

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 1**

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a **chur ar fáil** do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** acu leo ina slabhraí luacha, **déanfaidh na Ballstáit**, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. **Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar FBManna atá i láthair i slabhraí luacha na gcuideachtaí.**

1. **Roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, bearta agus boscaí uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun faisnéis, comhairle agus tacaíocht a sholáthar** do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó acu leo ina slabhraí luacha ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, **agus déanfaidh siad** suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt **agus is furasta a úsáid a chur ar bun** agus a oibriú. **Is faisnéis, comhairle agus tacaíocht phraiticiúil a bheidh ansin agus déanfar í a shaincheapadh do shainriachtanais FBManna go háirithe. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go gcuirfear oiliúint maidir le conas dícheall cuí a dhéanamh ar fáil do chuideachtaí. Agus an méid sin á dhéanamh acu, áiritheoidh na Ballstáit comhlántacht agus comhleanúnachas le bearta comhchosúla atá ann cheana, amhail faisnéis agus cur chun cinn arna gcur ar fáil ag Pointí Teagmhála Náisiúnta ECFE.**

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

**1a. Déanfaidh an Coimisiún tairseach dhigiteach thiomnaithe a chur ar bun chun go mbeidh cuideachtaí in ann rochtain a fháil saor in aisce ar gach teimpléad agus faisnéis a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe uile a eascraíonn as an Treoir seo agus as ionstraimí reachtacha eile de chuid an Aontais a bhaineann go sonrach le cuideachta ar leith bunaithe ar a méid, a hearnáil, a**

*táirge agus a seirbhís, a neamhchosaint ar riosca etc., chomh maith le rochtain ar fhaisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin agus tairisceana chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chur chun feidhme, a chomhlíonadh agus leas a bhaint astu.*

Leasú 236

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1b. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis agus tacaíocht ar fáil do gheallsealbhóirí agus dá n-ionadaithe chun a rannpháirtíocht i ndícheall cuí a fheidhmiú, le haghaidh fhorbairt a n-acmhainneachta, agus cuirfidh siad faisnéis agus cúnamh ar fáil dóibh chun a rochtain ar cheartas a éascú. Aireofar leis sin comhairle dlí agus suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha tiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú astu féin nó i gcomhar le daoine eile. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a sholáthar do gheallsealbhóirí freisin chun a bhfeasacht a ardú agus chun rochtain ar na cearta a thugtar dóibh leis an Treoir seo a éascú, chomh maith le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do gheallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh i ndáil le hiarmhairtí dochracha féideartha nó iarbhír, a bhaineann le hoibríochtaí gnó.*

Leasú 237

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, *féadfaidh* na Ballstáit tacaíocht airgeadais

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, *cuirfidh* na Ballstáit tacaíocht airgeadais *agus*



*a thabhairt* do FBManna.

*tacaíocht eile ar fáil* do FBManna, *i gcás inarb ábhartha.*

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. ***Féadfaidh*** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát ***a chomhlánú*** lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus ***chun*** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Leasú*

3. ***Bunóidh*** an Coimisiún ***comhairleoirí le haghaidh díchill chuí faoi raon feidhme an Líonra Fiontar Eorpaigh agus comhlánóidh sé, lena n-áirítear d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú,*** bearta tacaíochta na mBallstát lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus ***féadfaidh sé*** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3a. ***Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go dtacóidh ionstraimí comhair agus trádála an Aontais le timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt i dtríú tíortha, chomh maith le sásraí comhair agus comhpháirtíochta le tríú tíortha a fhorbairt agus a neartú, agus ag brath ar ionstraimí atá ann cheana, chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na n-iarmhairtí dochracha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, agus chun cur le cumas gníomhaithe eacnamaíocha tríú tíortha an comhshaol agus cearta an duine a urramú.***



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuideachtaí ***dul i muinín scéimeanna tionscail*** agus ***tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara*** chun tacú le cur chun feidhme ***a*** n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na ***scéimeanna agus na*** tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí ***sin***. ***Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.***

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. ***Gan dochar d’Airteagail 18, 19 agus 22, féadfaidh cuideachtaí a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh thionscail agus il-gheallsealbhóra*** chun tacú le cur chun feidhme ***gnéithe dá*** n-oibleagáidí ***díchill chuí*** dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí ***ábhartha***. ***D’fhéadfaidís a bheith iomchuí go háirithe chun tacú le sainaitheint rioscaí ar fud na hearnála, uirlisí a sholáthar chun rioscaí sonracha a mhaolú, comhordú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as cumas cuideachtaí dul i gcion chun feabhsúchán a chumasú, agus rochtain ar shásra casaoide a sholáthar. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, ECFE, OHCHR agus geallsealbhóirí ábhartha an méid seo a leanas:***

*Leasú*

***(a) treoraíocht agus modheolaíocht a eisiúint chun measúnú a dhéanamh ar raon feidhme tionscnamh tionscail agus il-gheallsealbhóra aonair, ar a n-ailíniú leis an Treoir seo, agus ar a gcreidiúnacht, lena n-áirítear maidir le trédhearcacht, rialachas, sásraí maoirseachta agus cuntasacht cuideachtaí rannpháirteacha, ag tógáil ar mhodheolaíocht measúnaithe ailínithe ECFE;***

Leasú 242

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) ardán digiteach láraithe agus poiblí a bhunú do chuideachtaí, do rialtais agus do gheallsealbhóirí eile chun rochtain a fháil saor in aisce ar mheasúnuithe neamhspleácha tríú páirtí ar raon feidhme, ailiniú agus inchreidteacht tionscnamh tionscail agus il-gheallsealbhóra aonair, agus úsáid á baint as an modheolaíocht a d'fhorbair an Coimisiún faoi phointe (a). Féadfaidh Ballstáit, ECFE nó measúnóirí neamhspleácha tríú páirtí tabhairt faoi mheasúnuithe neamhspleácha tríú páirtí;**

Leasú 243

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) scaipeadh faisnéise ábhartha eile a éascú maidir le raon feidhme, ailiniú agus inchreidteacht tionscnamh tionscail agus il-gheallsealbhóra agus a dtorthaí. Cothóidh na Ballstáit forbairt tionscnamh tionscail nó il-gheallsealbhóra iomchuí chun tacú le cuideachtaí in earnálacha ar leith nó maidir le saincheisteanna ar leith lena mbaineann rioscaí tromchúiseacha inbhuanaitheachta ach a bhfuil tionscnaimh den sórt sin in easnamh ina leith.**

Leasú 244

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Gan dochar d’Airteagail 18, 19 agus 22, féadfaidh cuideachtaí úsáid a bhaint as fíorú neamhspleách tríú páirtí chun tacú le cur chun feidhme gnéithe dá n-oibleagáidí díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí an fíorú sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 chun na híoschaighdeáin, lena n-áirítear caighdeáin trédhearcachta, don fhíorú neamhspleách tríú páirtí a shonrú.**

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4b. Féadfaidh geallsealbhóirí ábhartha fógraí agus casaoidí a chur isteach de bhun Airteagal 9 trí thionscnaimh thionscail agus il-gheallsealbhóra a nglacann an chuideachta páirt iontu.**

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 14 a***

***Deasc chabhrach aonair***

**1. Ainmneoidh gach Ballstát deasc chabhrach náisiúnta amháin nó níos mó i dtaca le dícheall cuí maidir le**

*hinbhuanaitheacht chorparáideach. Féadfaidh na Ballstáit an ról sin a shannadh d'údarás atá ann cheana amhail Pointí Teagmhála Náisiúnta i gcás inarb ann dóibh ach áiritheoidh siad go mbeidh na deasca cabhrach aonair neamhspleách ó thaobh feidhme de ar chúraimí agus ar ról na n-údarás maoirseachta.*

*2. Féadfaidh cuideachtaí treoraíocht bhreise a lorg agus tuilleadh tacaíochta agus faisnéise a fháil maidir leis an mbealach is fearr chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh tríd an bpointe teagmhála seo, lena n-áirítear maidir le ról tionscnamh tionscail agus il-gheallsealbhóra comhoibríoch chun tacú le cuideachtaí agus cabhrú leo gnéithe sonracha dá n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh.*

*3. Féadfaidh na deasca cabhrach aonair dul i gcomhairle le chéile freisin chun comhar trasteorann a áirithiú, agus, i gcás inarb ábhartha, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhordóidh deasca cabhrach aonair le comhlachtaí cur chun feidhme eile nó le hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail Pointí Teagmhála Náisiúnta ECFE.*

Leasú 247

## Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), *pointe (a) agus in Airteagal 2(2), pointe (a), plean a ghlacadh* chun a áirithiú go *bhfuil* samhail ghnó agus straitéis na cuideachta *comhoiriúnach* leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda *a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Sainithneofar leis an bplean sin,*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 *plean aistrithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 19a de Rialachán (AE) 2021/0104 (CSRD)*, chun a áirithiú go *ndéanfar* samhail ghnó agus straitéis *ghnó* na cuideachta *a ailíniú* leis *na cuspóirí a bhaineann leis* an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an

*go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá an t-athrú aeráide ina riosca nó ina thionchar ar oibríochtaí na cuideachta.*

*teorannú ar an téamh domhanda go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 (An Dlí Aeráide Eorpach) a mhéid a bhaineann lena chuid oibríochtaí san Aontas, lena n-áirítear a sprioc maidir le haeráidneodracht 2050 agus sprioc aeráide 2030. Áireofar sa phlean sin tuairisc ar na nithe seo a leanas:*

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(a) athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid;*

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(b) na deiseanna don chuideachta a bhaineann le cúrsaí aeráide;*

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(c) i gcás inarb iomchuí, sainaitheint agus míniú ar luamháin dhícharbónaithe laistigh d'oibríochtaí agus de shlabhra luacha na cuideachta, lena n-áirítear neamhchosaint na cuideachta ar*

*ghníomhaíochtaí a bhaineann le gual, ola agus gás, dá dtagraítear in Airteagail 19ú(2), pointe (a)(iii), agus 29a(2), pointe (a)(iii), de Threoir 2013/34/AE;*

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(d) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhoiri na cuideachta dá ndéantar difear agus iarmhairtí na cuideachta ar an athrú aeráide i gcuntas i samhail ghnó agus i straitéis ghnó na cuideachta;*

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(e) conas a cuireadh straitéis na cuideachta chun feidhme agus conas a chuirfear chun feidhme í maidir le cúrsaí aeráide, lena n-áirítear pleannanna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara;*

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(f) na spriocanna atá faoi cheangal ama a bhaineann leis an athrú aeráide arna leagan síos ag an gcuideachta d'astaíochtaí raon feidhme 1, 2 agus, i gcás inarb ábhartha, 3, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, dearbhspríocanna*



*maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030 agus i gcéimeanna 5 bliana suas go dtí 2050 bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch, agus tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcuideachta i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach;*

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1 – pointe g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(g) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair aeráide;*

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina saináithnítear, nó inar cheart gur saináithníodh, an t-athrú aeráide mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

*scriosta*

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go cuí comhlíonadh na n-oibleagáidí dá**

**3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na hoibleagáidí a leagtar**

*dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus luach saothair inathraithe á shocrú acu, má tá luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.*

*amach san Airteagal seo agus go mbeidh beartas ábhartha agus éifeachtach i bhfeidhm ag cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 1000 fostaí acu ar an meán chun a áirithiú go mbeidh cuid d'aon luach saothair inathraithe do stiúrthóirí nasctha le plean aistrithe na cuideachta dá dtagraítear san Airteagal seo. Formheasfaidh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil beartas den sórt sin.*

## Leasú 257

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun *Airteagail 6 go 11 agus Airteagal 15(1) agus (2)* ('údarás maoirseachta').

*Leasú*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun *na Treorach seo* ('údarás maoirseachta').

## Leasú 258

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Faoin dáta a léirítear in *Airteagal 30(1), pointe (a)* cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe *ann*. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe orthu.

*Leasú*

6. Faoin dáta a léirítear in *Airteagal 30(1), pointe (a)* cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta *agus, de réir mar is infheidhme, faoi inniúlachtaí faoi seach na n-údarás sin* arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe orthu.

## Leasú 259

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Cuirfidh an Coimisiún **liosta na n-údarás maoirseachta** ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

## Leasú 260

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh siad féin agus gach duine a oibríonn dóibh nó a d'oibrigh dóibh agus **iniúcháirí nó saineolaithe** a bheidh ag gníomhú thar a gceann, a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le hurraim chuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-údarás neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo nó ar leasanna margaidh eile, go mbeidh a fhoireann agus na daoine atá freagrach as a bhainistiú saor ó choinbhleachtaí leasa, faoi réir ceanglais rúndachta, agus go staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena ndualgais.

## Leasú 261

*Leasú*

7. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin **liosta na n-údarás maoirseachta, agus, i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ag Ballstát, inniúlachtaí na n-údarás sin faoi seach**. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

*Leasú*

8. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh siad féin agus gach duine a oibríonn dóibh nó a d'oibrigh dóibh agus **daoine** a bheidh ag gníomhú thar a gceann, a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le hurraim chuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-údarás neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo nó ar leasanna margaidh eile, go mbeidh a fhoireann agus na daoine atá freagrach as a bhainistiú saor ó choinbhleachtaí leasa, faoi réir ceanglais rúndachta, agus go staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena ndualgais.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8a. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na húdaráis mhaoirseachta tuarascáil bhliantúil ina mbeidh mionsonraí ar a ngníomhaíochtaí san am a chuaigh thart, ar a bplean oibre amach anseo agus ar a dtosaíochtaí agus go gcuirfidh siad an tuarascáil sin ar fáil ar shuíomh gréasáin.***

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8b. *Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta aitheantas don ról atá ag comhlachtaí cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail Pointí Teagmhála Náisiúnta ECFE. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte a fhorbairt maidir leis an gcomhordú idir údaráis mhaoirseachta agus na comhlachtaí cur chun feidhme sin.***

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar***

1. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis mhaoirseachta neamhspleách agus neamhchlaonta agus go mbeidh cumhachtaí, acmhainní agus saineolas***

dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht faisnéis a **iarraidh** agus imscrúduithe a dhéanamh **maidir** le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo.

**leormhaith acu** chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht **a cheangal ar chuideachtaí** faisnéis a **sholáthar** agus imscrúduithe a dhéanamh, **ar féidir cigireachtaí ar an láthair agus éisteacht geallsealbhóirí ábhartha a bhaineann** le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo **a áireamh, i gcás inarb iomchuí.**

## Leasú 264

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 4 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú i gcás damáistí, i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.

*Leasú*

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú i gcás damáistí, **lena n-áirítear** i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.

## Leasú 265

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 5 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) smachtbhannaí **airgid** a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20;

*Leasú*

(b) smachtbhannaí a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20;

## Leasú 266

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 5 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach **dholeasáithe** a sheachaint.

*Leasú*

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach **nó dholeigheasta** a

sheachaint.

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 5 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) measúnú a dhéanamh ar bhailíocht straitéisí tosaíochta dá bhforáiltear faoi Airteagal 8b agus athbhreithniú a ordú más rud é nár comhlíonadh na ceanglais maidir le straitéisí den sórt sin.**

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus gan dochar do rialacha na mBallstát maidir leis an gceart atá ag cuideachtaí chun achomhairc cúirte agus coimircí ábhartha eile.***

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta liosta de na cuideachtaí uile atá faoi réir na Treorach seo faoina**

*ndlínse a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, gan aon sonraí pearsanta a bheith iontu de réir bhri Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Taispeánfar ar liostaí na gcuideachtaí atá faoi réir na Treorach seo naise chun rochtain a fháil ar ráitis díchill chuí cuideachtaí i gcás inarb infheidhme.*

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*7b. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoimeádann na húdaráis inniúla náisiúnta taifid ar na himscrúduithe dá dtagraítear i mír 1, ina léirítear, go háirithe, cineál agus toradh na n-imscrúduithe sin, chomh maith le taifid ar aon fhógra faoi ghníomhaíocht leighis arna eisiúint faoi mhír 5.*

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*7c. Beidh cinntí na n-údarás maoirseachta maidir le comhlíonadh na Treorach seo ag cuideachta gan dochar do dhliteanas sibhialta na cuideachta faoi Airteagal 22. I gcomhthéacs imeachtaí atá ar siúl maidir le dliteanas sibhialta agus arna iarraidh sin do chúirt, roinnfidh na húdaráis mhaoirseachta aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le cuideachta ar leith leis an gcúirt a bhfuil na himeachtaí arna dtionscnamh faoi Airteagal 22 le héisteacht os a comhair.*

Leasú 272

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin do dhaoine a bhfuil údair imní a bhfuil bunús leo á gcur isteach acu go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta na bearta is gá chun céannacht agus faisnéis phearsanta an duine sin, a bheadh díobhálach don duine sin dá nochtfaí í, a chosaint go hiomchuí.*

Leasú 273

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. I gcás ina dtagann ábhar imní **cuí-réasúnaithe** faoi inniúlacht údaráis mhaoirseachta eile, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an t-ábhar imní é a tharchur chuig an údarás sin.

2. I gcás ina dtagann ábhar imní **a bhfuil bunús leis** faoi inniúlacht údaráis mhaoirseachta eile, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an t-ábhar imní é a tharchur chuig an údarás sin **agus an duine a thíolaic ábhar imní a bhfuil bunús leis a chur ar an eolas mar a fhoráiltear i mír 1.**

Leasú 274

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar na hábhair imní **chuí-réasúnaithe** agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfeidhmeoidh siad a gcumhachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 18.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar na hábhair imní **a bhfuil bunús leo** agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfeidhmeoidh siad a gcumhachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 18 **laistigh de thréimhse réasúnta ama.**



Leasú 275

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithé is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i **mír 1** a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar inní **cuí-réasúnaithe** agus soláthróidh sé an réasúnú chuige sin.

*Leasú*

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithé is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i **mír 1** a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar inní **a bhfuil bunús leis agus faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht nó diúltú di, agus** soláthróidh sé an réasúnú chuige sin, **mar aon le tuairisc ar na céimeanna agus ar na bearta breise a dhéanfaidh sé. Féadfaidh údaráis mhaoirseachta cead a thabhairt don duine a chuir an t-ábhar inní isteach faisnéis bhreise a chur ar fáil.**

Leasú 276

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis mhaoirseachta bealaí inrochtana chun ábhair inní a fháil. Is cóir, cothrom, tráthúil agus saor in aisce a bheidh nósanna imeachta maidir le hábhair inní a bhfuil bunús leo a thíolacadh. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal i dtaobh rochtain ar nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach.**

Leasú 277

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Na daoine a chuireann isteach ábhar inní *cuí-réasúnaithe* de réir an Airteagail seo *agus a bhfuil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leas dlisteanach acu san ábhar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain acu* ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomh an údaráis mhaoirseachta.

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur agus, *má tá*, nuair *atá* cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar *iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhíríthe arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh.*

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe a (nua)**

*Leasú*

5. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag na* daoine a chuireann isteach ábhar inní *a bhfuil bunús leis* de réir an Airteagail seo ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomh an údaráis mhaoirseachta.

*Leasú*

2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur agus, *i gcás ina ndéanfar*, nuair *a bheidh* cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar *an méid seo a leanas:*

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) iarrachtaí na cuideachta aon gníomhaíocht cheartaitheach arna héileamh ag údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh;**

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) aon infheistíochtaí arna ndéanamh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8;**

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) aon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dochracha ina slabhraí luacha;**

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) tromchúis agus fad shárú na cuideachta, nó déine na n-iarmhairtí a tharla;**

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(e) a mhéid a bhí cinntí tosaíochta réasúnta, inchreidte agus déanta de mheon macánta;**

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f) aon sháruithe a bhís déanta roimhe sin ag an gcuideachta ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo;**

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(g) na tairbhí airgeadais a ghnóthaigh an chuideachta nó na cailteanais a sheachain sí de bharr an tsárraithe, má tú na sonraí ábhartha ar fáil;**

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe h (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(h) pionóis arna bhforchur i leith sáruithe den chineál céanna i mBallstáit eile;**

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(i) cibé acu ar dhéileáil an chuideachta go héifeachtach le gearáin nó tograí a d'ardaigh daoine nó geallsealbhóirí dá ndearnadh difear, lena n-áirítear de bhun Airteagal 9;**

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 – pointe j (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(j) aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme i leith chúinsí an cháis.**

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Déanfar foráil maidir leis na bearta agus na smachtbhannaí seo a leanas ar a laghad:**

- (a) smachtbhannaí airgid;**
- (b) ráiteas poiblí lena gcuirtear an chuideachta atá freagrach as an sárú in iúl agus cineál an tsáraithe freisin;**
- (c) an oibleagáid gníomhaíocht a dhéanamh, lena n-áirítear chun scor den iompar arb ionann é agus an sárú agus gan an t-iompar sin a dhéanamh in athuair;**
- (d) táirgí ó shaorchúrsaíocht nó ó**

*onnmhairiú a chur ar fionraí.*

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad bunaithe ar *láimhdeachas* na cuideachta.

*Leasú*

3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad bunaithe ar *ghlanláimhdeachas domhanda* na cuideachta. *Ní bheidh uasteorainn smachtbhannaí airgid níos lú ná 5 % de ghlanláimhdeachas domhanda na cuideachta sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fineála.*

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus in Airteagal 2(2), pointe (b), go ndéanfar smachtbhannaí airgid riaracháin a ríomh agus an láimhdeachas comhdhlúite arna thuairisciú ag an gcuideachta sin á chur san áireamh.*

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3a. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha ionas go ndéanfar cuideachtaí arna gcruthú i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír faoi Airteagal 2(2) a eisiamh ó*

*phróisis soláthair phoiblí má mhainníonn siad ionadaí údaraithe a cheapadh faoi Airteagal 16.*

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. *Áiritheoidh* na Ballstáit go bhfoilseofar aon chinneadh de chuid na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le sárú fhorálacha na Treorach seo.

*Leasú*

4. *Coinneoidh* na Ballstáit *taifead ar na smachtbhannaí a forchuireadh agus áiritheoidh siad* go bhfoilseofar aon chinneadh de chuid na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le sárú fhorálacha na Treorach seo. *Ní bheidh aon sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 sa chinneadh foilsithe.*

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 1 – fohír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. Éascóidh an Líonra comhar na n-údarás maoirseachta agus comhordú agus ailíniú cleachtas rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus maoirseachta na n-údarás maoirseachta *agus*, de réir mar is iomchuí, *comhroinnt faisnéise* eatarthu.

*Leasú*

Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. Éascóidh an Líonra comhar na n-údarás maoirseachta agus comhordú agus ailíniú cleachtas rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus maoirseachta na n-údarás maoirseachta, de réir mar is iomchuí, *chun faisnéis a chomhroinnt* eatarthu, *chomh maith le cumarsáid rialta phoiblí maidir le gníomhaíochtaí an Líonra a áirithiú.*

**Leasú 295**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 1 – fohír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Féadfaidh** an Coimisiún cuireadh a thabhairt do ghníomhaireachtaí an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo dul isteach i Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta.

*Leasú*

**Déanfaidh** an Coimisiún cuireadh a thabhairt do **Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, don Údarás Eorpach Saothair, do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, agus don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí agus do** ghníomhaireachtaí **eile** an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo dul isteach i Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta.

**Leasú 296**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an Líonra chun na cuideachtaí laistigh dá ndlínse a shainaithint, go háirithe tríd an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann cuideachta neamh-Eorpach na critéir a leagtar síos in Airteagal 2.**

**Leasú 297**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8a. Foilseoidh Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta clár de chuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad agus a gcomhlíontacht.**



**Leasú 298**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar síos *in Airteagal 7 agus in Airteagal 8* a chomhlíonadh agus;

*Leasú*

(a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar síos *sa Treoir seo* a chomhlíonadh agus;

**Leasú 299**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) mar thoradh ar an mainneachtain sin, gur *tharla drochthionchar ba* cheart a shainaitheint, a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a *mhéid* a mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos *in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus a* raibh damáiste mar thoradh *air*.

*Leasú*

(b) mar thoradh ar an mainneachtain sin, *go raibh an chuideachta ina cúis le hiarmhairt dhochrach iarbhír nó gur rannchuidigh sí le hiarmhairt dhochrach iarbhír a raibh sé de cheart í* a shainaitheint, *tús áite a thabhairt di, í* a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a *leigheas, nó a méid a* mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos *sa Treoir seo*, agus *go* raibh damáiste mar thoradh *uirthi*.

**Leasú 300**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*D'ainneoin mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearna cuideachta na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 7(4), nó Airteagal 8(3), pointe (c), agus Airteagal 8(5), nach mbeidh sí faoi dhliteanas as damáistí arb é is cúis leo drochthionchar a thagann chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhpháirtí indíriugh a bhfuil caidreamh gnó*

*Leasú*

*scriosta*

*seanbhunaithe aige leis, mura rud é go raibh sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil gur leor an ghníomhaíocht a rinneadh iarbhír, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh, chun drochthionchar a chosc, a mhaolú nó a laghdú.*

**Leasú 301**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Agus measúnú á dhéanamh an ann do dhliteanas agus ar mhéid an dliteanais *faoin mír seo*, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a *chomhlíonadh*, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 8, chomh maith le haon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar *dhrochthionchair* ar a slabhraí luacha.

**Leasú 302**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Agus measúnú á dhéanamh an ann do dhliteanas agus ar mhéid an dliteanais, tabharfar aird chuí ar *mhéid* iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a *dhéanamh*, lena n-áirítear aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 8, chomh maith le haon chomhoibriú le heintitis eile *agus geallsealbhóirí lena mbaineann* chun aghaidh a thabhairt ar *iarmhairtí dochracha* ar a slabhraí luacha.

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:**

**(a) 10 mbliana ar a laghad a bheidh sa tréimhse theorann chun caingne i leith damáistí a ghnóthú agus beidh bearta i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh costais na n-imeachtaí róchostasach d'éilitheoirí ceartas a lorg;**

*(b) beidh éilitheoirí in ann bearta urghaire a lorg, lena n-áirítear nósanna imeachta eastramhacha. Beidh siad i bhfoirm birt chinntithigh nó shealadaigh chun deireadh a chur le gníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar an Treoir seo, nó chun beart faoin Treoir seo a chomhlíonadh;*

*(c) beidh bearta i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir le ceardchumann shainordaithe, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, nó gníomhaithe ábhartha eile a bhíonn ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail caingne a thabhairt os comhair cúirte thar ceann íospartaigh nó grúpa íospartach d'iarmhairtí dochrocha, agus go mbeidh cearta agus oibleagáidí páirtí is éilitheoir sna himeachtaí ag na heintitís sin, gan dochar don dlí náisiúnta atá ann cheana;*

*(d) i gcás ina ndéantar éileamh, go gcuireann éilitheoir eilimintí ar fáil lena dtugtar bunús leis an dóchúlacht go mbeadh dlíteanas cuideachta ann faoin Treoir seo agus gur thug sé le fios gur faoi rialú na cuideachta atá an fhianaise bhreise, is féidir leis na cúirteanna a ordú go nochtfaidh an chuideachta an fhianaise sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta, faoi réir rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht agus comhréireacht.*

**Leasú 303**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2b. Cuideachtaí a ghlac páirt i dtionscnaimh thionscail nó il-gheallsealbhóra nó a d'úsáid fíorú tríú páirtí nó clásail chonarthaigh chun tacú le gnéithe sonracha dá n-oibleagáidí díchill chuí a chur chun feidhme, is féidir iad a chur faoi dhlíteanas fós i gcomhréir*

*leis an Airteagal seo.*

**Leasú 304**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó díreach nó indíreach sa slabhra luacha.

*Leasú*

3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó díreach nó indíreach sa slabhra luacha. ***I gcásanna amhail i gcás ina bhfuil fochuideachta faoi raon feidhme na Treorach seo agus go ndearna an mháthairchuideachta í a dhíscáoileadh nó go ndearna sí í féin a dhíscáoileadh d'aon ghnó chun dliteanas a sheachaint, is féidir an dliteanas a chur i leith na máthairchuideachta i gcás nach bhfuil aon chomharba dlíthiúil ann.***

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. ***Beidh*** na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo ***gan dochar do rialacha*** an Aontais nó ***do rialacha náisiúnta*** maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.

*Leasú*

4. ***Leis*** na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo, ***ní chuirfear teorainn le dliteanas cuideachtaí faoi chórais dlí*** an Aontais nó ***faoi chórais dlí náisiúnta, lena n-áirítear*** rialacha maidir le dliteanas ***comhpháirteach agus leithleach.***

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 24 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tacaíocht phoiblí

*Leasú*

Tacaíocht phoiblí, **soláthar poiblí agus lamhátais phoiblí**

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 24 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go **ndeimhneoidh cuideachtaí a dhéanann iarratas ar thacaíocht phoiblí nár forchuireadh aon smachtbhannaí orthu as mainneachtain oibleagáidí na Treorach seo a chomhlíonadh.**

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go **gcáileoidh comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo nó a gcur chun feidhme deonach mar cheann de na gnéithe comhshaoil agus sóisialta atá le cur san áireamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le tacaíocht phoiblí a sholáthar nó conarthaí poiblí agus lamhátais a dhámhachtain.**

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in **Airteagal 11** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse **neamhchinntithe ama.**

*Leasú*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in **Airteagal 3(2), Airteagal 11 agus Airteagal 14(4a)** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse **5 bliana amháil ón ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana sin. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann**

*Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*

Leasú 309

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

Leasú 310

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. *Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad*

*Leasú*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in *Airteagal 3(2), agus in Airteagal 11 nó Airteagal 14(4a)* a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

*Leasú*

6. *Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 11 nó Airteagal 14(4a) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl*

*aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle."*

*don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Athbhreithniú

Athbhreithniú *agus tuairisciú*

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Faoin ... [OP: cuir isteach an dáta = 7 bliana tar éis **teacht** i bhfeidhm na **Treorach**] ar a **dhéanaí**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar **measúnú** ar na saincheisteanna seo a leanas:*

*1. **Tráth nach déanaí ná ...** [OP: cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis **dháta theacht** i bhfeidhm na **Treorach seo**], agus **gach 3 bliana dá éis sin**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil **chuimsitheach** faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach, **go háirithe maidir lena héifeachtacht i dtaca le hiarmhairtí dochracha féideartha a chosc, iarmhairtí dochracha iarbhir a thabhairt chun críche nó a méid a íoslaghdú ar fud an domhain, déanfar moltaí inti le haghaidh gníomhaíochtaí agus beidh togra reachtach ag gabháil léi, más iomchuí**. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil **go háirithe** ar na saincheisteanna seo a leanas:*

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe -a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-a) iarmhairt na Treorach seo ar  
FBManna, mar aon le cuntas agus  
measúnú ar éifeachtacht na mbeart agus  
na n-uirlisí éagsúla le haghaidh  
tacaíochta arna soláthar do FBManna ag  
an gCoimisiún agus ag na Ballstáit;**

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe -a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-aa) measúnú ar líon na ngnóthas beag  
agus meánmhéide a chuireann  
inbhuanaitheacht chorparáideach agus  
dícheall cuí i bhfeidhm go deonach i  
gcomhréir leis an Treoir seo;**

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe -a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-ab) éifeachtacht na Treorach seo  
maidir lena cuspóirí a bhaint amach, lena  
n-áirítear na costais indíreacha  
ghaolmhara agus na tairbhí  
eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil  
a bhaineann léi chomh maith leis na  
héifeachtaí ar iomaíochas chuideachtaí  
an Aontais Eorpaigh;**

**Leasú 316**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a**



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in Airteagal 2(I) a ísliú;

*Leasú*

(a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in Airteagal 2 a ísliú, ***go háirithe i gcás earnálacha áirithe, an bhfuil na módúlachtaí maidir le tairseacha a ríomh iomchuí agus an gá bealaí éalaithe suntasacha a dhúnadh ionas go mbeidh feidhm ag an Treoir maidir le gach cineál dlíthiúil ábhartha d'oibreoirí eacnamaíocha agus struchtúir chasta chorparáideacha;***

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) éifeachtacht na sásraí  
forfheidhmiúcháin arna gcur i bhfeidhm  
ar an leibhéal náisiúnta agus éifeachtacht  
na smachtbhannaí agus na nósanna  
imeachta maidir le dlíteanas sibhialta go  
háirithe;**

**Leasú 318**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ab) an cóineasú agus an éagsúlacht  
idir dlíthe náisiúnta na mBallstát lena  
dtrasuitear an Treoir seo;**

**Leasú 319**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) an gá liosta na n-earnálacha in  
Airteagal 2(1), pointe (b) a athrú, lena n-  
áirítear chun é a ailíniú le treoir ón  
Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt  
Eacnamaíochta;**

*scriosta*

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) an gá an Iarscríbhinn a mhodhnú, lena n-áirítear i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta**

*scriosta*

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) ar cheart Airteagal 4 go hAirteagal 14 a leathnú amach chun **drochthionchair aeráide** a chumhdach.

(d) ar cheart Airteagal 4 go hAirteagal 14 a leathnú amach chun **iarmhairtí dochracha breise** a chumhdach **freisin, go háirithe iarmhairtí dochracha ar an dea-rialachas**.

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) an bhforbrófar plean inbhuanaitheachta leathan, a dhéileálann le hiarmhairtí eile ar an gcomhshaol seachas an aeráid;**

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) ar cheart an sainmhíniú ar ‘slabhra luacha’ maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a leathnú chun raon níos leithne cuideachtaí a chuimsiú;**

Leasú 324

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú bliantúil uile-Aontais a thionscnamh agus a chomhordú, ar measúnú é ar athléimneacht cuideachtaí i gcásanna dochracha a bhaineann lena slabhraí luacha. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú sin ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.**

Leasú 325

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 1 – fómhír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm **mar a leanas:**

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón... [IO le cur isteach: 3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a raibh níos mó ná 1000 fostaí acu ar an meán agus a raibh glanláimhdeachas domhanda níos mó ná EUR 150 milliún acu sa bhliain airgeadais dheireanach, nó cuideachtaí a bhí ina máthairchuideachta deiridh ag grúpa a raibh an líon sin fostaíthe acu agus a ghin láimhdeachas den sórt sin, agus in Airteagal 2(2) a ghin glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, nó a bhí ina máthairchuideachta deiridh ag grúpa a ghin láimhdeachas den sórt sin.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón... [OJ le cur isteach: 4 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), a raibh níos

*mó ná 500 fostaí acu ar an meán agus a raibh glanláimhdeachas domhanda de níos mó ná EUR 150 milliún acu sa bhliain airgeadais dheireanach, nó a bhí ina máthairchuideachta deiridh ag grúpa a raibh an líon sin fostaíthe acu agus a ghin láimhdeachas den sórt sin.*

*Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón... [IO le cur isteach: 4 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) pointe (a), a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus a raibh glanláimhdeachas domhanda níos mó ná EUR 40 milliún acu, agus in Airteagal 2(2) a ghin glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún san Aontas agus EUR 150 milliún ar fud an domhain sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó a bhí ina máthairchuideachta deiridh ag grúpa a ghin láimhdeachas den sórt sin.*

*De mhaolú ar an gceathrú fomhír den mhír seo, cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus a raibh glanláimhdeachas domhanda níos mó ná EUR 40 milliún ach nach mó ná EUR 150 milliún sa bhliain airgeadais dheireanach, féadfaidh siad a chinneadh gan na hoibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh go dtí [IO le cur isteach: 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an chuideachta fógra don údarás maoirseachta, agus tabharfaidh sí ráiteas gearr faoin gcúis gurb amhlaidh atá.*

Leasú 326

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) *ón... [IO le cur isteach: ón... scriosta*  
*[2 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na*  
*Treorach seo] a mhéid a bhaineann le*  
*cuideachtaí dá dtagraítear in*  
*Airteagal 2(1), pointe (a), agus*  
*Airteagal 2(2), pointe (a);*

**Leasú 327**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) *ón... [IO le cur isteach: ón... scriosta*  
*[4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na*  
*Treorach seo] a mhéid a bhaineann le*  
*cuideachtaí dá dtagraítear in*  
*Airteagal 2(1), pointe (b), agus*  
*Airteagal 2(2), pointe (b).*

**Leasú 328**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid II – fotheideal 1 - teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. *Sárúithe ar chearta agus ar*  
*thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe*  
*idirnáisiúnta um chearta an duine*

1. *Ceartha agus toirmisc a áirítear i*  
*gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta*  
*an duine*

**Leasú 329**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I — Cuid I — fo-cheannteideal 1 — pointe 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. *Sárú ar an gceart atá ag daoine*  
*fónamh a bhaint as acmhainní nádúrtha*  
*talún agus gan a gcóir mhaireachtála a*

1. *an ceart atá ag daoine acmhainní*  
*nádúrtha talún a chur de láimh agus gan a*  
*gcóir mhaireachtála a bhaint de réir*

bhaint de réir Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

#### **Leasú 330**

##### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Sárú ar an gceart** chun na beatha agus slándála i gcomhréir le **hAirteagal 3 den** Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

2. **an ceart** chun na beatha agus slándála i gcomhréir le **hAirteagal 3 de** Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

#### **Leasú 331**

##### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Sárú ar** an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

3. an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

#### **Leasú 332**

##### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Sárú ar an gceart** chun saoirse agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

4. **an ceart** chun saoirse agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

#### **Leasú 333**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Sárú ar** an toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

5. An toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

**Leasú 334**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– fo-cheannteideal 1 - pointe 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. **Sárú ar** an toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse **smaoinimh**, coinsiasa agus reiligiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

6. An toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse **smainteoireachta**, coinsiasa agus reiligiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

**Leasú 335**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **Sárú ar an gceart chun** tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha **a** lena n-áirítear **pá cóir**, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn réasúnach le huairteanta oibre i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

7. **An ceart** tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha lena n-áirítear **luach saothair a sholáthraíonn** saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte **agus** sláintiúla agus teorainn réasúnach le huairteanta oibre. **Áirítear leis sin an ceart chun íosphá maireachtála d'fhostaithe agus an ceart chun ioncaim maireachtála d'oibríthe féinfhostaithe agus do shealbhóirí beaga** i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha **agus Airteagal 23(3) de Dhearbhú Uilechoiteann**



**Leasú 336**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a** *An ceart go mbeadh caighdeán maireachtála leormhaith ag gach duine agus ag a dteaghlaigh, lena n-áirítear bia, éadaí agus tithíocht leormhaith, agus go gcuirfí feabhas leanúnach ar dhálaí maireachtála de réir Airteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus d’Airteagal 25 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;*

**Leasú 337**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

8. **Sárú ar** an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre i gcomhréir le **hAirteagal 11** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

8. An toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre, i gcomhréir le **hAirteagal 11** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

**Leasú 338**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 9**

9. **Sárú ar cheart** an linbh go dtabharfaí tús áite dá leasanna i ngach cinneadh agus gníomhaíocht a dhéanann difear do leanaí i gcomhréir le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar cheart** an linbh a chumas iomlán a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar cheart** an linbh **chun an chaighdeán** sláinte is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 24 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar an gceart** chun slándála sóisialta agus caighdeáin leordhóthanach maireachtála i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar an gceart** chun oideachais i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar cheart** an linbh a bheith cosanta ar gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide ghnéasaigh agus a bheith cosanta ar fhuadach, ar dhíol nó ar ghluaiseacht neamhdhleathach chuig áit eile laistigh nó lasmuigh dá tír chun críocha teacht i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh;

## **Leasú 339**

### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 10**

10. **Sárú ar** an toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 mbliana d'aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus Airteagail 4 go 8 den Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir

9. **Ceart** an linbh go dtabharfaí tús áite dá leasanna i ngach cinneadh agus gníomhaíocht a dhéanann difear do leanaí i gcomhréir le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **ceart** an linbh a chumas iomlán a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **ceart** an linbh **an caighdeán** sláinte is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 24 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **an ceart** chun slándála sóisialta agus caighdeáin leordhóthanach maireachtála i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **an ceart** chun oideachais i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **ceart** an linbh a bheith cosanta ar gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide ghnéasaigh agus a bheith cosanta ar fhuadach, ar dhíol nó ar ghluaiseacht neamhdhleathach chuig áit eile laistigh nó lasmuigh dá tír chun críocha teacht i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh;

10. An toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 mbliana d'aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus Airteagail 4 go 8 den Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir

leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138) ;

leis an Aois Íosta, 1973, (Uimh. 138) ;

## Leasú 340

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 11 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

11. **Sárú ar** an toirmeasc ar shaothar leanaí de bhun Airteagal 32 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, lena n-áirítear na cineálacha is measa saothair leanaí do leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois) i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:

*Leasú*

11. An toirmeasc ar shaothar leanaí de bhun Airteagal 32 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, lena n-áirítear na cineálacha is measa saothair leanaí do leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois) i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:

## Leasú 341

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

12. **Sárú ar** an toirmeasc ar shaothar **éigeantais**; áirítear leis sin gach obair nó seirbhís a éilítear ó aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin dá dheoin féin, mar shampla de bharr cuibhriú fiachais nó gáinneáil ar dhaoine; eisiatar ó shaothar éignithe aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8 (3) (b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

*Leasú*

12. An toirmeasc ar shaothar **éignithe**; áirítear leis sin gach obair nó seirbhís a éilítear ó aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin dá dheoin féin, mar shampla de bharr cuibhriú fiachais nó gáinneáil ar dhaoine; eisiatar ó shaothar éignithe aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8 (3) (b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

## Leasú 342

### Togra le haghaidh Treorach

#### Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 13

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

13. **Sárú ar** an toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta, cleachtais cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uiríslíú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach i gcomhréir le hAirteagal 4 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Airt. 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

**Leasú 343**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

14. **Sárú ar** an toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;

**Leasú 344**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 15 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

15. **Sárú ar an gceart** chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta

*Leasú*

13. An toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta, cleachtais cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uiríslíú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach i gcomhréir le hAirteagal 4 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Airt. 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

*Leasú*

14. An toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;

*Leasú*

15. **An ceart** chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha,

Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98), lena n-áirítear na cearta seo a leanas:

Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98), lena n-áirítear na cearta seo a leanas:

## Leasú 345

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

16. **Sárú ar** an toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta de réir Airteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; cuimsíonn cóir neamh-chomhionann, go háirithe, luach saothair neamh-chomhionann a íoc as obair ar luach comhionann;

## Leasú 346

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

17. **Sárú ar** an toirmeasc ar íosphá leordhóthanach maireachtála a choinneáil siar i gcomhréir le **hAirteagal 7** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta

*Leasú*

16. An toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta de réir Airteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; cuimsíonn cóir neamh-chomhionann, go háirithe, luach saothair neamh-chomhionann a íoc as obair ar luach comhionann;

*Leasú*

17. An toirmeasc ar íosphá leordhóthanach maireachtála a choinneáil siar i gcomhréir le **hAirteagal 7** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta

**Leasú 347**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 18 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

18. **Sárú ar** an toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil **intomhaiste** a chruthú, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó **tionchar** eile ar acmhainní nádúrtha, **a**

18. An toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil a chruthú, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó **iarbhairt** eile ar acmhainní nádúrtha,

**Leasú 348**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 18 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) chuireann as do na bunúis nádúrtha maidir le bia a chaomhnú agus a tháirgeadh nó

(a) **a** chuireann as do na bunúis nádúrtha maidir le bia **agus beatha** a chaomhnú agus a tháirgeadh nó

**Leasú 349**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 18 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) a chuireann isteach ar an tsláinte, amhail eipidéimí a chruthú, agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin á chur san áireamh nó**

**Leasú 350**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 18 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) a dhéanann difear do shláine éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú,

*Leasú*

(e) a dhéanann difear do shláine éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú, *i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;*

**Leasú 351**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

19. **Sárú ar** an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraóisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraóisíú, nuair a áirithítear **a úsáid** slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

19. An toirmeasc ar thalamh, ar fhoraóisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraóisíú, nuair a áirithítear **lena n-úsáid** slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

**Leasú 352**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid 1 – pointe 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

19a. **Cearna na bpobal dúchasach chun féinchinntiúcháin de réir Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, agus Airteagal 5 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál**

*Leasú*

*Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, agus an ceart atá acu a dtoiliú saor, roimh ré agus feasach a thabhairt, a mhodhnú, a choinneáil siar nó a tharraingt siar maidir le hidirghabhálacha, cinntí agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá dtailte, críocha, acmhainní agus cearta, i gcomhréir le hAirteagal 27 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 15 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus le hAirteagal 2 agus 5 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú;*

**Leasú 353**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

20. *Sárú ar cheart* na bpobal dúchasach chun na dtailte, na geríoch agus na n-acmhainní *ba leosan go traidisiúnta*, a *bhí ina seilbh go traidisiúnta* nó a *bhí á n-úsáid nó á bhfáil* ar shlí eile acu i gcomhréir le hAirteagal 25, Airteagal 26(1) agus (2), Airteagal 27, agus Airteagal 29(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le *Ceartha na bPobal Dúchasach*;

**Leasú 354**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I– pointe 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

21. *Sárú ar thoirmeasc nó ar cheart*

*Leasú*

20. *Ceart* na bpobal dúchasach chun na dtailte, na geríoch agus na n-acmhainní *atá faoina n-úinéireacht*, a *n-áitiú* nó a n-úsáid nó *faighte* ar shlí eile acu *go traidisiúnta* i gcomhréir le hAirteagal 1 agus 27 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 1, 2 agus 15 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus le hAirteagal 5 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le *Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú*

21. *Toirmeasc nó ceart* nach



nach gcumhdaítear **faoi phointí** 1 go 20 thuas ach atá san áireamh sna comhaontuithe um chearta an duine **atá liostaithe** i Roinn 2 den Chuid seo, **rud a dhéanann dochar díreach do leas dlíthiúil a chosnaítear sna comhaontuithe sin, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann riosca lagaithe** den sórt sin **a shuíomh go réasúnta mar aon le haon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir seo a chomhlíonadh agus imthosca ábhartha uile a n-oibríochtaí á gcur san áireamh, amhail an earnáil agus an comhthéacs oibríochtúil.**

**Leasú 355**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – fotheideal 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Coinbhinsiúin maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha

**Leasú 356**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I — Cuid I — fo-cheannteideal 2 — fleasc 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— **An Dearbhú** maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;

**Leasú 357**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid A – fophointe 2 – fleasc 11 a (nua)**

gcumhdaítear **le pointí** 1 go 20 thuas ach atá san áireamh sna comhaontuithe um chearta an duine **a liostaítear** i Roinn 2 den Chuid seo, **i gcás ina bhfuil riosca intuartha ann go ndéanfaí difear do thoirmeasc nó do cheart** den sórt sin.

*Leasú*

2. Coinbhinsiúin **agus ionstraimí** maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha

*Leasú*

— Dearbhú **na Náisiún Aontaithe** maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a bhíonn ag Obair i gCeantair Thuaithe;*

**Leasú 358**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid A – fophointe 2 – fleasc 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, 2003;*

**Leasú 359**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I — Cuid I — fo-cheannteideal 2 — fleasc 12 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún ECFE in aghaidh na Breabaireachta, 1997;*

**Leasú 360**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid A – fophointe 2 – fleasc 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha, 1989 (Uimh. 169);*

**Leasú 361**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I — Cuid I — fo-cheannteideal 2 — fleasc 15 — fo-fhleasc 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún EIS maidir le  
Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 1981  
(Uimh. 155).*

**Leasú 362**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I — Cuid I — fo-cheannteideal 2 — fleasc 15 — fo-alt 5 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún EIS maidir le Cur  
Chun Cinn an Chreata um  
Shábháilteacht agus Sláinte  
Cheirde, 2006 (Uimh. 187)*

**Leasú 363**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid A – fophointe 2 – fleasc 15 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Ionstraimí an dlí dhaonnúil  
idirnáisiúnta mar a leagtar amach iad i  
gCoinbhinsiún na Ginéive agus i  
bprótacail bhreise*

**Leasú 364**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid 2 – pointe 15 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún Chomhairle na  
hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na  
mban agus foréigean baile a chosc agus a  
chomhrac*

**Leasú 365**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I — Cuid II — teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Sárúithe ar chuspóirí** agus **ar thoirmisc** a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil

*Leasú*

**cuspoirí** agus **toirmisc de chuid an Aontais agus** a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil **agus aeráide agus i reachtaíocht an Aontais**

**Leasú 366**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 1 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**- 1. An oibleagáid iarmhairt dhochrach ar cheann de na catagóirí comhshaoil seo a leanas a shaináithint agus a chosc, a mhaolú nó deireadh a chur leis:**

- a) an t-athrú aeráide;**
- b) cailteanas bithéagsúlachta;**
- c) truailliú aeir, uisce agus ithreach;**
- d) díghrádú éiceachóras talún, muirí agus fionnuisce;**
- e) dífhoraóisíú;**
- f) ró-thomhaltas ábhair, uisce, fuinnimh agus acmhainní nádúrtha eile;**
- g) giniúint dhíobhálach agus míbhainistiú dramhaíola, lena n-áirítear substaintí guaiseacha;**

**Leasú 367**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1. *Sárú ar an oibleagáid maidir leis na bearta is gá a bhaineann le húsáid acmhainní bitheolaíocha a ghlacadh chun drochthionchair ar an éagsúlacht bhitheolaíoch a sheachaint nó a íoslaghdú, i gcomhréir le hAirteagal 10(b) de Choinbhinsiún 1992 maidir leis an mBithéagsúlacht agus [agus leasuithe féideartha á gcur san áireamh i gcomhréir le Coinbhinsiún iar-2020 na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht], lena n-áirítear na oibleagáidí Phrótacal Cartagena maidir le forbairt, láimhseáil, iompar, úsáid, aistriú agus scaoileadh orgánach modhnaithe beo agus oibleagáidí Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus na Tairbhí a Bhaineann leis na hAcmhainní sin mar aon lena n-Úsáid a Roinnt go Cóir agus go Cothromasach an 12 Deireadh Fómhair 2014;***

*scriosta*

**Leasú 368**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. *Sárú ar an* toirmeasc ar allmhairiú nó a onnmhairiú aon eiseamail a áirítear in Aguisín den Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 gan chead, de bhun Airteagail III, IV agus V;**

**2. Toirmeasc ar allmhairiú nó a onnmhairiú aon eiseamail a áirítear in Aguisín den Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 gan chead, de bhun Airteagail III, IV agus V;**

**Leasú 369**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Sárú ar an** toirmeasc ar mhonarú táirgí ar cuireadh mearcair leo de bhun Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn A, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata);

**Leasú 370**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Sárú ar** an toirmeasc ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i bpróisis mhonaraíochta de réir bhrí Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn B, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata ón dáta céimnithe a shonraítear sa Choinbhinsiún maidir leis na táirgí agus na próisis faoi seach;

**Leasú 371**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Sárú ar** an toirmeasc ar chóireáil dramhaíola mearcair **d'aineoinn fhorálacha** Airteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata;

**Leasú 372**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 6**

*Leasú*

3. Toirmeasc ar mhonarú táirgí ar cuireadh mearcair leo de bhun Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn A, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata);

*Leasú*

4. An toirmeasc ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i bpróisis mhonaraíochta de réir bhrí Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn B, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata ón dáta céimnithe **amach** a shonraítear sa Choinbhinsiún maidir leis na táirgí agus na próisis faoi seach;

*Leasú*

5. An toirmeasc ar chóireáil dramhaíola mearcair **conrártha le forálacha** Airteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. **Sárú ar an** toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán de bhun Airteagal 3 (1) (a) (i) agus Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, sa leagan de Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169 an 25 Meitheamh 2019 lgh. 45-77;

**Leasú 373**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **Sárú ar** an toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola ar bhealach nach mbeidh slán ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm sa dlínse is infheidhme faoi fhorálacha Airteagal 6 (1) (d) (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha;

**Leasú 374**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. **Sárú ar an toirmeasc ar allmhairiú ceimiceáin a liostaítear in Iarscríbhinn III den Choinbhinsiún ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (UNEP/FAO), Coinbhinsiún a glacadh an 10 Meán**

*Leasú*

6. Toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán de bhun Airteagal 3 (1) (a) (i) agus Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, sa leagan de Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169 an 25 Meitheamh 2019 lgh. 45-77;

*Leasú*

7. An toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola ar bhealach nach mbeidh slán ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm sa dlínse is infheidhme faoi fhorálacha Airteagal 6 (1) (d) (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha;

*Leasú*

*scriosta*

***Fómhair 1998, mar a léirigh an Páirtí  
allmhairíochta sa Choinbhinsiún i  
gcomhréir leis an nós imeachta i dtaobh  
toiliú feasach;***

**Leasú 375**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. ***Sárú ar*** an toirmeasc ar tháirgeadh agus ar ídiú substaintí sonracha a ídíonn an ciseal ózóin (i.e. clórafluoracarbóin, Halóin, teitreaclóiríd charbóin, ***1,1,1-tríchlóireatán, brómaclóraimeatán, bróimíd mheitile, hidreabrómafluoracarbóin agus hidreaclórafluoracarbóin)*** tar éis a gcéimnithe amach de bhun ***Choinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin agus a Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;***

**Leasú 376**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn IX – Cuid I – pointe 10 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. ***Sárú ar an*** toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola guaisí de réir bhrí Airteagal 1 (1) agus dramhaíola eile de réir bhrí Airteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190 an 12 Iúil 2006 lgh. 1-98) (Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmiligthe (AE)

*Leasú*

9. An toirmeasc ar tháirgeadh agus ar ídiú substaintí sonracha a ídíonn an ciseal ózóin (i.e. clórafluoracarbóin, Halóin, teitreaclóiríd charbóin, ***1,1,1-tríchlóireatán, brómaclóraimeatán, bróimíd mheitile, hidreabrómafluoracarbóin agus hidreaclórafluoracarbóin)*** tar éis a gcéimnithe amach de bhun ***Choinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin agus a Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;***

*Leasú*

10. Toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola guaisí de réir bhrí Airteagal 1 (1) agus dramhaíola eile de réir bhrí Airteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190 an 12 Iúil 2006 lgh. 1-98) (Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmiligthe (AE)



2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433 an 22 Nollaig 2020 lgh. 11-19)

2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433 an 22 Nollaig 2020 lgh. 11-19)

**Leasú 377**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12a. An oibleagáid laghduithe a bhaint amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(a), Airteagal 4(1), Airteagal 4(2) agus Airteagal 5(1) de Chomhaontú Pháras faoi Chreat na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, an Dlí Aeráide Eorpach agus an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán.**

**Leasú 378**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid 4 – pointe 12 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12b. An oibleagáid gach beart a dhéanamh atá comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige (UNCLOS) atá riachtanach chun truailliú na muirthimpeallachta ó aon fhoinse a chosc, a laghdú agus a rialú, agus úsáid á baint chun na críche sin as na modhanna is fearr is féidir atá ar fáil dóibh agus i gcomhréir lena gcumais, i gcomhréir le hAirteagal 194(1) de UNCLOS, lena n-áirítear Airteagal 194 (3)(a), Airteagal 194 (3)(b), Airteagal 194 (3)(c), agus Airteagal 194 (3)(d) de UNCLOS.**

**Leasú 379**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 12 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12c. Na cearta rochtana ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagail 4, 6, agus 9 den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus)**

**Leasú 380**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – cuid II – pointe 12 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12d. An oibleagáid chun a áirithiú go mbeidh daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a dhéanann cearta an duine i gcúrsaí comhshaoil a bhaineann le slabhra luacha cuideachta a chur chun cinn agus a chosaint in ann gníomhú saor ó bhagairt, ó shrian agus ó neamhdheimhneacht agus nach ngearrfar pionós orthu, nach ndéanfar géarleanúint orthu ná nach ndéanfar iad a chiapadh ar bhealach ar bith as a rannpháirtíocht, i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de Choinbhinsiún Aarhus;**

**Leasú 381**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 12 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12e. An oibleagáid gach beart iomchuí a dhéanamh chun aon iarmhairt**

*trasteorann ar uiscí trasteorann a chosc, a rialú agus a laghdú i gcomhréir le Coinbhinsiún 1992 maidir le Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta a Chosaint agus a Úsáid.*

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aige:

93 Gruppen
American Bar Association
Comhlachas Tráchtála Mheiriceá sa Bheilg (AmCham na Beilge)
American University College of Law
Amnesty International
Anti-Slavery International
Association française des entreprises privées (AFEP)
Comhlachas um Margáí Airgeadais san Eoraip (AFME)
Comhlachas Saothair na hOstaire (AK)
Bayer AG
Ionad Acmhainní Gnó & Cearta Daonna
Business Europe
Centraal Bureau Levensmiddelenhandel (CBL)
Clean Clothes Campaign
ClientEarth
Coopération International Doirt le Développement et la Solidarité (CIDSE)
Ollscoil Cornell
Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine
Deutsche Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit (GIZ)
Deutscher Gewerkschaftsbund (DGB)
An Eoraip Dhigiteach
E3G
Economy for the Common Good (ECG)
Ecopreneur
Erasmus Universiteit Rotterdam
Ernst agus Young (EY)
Eurochambres
An Grúpa Euro d' Ainmhithe
Eurometaux
An Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán (CLEPA)
Comhghuaillíocht Éadaí Brandáilte na hEorpa (EBCA)
An Comhghuaillíocht Eorpach um Cheartas Corparáide (ECCJ)
Comhlachas Cócó na hEorpa
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)
Cónaidhm Eorpach na nOibrithe Tógála agus Adhmaid (EFBWW)
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talamhaíochta

(EFFAT)
Cónaidhm Eorpach an tSeodra
An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA)
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC)
Institiúid Eorpach na gCeardchumann (ETUI)
An Institiúid Ollscoile Eorpach
Evofenedex
Federatie Nederlandse Vakbeweging (FNV)
Federation Bancaire Francaise (FBF)
Ionadaíocht Cheardchumann na Fionlainne chuig an Aontas Eorpach
Finnwatch
Frank Bold
Friedrich-Ebert-Stiftung
Cairde na Cruinne, an Eoraip
Germanwatch
GLOBAL 2000
Global Witness
Greenpeace Nederland
Initiatief Duurzaam agus Verantwoord Ondernemen (IDVO)
Institut Jacques Delors
International Alert
An Chónaidhm Idirnáisiúnta um Chearta an Duine
An Líonra Trádála Glas
Misean na hIorua chuig an Aontas Eorpach
Clár MVO
Nederlandse Vereniging van Banken
Nestlé
Notre Affaire à Tous
Scoil Dlí NOVA
Fondúireachtaí Sochaí Oscailte
An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)
Oxfam
Pensioenfederatie
Quifactum
Scoil Dlí Rutgers
Search for Common Ground
an Tionscadal Shift
Sochiaal-Eacnamaí Raad (SER)
Solidaridad
Stichting Vredesbeweging Pax Nederland (PAX)
An Tionscadal Responsible Contracting
Tony's Chocolonely
TUI Group

UNICEF
Unionen
Ollscoil Utrecht
Verbraucherzentrale Bundesverband (VZBV)
Vereniging VNO-NCW
An Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Thagarmharcáil
An Ciste Domhanda Fiadhúlra (WWF)

25.1.2023

## **TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA**

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dílíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta Corparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim(\*): Raphaël Glucksmann, Uas.

(\*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta





## RÉASÚNÚ GEARR

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 an 23 Feabhra 2022. Leis an togra, cuirtear chun cinn agus mionsonraítear próisis díchill chuí éigeantacha do chuideachtaí chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh agus iad a chur faoi dhliteanas mar gheall ar mhainneachtain é sin a dhéanamh.

Is geal le rapóirtéir DROI an togra ón gCoimisiún agus measann sé gur dócha go rannchuideoidh an togra le hathrú chun feabhais iompraíochta cuideachtaí a chothú chun tionchair dhíobhálacha a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ina slabhraí luacha domhanda a shainaithint, a chosc agus a mhaolú.

Leis an togra reachtach seo, tá deis ag an Aontas é féin a chur chun tosaigh mar chumhacht normatach dhomhanda trí cheannaireacht a léiriú agus aghaidh á tabhairt ar dhúshlán tromchúiseach na forbartha inbhuanaithe a bhfuil ar shocaithe aghaidh a thabhairt uirthi i dteannta a chéile agus ar fud an domhain. Is sárdheis atá sa Treoir seo don Aontas chun inbhuanaitheacht an duine agus an chomhshaoil a chomhtháthú i gcleachtais ghnó agus chorporáideacha agus chun athrú a bhrú chun cinn ar an leibhéal domhanda.

Mar sin féin, ní ghlacann an togra cur chuige atá dírithe ar chearta an duine agus ní chuireann sé na caighdeáin idirnáisiúnta a bhfuil glacadh forleathan leo chun feidhme, áfach. Ní chomhlíonann sé a chuspóirí sonraithe go hiomlán agus ní leor é maidir le dea-chleachtais díchill chuí a chomhlíonadh, ar cleachtais iad atá curtha chun feidhme cheana féin ag go leor cuideachtaí de chuid an Aontais ar bhonn deonach.

Chun cur le cáilíocht agus le héifeachtúlacht na bpróiseas díchill chuí agus chun cuntasacht cuideachtaí feadh a slabhraí luacha a fheabhsú, tá roinnt gnéithe ann, dar leis an rapóirtéir, a bhfuil soiléiriú le tabhairt ina leith agus feabhas le cur orthu. Is é is aidhm do na feabhsuithe sin an reachtaíocht a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos inoibrithe do chuideachtaí, do gheallsealbhóirí lena mbaineann agus d'íospartaigh.

Chuige sin, d'fhéadfaí na gnéithe seo a leanas a bhreisiú nó a threisiú:

- á áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí iarrachtaí díchill chuí ar fud a slabhraí luacha ina n-iomláine, bunaithe ar an riosca go mbeidh drochthionchair ann arna chinneadh ag a n-earnáil gníomhaíochta agus ag comhthéacs a n-oibríochtaí;
- ceangal a chur ar chuideachtaí dul i ngleic le rioscaí agus drochthionchair ar an dea-rialachas. i bhfianaise an idirghaoil atá cruthaithe agus aitheanta go hidirnáisiúnta idir dea-rialachas agus teachtadh Chearta an Duine;
- ceangal a chur ar chuideachtaí dul i dteagmháil go fóinteach le geallsealbhóirí agus é mar aidhm eolas a bhailiú dá gcinntí corparáideacha agus a gcleachtais díchill chuí agus iad a fheabhsú, agus le cosaint agus sábháilteacht na ngeallsealbhóirí uile a áirithiú ar fhrithbheartaíocht agus ar dhíoltas as a rannpháirtíocht;

- ceangal a chur ar chuideachtaí foráil a dhéanamh maidir le leigheas éifeachtach ar dhíobháil a rinne a n-oibríochtaí agus a slabhraí luacha nó a bhaineann lena n-oibríochtaí agus lena slabhraí luacha;

- dliteanas cuideachtaí a áirithiú agus rochtain ar cheartas agus leigheasanna dlíthiúla a ráthú d'íospartaigh na díobhála a bhaineann le sáruithe ar oibleagáidí díchill chuí.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh treorach Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínt an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

### Leasú 2

#### Togra le haghaidh treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le

*Leasú*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínt an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i **gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus** i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le

hiompar freagrach gnó gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine<sup>79</sup> freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha.

---

<sup>79</sup> Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme, 2011, ar fáil ag <https://www.ohchr.org/documents/publicati>

hiompar freagrach gnó *go bhfuil freagracht ar chuideachtaí cearta an duine a urramú agus* gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine<sup>79</sup> freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha. *Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart go mbeadh próisis i bhfeidhm ag gnólachtaí chun gur féidir aon drochthionchar ar chearta an duine a dhéanann siad nó a rannchuidíonn siad leo a leigheas. Aithnítear freisin sna Prionsabail Threoracha sin, mar chuid dá ndualgas cosaint a thabhairt ar sháruithe ar chearta an duine a bhaineann le gnó, gur cheart do Stáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú, trí mhodhanna breithiúnacha, riaracháin agus reachtacha, go mbeidh rochtain ag na daoine sin a ndéantar difear dóibh ar leigheas éifeachtach.*

---

<sup>79</sup> Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme, 2011, ar fáil ag <https://www.ohchr.org/documents/publicati>

## Leasú 3

### Togra le haghaidh treorach Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta<sup>80</sup> leanar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála<sup>81</sup>, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhír agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhra luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.<sup>82</sup>

---

<sup>80</sup> Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/> <https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>

*Leasú*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta<sup>80</sup> leanar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála<sup>81</sup>, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhír agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhra luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. ***Leagtar amach i dtreoirlínte ECFE freisin an ceanglas atá ar chuideachtaí dul i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha chun deiseanna fiúntacha a chur ar fáil lena bhféadtar a dtuairimí a chur san áireamh i ndáil le planáil agus cinnteoireacht le haghaidh tionscadal nó gníomhaíochtaí eile a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar phobail áitiúla.*** Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.<sup>82</sup>

---

<sup>80</sup> Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/> <https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>

<sup>81</sup> Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáilshonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: [https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

## Leasú 4

### Togra le haghaidh treorach Aithris 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2020-2024<sup>99</sup>. Sainmhínítear sa Plean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht é rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha eile amhail Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeáin ábhartha an díchill chúí a chur chun cinn.

---

<sup>99</sup> Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta

<sup>81</sup> Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáilshonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: [https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

*Leasú*

(12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2020-2024<sup>99</sup>. Sainmhínítear sa Plean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht é rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha eile amhail Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeáin ábhartha an díchill chúí a chur chun cinn. ***Leis an bPlean Gníomhaíochta leagtar béim ar a thábhachtaí agus atá an comhrac in aghaidh an éillithe ar aon dul le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe, ag aithint go n-éascaíonn an t-éilliú sáruihte a dhéanamh ar chearta an duine agus iad a bhuanú agus cur chun feidhme chearta an duine.***

---

<sup>99</sup> Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta

AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 (*JOIN/2020/5* final).

AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 (*JOIN(2020)5* final).

## Leasú 5

### Togra le haghaidh treorach Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí ***dhrochthionchair*** fhéideartha ***nó*** iarbhir ar chearta an duine agus ***ar an gcomhshaol*** a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, ***a thabhairt chun deiridh agus a íosláhdú***, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha.

*Leasú*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú ndéanfaidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach ***cearta an duine a urramú agus*** go rannchuideoidh siad le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí ***dhrochthionchair*** fhéideartha ***agus*** iarbhir ***ar*** chearta an duine, ***ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas*** a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, agus chun na drochthionchair iarbhir ar chearta an duine, ar an gcomhshaol ***agus*** ar dhea-rialachas ***a thabhairt chun deiridh agus foráil a dhéanamh maidir le feabhsúchán éifeachtach dlíthiúil agus rochtain ar cheartas a áirithiú d'íospartaigh drochthionchar iarbhir ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas***, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a

bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó **dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe** ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. **Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo.** Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. **I gcás den sórt sin, ba cheart don chuideachta foráil a dhéanamh tar éis a mheasúnaithe, deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann.** Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh treorach Aithris 15 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(15a) Ba cheart do chuideachtaí na bearta arna ndéanamh de bhun a n-oibleagáidí díchill chuí a oiriúnú do chomhthéacs, do thimpeallacht agus d'imthosca soisalta a n-oibríochtaí féin, a bhfochuideachtaí, agus a gcaidrimh ghnó ar fud a slabhraí luacha. I limistéir ina**

*bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, tá baol níos mó ann do chuideachtaí go mbeidh baint acu le sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine. I réigiúin mar sin, ba cheart do na Ballstáit agus do chuideachtaí a n-oibleagáidí faoin Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI) a urramú nuair is infheidhme, agus tabhairt faoi dícheall cuí méadaithe ag leanúint dóibh an treoir maidir le dícheall cuí méadaithe i ndáil le cearta an duine do ghnólachtaí i gcomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht, arna forbairt ag UNDP agus ag comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile. Áirítear leis sin anailís a dhéanamh ar choinbhleachtaí mar chomhlánú ar ghnáthdhícheall cuí, bunaithe ar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, a bhfuil sé d'aidhm leis tuiscint a fháil ar na bunchúiseanna, truícir agus páirtithe a spreagann an choinbhleacht agus an tionchar atá ag gníomhaíochtaí gnó na cuideachta ar an gcoinbhleacht.*

## Leasú 8

### Togra le haghaidh treorach Aithris 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) Ba cheart a chumhdach leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo na sé chéim arna sainiú ag Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun **drochthionchair** ar chearta an duine **agus ar an gcomhshaol** a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) drochthionchair ar chearta an duine agus **ar an gcomhshaol** a shainaithint agus a

*Leasú*

(16) Ba cheart a chumhdach leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo na sé chéim arna sainiú ag Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun **drochthionchair ar** chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) **drochthionchair ar** chearta an duine agus **ar an gcomhshaol**



mheasúnú, (3) drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **ar an gcomhshaol** a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar.

**agus ar dhea-rialachas** a shainnithint agus a mheasúnú, (3) **drochthionchair** iarbhír agus fhéideartha **ar** chearta an duine agus **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar. **Áirítear i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí i dTaca le hIompar Freagrach Gnó moltaí mionsonraithe lena n-áirithofar go mbeidh rannpháirtíocht fhóinteach geallsealbhóirí agus rochtain ar cheartas, lena n-áirítear treoir maidir le bacainní ar rannpháirtíocht grúpaí geallsealbhóirí leochaileacha a bhaint.**

Leasú 9

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 16 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(16a) Ba cheart do chuideachtaí, maidir le gach ceann de na sé chéim agus le linn an phróisis um dícheall cuí ar fad, dul i mbun rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí. Mar a leagtar amach i dTreoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, bíonn próisis idirghníomhacha i gceist le rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí, tá cumarsáid dhá threo mar shaintréith aici agus braitheann sí ar mheon macánta na rannpháirtithe ar an dá thaobh. Chun críche na Treorach seo, ba cheart do phróisis rannpháirtíochta geallsealbhóirí sábháilteacht agus cosaint shláine fhisiceach agus dhlíthiúil na ngeallsealbhóirí a ráthú. Ba cheart do chuideachtaí aghaidh a thabhairt ar an rioscaí frithbheartaíochta agus díoltais a d'fhéadfadh a bheith i ndán do gheallsealbhóirí mar gheall ar a rannpháirtíocht. Ba cheart do chuideachtaí aird ar leith a thabhairt ar**

*leochaileachtaí forluiteacha agus fachtóirí trasnaithe i rannpháirtíocht geallsealbhóirí. Bíonn grúpa geallsealbhóirí leochaileacha thíos le drochthionchair difreálaithe agus ar minic iad a bheith díréireach agus a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt go minic ar idirdhealú agus ar bhacainní breise ar rannpháirtíocht agus rochtain ar cheartas. Ba cheart do chuideachtaí faisnéis fhóinteach a sholáthar do na geallsealbhóirí maidir le drochthionchair iarbhír nó féideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas oibríochtaí áirithe, tionscadail agus infheistíochtaí, go tráthuil agus ar bhealach inrochtana, agus saintréithe an ghrúpa geallsealbhóirí á gcur i gcuntas. Ba cheart do chuideachtaí cearta na bpobal dúchasach a urramú, mar a leagtar amach i Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear réamhthoilíú saor agus feasach agus a gceart chun féinchinntíúcháin.*

Leasú 10

### Togra le haghaidh treorach Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Bíonn **drochthionchar** ar chearta an duine agus **ar an gcomhshaol** ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhhar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair **ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol** arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin

*Leasú*

(17) Bíonn **drochthionchar** ar chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, **ina gcuid seirbhísí**, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhhar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair **ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an

agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.

táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha ***cuideachtaí laistigh den raon feidhme.***

## Leasú 11

### Togra le haghaidh treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ***ba cheart*** na hoibleagáidí díchill chuí ***a theorannú*** sa Treoir seo ***do*** chaidrimh ghnó ***sheanbhunaithe. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.***

## Leasú 12

### Togra le haghaidh treorach Aithris 21

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil

*Leasú*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ***ba cheart go gcumhdófaí*** leis na hoibleagáidí díchill chuí sa Treoir seo caidrimh ghnó.

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil

níos mó ná **500** fostaí acu ar an meán **agus** a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn EUR **150** milliún acu **sa bhliain airgeadais roimh** an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach **a** raibh níos mó ná **250** fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR **40** milliún acu **i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh** an mbliain airgeadais dheireanach **agus a oibríonn** in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnacháin níos faide. **Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha.** Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c) de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaíthe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

níos mó ná **250** fostaí acu ar an meán nó glanláimhdeachas domhanda os cionn EUR **40 milliún agus/nó clár comhardaithe níos mó ná EUR 20** milliún acu sa bhliain airgeadais dheireanach **ar ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith**, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach **atá liostaithe go poiblí ar an stocmhalartán nó** a raibh níos mó ná **50** fostaí acu ar an meán, agus níos mó ná EUR **8** milliún acu **i nglanláimhdeachas domhanda agus/nó clár comhardaithe níos mó ná EUR 4 milliún acu sa bhliain airgeadais dheireanach ar ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith, ar choinníoll gur gineadh 50% ar a laghad dá ghlánláimhdeachas** in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnacháin níos faide. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c) de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaíthe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine **agus** ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola **teicstílí**, éadaí **agus** coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhíotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhíotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (**seachas innealra agus trealamh**), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). **Maidir leis** an earnáil airgeadais, **mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth**

*Leasú*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil **agus dea-rialachais** a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar **bhailiúchán de shonraí neamhspleácha agus de dhoiciméid a bhaineann le sárúithe ar chearta an duine, le saincheisteanna dea-rialachais agus le damáiste don chomhshaoil agus d'fhéadfaí bonn eolais a chur ar fáil di go háirithe ón** treoir ECFE maidir le dícheall cuí atá ann cheana **agus a bheidh ann amach anseo**. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, **corpbhirt**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart **agus earraí fionnaidh**, agus trádáil mhórdhíola **agus miondíol** éadaí, coisbhirt **agus earraí leathair i siopaí speisialaithe**; talmhaíocht, **soláthar uisce**, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), **gníomhaíochtaí gairdíní luibheolaíocha agus zó-eolaíocha agus anaclainne dúlra**, monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; **mianadóireacht agus cairéalacht**, eastóscadh, **scagadh, iompar agus láimhseáil** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhíotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhíotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe, agus trádáil mhórdhíola

*céanna, san earnáil seo*, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.

acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile); **monarú táirgí ríomhairí, leictreonacha agus optúla, monarú trealamh leictreach agus monarú innill agus trealamh; tógáil, lena n-áirítear tógáil foirgneamh, innealtóireacht shibhialta agus gníomhaíochtaí speisialaithe tógála; gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais agus gníomhaíochtaí eastáit réadaigh; soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe, lena n-áirítear táirgeadh, tarchur, dáileadh agus trádáil na dtáirgí sin; gníomhaíochtaí dlíthiúla agus cuntasáiochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta; gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia agus gníomhaíochtaí glantacháin; gníomhaíochtaí slándála agus imscrúdaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seirbhíse córais slándála; gníomhaíochtaí fostaíochta; gníomhaíochtaí leighis agus seirbhísí bainistithe dramhaíola eile, gníomhaíochtaí bailithe, cóireála agus diúscartha dramhaíola; aisghabháil ábhar; sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cúraim chónaithe; gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise, lena n-áirítear próiseáil sonraí, óstáil agus gníomhaíochtaí gaolmhara; tairseacha gréasáin.** Ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha a áirithiú *san* earnáil airgeadais trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh freisin sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine ***faoi chosaint*** de thoradh ***sárú ar cheann de*** na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart ***sárú ar thoirmeasc nó*** ar cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ***ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh*** chun na ***hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil***. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 27**

*Leasú*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine a eascraíonn as ***aon ghníomh nó neamhghníomh a chuireann deireadh le cumas duine aonair nó grúpa, nó a laghdaíonn a gcumas, leas a bhaint as*** na cearta agus ba cheart é a chosaint le toirmisc, mar a chumhdaítear sna hionstraimí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart ***drochthionchar ar thairbhiú de*** cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo. ***Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin ar bhonn rialta agus ba cheart í a bheith comhsheasmhach le cuspóirí an Aontais maidir le cearta an duine. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh chun an liosta san Iarscríbhinn a leasú***. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine **agus** leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh **drochthionchair** iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine **agus ar an gcomhshaol** a shainaitheint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo **agus a méid a íoslaghdú**, ba cheart dóibh **nós imeachta** gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

## **Leasú 16**

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 28**

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine, leis an gcomhshaol, **agus leis an dea-rialachas** a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh **drochthionchair** iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a shainaitheint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo **agus foráil a dhéanamh maidir lena leigheas**, ba cheart dóibh **sásra** gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú **agus foráil a dhéanamh maidir lena leigheas**, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a



leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó **sheanbhunaithe**. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí a mbeartas díchill chuí **a mheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí nua teacht chun cinn maidir le drochthionchair, agus uair sa bhliain ar a laghad.**

## Leasú 17

### Togra le haghaidh treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine **agus ar an gcomhshaol** a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaithint na ndrochthionchar

*Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha **ar** chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a shainaithint **agus a mheasúnú**. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar **rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí, táscairí** cainníochtúla agus cáilíochtúla, **mapáil slabhraí luacha na cuideachta, lena n-áirítear** faisnéis **ábhartha, amhail ainmneacha, suíomhanna, cineálacha**

measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. **Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na drochthionchair a shainaitheint.** Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chos nó **a íoslaghú** nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di **a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.**

**táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear, agus maidir le fochuideachtaí, soláthróirí agus comhpháirtithe gnó.** Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. **Ba cheart réamhthoilíú saor agus feasach na bpobal dúchasach a bheith ina réamhriachtanas d'aon ghníomhaíocht a dhéanann difear dá dtailte, gcríocha agus acmhainní nádúrtha.** Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta na drochthionchair ar fad a chos, a thabhairt chun deiridh nó **a mhaolú** ag an am céanna, ba cheart di **straitéis tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhairliúchan le geallsealbhóirí, ar cheart di leibhéal déine, an dochúlacht, fad, leitheadh agus inaistritheacht na ndrochthionchar éagsúil iarbhír agus féideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaoil agus ar dhea-rialachas.**

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach  
Aithris 32

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus **á n-íoslaghdú** nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo ***gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar na leanaí.*** Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ***ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.***

**Leasú 19**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 34**

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, ***i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe,*** ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú, **á leigheas** nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo ***go rachadh cuideachtaí i dteagmháil le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus drochthionchair fhéideartha fionraí ama nó foirceannadh conarthaí a mheasúnú, chun dochar níos mó a sheachaint. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le díscor nuair a bheidh an drochthionchar feideartha nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus dá bhrí sin nach féidir é a chosc trí ghníomhartha na cuideachta agus nuair a dhéanann an chuideachta measúnú nach gcruthófaí drochthionchar níos mó ná an ceann atá sé ar inti aici a chosc nó a mhaolú*** má chuirtear deireadh leis an gcaidreamh gnó.

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh: ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. ***Ba cheart an plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt trí***

chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriodhírithe chomhréireach a thabhairt do ***FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis***, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

***rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach agus é a chur in oiriúint go beacht do chomhthéacs oibríochtaí na gcuideachtaí agus dá slabhra luach. Ba cheart dó a shainaithint agus a mheasúnú an bhfuil samhail ghnó agus straitéisí na cuideachta curtha in oiriúint do na ceanglais díchill chuí agus ba cheart go n-áireofaí leis straitéis tosaíochta bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht an drochthionchair fhéideartha i gcás nach féidir leis an gcuideachta na drochthionchair fhéideartha ar fad a chosc nó a mhaolú ag an am céanna.*** Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriodhírithe chomhréireach a thabhairt do ***chomhpháirtithe, soláthróirí, lena n-áirítear FBManna***, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) *Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, **ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin** don oibleagáid **atá ar chuideachtaí** gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, **i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh**, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus **íoslaghdaithe** á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más **dian** an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin*

*Leasú*

(36) Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, **ba cheart** oibleagáid **a bheith ar chuideachtaí** staonadh ó dhul i mbun caidrimh nua nó cur leis an gcaidreamh ata ann cheana leis an gcomhpháirtí atá i gceist agus, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus **maolaithe** á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i ndail leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más rud é go bhfuil an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist **nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus dá bhrí sin nach féidir é a chosc trí ghníomhartha na cuideachta agus nuair a mheasann an chuideachta nach gcruthófaí drochthionchar níos mó ná an ceann atá sé ar inti aici a chosc nó a mhaolú. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil an caidreamh gnó **a chur ar fionraí go sealadach** nó deireadh a chur leis i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaióch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach**

an t-aon bhealach réalaióch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indéireach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indéirigh agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

## Leasú 21

### Togra le haghaidh treorach Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta drochthionchair iarbhír **ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh an chuideachta in ann na drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deireadh ina n-oibríochtaí agus ina bhfochuideachtaí féin. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, **a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó sheanbhunaithe**, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí **méid na dtionchar sin a íoslaghdú**. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar **íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar** an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine **agus ar an gcomhshaol** agus chun **méid na drochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca**.

ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indéirigh agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

*Leasú*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta drochthionchair iarbhír **ar chearta an duine, ar an gcomhshaol nó ar dhea-rialachas**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh an chuideachta in ann na drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deireadh ina n-oibríochtaí agus ina bhfochuideachtaí féin. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí na tionchair **a mhaolú agus foráil a dhéanamh maidir leis na tionchair a leigheas nó comhoibriú chun an tionchar díreach ar na daoine nó ar na pobail a ndéantar difear dóibh a leigheas**. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar **mhaolú na ndrochthionchar** an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. **Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an leigheas daoine lena mbaineann a thabhairt ar ais don staid ina mbeidís murar tharla an drochthionchar, más féidir, agus a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na**

***cuideachta leis an drochthionchar.*** Chun deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ar an gcomhshaol ***agus ar dhea-rialachas agus iad a leigheas. Ba cheart leigheas ar dhrochthionchair a chinneadh bunaithe ar rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí agus d'fhéadfaí a áireamh leo cúiteamh nó athshlánú, leithscéal, cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais agus measúnú a dhéanamh cibé acu an bhaineann nó nach mbaineann geallsealbhóirí lochaileacha an tairbhe chéanna as íocaíochtaí cúitimh nó cineálacha eile cúitimh. Ba cheart do chuideachtaí ráthaíochtaí a thabhairt nach bhfágfaidh siad go mbeidh drochthionchair ann arís. Níor cheart go gcuirfeadh togra leighis ó chuideachta cosc ar gheallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh dul i mbun dhlíteanas sibhialta na cuideachta agus ba cheart go gcuirfeadh na cúirteanna iad san áireamh go hiomchuí in imeachtaí sibhialta.***

## Leasú 22

### Togra le haghaidh treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, ***i gcás inarb ábhartha.*** Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an

*Leasú*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair

drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. ***I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar***, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó ***seanbhunaithe*** acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó ***méid an drochthionchair a íosláhdú***, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó ***seanbhunaithe*** acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, ***i gcás inarb ábhartha***, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. Ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta, agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomas. ***Ba cheart an plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt trí rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, le hobair leantach chuí maidir leis na gealltanais chomhaontaithe a chur chun feidhme agus an plean a chur in oiriúint go beacht do chomhthéacs oibríochtaí na gcuideachtaí agus dá slabhra luach. Ba cheart dó a shainaithint agus a mheasúnú freisin an bhfuil samhail ghnó agus straitéisí na cuideachta curtha in oiriúint do na ceanglais díchill chuí.*** Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó é ***a mhaolú***, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé chomhréireach a thabhairt do ***chomhpháirtithe agus soláthróirí, lena n-áirítear*** FBManna a bhfuil caidreamh gnó acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.



**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 41**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) ***Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go leormhaith leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú acu deireadh a chur leis an drochthionchar nó a mhéid a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.***

*Leasú*

(41) I gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go leormhaith leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ***ba cheart*** oibleagáid a bheith ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, caidrimh thráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú acu deireadh a chur leis an drochthionchar nó é ***a mhaolú***, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, más rud é go bhfuil an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist ***nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus dá bhri sin nach féidir é a chosc trí ghníomhartha na cuideachta agus nuair a mheasann an chuideachta nach gcruthófaí drochthionchar níos mó ná an ceann atá sé ar inti aici a chosc nó a mhaolú***. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil an caidreamh gnó ***a chur ar fionraí go sealadach*** nó deireadh a chur leis i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 42**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha **ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol**. **Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh** gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta **atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír**. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibríthe a chur ar an eolas, **i gcás inarb ábhartha**, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearáin i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair **dhiana** fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

*Leasú*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí **luathfhógráí agus** gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le tionchair iarbhír nó fhéideartha **ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, oibríochtaí a slabhra luacha a dhéanann entitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo**. **Ba cheart d'aon gheallsealbhóir a bheith i dteideal** gearáin mar sin a thíolacadh **lena n-áirítear** ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, **pobail áitiúla, daoine dúchasacha** agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, **cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí chearta an chomhshaoil, finnétithe díreacha agus íospartaigh coireachta éillithe buanaithe ag an gcuideachta nó ag daoine dlítheanacha nó daoine nádúrtha a bhfuil cosaint chearta an duine, an chomhshaoil agus an dea-rialachais mar chuid dá gcuspóir reachtúil**. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin **agus iad a fhreagairt go tráthúil agus na gearánaigh agus na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear** oibríthe, ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a chur ar an eolas faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha **agus rochtain éifeachtach a fháil ar cheartas**. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, **ba cheart do chuideachtaí tabhairt faoi ghníomhaíocht leantach iomchuí a**

*bhaineann leis an ngearán, ba cheart dóibh faisnéis a nochtadh faoi thoradh an nós imeachta agus na mbeart agus na gcinntí a rinneadh agus réasúnú na gcinntí.* Ba cheart go mbeadh gearánaigh i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

## Leasú 25

### Togra le haghaidh treorach Aithris 46

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí **nó d'údaráis na mBallstát** maidir leis an gcaoi ar cheart do **chuideachtaí** a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart **an rogha a bheith ag** an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte **le haghaidh** earnálacha sonracha **nó** maidir le drochthionchair shonracha.

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí maidir leis an gcaoi ar cheart dóibh a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **nó d'údaráis na mBallstát** maidir leis an gcaoi ar cheart na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus a gcur chun feidhme éifeachtach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát, an Choimisiúin, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus **i gcás inarb ábhartha leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus** i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear **maidir leis na hábhair seo a leanas:** earnálacha sonracha lena ngabhann **ardriosca; comhroinnt acmhainní agus faisnéise i measc cuideachtaí agus tionchair eintiteas dlíthiúil i gcomhréir le**

*dlí na hiomaíochta; próiseas agus acmhainní sonracha do FBManna chun tacú le dícheall cuí a chur i bhfeidhm; mapáil slabhraí luacha cuideachtaí, drochthionchair shonracha, lena n-áirítear drochthionchair ar dhea-rialachas; éascaíocht a dhéanamh do rochtain ar cheartas d'íospartaigh; rioscaí frithbhirt atá roimh gheallsealbhóirí a chosc agus a mhaolú; dícheall cuí méadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca; díscor freagrach; measúnú agus liostú dinimiciúil na gcomhthéacsanna maidir le cos ar bolg sistéamach agus cos ar bolg á fhorchur ag an stát; modheolaíocht agus critéir do smachtbhannaí riaracháin; sláine agus oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnaimh lena mbaineann geallsealbhóirí; insnce - agus dícheall cuí atá cultúr-fhreagrúil; dúshláin roimh shealbhóirí beaga.*

## Leasú 26

### Togra le haghaidh treorach Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. ***Mar sin féin, is é an aidhm atá ann*** an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. ***Chun*** tacú le ***FBManna***, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, ***agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht***

*Leasú*

(47) Cé nach n-áirítear ***formhór na*** FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. ***Ba cheart FBManna nach bhfuil faoin raon feidhme ach a gcomhlíonann oibleagáidí díchill chuí go deonach i gcomhréir leis an Treoir sin a dhreasú chun déanamh amhlaidh agus iad a chúiteamh as. Chuige sin, moltar do na Ballstáit, mar shampla, córais lipéadaithe a chur ar bun chun FBManna a chomhlíonann an Treoir sin a shainaithint.*** Chun tacú le FBManna, a bhfuil cuid mhaith díobh ag

***airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas.***

Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

streachailt cheana i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta agus **chun** an t-ualach airgeadais nó riaracháin atá orthu a mhaolú, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin tiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. ***Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin, trí chistiú tiomnaithe, tacaíocht theicniúil a sholáthar dóibh chun ceanglais díchill chuí a chomhlíonadh agus chun cabhrú leo a n-acmhainneacht a fhothú.*** Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 55**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(55) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta oibriú i gcomhar le chéile agus a ngníomhaíocht a chomhordú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta a bhunú agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca lena gcúraimí a fheidhmiú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá

*Leasú*

(55) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta oibriú i gcomhar le chéile agus a ngníomhaíocht a chomhordú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta a bhunú agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca lena gcúraimí a fheidhmiú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá

chéile.

chéile. *Chun cothrom iomaíochta a chosaint agus chun rioscaí a bhaineann le siopadóireacht dlínse a eascraíonn as forfheidhmiú díláraithe a mhaolú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit le treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú, agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dTreoirlínte sin tríd an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn sna moltaí tírshonracha.*

## Leasú 28

### Togra le haghaidh treorach Aithris 70

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, ***chun í a ailíniú le*** treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sárúithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, ***nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach.***

## Leasú 29

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Leasú*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ***ar bhonn rialta*** ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, ***lena n-áirítear i gcomhréir le*** treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sárúithe ar chearta an duine nó bagairtí ***maidir le dea-rialachas*** agus leis an gcomhshaoil atá ag teacht chun cinn, ***agus*** ar cheart an liosta de choinbhinsiúin ***agus ionstraimí*** idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta. ***Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun cur le liosta na n-earnálacha ardtionchair.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

*Leasú*

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir **leis na** cuideachtaí **uile** a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

### **Leasú 30**

#### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná **250** fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR **40** milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50% den ghlanláimhdeachas **sin** i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

*Leasú*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach **tá sí liostaithe go poiblí ar an stocmhalartán** nó bhí níos mó ná **50** fostaí aici ar an meán, agus níos mó ná EUR 8 milliún aici **i nglanláimhdeachas domhanda agus/nó clár comhardaithe níos mó ná EUR 4 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50% dá glanláimhdeachas** i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha **ardtionchair** a leanas:

### **Leasú 31**

#### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola **teicstílí**, éadaí **agus** coisbhirt;

*Leasú*

(i) monarú teicstílí, **corpbhirt**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart **agus earraí fionnaidh**, agus trádáil mhórdhíola **agus miondíol** éadaí, coisbhirt **agus earraí leathair i siopaí speisialaithe**;

## Leasú 32

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe ii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;

*Leasú*

(ii) talmhaíocht, **soláthar uisce**, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), **gníomhaíochtaí gairdíní luibheolaíocha agus zó-eolaíocha agus anaclainne dúlra**, monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia, agus deochanna;

## Leasú 33

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

*Leasú*

(iii) **mianadóireacht agus cairéalacht**, eastóscadh, **scagadh, iompar agus láimhseáil** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile);

## Leasú 34

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii a (nua)



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(íia) monarú táirgí ríomhairí,  
leictreonacha agus optúla, monarú  
trealamh leictreach agus monarú innill  
agus trealamh;**

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(íib) tógáil, lena n-áirítear tógáil  
foirgneamh, innealtóireacht shibhialta  
agus gníomhaíochtaí speisialaithe tógála;**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(íic) gníomhaíochtaí airgeadais agus  
árachais agus gníomhaíochtaí eastáit  
réadaigh;**

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(íid) soláthar leictreachais, gáis, gaile  
agus aerchóirithe, lena n-áirítear  
táirgeadh, tarchur, dáileadh agus trádáil  
na dtáirgí sin;**

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii e) gníomhaíochtaí dlíthiúla agus cuntasáíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta;**

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii f) gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia agus gníomhaíochtaí glantacháin;**

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii g) gníomhaíochtaí slándála agus imscrúdaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seirbhíse córais slándála;**

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii h (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii h) gníomhaíochtaí fostaíochta;**

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii i) gníomhaíochtaí leighis agus seirbhísí bainistithe dramhaíola eile, gníomhaíochtaí bailithe, cóireála agus diúscartha dramhaíola; aisghabháil ábhar;**

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii j (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii j) sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cúraim chónaithe;**

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii k (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii k) gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise, lena n-áirítear próiseáil sonraí, óstáil agus gníomhaíochtaí gaolmhara; tairseacha gréasáin.**

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar

(c) Ciallaíonn ‘drochthionchar ar

chearta an duine' *drochthionchar* ar dhaoine *faoi chosaint* a eascraíonn as *sárú ar cheann de* na cearta nó na toirmisc *a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1, mar* a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2;

chearta an duine' *aon drochthionchar féideartha nó iarbhír* ar dhaoine a eascraíonn as *aon ghníomh nó neamhghníomh, a chuireann deireadh le cumas duine aonair nó an ghrúpa*, na cearta *a theachtadh nó lena ndéantar laghdú* ar an gcumas sin nó ó bheith *faoi chosaint ag* toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin *agus ionstraimí* idirnáisiúnta, *go háirithe iad siúd* a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I *Roinn 1 agus a chumhdaítear san Iarscríbhinn, Cuid I, Roinn 2, lena n-áirítear an cásdlí ina dhiaidh sin. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin ar bhonn rialta agus ba cheart í a bheith comhsheasmhach le cuspóirí an Aontais maidir le cearta an duine. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na liostaí in Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1 and Roinn 2 a leasú;*

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(c a) Ciallaíonn 'drochthionchar ar dhea-rialachas' aon drochthionchar féideartha nó iarbhír feadh shlabhraí luacha cuideachtaí ina n-iomláine ar dhea-rialachas tíre, réigiúin nó críche, mar a leagtar amach in ionstraimí idirnáisiúnta dea-rialachais agus frith-éillithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 3. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin ar bhonn rialta agus ba cheart í a bheith comhsheasmhach le cuspóirí an Aontais maidir le dea-rialachas. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta in Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn*

*3 a leasú;*

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(c b) Ciallaíon ‘limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus limistéir ardríosca’ limistéir gheografacha ina bhfuil coinbhleacht armtha, cogaí idirstáit nó cogaí cathartha nó atá leochaileach tar éis coinbhleachta, limistéir faoi fhorghabháil agus/nó limistéir faoi nascghabháil, limistéir ina bhfuil an rialachas agus/nó an tslándáil lag nó gan a bheith ann ar chor ar bith, amhail stáit teipthe, limistéir ina bhfuil foréigean forleathan agus/nó sárúithe tromchúiseacha ar dhlí daonnúil idirnáisiúnta agus/nó ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, chomh maith le limistéir ina bhfuil na sárúithe sin sistéamach agus/nó á bhforchur ag an stáit;*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.

(n) ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara’:

(i) *oibríthe agus fostaithe na cuideachta (lena n-áirítear faoi shocruithe*

*neamhfhoirmiúla) agus a n-ionadaithe, oibríthe agus fostaithe a bhfochuideachtaí agus a n-ionadaithe, ceardchumann, pobail áitiúla, daoine dúchasacha, cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí chearta an chomhshaoil, eagraíochtaí sochaí sibhialta, finnéithe díreacha agus íospartaigh coireachta éillithe arna ndéanamh ag an gcuideachta agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a bhféadfadh drochthionchair ar chearta an duine, ar an gcomhshaoil, ar dhea-rialachas a bhaineann le táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin agus lena fochuideachtaí agus lena caidrimh ghnó feadh an tslabhra luacha ina iomláine, difear a dhéanamh dóibh;*

*(ii) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar phobail nó ar eintitis a áirítear in (i) nó a bhfuil cosaint chearta an duine, an dea-rialachais, an chomhshaoil nó na haeráide mar chuid dá gcuspóir reachtúil;*

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(na) ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara leochaileacha’ daoine aonair agus grúpaí sealbhóirí cirt i suíomhanna imeallaithe agus i suíomhanna leochaileacha, de bharr comhthéacsanna ar leith nó tosca trasnacha, lena n-áirítear, i measc nithe eile, gnéas, inscne, aois, cine, eitneacht, aicme, oideachas, féiniúlacht dúchais, stádas imirce, míchumas an duine, chomh maith lena stádas sóisialta agus eacnamaíoch; atá ina gcúis le drochthionchair dhifreáilte agus drochthionchair a bhíonn díréireach go minic agus le hidirdhealú agus lena*

*gcuirtear bac breise ar an rannpháirtíocht agus ar an rochtain ar cheartas;*

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(nb) ciallaíonn ‘cosantóirí chearta an duine’ daoine aonair, grúpaí agus orgáin na sochaí a dhéanann cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a aithnítear go huilíoch a chur chun cinn, a chosaint nó a bhaint amach; féachann cosantóirí chearta an duine le cearta sibhialta agus polaitiúla a chur chun cinn agus a chosaint agus cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach;*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(nc) ciallaíonn ‘cosantóirí chearta an chomhshaoil’ daoine aonair agus grúpaí, a dhéanann iarracht, agus iad ina gcáil phearsanta nó ghairmiúil agus ar bhealach síochánach, cearta a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear bithéagsúlacht, uisce, aer, talamh, ithir, flora agus fauna;*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n d (nua)**

*(nd) ciallaíonn ‘rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí’ próiseas idirghníomhach, freagrúil, leanúnach maidir le rannpháirtíocht le geallsealbhóirí, a bhfuil cumarsáid dhá threo mar shaintréith aici, a dhéantar de mheon macánta agus lena ráthaítear cur chun feidhme iomchuí na ngealltanais comhaontaithe agus lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha go léir a theastaíonn ó na geallsealbhóirí a sholáthar go tráthúil; próisis leormhaithe chun bacainní ar rannpháirtíocht do gheallsealbhóirí leochaileacha a bhaint (amhail teanga, cultúr, inscne, eagothroime cumhachta, deighiltí i measc an phobail), chomh maith le cosaint leormhaithe chun sábháilteacht na ngeallsealbhóirí a áirithiú agus frithbheart agus díoltas a chosc;*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 4 a (nua)**

***Airteagal 4a***

***Dícheall cuí méadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca***

***Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramóidh cuideachtaí atá ag feidhmiú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca mar a shainítear in Airteagal 3(cb) a n-oibleagáidí faoi dhlí daonnúil idirnáisiúnta agus tabhairt faoi dhícheall cuí méadaithe, ata íógair ó thaobh coinbhleachta maidir lena n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó trí anailís choibhleachta a chomhtháthú ina ndícheall cuí, bunaithe ar rannpháirtíocht***



*fhóinteach choinbhleacht-íogair maidir le bunchúiseanna, trucir agus páirtithe a spreagann an choinbhleacht agus an tionchar atá ag gníomhaíochtaí gnó na cuideachta ar an gcoinbhleacht.*

Leasú 54

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 5a*

*Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí*

*1. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh cuideachtaí i dteagmháil le geallsealbhóirí go héifeachtach agus go fóinteach, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh de bhun Airteagail 4 go 11.*

*2. Ag gach céim den phróiseas díchill chuí agus feadh an phróisis ina iomláine, ceanglófar ar chuideachta a áirithiú an méid seo a leanas:*

*(a) rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí i bpróiseas idirghníomhach, freagrúil, a bhfuil cumarsáid dhá threo mar shaintréith aici, a dhéantar de mheon macánta, agus lena ndéantar é a oiriúnú do gheallsealbhóirí leochaileacha agus bacainní orthu a bhaint;*

*(b) an fhaisnéis ábhartha go léir a theastaíonn ó na geallsealbhóirí a sholáthar go cuimsitheach agus go tráthúil chun breithiúnais eolasacha a dhéanamh, ar bhealach inrochtana agus trédhearcach, lena n-áirítear faisnéis fhóinteach faoi oibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí agus a ndrochthionchair iarbhír agus fhéideartha, i gcomhréir le hAirteagal 11;*

*(c) cosaint leormhaith na ngeallsealbhóirí ar bhaol an fhrithbhirt, i*

*gcomhréir le hAirteagal 23;*

*(d) cur chuige atá inscne-fhreagrúil agus cultúr-fhreagrúil;*

*(e) obair leantach chuí maidir leis na gealltanais chomhaontaithe a chur chun feidhme.*

*3. Beidh rannpháirtíocht na n-oibríthe agus ionadaithe na n-oibríthe gan dochar do Threoir 2002/14/CE agus Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do Threoir 2001/86/CE ón gComhairle.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Drochthionchair iarbhir agus fhéideartha a shainnithint

*Leasú*

Drochthionchair iarbhir agus fhéideartha a shainnithint **agus a mheasúnú**

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun **drochthionchair** iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine **agus drochthionchair ar an gcomhshaol** a shainnithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, ***i gcás ina bhfuil baint acu lena*** slabhraí luacha, ***as a*** gcaidrimh ghnó ***sheanbhunaithe***, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun **drochthionchair** iarbhir agus fhéideartha **ar** chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a shainnithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus as oibríochtaí ***eintiteas ar na*** slabhraí luacha ***a bhfuil caidrimh ghnó ag cuideachtaí leo***, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainnithint bunaithe, ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsaid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nósanna imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. ***I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.***

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainnithint ***agus a mheasúnú*** go ndéanfadh na cuideachtaí ***beart agus cinní bunaithe ar:***

***(a) mapáil slabhra luacha na cuideachta agus nochtadh faisnéise ábhartha lena n-áirítear ainmneacha, suíomhanna, cineálacha oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear, mar aon le faisnéis ábhartha eile a bhaineann le fochuideachtaí, brainsí agus caidrimh ghnó;***

***(b) táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla, lena n-áirítear sonraí imdhealaithe;***

***(c) tuarascálacha agus faisnéis a bhailítear trí na sásraí gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9;***

***(d) dul i mbun rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 3(nd);***

***(e) I gcomhthéacs a n-oibríochtaí, rud a chiallaíonn go dtugann cuideachtaí ag feidhmiú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardríosca faoi dhícheall cuí méadaithe, ata íogair ó***

*thaobh coinbhleachta trí anailís  
choinbhleachta maidir le bunchúiseanna,  
truicir agus páirtithe a spreagann an  
choinbhleacht agus an tionchar atá ag  
gníomhaíochtaí gnó na cuideachta ar an  
gcoinbhleacht a chomhtháthú;*

Leasú 58

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh  
acmhainní iomchuí ar fáil do  
chuideachtaí chun na drochthionchair da  
dtagraítear i mír 1 a shainaithint agus  
d'fhéadfaidís obair i gcomhar leis an  
gCoimisiún chun acmhainní iomchuí a  
ullmhú. Beidh an chumhacht ag údaráis  
mhaoirseachta mar a shainítear in  
Airteagal 17 tabhairt faoi  
ghníomhaíochtaí poiblíochta agus  
oideachasúla i ndáil leis sin, lena n-  
áirítear gníomhaíochtaí a bheidh dírithe  
ar chuideachtaí níos lú nach bhfuil faoi  
réir na n-oibleagáidí faoin Treoir seo.*

Leasú 59

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 7 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair fheideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a sainaitníodh nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a chosc, nó i gcás nach féidir iad a chosc nó a chosc láithreach, iad a mhaolú go leormhaith i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5 den

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun **drochthionchair** fheideartha ar chearta an duine, **ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas** a sainaitníodh nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a chosc, nó i gcás nach féidir iad a chosc nó a chosc láithreach, iad a mhaolú go leormhaith.

Airteagal seo.

## Leasú 60

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, ***i gcás inarb ábhartha:***

*Leasú*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí ***bearta iomchuí*** a dhéanamh, ***lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do*** na bearta seo a leanas:

## Leasú 61

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc***, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt ***i gcomhairle*** leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;

*Leasú*

(a) plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh ***beart iomchuí***, agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt ***trí rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach agus é a chur in oiriúint go beacht do chomhthéacs oibríochtaí na gcuideachtaí agus dá slabhra luacha. Déanfaidh sé a shaináithint agus a mheasúnú freisin an bhfuil samhail ghnó agus straitéisí na cuideachta curtha in oiriúint do na ceanglais díchill chuí; ba cheart go n-áireofaí leis straitéis tosaíochta bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht an drochthionchair fhéideartha i gcás nach féidir leis an gcuideachta na drochthionchair fhéideartha ar fad a chosc nó a mhaolú ag an am céanna; Beidh rannpháirtíocht ag teastáil leis na geallsealbhóirí lena mbaineann agus measúnú ar***

*dhrochthionchair fhéideartha a bhaineann le fionraí ama nó foirceannadh conarthaí, chun dochar níos mó a sheachaint, foráil a dhéanamh d'fhoirceannadh conarthaí nuair a bheidh an drochthionchar fhéideartha nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus dá bhrí sin nach féidir é a chosc trí ghníomhartha na cuideachta agus nuair a dhéanann an cuideachta measúnú nach gcruthófaí drochthionchar níos mó ná an ceann atá sé ar inti aici a chosc nó a mhaolú.*

## Leasú 62

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 8 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh sé de cheangal ar cuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, *i gcás inarb ábhartha:*

## Leasú 63

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an drochthionchar *a neodrú nó a mhéid a íoslagh dú, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc* leis na daoine lena mbaineann *agus trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail lena mbaineann. Beidh an ghníomhaíocht* comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

*Leasú*

3. Beidh sé de cheangal ar cuideachtaí *bearta iomchuí* a dhéanamh, *lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do* na bearta seo a leanas:

*Leasú*

(a) *deireadh a chur leis an drochthionchar agus é a mhaolú agus, i gcás ina n-aithníonn sé go bhfuil sé ina chúis leis an tionchar sin nó gur chuir sí leis an tionchar sin ar feadh a shlabhra luacha; foráil a dhéanamh maidir* leis an damáiste a leigheas nó comhoibriú chun an damáiste a rinneadh ar na daoine nó *ar na pobail* lena mbaineann a leigheas *go díreach. Leis na gníomhaíochtaí leighis déanfar an méid seo a leanas:*

(i) Beidh sé d'aidhm leo daoine lena

mbaineann a thabhairt ar ais don staid ina mbeidís murar tharla an drochthionchar, más féidir, agus a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

*(ii) a bheith comhroinnte go cothrom idir an chuideachta agus an comhpháirtí is cúis leis an damáiste nó a chuireann leis;*

*(iii) ba cheart leigheas ar dhrochthionchair a chinneadh bunaithe ar rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí agus d'fhéadfaí a áireamh leo cúiteamh nó athshlánú, leithscéal, cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais agus measúnú a dhéanamh cibé acu an bhaineann nó nach mbaineann geallsealbhóirí lochaileacha an tairbhe chéanna as íocaíochtaí cúitimh nó cineálacha eile cúitimh.*

*(iv) níor cheart go gcuirfí cosc ar gheallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh dul i mbun dhliteanas sibhialta na cuideachta agus ba cheart go gcuirfeadh na cúirteanna iad san áireamh go hionchuí in imeachtaí sibhialta.*

Leasú 64

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach,** plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. ***I gcás inarb ábhartha,*** déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt ***i gcomhairle leis***

*Leasú*

(b) plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta, uirlisí agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt ***trí rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, le hobair leantach chuí maidir leis na gealltanais chomhaontaithe a chur***

*na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;*

*chun feidhme agus an plean a chur in oiriúint go beacht do chomhthéacs oibríochtaí na gcuideachtaí agus dá slabhra luach. Déanfaidh sé a shainaithint agus a mheasúnú freisin an bhfuil samhail ghnó agus straitéisí na cuideachta curtha in oiriúint do na ceanglais díchill chúí; beidh rannpháirtíocht ag teastáil leis na geallsealbhóirí lena mbaineann agus measúnú ar an drochthionchar a bhaineann le fionraí ama nó foirceannadh conarthaí, chun dochar níos mó a sheachaint agus foráil a dhéanamh d'fhoirceannadh conarthaí nuair a bheidh an drochthionchar nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus dá bhrí sin nach féidir é a chosc trí ghníomhartha na cuideachta agus nuair a dhéanann an chuideachta measúnú nach gcruthófaí drochthionchar níos mó ná an ceann atá sé ar inti aici a chosc nó a mhaolú.*

## **Leasú 65**

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 9 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Nósanna imeachta gearán*

*Sásra gearán*

## **Leasú 66**

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 9 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas **na** gearáin a chur isteach:

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh **na daoine, grúpaí, pobail, eintitis agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fad a chumhdaítear in Airteagal 3 pointí (n), (na), (nb) agus (nc) mar aon leis na daoine nádúrtha agus**



*dlítheanacha a dhéanann ionadaíocht orthu, gearáin a thíolacadh. Más leanbh é an gearánach, féadfaidh caomhnóir gearán a thabhairt thar ceann an linbh.*

*(a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu,*

*(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibríthe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,*

*(c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.*

#### **Leasú 67**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 9 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe ***i dteideal*** an mhéid a leanas:

*Leasú*

4. Áiritheoidh go bhfuil na nithe seo a leanas ***á soláthar ag cuideachtaí do ghearánaigh agus dá n-ionadaithe:***

#### **Leasú 68**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe -a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(-a) faisnéis maidir leis an gcaoi ar féidir rochtain a fháil ar shásraí gearán agus tuairisc ar na nósanna imeachta atá ar fáil go poiblí;*

#### **Leasú 69**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe -a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-aa)** *sásraí gearán atá dlisteanach, inrochtana, intuatha, sábháilte, cothrom, trédhearcach, comhooiriúnach le cearta agus inoiriúnaithe lena gcuirtear ar chumas na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear go háirithe sealbhóirí ceart atá nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, dul i mbun rannpháirtíocht fhóinteach maidir le sásraí neamhspleácha gearán den sórt sin a bhunú agus measúnú a dhéanamh orthu;*

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – pointe -a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-ab)** *dearbhuithé maidir le neamh-fhrithbheartaíocht, rúndacht agus anaithnideacht a fháil do gheallsealbhóirí;*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – pointe -a c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-ac)** *faisnéis thráthúil mhionsonraithe, lena n-áirítear tásca soiléire ama maidir leis na céimeanna agus na bearta a rinneadh i gcomhthéacs gearán ar leith, toradh an nós imeachta agus an réasúnú mionsonraithe ag baint leis;*

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 9 – mír 4 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) obair leantach iomchuí **a iarraidh** ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1, **agus**

*Leasú*

(a) **beart** leantach iomchuí, **thráthúil agus éifeachtach** ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1,

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.

*Leasú*

(b) **deis** bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé;

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) leigheas iomlán, dá dtagraítear in agus i mbrí Airteagal 8(3) pointe (b), tríd an sásra gearán agus lena ráthaítear nach déanfar an díobháil atá ina hábhar don ghearán arís. Beidh an leigheas i gcomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair;**

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bb) Rochtain gan bhac ar an nós imeachta maidir le habhair imní a bhfuil bunús leo mar a shonraítear in Airteagal**

*19, ar na sásraí breithiúnacha poiblí a shonraítear in Airteagal 22 agus ar aon sásra eile breithiúnach nó neamhbhreithiúnach, gan beann ar bhain siad leas as sásra gearán agus cibé acu ar bhain siad nó nár bhain said úsáid as bealaí na sásraí neamhbhreithiúnacha nó cibé acu atá nó nach bhfuil na bealaí sin ídithe acu.*

Leasú 76

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***agus*** i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, ***lena n-áirítear*** treoirlínte ***le haghaidh*** earnálacha ***sonracha nó*** maidir le drochthionchair shonracha.

*Leasú*

***1.*** Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***i gcás inarb ábhartha leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus*** i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint ***ar na hoibleagáidí sonracha faoi Airteagail 5 go 11 chomh maith leis na gnéithe seo a leanas:***

***(a)*** earnálacha sonracha ***ardriosca den ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil drochthionchair thromchúiseacha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas mar thoradh orthu, lena n-áirítear earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b);***

***(b)*** ***comhroinnt acmhainní agus faisnéise i measc cuideachtaí agus eintiteas dlíthiúil eile chun drochthionchair a chosc, a mhaolú agus a leigheas i***

*gcomhréir le dlí na hiomaíochta;*

*(c) próisis agus acmhainní sonracha agus comhroinnt faisnéise do FBManna chun tacú le dícheall cuí a chur i bhfeidhm ina n-oibríochtaí;*

*(d) mapáil slabhraí luacha cuideachtaí agus próisis éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar iompar comhpháirtithe ar feadh an tslabhra luacha ina iomláine;*

*(e) drochthionchair shonracha, lena n-áirítear drochthionchair ar dhea-rialachas;*

*(f) trádáil fhreagrach agus inbhuanaithe, beartais agus cleachtais cheannaigh agus phraghsála;*

*(g) rochtain ar cheartas a éascú d'íospartaigh, lena n-áirítear maidir le comhshásamh, caingne ionadaíochta, costais neamh-idirdhealaitheacha a bhaineann le himeachtaí agus tréimhsí teorann iomchuí;*

*(h) rioscaí frithbhirt atá roimh gheallsealbhoirí a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí an chomhshaoil, as a rannpháirtíocht;*

*(i) cur chun feidhme dícheall cuí méadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, staideanna forghabhála míleata agus críocha neamh-féinrialaitheacha;*

*(j) díscor freagrach ó chaidrimh dhíobhálacha gnó;*

*(k) measúnú agus liostú dinimiciúil na gcomhthéacsanna nuair atá drochthionchair nasctha le cos ar bolg sistéamach agus stát-eagraithe agus a fhágann dá bhrí sin go bhfuil rannpháirtíocht fhóinteach, cosc agus maolú dodhéanta;*

*(l) modheolaíocht agus critéir atá le húsáid ag údarais mhaoirseachta chun cinní a dhéanamh maidir le*

*smachtbhannaí riaracháin agus cineál agus comhchuibhiú smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach;*

*(m) measúnú a dhéanamh ar shláine agus oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh il-gheallsealbhóra, go háirithe dearcthaí na sochaí sibhialta agus na ngeallsealbhóirí á gcur san áireamh in iniúchtaí;*

*(n) bearta ar cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun dícheall cuí atá inscne-fhreagrúil agsu cultúr-fhreagrúil a áirithiú;*

*(o) bearta ar cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin roimh shealbhóirí beaga, lena n-áirítear rochtain ar ioncam maireachtála.*

*2. I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chun feidhme aonfhoirmeach ar fud údaráis na mBallstát chun cothrom iomaíochta a áirithiú, déanfar faireachán ar chomhlíonadh na dtreoirilínte sin tríd an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i moltaí tírshonracha.*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. **Sáruithe ar** chearta agus ar thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine

*Leasú*

1. Cearta agus toirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – an chuid réamhráiteach (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Áirítear ar na cearta agus na toirmisc sin,  
i measc nithe eile:***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. ***Sárú ar*** an gceart atá ag daoine fónamh a bhaint as acmhainní nádúrtha talún agus gan a gcóir mhaireachtála a bhaint de réir Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

1. an ceart atá ag daoine fónamh a bhaint as acmhainní nádúrtha talún agus gan a gcóir mhaireachtála a bhaint de réir Airteagal 1 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. ***Sárú ar*** an gceart chun na beatha agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 3 den Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

2. an ceart chun na beatha agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 3 den Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. ***Sárú ar*** an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhonna nó táireach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

3. an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhonna nó táireach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

## Leasú 82

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Sárú ar** an gceart chun saoirse agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

4. an ceart chun saoirse agus slándála i gcomhréir le hAirteagal 9 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

## Leasú 83

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Sárú ar** an toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

5. an toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

## Leasú 84

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. **Sárú ar** an toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

*Leasú*

6. an toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin i gcomhréir le hAirteagal 18 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;

## Leasú 85

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 7



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **Sárú ar** an gceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha a lena n-áirítear **pá cóir**, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn réasúnach le huaireanta oibre i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

7. an ceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha lena n-áirítear **luach saothair lena bhforáiltear do** shaol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn réasúnach le huaireanta oibre. **Áirítear leis sin an ceart chun pá cothrom d'fhostaithe agus an ceart chun ioncam maireachtála d'oibríthe féinfhostaithe agus do shealbhóirí beaga** i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. an ceart go mbeadh caighdeán maireachtála leormhaith ag an duine féin agus ag a teaghlach/ag a theaghlach, lena n-áirítear bia, éadaí agus tithíocht leormhaith, agus an ceart go gcuirfí feabhas leanúnach ar dhálaí maireachtála de réir Airteagal 11(1) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus d'Airteagal 25(1) de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;**

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

8. **Sárú ar** an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar

8. an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibríthe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar

an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

## Leasú 88

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. **Sárú ar** cheart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leasanna i ngach cinneadh agus gníomhaíocht a dhéanann difear do leanaí i gcomhréir le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar** cheart an linbh a chumas iomlán a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar** cheart an linbh chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 24 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar** an gceart chun slándála sóisialta agus caighdeáin leordhóthanach maireachtála i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar** an gceart chun oideachais i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; **sárú ar** cheart an linbh a bheith cosanta ar gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide ghnéasaigh agus a bheith cosanta ar fhuadach, ar dhíol nó ar ghluaiseacht neamhdhleathach chuig áit eile laistigh nó lasmuigh dá thír chun críocha teacht i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh;

## Leasú 89

an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

9. ceart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leasanna i ngach cinneadh agus gníomhaíocht a dhéanann difear do leanaí i gcomhréir le hAirteagal 3 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; ceart an linbh a chumas iomlán a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; ceart an linbh chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 24 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; an ceart chun slándála sóisialta agus caighdeáin leordhóthanach maireachtála i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; an ceart chun oideachais i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh; ceart an linbh a bheith cosanta ar gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh agus mí-úsáide ghnéasaigh agus a bheith cosanta ar fhuadach, ar dhíol nó ar ghluaiseacht neamhdhleathach chuig áit eile laistigh nó lasmuigh dá thír chun críocha teacht i dtír, i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh;

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. **Sárú ar** an toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 mbliana d’aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus Airteagail 4 go 8 den Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138);

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 11 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

11. **Sárú ar** an toirmeasc ar shaothar leanaí de bhun Airteagal 32 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, lena n-áirítear na cineálacha is measa saothair leanaí do leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois) i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

12. **Sárú ar** an toirmeasc ar shaothar éigeantais; áirítear leis sin gach obair nó seirbhís a éilítear ó aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin dá dheoin féin, mar shampla de bharr

*Leasú*

10. an toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 mbliana d’aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus Airteagail 4 go 8 den Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138);

*Leasú*

11. an toirmeasc ar shaothar leanaí de bhun Airteagal 32 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, lena n-áirítear na cineálacha is measa saothair leanaí do leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d’aois) i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:

*Leasú*

12. an toirmeasc ar shaothar éigeantais; áirítear leis sin gach obair nó seirbhís a éilítear ó aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin dá dheoin féin, mar shampla de bharr

cuibhriú fiachais nó gáinneáil ar dhaoine; eisiatar ó shaothar éignithe aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8 (3) (b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

cuibhriú fiachais nó gáinneáil ar dhaoine; eisiatar ó shaothar éignithe aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8 (3) (b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

## Leasú 92

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 13

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

13. **Sárú ar** an toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta, cleachtas cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uiríslíú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach i gcomhréir le hAirteagal 4 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Airt. 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

*Leasú*

13. an toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta, cleachtas cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uiríslíú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach i gcomhréir le hAirteagal 4 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Airt. 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

## Leasú 93

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

14. **Sárú ar** an toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;

*Leasú*

14. an toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine i gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;

**Togra le haghaidh treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 15 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

15. **Sárú ar** an gceart chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98), lena n-áirítear na cearta seo a leanas:

*Leasú*

15. an ceart chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98), lena n-áirítear na cearta seo a leanas:

**Togra le haghaidh treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 16**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

16. **Sárú ar** an toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta de réir Airteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; cuimsíonn cóir neamh-chomhionann, go háirithe, luach saothair neamh-

*Leasú*

16. an toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta de réir Airteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111) agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; cuimsíonn cóir neamh-chomhionann, go háirithe, luach saothair neamh-

chomhionann a íoc as obair ar luach  
comhionann;

chomhionann a íoc as obair ar luach  
comhionann;

## Leasú 96

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

17. **Sárú ar** an toirmeasc ar íosphá leordhóthanach maireachtála a choinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

17. an toirmeasc ar íosphá leordhóthanach maireachtála a choinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

## Leasú 97

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 18 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

18. **Sárú ar** an toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil **intomhaiste** a chruthú, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, a

*Leasú*

18. an toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil **cainníochtúil agus cáilíochtúil** a chruthú, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, a

## Leasú 98

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 18 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) a dhéanann difear do shláine éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú,

*Leasú*

(e) a dhéanann difear do shláine éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú, **agus luach intreach na n-éiceachóras chomh maith leis na hidirghaolta idir eatarthu;**

## Leasú 99

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 18 – an fhomhír dheireanach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha **agus an ceart chun comhshaoil ghlan shláintiúil inbhuanaithe;**

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

19. **Sárú ar** an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraoisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraoisíú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

19. an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraoisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraoisíú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

20. **Sárú ar** cheart na bpobal dúchasach chun na dtailte, na gcríoch agus na n-acmhainní ba leosan go traidisiúnta, a bhí ina seilbh go traidisiúnta nó a bhí á n-úsáid nó á bhfáil ar shlí eile acu i gcomhréir le hAirteagal 25, Airteagal 26(1) agus (2), Airteagal 27, agus Airteagal 29(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le

*Leasú*

20. ceart na bpobal dúchasach chun na dtailte, na gcríoch agus na n-acmhainní ba leosan go traidisiúnta, a bhí ina seilbh go traidisiúnta nó a bhí á n-úsáid nó á bhfáil ar shlí eile acu i gcomhréir le hAirteagal 25, Airteagal 26(1) agus (2), Airteagal 27, agus Airteagal 29(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 1 – pointe 20 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**20a. ceart na bpobal dúchasach chun féinchinntiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 3 dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Ceartha na bPobal Dúchasach agus a gceart chun a réamhthoilú saor agus feasach a thabhairt, a mhodhnú, a choimeád siar nó a aistharraingt maidir le hidirghabhálacha, cinntí agus gníomhaíochtaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dá dtailte, dá gcríocha dá n-acmhainní agus dá gcearta, i gcomhréir le hAirteagal 10, 11(2), 19, 28, 29(2) agus 32(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Ceartha na bPobal Dúchasach agus Airteagal 6 agus 16(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha, 1989 (Uimh. 169);**

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

21. **Sárú ar** thoirmeasc nó ar cheart nach gcumhdaítear faoi phointí 1 go 20 thuas ach atá san áireamh sna comhaontuithe um chearta an duine atá liostaithe i Roinn 2 den Chuid seo, **rud a dhéanann dochar díreach do leas dlíthiúil a chosnaítear sna comhaontuithe sin, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann riosca lagaithe den sórt**

21. toirmisc nó ceart nach gcumhdaítear le pointí 1 go 20 ach a áirítear sna comhaontuithe um chearta an duine a liostaítear i Roinn 2 den Chuid seo.



*sin a shuíomh go réasúnta mar aon le haon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir seo a chomhlíonadh agus imthosca ábhartha uile a n-oibríochtaí á gcur san áireamh, amhail an earnáil agus an comhthéacs oibríochtúil.*

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Coinbhinsiún maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha

*Leasú*

2. Coinbhinsiún **agus ionstraimí** maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – an chuid réamhráiteach (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Áirítear ar na coinbhinsiún agus na hionstraimí sin, i measc nithe eile:*

*Leasú*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*— An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach Forfheidhmíthe;*

*Leasú*

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForéigean in aghaidh na mBan a Dhíothú;***

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

— Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, ***Treoirlínte Ghrúpa Forbartha na Náisiún Aontaithe maidir le Saincheisteanna na bPobal Dúchasach (2009) agus Treoirlínte Chlár UN-REDD maidir le Réamhthoilíú Saor agus Feasach (2013);***

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 10 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine;***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 10 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— ***An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta gach Oibrí Imircigh agus Cearta Daoine dá Theaghlach a***

*Chosaint;*

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— An Dearbhú maidir le Cearta  
Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta  
nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;

*Leasú*

— Dearbhú *na Náisiún Aontaithe*  
maidir le Cearta Daoine a bhaineann le  
Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha,  
Reiligiúnacha agus Teanga;

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— An Dearbhú maidir le Cearta  
Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta  
nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;

*Leasú*

— *Dearbhú na Náisiún Aontaithe*  
*maidir le Gach Cineál Neamhfhulaingthe*  
*agus Idirdhealaithe Bunaithe ar Reiligiún*  
*nó ar Chreideamh a Dhíothú;*

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 11 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— An Dearbhú maidir le Cearta  
Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta  
nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;

*Leasú*

— *Dearbhú na Náisiún Aontaithe*  
*maidir le Cearta na dTuathánach agus*  
*Daoine Eile a bhíonn ag Obair i*  
*gCeantair Thuaithe;*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Prótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;*

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha, 1989 (Uimh. 169);*

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 14 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *an Coinbhinsiún maidir le hObair Chuibhiúil d'Oibrithe Tí, 2011, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 189);*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 14 C (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh.*

190);

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 20 a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *An Coinbhinsiún maidir le  
Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 1981  
(Uimh. 155)*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Na hionstraimí dlí daonnúil  
idirnáisiúnta lena n-áirítear:*

- *ceithre Choinbhinsiún na Ginéive  
1949:*
- *Coinbhinsiún (I) le haghaidh  
Feabhsú Staid an Lucht Créachtaithe  
agus an Lucht Breoite i bhFórsaí Armtha  
ar an Machaire;*
- *Coinbhinsiún (II) le haghaidh  
Feabhsú Staid na gComhaltaí  
Créachtaithe, Breoite agus Longbhriste  
d'Fhórsaí Armtha ar Muir;*
- *Coinbhinsiún (III) maidir le  
Déileáil le Príosúnaigh Chogaidh;*
- *Coinbhinsiún (IV) maidir le  
Cosaint Daoine Sibhialta in Aimsir  
Chogaidh;*
- *Prótacail bhreise a ghabhann le  
Coinbhinsiúin na Ginéive;*

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Reacht na Róimhe den Chúirt  
Choiriúil Idirnáisiúnta;*

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Bunphrionsabail na Náisiún  
Aontaithe maidir leis an gCeart chun  
Leighis agus Cúitimh d’Iospartaigh na  
Sáruithe ar an Dlí Idirnáisiúnta i ndáil le  
Cearta an Duine agus na Sáruithe  
Tromchúiseacha ar an Dlí Daonnúil  
Idirnáisiúnta;*

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Rún Uimh.76/300 ó Chomhthionól  
Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir  
le ceart an duine chun comhshaoil ghlan  
shláintiúil inbhuanaithe;*

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Rúin Uimh.64/292, 68/157 agus  
45/8 ó Chomhthionól Ginearálta na  
Náisiún Aontaithe maidir le ceart an*

*duine chun uisce óil sábháilte agus chun na sláintíochta;*

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine (UNGPanna);*

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Treoir ECFE um Dhícheall Cuí i dTaca le hIompar Freagrach Gnó;*

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 h (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;*

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;*

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 j (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Cairt Shóisialta na hEorpa;*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 k (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *An Coinbhinsiún Eorpach maidir  
le Stádas Dlíthiúil Oibríthe Imirceacha;*

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 2 – fleasc 23 l (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

— *Coinbhinsiún Chomhairle na  
hEorpa chun foréigean in aghaidh na  
mban agus foréigean teaghlaigh a chosc  
agus a chomhrac.*

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – Roinn 3 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3. Dea-rialachas agus ionstraimí frith-  
éillithe*

*Áirítear ar na hionstraimí sin, i measc  
nithe eile:*

- *Coinbhinsiún na Náisiún  
Aontaithe in aghaidh an Éillithe, 2003;*



- *Dearbhú na Náisiún Aontaithe Bhunphrionsabail an Cheartais d'Íospartaigh na Coireachta agus na mí-úsáide cumhachta, 1985;*
- *Dearbhú na Náisiún Aontaithe Bhunphrionsabail neamhspleáchas na mbreithiúna, 1985;*
- *an Coinbhinsiún Dlí Shibhialta Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú, 1999;*
- *Coinbhinsiún ECFE maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta a Chomhrac, 1997;*
- *Coinbhinsiún arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal K.3(2)(c) den Choradh ar an Aontas Eorpach maidir leis an gComhrac i gCoinne an Éillithe a Bhfuil Oifigigh na gComhphobal Eorpach nó Oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dTreis ann, 1997;*
- *Prionsabal a Deich maidir leis an bhFrith-Éillú faoi chuimsiú 'Global Compact' de chuid na Náisiún Aontaithe;*
- *Cód Iompraíochta d'Oifigigh um Fhorfheidhmiú an Dlí, de chuid na Náisiún Aontaithe, 1979.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AFET 4.4.2022
<b>Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	15.9.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Raphaël Glucksmann 11.5.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	10.10.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	24.1.2023
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+: 41 –: 19 0: 5
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, Pedro Marques, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Matjaž Nemeč, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Dragoș Tudorache, Hilde Vautmans, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Bernhard Zimniok, Željana Zovko
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Anna-Michelle Asimakopoulou, Özlem Demirel, Markéta Gregorová, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Carina Ohlsson, María Soraya Rodríguez Ramos, Mick Wallace
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Manon Aubry, Damien Carême, Theresa Muigg, Younous Omarjee, Ivan Štefanec

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

41	+
ECR	Anna Fotyga
PPE	Andrius Kubilius
RENEW	Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Dragoș Tudorache, Salima Yénbou
S&D	Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Pedro Marques, Sven Mikser, Theresa Muigg, Matjaž Nemeč, Carina Ohlsson, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Isabel Santos, Sergei Stanishev, Nacho Sánchez Amor
The Left	Manon Aubry, Özlem Demirel, Marisa Matias, Younous Omarjee, Mick Wallace
Verts/ALE	François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Damien Carême, Markéta Gregorová, Erik Marquardt, Mounir Satouri, Jordi Solé, Thomas Waitz

19	-
ECR	Charlie Weimers, Uas.
ID	Thierry Mariani, Bernhard Zimniok
NI	Kostas Papadakis
PPE	Alexander Alexandrov Yordanov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sandra Kalniete, David Lega, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Radosław Sikorski, Ivan Štefanec, Željana Zovko
RENEW	Hilde Vautmans, Uas.

5	0
ID	Susanna Ceccardi, Uas.
PPE	Sunčana Glavak, Miriam Lexmann, Gheorghe-Vlad Nistor, Isabel Wiseler-Lima

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

25.1.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim (\*): Barry Andrews

(\*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

### LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

#### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh *earra* nó le soláthar seirbhísí *ag cuideachta*, lena n-áirítear *forbairt an táirge nó na seirbhíse* agus *úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó sheanbhunaithe na cuideachta. Ba cheart a chumhdach leis caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe réamhtheachtacha lena*

*Leasú*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí *cuideachta agus gníomhaíochtaí a cuid comhpháirtithe gnó a* bhaineann le táirgeadh *agus soláthar earraí* nó le soláthar seirbhísí, lena n-áirítear *comhpháirtithe gnó díreacha* agus indíreacha réamhtheachtacha *a dhearann, a eastóscann, a mhonaraíonn, a iompraíonn, a stóráilann agus a sholáthraíonn* amhábhbar, táirgí, codanna

*ndéantar amhábhbar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha, lena n-áirítear caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear *inter alia* dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.*

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 21

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **500** fostaí acu ar an meán agus a **bhfuil** glanláimhdeachas domhanda **os cionn EUR 150 milliún acu** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná **250 fostaí** acu ar an meán agus níos mó ná **EUR 40 milliún acu** i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba

de tháirgí, nó *a sholáthraíonn* seirbhísí don chuideachta, lena n-áirítear an táirge nó an tseirbhís a fhorbairt, agus comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha iartheachtacha a dháileann an táirge ar mhórdhíoltóirí, ar mhiondíoltóirí nó ar thomhaltóirí, a iompraíonn agus a stóráilann an táirge, a dhíchóimeáilann an táirge nó a dhéanann athchúrsáil air, lena n-áirítear múirín nó dramháil líonadh talún mar thoradh ar oibríochtaí na cuideachta. Níor cheart úsáid na n-earraí a mheas mar chuid den slabhra luacha chun críocha na Treorach seo.

*Leasú*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **250** fostaí acu ar an meán agus a **ghin** glanláimhdeachas domhanda **de níos mó ná EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh **50 fostaí nó** níos mó acu ar an meán agus a **ghin de** níos mó ná **EUR 8 milliún** i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba

cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi **Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE**, arna leasú le **Treoir 2018/957/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi **Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE**, arna leasú le **Treoir 2018/957/AE**, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

### Leasú 3

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola

cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi **Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE**, arna leasú le **Treoir 2018/957/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi **Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE**, arna leasú le **Treoir 2018/957/AE**, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

*Leasú*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola

teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). *Maidir leis an earnáil airgeadais, mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.*

Leasú 4

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 23**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar

teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile); *soláthar seirbhísí airgeadais amhail iasachtaí, creidmheasanna, maoiniú, pinsin, cistiú margaidh, bainistiú riosca, seirbhísí íocaíochta, urrúsú, seirbhísí árachais nó athárachais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta, agus seirbhísí airgeadais eile.*

*Leasú*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar

dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **EUR 150 milliún ar a laghad** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún** ach níos lú ná **EUR 150 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 36

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair **fhéideartha** leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a **gcaidreamh, an caidreamh tráchtála** leis an gcomhpháirtí

dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **de níos mó ná EUR 40 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas **de** níos mó ná **EUR 8 milliún** ach níos lú ná **EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.

*Leasú*

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair **féideartha** leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart **freisin** tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú **ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha** agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a



atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí *coiscthe agus íoslaghdaíthe* á saothrú *acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma*; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó *maidir* leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann *más dian* an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é *an* comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indíreach agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

*gcaidrimh agus más chun leasa iospartaigh fhéideartha na ndrochthionchar féideartha nó iarbhír atá siad, i gcomhréir le díscor freagrach chun caidrimh thráchtála* leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí *iomchuí* á saothrú *ag an am céanna chun deireadh a chur leis an drochthionchar nó chun fairsinge an drochthionchair a mhaolú, nó mar rogha dheiridh chun* deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó *i ndáil* leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann *má tá* an drochthionchar féideartha *tromchúiseach, sistéamach nó státurraíthe*. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indíreach agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 41

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair

*Leasú*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair

iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú **go leordhóthanach** leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i **gcás ina gceadaítear sin** leis an **dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh tráchtála leis an** gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an **drochthionchair** nó chun méid an drochthionchair a **íoslaghdú, nó** deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. **Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh,** ba cheart **do na Ballstáit foráil** a dhéanamh **maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur** leis an **gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.**

iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, **más chun leasa íospartaigh fhéideartha an drochthionchar féideartha nó iarbhír atá siad,** i **gcomhréir le díscor freagrach chun na caidrimh thráchtála** leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí **iomchuí** á saothrú **ag an am céanna** chun deireadh a chur leis an **drochthionchar** nó chun méid an drochthionchair a **mhaolú. Féadfaidh an chuideachta mar rogha dheiridh** deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian, **sistéamach nó státurraithe** é an drochthionchar. Ba cheart **don chuideachta dul i dteagmháil go tráthúil, go héifeachtúil agus go fóinteach le geallsealbhóirí, lena n-áirítear oibríthe agus a n-ionadaithe dlisteanacha a bhfuil tionchar ag an gcinneadh chun díscor a dhéanamh orthu sula ndéanfar an cinneadh sin, agus ba cheart di aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair a bhaineann** leis an **gcinneadh chun díscor a dhéanamh.**

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 42

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine **nó** ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumann agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhir. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumann agus ionadaithe eile na n-oibríthe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na **próisis** sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus **gearáin**, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearáin i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhir is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí **fógraí nó** gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inmí dhlísteanacha maidir le **tionchair** iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol **nó ar dhea-rialachas i ndáil lena slabhra luacha, a n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a gcomhpháirtithe gnó**. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach **fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, oibríthe, ceardchumann, eagraíochtaí na sochaí sibhialta** agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhir. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta **sábháilte, dlísteanach, inrochtana agus cothrom** a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumann agus ionadaithe eile na n-oibríthe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na **nósanna imeachta** sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus **gearán**, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearáin i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhir is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) ***Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintiúcháta.*** Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmhathanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

*Leasú*

(47) Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmhathanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol, i ndáil lena **n-oibríochtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra **luacha** arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus

*Leasú*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le **dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais**, drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol **agus ar dhea-chleachtas a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu**, **drochthionchair den chineál sin a chosc agus a mhaolú agus deireadh a chur leis na drochthionchair iarbhír sin, nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil, faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí, cumarsáid a dhéanamh go poiblí maidir lena mbeartas díchill chuí agus foráil a dhéanamh maidir le feabhsúchán i gcás inarb iomchuí i ndáil lena gcuid oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra **soláthair** arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus

## **Leasú 10**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidreamh bunaithe’ go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.**

*Leasú*

**scriosta**

## **Leasú 11**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) bhí níos mó ná **500** fostaí ag an

*Leasú*

(a) bhí níos mó ná **250** fostaí ag an

gcuideachta ar an meán agus **bhí** glanláimhdeachas níos **mó ná** **EUR 150 milliún aici** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

gcuideachta ar an meán agus **ghin sí** glanláimhdeachas **de** níos **ná** **EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi **phointe** (a), ach bhí níos mó ná **250** fostaí aici ar an meán agus **bhí** glanláimhdeachas de níos mó ná **EUR 40 milliún aici** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

*Leasú*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi **phointe** (a), ach bhí níos mó ná **50** fostaí **nó níos mó** aici ar an meán agus **ghin sí** glanláimhdeachas de níos mó ná **EUR 8 milliún san Aontas** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

## Leasú 13

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii a) soláthar seirbhísí airgeadais, amhail iasachtaí, creidmheasanna, maoiniú, pinsin, cistiú margaidh, bainistiú riosca, seirbhísí íocaíochta, urrúsú, seirbhísí árachais nó athárachais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta, agus seirbhísí airgeadais eile;**

## Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 150 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún** ach nach mó ná **EUR 150 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlánláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i **mír 1, pointe (b)**.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ drochthionchar ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí **de bhun na gcoinbhinsiún** idirnáisiúnta **maidir leis an gcomhshaol** a liostaítear **san Iarscríbhinn, Cuid II**;

*Leasú*

(a) gineadh glanláimhdeachas **de** níos mó ná **EUR 40 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;

*Leasú*

(b) gineadh glanláimhdeachas **de** níos mó ná **EUR 8 milliún** ach nach mó ná **EUR 40 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlánláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i **mír 1, pointe (b)**.

*Leasú*

(b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ drochthionchar ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí **arna mbunú faoin reachtaíocht** idirnáisiúnta **chomhshaoil agus aeráide lena n-áirítear na coinbhinsiún idirnáisiúnta chomhshaoil** a liostaítear i **gCuid II den Iarscríbhinn, ach gan a bheith teoranta dóibh**;

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí **ag cuideachta**, lena n-áirítear **forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó bhunaithe na cuideachta atá réamhtheachtach agus iartheachtach. Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin ach gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte sin FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin;**

*Leasú*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí **de chuid cuideachta agus de chuid a comhpháirtithe gnó a** bhaineann le táirgeadh **agus soláthar** earraí nó le soláthar seirbhísí, lena n-áirítear:

**(i) comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha réamhtheachtacha a dhearann, a eastóscann, a mhonaraíonn, a iompraíonn, a stóráilann agus a sholáthraíonn amhábhhar, táirgí, codanna de tháirgí, nó a sholáthraíonn seirbhísí don chuideachta lena n-áirítear an táirge nó an tseirbhís a fhorbairt, agus**

**(ii) comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha iartheachacha a dháileann an táirge ar mhórdhíoltóirí, ar mhiondhíoltóirí nó ar thomhaltóirí, a iompraíonn agus a stóráilann an táirge, a dhíchóimeálann an táirge nó a dhéanann athchúrsáil air, lena n-áirítear múirín nó dramhail líonadh talún mar thoradh ar oibríochtaí na cuideachta.**



*Ní mheasfar gur cuid den slabhra luacha í úsáid na n-earraí chun críocha na Treorach seo.*

## Leasú 18

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe j

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail’ meascán de nósanna imeachta díchill chuí sa slabhra **luacha deonacha**, uirlisí agus sásraí, lena n-áirítear fíoruithe neamhspleácha tríú páirtí, arna **bhforbairt agus arna** maoirsiú ag rialtais, comhlachais tionscail nó grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara;

*Leasú*

(j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail **nó il-gheallsealbhóra**’ meascán de nósanna imeachta **deonacha** díchill chuí sa slabhra **soláthair, dea-chleachtais**, uirlisí agus sásraí, lena n-áirítear fíoruithe **agus iniúchtaí** neamhspleácha tríú páirtí, arna maoirsiú ag **an gCoimisiún, ag** rialtais, **lena n-áirítear rialtais tíortha i mbéal forbartha**, comhlachais tionscail nó grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara:

*(i) a ghlacann cuideachtaí go deonach, agus, nuair a ghlactar iad, go bhfuil siad ceangailteach ar chuideachtaí agus, más infheidhme, ar a gcomhpháirtithe,*

*(ii) a chuimsíonn dearcthaí na sochaí sibhialta in iniúchtaí agus i stiúradh na gcaighdeán agus na sásraí casaoide de réir chritéir éifeachtachta UNGP;*

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn ‘**páirtithe leasmhara**’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile **a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó**

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘**geallsealbhóirí**’ daoine **nó grúpaí a ndéanann drochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas difear dá leasanna nó a d’fhéadfadh difear a dhéanamh dá leasanna, ar drochthionchair iad atá mar thoradh ar tháirgí, seirbhísí agus**

*a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.*

*oibríochtaí cuideachta, a fochuideachtaí agus a caidrimh ghnó thar an slabhra luacha amhail* fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, *oibríthe* agus *a n-ionadaithe, ceardchumann, scairshealbhóirí cuideachta, sealbhóirí ceart agus* daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile;

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2.** *De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shaináithint.*

*scriosta*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3.** *Nuair a dhéanann cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, ní dhéanfar drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shaináithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.*

*scriosta*

## Leasú 22

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1

Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí ***mhír 1*** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a ***íoslaghdú*** leis na bearta i ***míreanna 3, 4*** agus 5, staonfaidh an chuideachta ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus ***déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:***

***(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó***

***(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.***

Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí ***mhír 1*** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a ***mhaolú*** leis na bearta i ***míreanna 3, 4*** agus 5, ***nó ar aon bhealach eile agus i gcás nach bhfuil ionchas réasúnach ann go dtiocfaidh athrú ar chúrsaí***, staonfaidh an chuideachta ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh agus, ***más chun leasa íospartaigh fhéideartha an drochthionchar féideartha nó iarbhír atá siad, i gcomhréir le díscor freagrach chun na caidrimh thráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí iomchuí á saothrú ag an am céanna chun deireadh a chur leis an drochthionchar nó chun méid an drochthionchair a mhaolú.***

***Féadfaidh an chuideachta freisin, mar rogha dheiridh, deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian, sistéamach nó státurraithe é an drochthionchar. Déanfaidh an chuideachta páirt a ghlacadh go tráthúil, go héifeachtúil agus go fóinteach le geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag an gcinneadh chun díscor a dhéanamh orthu sula ndéanfar an cinneadh sin, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair a bhaineann leis an gcinneadh chun díscor a dhéanamh.***

## Leasú 23

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun **deireadh a chur leis an gcaidreamh** gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun **an caidreamh** gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe **a chur ar fionraí, nó mar rogha dheiridh, an caidreamh gnó sin a fhoirceannadh.**

## Leasú 24

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.**

*Leasú*

**scriosta**

## Leasú 25

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **gcuirfidh** cuideachtaí **an deis ar fáil do dhaoine** agus **d'eagraíochtaí** atá liostaithe i **mír 2** gearáin a chur faoina mbráid **i gcás ina bhfuil imní dhlisteanach orthu** maidir le **drochthionchair** iarbhir nó fhéideartha

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **mbunóidh** cuideachtaí **sásraí éifeachtacha is féidir le daoine** agus eagraíochtaí atá liostaithe i **mír 2 a úsáid, nó go nglacfaidh siad páirt iontu, chun fógraí nó** gearáin a chur faoina mbráid maidir le **tionchair**

ar chearta an duine **agus drochthionchair** ar an gcomhshaol i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a **slabhraí luacha**.

iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol **nó ar dhea-rialachas** i ndáil lena **slabhra luacha**, a n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a **gcomhpháirtithe gnó**. **Aíitheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí in ann an deis a thabhairt fógraí agus gearáin a chur isteach trí shocruithe comhoibríocha le cuideachtaí nó eagraíochtaí eile, trí pháirt a ghlacadh i sásraí casaoide il-gheallsealbhóra nó trí dhul isteach i gCreat-Chomhaontú Domhanda. Beidh an nós imeachta gearáin sábháilte, dlísteanaigh, inrochtana agus cothrom, agus déanfar foráil leis maidir leis an bhféidearthacht gearáin a dhéanamh go hanaithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus go rúnda. Má théitear ar iontaoibh sásra den sórt sin, ní chuirfear bac ar éilítheoirí rochtain a bheith acu ar shásraí breithiúnacha.**

## Leasú 26

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) daoine **dá** ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu **chun a** chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a **bheith acu orthu**,

*Leasú*

(a) daoine **a** ndéantar difear **dóibh** nó a bhfuil forais réasúnacha **agus fíorasacha** acu **lena** chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar **iarbhír nó féideartha, táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin difear a dhéanamh dóibh**,

## Leasú 27

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ceardchumann **agus** ionadaithe eile **oibríthe** a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine

*Leasú*

(b) **fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, oibríthe**, ceardchumann,

aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,

ionadaithe *oibrithe* eile *nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta* a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann *nó a ndéanann an slabhra luacha lena mbaineann difear dóibh,*

## Leasú 28

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i *mír 1*, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus na *hoibrithe agus na ceardchumainn ábhartha a chur* ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí *Airteagal 6*.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i *mír 1*, lena n-áirítear nós imeachta *sábháilte* nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí na daoine ábhartha, ceardchumainn, agus ionadaithe oibrithe eile do dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann,* ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí *Airteagal 6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí faisnéis ar fáil do gheallsealbhóirí faoi shásraí gearán den sórt sin, lena n-áirítear faisnéis faoi conas rochtain a fháil orthu, faoi chinntí agus leigheasanna a bhaineann le cuideachta agus faoin gcaoi a bhfuil na sásraí sin á gcur chun feidhme ag an gcuideachta.*

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 a (nua)

**4a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta treoir a thabhairt do chuideachtaí agus do ghníomhaithe eile atá freagrach as sásraí gearán a fhorbairt agus a riar, lena n-áirítear i ndáil leis na critéir a leagtar amach san Airteagal seo a bheith á gcomhlíonadh acu, i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta.**

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1**

Chun tacaíocht a **sholáthar** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **féadfaidh** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus **le páirtithe leasmhara**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **an dícheall** cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear **treoirlínte le haghaidh** earnálacha sonracha **nó** maidir le drochthionchair shonracha.

Chun tacaíocht a **thabhairt** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **leis na geallsealbhóirí**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach **um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, leis an nGníomhaireacht Eorpach** Chomhshaoil, **leis an Údarás Eorpach Saothair** agus, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **dhícheall** cuí, treoirlínte **soiléire agus cuimsitheacha** a eisiúint, lena n-áirítear **d'earnálacha** sonracha, maidir le drochthionchair shonracha, **agus i dtaca le hobair leantach iomchuí maidir le gearán. Soiléireofar sna treoirlínte sin freisin an chaoi a n-idirghníomhaíonn oibleagáidí cuideachtaí a eascraíonn as an Treoir seo le hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht eile de chuid an Aontais chun comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú. Cuirfear riachtanais FBManna san áireamh go háirithe sna treoirlínte agus cumasófar**

*leo cúnamh riaracháin agus airgeadais. Cabhróidh na treoirlínte le cuideachtaí, go háirithe FBManna, a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 11, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí beaga a shimpliú, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach seo a áirithiú. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna treoirlínte sin:*

- (a) i gcás earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha;*
- (b) forléargas ar na tionscnaimh thionscail is infheidhme, ar thionscnaimh il-gheallsealbhóra agus ar scéimeanna tionscail;*
- (c) treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar comhréireacht agus beartú tosaíochta, ó thaobh tionchair, earnálacha agus limistéir gheografacha de, a chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag brath ar mhéid agus ar earnáil na cuideachta;*
- (d) cleachtais cheannaigh fhreagracha;*
- (e) dícheall cuí atá freagrúil ó thaobh inscne de agus atá freagrúil ó thaobh an chultúir de;*
- (f) comhroinnt acmhainní agus faisnéise i measc cuideachtaí agus eintiteas dlíthiúil eile chun drochthionchair a chosc, a mhaolú agus a leigheas i gcomhréir le dlí na hiomaíochta;*
- (g) díscor freagrach;*
- (h) dícheall cuí méadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht;*



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Féadfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus **chun** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha páirtithe leasmhara a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Leasú*

3. **Déanfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus **déanfaidh sé** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha páirtithe leasmhara a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh **chomh maith le liosta neamh-uileghabhálach de scéimeanna tionscail i gcomhréir le pointe (j) d’Airteagal 3. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit sásraí comhair agus comhpháirtíochta le tríú tíortha a fhorbairt agus a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ndrochthionchar ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar dhea-rialachas, agus cuirfidh siad le cumas na ngníomhaithe eacnamaíocha réamhtheachtacha na ceanglais faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Tacóidh an Coimisiún leis na sonraí neamhspleácha a bhailiú go rannpháirtíoch agus go sábháilte maidir le drochthionchair den sórt sin agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí is gá chun go n-úsáidfear na sonraí i gcur chun feidhme na Treorach seo.**

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh **lena mbaineann raon páirtithe leasmhara** chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in **Airteagal 5 go**

*Leasú*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh **il-gheallsealbhóra a mheasann an Coimisiún a bheith oiriúnach, i gcomhréir le pointe (j) d’Airteagal 3** chun

***hAirteagal 11*** den Treoir seo ***a mhéid is iomchuí*** na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. ***Féadfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir ***leis na*** scéimeanna nó ***na tionscnaimh*** sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na ***dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara***.

tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in ***Airteagail 5 go 11*** den Treoir seo ***go bhfuil*** na scéimeanna agus na tionscnaimh sin ***iomchuí*** chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. ***Déanfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir ***le raon feidhme beacht*** scéimeanna nó ***tionscnamh den sórt*** sin, agus ***a n-ailíniú leis an Treoir seo, agus maidir le*** torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na ***dtionscnaimh il-gheallsealbhóra. Tá rannpháirtíocht i dtionscnaimh thionscail nó il-gheallsealbhóra fós comhlántach le freagracht agus oibleagáidí aonair na cuideachta dícheall cuí a dhéanamh faoin Treoir seo***.

## Leasú 33

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faoin ***[OP: cuir isteach an dáta = 7 bliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach]*** ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheisteanna seo a leanas:

## Leasú 34

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 29 – mír 1 – pointe d a (nua)

*Leasú*

Faoin ... ***[OP: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach]*** ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheisteanna seo a leanas:

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(d a) an tionchar ar FBManna***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(d b) infhaighteacht agus éifeachtacht na  
n-uirlisí tacaíochta***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – fotheideal 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Sárúithe ar chuspóirí agus ar thoirmisc a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil

sárúithe ar chuspóirí agus ar thoirmisc ***AE agus*** a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil ***agus aeráide agus i reachtaíocht an Aontais***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1 a. Sárú ar phrionsabail chomhshaoil Eorpacha mar a shainmhínítear in Airteagal 191 CFAE;***

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – pointe 12 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*12 d. Sárú ar na hoibleagáidí faoi  
Chomhaontú Pháras.*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 4.4.2022
<b>Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	15.9.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Barry Andrews 14.7.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	21.3.2022                      14.11.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	24.1.2023
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+:                      22 –:                      19 0:                      1
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Barry Andrews, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Javier Moreno Sánchez, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Sven Simon, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Alvarez
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Mazaly Aguilar, Anna Cavazzini, Enikő Győri, Manuela Ripa, Angelika Winzig
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riall 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Catherine Griset, Leopoldo López Gil, Karsten Lucke, Christian Sagartz, Simone Schmiedtbauer

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
NI	Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó
Renew	Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	Paolo De Castro, Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Karsten Lucke, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt
The Left	Emmanuel Maurel, Helmut Scholz
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Heidi Hautala, Manuela Ripa

19	-
ECR	Mazaly Aguilar, Geert Bourgeois, Jan Zahradil
ID	Catherine Griset, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani
NI	Enikő Győri
PPE	Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Christophe Hansen, Leopoldo López Gil, Christian Sagartz, Simone Schmiedtbauer, Sven Simon, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Angelika Winzig, Juan Ignacio Zoido Álvarez

1	0
Renew	Catharina Rinzema

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

30.1.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícéall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim (\*): René Repasi

(\*): Coiste comhlachaithe – Riall 57 de na Rialacha Nós Imeachta

### LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

#### Leasú 1

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Tá iompraíocht **chuideachtaí** i ngach earnáil den gheilleagar ríthábhachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí **de chuid** an Aontais, **go háirithe** cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a **chosaint**, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht

*Leasú*

(4) Tá iompraíocht **cuideachtaí** i ngach earnáil den gheilleagar ríthábhachtach chun go n-éireofar **le** cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí an Aontais, **lena n-áirítear** cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a **urramú**, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní

ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach. ***Thairis sin, cuireadh reachtaíocht cheangailteach díchill chuí chun feidhme i mBallstáit amhail an Fhrainc agus an Ghearmáin, lena méadaítear an gá atá le cothrom iomaíochta a bheith ann do chuideachtaí chun ilroinnt a sheachaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair.***

---

<sup>77</sup> ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [Fiontraíocht agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.  
<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

---

<sup>77</sup> ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [Samhlacha Fiontraíochta agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.  
<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann ***cheana*** maidir le hiompar freagrach gnó gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a ***chosaint*** agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine<sup>79</sup> freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na

*Leasú*

(5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta ***seanbhunaithe*** atá ***cheana*** ann maidir le hiompar freagrach ***amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE maidir le Dícheall Cuí*** gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a ***urramú*** agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine<sup>79</sup> freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir



tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indéreacha.

---

<sup>79</sup> ‘Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations “Protect, Respect and Remedy” Framework’, [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiún Aontaithe, 2011, ar fáil ag [https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr\\_en.pdf](https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf).

le cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indéreacha.

---

<sup>79</sup> ‘Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations “Protect, Respect and Remedy” Framework’, [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiún Aontaithe, 2011, ar fáil ag [https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr\\_en.pdf](https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf).

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indéreacha **sheanbhunaithe** ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indéreacha ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó

caidrimh ghnó i gcás ina n-eascaíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

Leasú 4

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 17 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

i gcás ina n-eascaíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí, **comhréireacha agus comhchuíseacha** a dhéanamh **de réir a hacmhainne, a** bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

*Leasú*

***(17a) Bíonn tionchar ag éifeachtaí díobhálacha nádúrtha nó guaiseacha de dhéantús an duine ar shlabhraí luacha domhanda, go háirithe ar shlabhraí luacha amhábhhar criticiúil. Léiríodh le géarchéim COVID-19 na rioscaí a bhaineann le slabhraí luacha criticiúla agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar thionchar na suaití sin amach anseo, rud a bheidh ina spreagadh don bhoilsciú agus as a dtiocfaidh méadú ina dhiaidh sin ar luaineacht mhaicreacnamaíoch chomh maith le neamhchinnteacht mhargaidh agus trádála. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart don Aontas tástálacha struis um athléimneacht a bhunú do***

*chuideachtaí, ar tástálacha iad atá cosúil leis na tástálacha struis le haghaidh institiúidí airgeadais, lena ndéanfaí freagairtí féideartha ar a rioscaí slabhra luacha a mhapáil, a mheasúnú agus a sholáthar, lena n-áirítear seachtrachtaí chomh maith le rioscaí sóisialta, comhshaoil agus polaitiúla.*

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó *sheanbhunaithe* na cuideachta. Ba cheart a chumhdach leis caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha *sheanbhunaithe* réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhbar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha, lena n-áirítear caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha *sheanbhunaithe*, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.

## Leasú 6

*Leasú*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó na cuideachta. Ba cheart a chumhdach leis caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhbar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha, lena n-áirítear caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí iasachtaí, seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile, ba cheart ‘slabhra luacha’ **maidir** le soláthar seirbhísí den sórt sin **a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí** na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, **agus dá bhfochuideachtaí** a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. Cliaint ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid **den slabhra** luacha. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliant sin a chumhdach.

*Leasú*

(19) A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí iasachtaí, seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile **atá nasctha le tabhairt i gcrích conartha**, ba cheart **go n-áireofaí le** ‘slabhra luacha’ **i ndáil** le soláthar seirbhísí den sórt sin **gníomhaíochtaí** na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, **na fochuideachtaí dá gcuid** a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist **agus tionchair na gcliant agus cuideachtaí eile a bhaineann leis an ngrúpa céanna**. Cliaint ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid **de shlabhra** luacha **na ngnóthas airgeadais rialáilte. Féadfaidh gnóthas airgeadais, áfach, cinneadh a dhéanamh, ar bhonn deonach, FBManna a chumhdach ina shlabhra luacha**. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliant sin a chumhdach **de réir tosaíochta chun forluí idir cleachtaí díchill chuí na ngnóthas airgeadais rialáilte ag a bhfuil slabhraí luacha atá ag forluí go páirteach a sheachaint**.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) **Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainathint mar is ceart agus**

*Leasú*

**scriosta**

*chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.*

Leasú 8

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear *sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo*. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach liostaítear go sonrach *san Iarscríbhinn* sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear *sna coinbhinsiúin sin* a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an

*Leasú*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear *i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine*. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach liostaítear go sonrach *sna treoirlínte* sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear *i gcoinbhinsiúin*

Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear *san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo*.

*idirnáisiúnta* a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear *i dTreoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine*.

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a **thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall** cuí a **chomhtháthú ina** mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír **agus fhéideartha** ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaitheint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghódú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbearta a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa

*Leasú*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a **chumhdaítear leis an Treoir seo tiomantas na cuideachta do dhícheall** cuí a **leabú i** mbeartais chorparáideacha **agus i gcórais bhainistíochta**, ba cheart dóibh drochthionchair **fhéideartha agus** iarbhír ar chearta an duine agus **tionchair** ar an gcomhshaol a **bhfuil siad ina gcúis leo nó a chuireann siad leo nó atá nasctha go díreach leo**, a shainaitheint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghódú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun,

Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

## Leasú 10

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(27a) I gcomhréir le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach, tá rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí ina cuid lárnach den phróiseas díchill chuí. Is féidir le comhairliúchán agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí cabhrú le cuideachtaí rioscaí a shaináithint ar bhealach níos beaichte agus straitéis díchill chuí níos éifeachtaí a chur ar bun. Ba cheart, dá bhrí sin, comhairliúchán agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí a bheith de cheangal i gcéimeanna uile an phróisis díchill chuí. D'fhéadfadh a rannpháirtíocht agus a gcomhairliúchán cabhrú le seasamh a thógáil i gcoinne brú ó na margáí airgeadais agus ó infheisteoirí gearrthéarmacha agus guth a thabhairt dóibh siúd a bhfuil leas mór acu in inbhuanaitheacht fhadtéarmach na cuideachta.***

## Leasú 11

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 27 b (nua)**

*(27b) Ba cheart do chuideachtaí faisnéis fhóinteach a sholáthar do gheallsealbhóirí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le hoibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí ar leith, ar bhealach tráthúil agus inrochtana agus sainiúlachtaí geallsealbhóirí éagsúla á gcur san áireamh. Ní mór do chuideachtaí cearta na bpobal dúchasach, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear saorthoilíú feasach roimh ré agus ceart na bpobal dúchasach chun féinchinntiúcháin.*

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na **rudáí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh**, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun

Leasú

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus **dícheall cuí sin a dhéanamh agus** ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart **tuairisc ar chur chuige na cuideachta i leith an díchill chuí** a bheith sa bheartas díchill chuí, **lena n-áirítear sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma**, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun



comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó *sheanbhunaithe*. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

## Leasú 13

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaitheint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaitheint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaitheint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith ***aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na***

feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ***agus iad a fhoilsíú.***

*Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaitheint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaitheint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaitheint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin ***nó*** saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith ***gníomhaíochta nó caidrimh***. Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála,

**drochthionchair a shainaitint.** Agus drochthionchair á sainaitint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

## Leasú 14

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 31

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) Chun ualach míchuí a **sheachaint ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardtionchair a** chumhdaítear leis an Treoir seo, **níor** cheart **oibleagáid a chur ar** na cuideachtaí sin **ach amháin na drochthionchair dhiana iarbhír nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann siad a shainaitint.**

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 32

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an

soláthair agus phraghsála, a shainaitint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

*Leasú*

(31) Chun ualach míchuí **ar FBManna** a chumhdaítear leis an Treoir seo **a sheachaint, ba** cheart na cuideachtaí sin **a thacú trí bhearta agus uirlisí leormhaithe agus spriocdhírthe.**

*Leasú*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an

gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart **a áirithiú** leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha **dheiridh** é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar **na** leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.

gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart **go n-áireofaí** leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha **deiridh** é an díscor **agus nach n-úsáidfeair é ach amháin i gcásanna sáruihte tromchúiseacha nó leanúnacha ar oibleagáidí faoin Treoir seo, tar éis gur theip ar iarrachtaí leanúnacha ar bhearta maolaithe riosca agus amháin más chun leasa iad siúd a ndéantar difear dóibh (díscor freagrach),** i gcomhréir **freisin** le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh. **Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh sa díscor na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh siúd a bhraitheann ar an táirge nó a ndéanann briseadh sna slabhraí soláthair difear dóibh.**

## Leasú 16

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 34

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí **na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí** plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. **Ba cheart do chuideachtaí** féachaint le dearbhuithe

*Leasú*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. **Féadfaidh cuideachtaí** féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc,

conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an bplean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd, *i gcás inar féidir. D'fhéadfadh na dearbhuithe conarthacha cuidiú le freagrachtaí a chomhthiomsú agus a chomhroinnt go héifeachtúil, go háirithe i gcás FBManna. Mar sin féin, trí bhrath ar dhearbhuithhe conarthacha, ní fhágann sin nach bhféadfadh cuideachta a bheith i mbun a hoibleagáidí díchill chuí a shárú. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i gcás roinnt cuideachtaí, lena n-áirítear infheisteoirí institiúideacha, go bhfuil sé deacair dearbhuithe conarthacha a fháil i ngeall nach iondúil go mbíonn caidreamh conarthach acu le cuideachta infheistiúcháin. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha i gcás inar féidir. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, lena n-áirítear a n-oibríochtaí féin, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.*

Leasú 17

## **Togra le haghaidh Treorach Aithris 35**

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna **nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghdaíthe a bhfuil tuairisc orthu**, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha.

## **Leasú 18**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 36**

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha **dheiridh** tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a **gcaidreamh, an caidreamh tráchtála** leis an gcomhpháirtí

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna **ina bhfuil eolas ar dhrochthionchair dhiana i gcaidrimh ghnó indíreacha lasmuigh den Aontas**, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha. **Ba cheart an fhéidearthacht sin a chur san áireamh ar bhonn ad hoc.**

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha **deiridh** tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a **gcaidrimh, caidrimh thráchtála** leis an gcomhpháirtí atá i gceist

atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus íoslaghdaithe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más dian an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. ***D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indírigh agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.***

## **Leasú 19**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 38**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnithníonn cuideachta drochthionchair iarbhir ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le

a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus íoslaghdaithe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más dian an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. ***Níor cheart na roghanna sin a chur san áireamh, áfach, ach amháin más chun leasa na ndaoine a ndéantar difear dóibh é.***

*Leasú*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnithníonn cuideachta drochthionchair iarbhir ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le

drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó *sheanbhunaithe*, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca.

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, *i gcás inarb ábhartha*. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínthe réasúnta, agus

drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca.

*Leasú*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínthe réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an

iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. **Ba cheart do chuideachtaí** féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach **a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis** go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair **na cuideachta** agus, **de réir mar is gá**, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 41

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le

ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. **Féadfaidh cuideachtaí freisin, i gcás inarb iomchuí**, féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair agus plean gníomhaíochta coisc **na cuideachta**, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is **gur** cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

*Leasú*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le



drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go **leordhóthanach** leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a **gcaidreamh, an caidreamh tráchtála** leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú **agus leas na ndaoine sin a ndéanann an tionchar difear dóibh á chur san áireamh**. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go **leormhaithe** leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a **gcaidrimh, caidrimh thráchtála** leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar **agus más chun leasa na ndaoine sin a ndéanann an drochthionchar atá i gceist difear dóibh**. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

## Leasú 22

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 42

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní dhlisteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur

*Leasú*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní dhlisteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. **Ní mór údar fíorasach a bheith leis na gearáin agus iad a dhoiciméadú go**

isteach ceadchumainn agus ionadaithe oibrithe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a **bhunú** chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceadchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas, **i gcás inarb ábhartha**, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus **gearáin**, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh **gearáin** i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta **agus bualadh** le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

**réasúnach**. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceadchumainn agus ionadaithe oibrithe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a **leagan síos** chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceadchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus **gearán**, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh **gearánaigh** i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta, **lena bhféadfaí cruinnithe** le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí **a áireamh** chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

Leasú 23

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 42 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(42a) Má tá cuideachta ina cúis le drochthionchar iarbhír nó féideartha nó rannchuidiú á dhéanamh aici leis an drochthionchar sin, ba cheart di an tionchar a chosc nó a mhaolú, úsáid a bhaint as a gearáil agus an díobháil a leigheas nó rannchuidiú leis an díobháil a leigheas. Maidir le cuideachtaí atá bainteach le drochthionchar iarbhír nó**

*féideartha gan iad a bheith ina siocair leis nó gan iad a bheith ina rannchuidiú leis, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as a ngiaráil a mhéid is féidir chun an tionchar a mhaolú agus ba cheart dóibh cabhrú le leigheas a fháil ina leith. Maidir le hinfheisteoirí institiúideacha agus bainisteoirí sócmhainní, de bharr a gcineáil ar leith agus a gcaidrimh le cliaint agus le cuideachtaí infheistiúcháin, is nasctha le drochthionchar amháin ar féidir iad a mheas. Mar thoradh air sin, ní féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith drochthionchar.*

## Leasú 24

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 43

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chúí. Ba cheart dóibh measúnuithe **tréimhsiúla** a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó **sheanbhunaithe**, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shaináithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go saináithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chúí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. **Chun a áirithiú go mbeidh** na measúnuithe sin **cothrom le dáta, ba cheart iad** a dhéanamh **gach 12 mhí ar a laghad** agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann

*Leasú*

(43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chúí. Ba cheart dóibh measúnuithe **leanúnacha** a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shaináithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go saináithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chúí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. **Ba cheart** na measúnuithe sin a dhéanamh **go rialta** agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun

lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun cinn.

cinn. *Ba cheart do ghnóthais airgeadais measúnú a dhéanamh ar an gcuideachta sula gcuirfidh sí an tseirbhís airgeadais ar fáil agus, i gcás inarb iomchuí, tar éis an tseirbhís a sholáthar más féidir a mheas go réasúnta go bhfuil an chuideachta i gceist ina cúis le drochthionchar nó go bhfuil sí ag rannchuidiú le drochthionchar. Ba cheart go gcinnfí minicíocht iomchuí an fhíoraithe i dtréimhse ar leith atá intuigthe leis an téarma ‘go tráthrialta’ i ndáil le dóchúlacht agus déine iarmhairtí díobhálacha. Dá dhóchúla agus dá dhéine an tionchar, is ea is rialta is ceart comhlíonadh a fhíorú.*

## Leasú 25

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 44

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó féideartha a shainaitheint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú **inbhuanaitheachta corparáideach**, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a

*Leasú*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó féideartha a shainaitheint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú **maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach**, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le

chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid maidir le cumarsáid a dhéanamh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga **is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta.**

haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. **Nuair a dhéantar faisnéis ar cheart í a thuairisciú de réir na Treorach seo a thuairisciú i gcomhréir le ceanglas tuairiscithe eile, ba cheart suíomh na faisnéise agus, i gcás inarb infheidhme, nasc chun rochtain a fháil ar an tuarascáil ábhartha a sholáthar chun a áirithiú go mbeidh sé éasca d'úsáideoirí í a aimsiú.** Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid maidir le cumarsáid a dhéanamh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga **oifigiúil an Bhallstáit.**

## Leasú 26

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 45

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra luacha a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonarthaacha eiseamláireacha.

## Leasú 27

*Leasú*

(45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra luacha a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonarthaacha eiseamláireacha. **Tabharfar tosaíocht d'fhorbairt clásal conarthach chun rioscaí don chomhshaol agus do chearta an duine a bhainistiú, go háirithe sna hearnálacha a mheastar a bheith ardtionchair chun críocha na Treorach seo.**

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 46

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le ***páirtithe leasmhara***, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.

**Leasú 28**

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ***ar FBManna*** a mhaolú, ***nó tá cuid mhór díobh*** ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. ***Chun tacú***

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le ***geallsealbhóirí***, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha. ***Ba cheart go n-áireofaí leis sin treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar comhréireacht agus beartú tosaíochta a chur i bhfeidhm.***

*Leasú*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochoonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin a mhaolú ***chun tacú le FBManna, a bhfuil go leor acu*** ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta ***agus chun***

*le FBManna*, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus *d'fhéadfadh* na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 54

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sáruihte ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí airgid a bheith ar áireamh sna smachtbhannaí riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. I gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-

*an t-ualach airgeadais nó riaracháin atá orthu a mhaolú*. Ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus *ba cheart* na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

*Leasú*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí *comhchuibhithe*, athchomhairleacha, comhréireacha *agus* éifeachtacha i gcás sáruihte ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí airgid a bheith ar áireamh sna smachtbhannaí riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. *Ba cheart fineálacha riaracháin den sórt sin a bheith inchomparáide ó thaobh méide de le fineálacha dá bhforáiltear faoi láthair i ndlí na hiomaíochta agus sa dlí maidir le cosaint sonraí. I* gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí

údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhaoirseachta inniúla.

riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhaoirseachta inniúla.

## Leasú 30

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 57

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal **caidrimh ghnó seanbhunaithe indíreacha**, ba cheart dliteanas na cuideachta a bheith faoi réir coinníollacha sonracha. Níor cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas más rud é gur chuir sí bearta díchill chuí sonracha i gcrích. Níor cheart, áfach, go saorfaí ó dhliteanas í trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme i gcás ina raibh sé míréasúnta a bheith ag súil leis gur **leordhóthanach** an beart iarbhír a rinneadh, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhlíonadh a fhíorú, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, tá aird chuí le tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a d'éiligh údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht

*Leasú*

(57) Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal **caidreamh gnó indíreach**, ba cheart dliteanas na cuideachta a bheith faoi réir coinníollacha sonracha. Níor cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas más rud é gur chuir sí bearta díchill chuí sonracha i gcrích. Níor cheart, áfach, go saorfaí ó dhliteanas í trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme i gcás ina raibh sé míréasúnta a bheith ag súil leis gur **leormhaith** an beart iarbhír a rinneadh, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhlíonadh a fhíorú, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, tá aird chuí le tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a d'éiligh údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht spriocdhírithé a soláthraíodh, agus ar aon chomhar le heintitis eile chun



spriocdhírithé a soláthraíodh, agus ar aon chomhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha.

aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha.

## Leasú 31

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 58

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(58) *Ní rialaítear leis an gcóras dlíteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur leordhóthanach gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, agus dá bhrí sin fágtar an cheist sin faoin dlí náisiúnta.*

*scriosta*

## Leasú 32

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a **bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus**

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **drochthionchair iarbhír agus fhéideartha** ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis **ina slabhra luacha trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe;**

## Leasú 33

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) maidir le **dlíteanas i leith sárúithe**

(b) **i dtaca le dlíteanas** maidir le

*ar na hoibleagáidí thuasluaite.*

*díobháil a tharla sna hoibríochtaí a bhfuil tuairisc orthu thuas i gcás ina ndearna an chuideachta díobháil nó inar rannchuidigh sí leis an díobháil trí bhíthin gníomhartha nó neamhghníomhartha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;*

#### **Leasú 34**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) i dtaca le rochtain ar cheartas agus leigheasanna dlíthiúla d'iospartaigh i leith damáistí a fulaingíodh maidir leis na tionchair sin.*

#### **Leasú 35**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcaidreamh gnó mar 'chaidreamh bunaithe' go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.*

*scriosta*

#### **Leasú 36**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun leibhéal cosanta chearta an duine nó chun cosaint an chomhshaoil a laghdú nó chun an aeráid a chosaint dá bhforáiltear le dlí na mBallstát *tráth a nglacfar an Treoir*

2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun leibhéal cosanta chearta an duine nó chun cosaint an chomhshaoil a laghdú nó chun an aeráid a chosaint dá bhforáiltear le dlí na mBallstát, *ná ní bheidh sí ina forais chun rochtain ar cheartas agus*

seo.

*leigheasanna dlíthiúla d'íospartaigh a laghdú.*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv – fleasc 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *oibreoir margaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (18), de Threoir 2014/65/AE<sup>1a</sup>;*

---

*<sup>1a</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margá in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496).*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv – fleasc 19 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *gníomhaireacht rátála creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>;*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iv – fleasc 19 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *riarthóir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6), de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>;*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) ciallaíonn ‘cuideachta infheistiúcháin’ cuideachta ina n-infheistíonn infheisteoir institiúideach nó bainisteoir sócmhainní nach féidir a mheas mar ghnóthas rialaithe;*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) ciallaíonn ‘infheisteoir institiúideach’ eintiteas mar a*

*shainmhínítear in Airteagal 2(e) de Threoir 2007/36/CE, faoi raon feidhme Airteagal 2 den Treoir seo;*

Leasú 42

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ac) ciallaíonn ‘bainisteoir sócmhainní’ eintiteas mar a shainmhínítear in Airteagal 2(f) de Threoir 2007/36/CE, faoi raon feidhme Airteagal 2 den Treoir seo;*

Leasú 43

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh le conraitheoir, le fochonraitheoir nó le haon *eintiteas dlíthiúil* eile (‘comhpháirtí’)

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh le conraitheoir, le fochonraitheoir nó le haon *eintitis dhlíthiúla* eile (‘comhpháirtí’) *ar fud a slabhra luacha.*

Leasú 44

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – pointe ii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ii) a bhfuil nasc díreach aige leis na hoibríochtaí gnó, leis na táirgí nó leis na seirbhísí;*

Leasú 45

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

(f) *ciallaíonn ‘caidreamh gnó bunaithe’ caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra luacha é.*

*scriosta*

Leasú 46

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

(g) *ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt **an** táirge nó **na** seirbhíse **agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó bhunaithe na cuideachta atá réamhtheachtach agus iartheachtach.** Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), **ní** áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin **ach** gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht. Ní **chumhdaíonn** slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte **sin** FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin;*

(g) *ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí **comhpháirtithe gnó de chuid cuideachta** a bhaineann le táirgeadh **agus soláthar** earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt **nó úsáid** táirge nó seirbhíse. Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin, **de réir tosaíochta**, gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht, **chomh maith le tionchar na ngníomhaíochtaí sin a chumhdach.** Ní **chumhdaítear le** slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte **de réir bhrí phointe (a) (iv)** FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas, **seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta nó seirbhísí airgeadais eile** na n-eintiteas sin;*

Leasú 47

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ga)** *ciallaíonn ‘giaráil’ cumas cuideachta athrú a dhéanamh ar chleachtais éagóracha an eintitis is cúis leis an drochthionchar nó a chuireann leis an drochthionchar;*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(h) ciallaíonn ‘fiorú neamhspleách tríú páirtí’ fiorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fiorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

(h) ciallaíonn ‘fiorú neamhspleách tríú páirtí’ fiorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fiorú é a dhéanann iniúchóir atá ***creidiúnaithe i mBallstát chun deimhniú a dhéanamh atá bunaithe ar chaighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar ábhair a bhaineann le cearta an duine agus an comhshaol agus ar iniúchóir é atá*** neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe k**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(k) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ***cónaí air***

(k) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sainordú

*nó atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú aige ó chuideachta de réir bhrí pointe (a)(ii) gníomhú thar a ceann i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí na cuideachta sin de bhun na Treorach seo;*

## Leasú 50

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn **‘páirtithe leasmhara’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus** daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis **eile a ndéanann** táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a **gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.**

## Leasú 51

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe q

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(q) ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus

aige ó chuideachta de réir bhrí pointe (a)(ii) gníomhú thar a ceann i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí na cuideachta sin de bhun na Treorach seo;

*Leasú*

(n) ciallaíonn **‘geallsealbhóirí’** daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis **a ndéantar difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfai difear a dhéanamh dá gcearta nó dá leasanna, le drochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar an gcomhshaol nó tionchair ar chearta an duine atá nasctha le** táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a **caidreamh gnó, lena n-áirítear oibríthe agus a n-ionadaithe, pobail áitiúla, leanaí, pobail dhúchasacha, comhlachais saoránach, ceardchumann, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus scairshealbhóirí na ngnóthas, chomh maith le heagraíochtaí arb é a gcuspóir reachtúil cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear cearta sóisialta agus saothair, an comhshaol nó dea-rialachas;**

*Leasú*

(q) ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus



imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, **cumas na cuideachta a tionchar air a mhéadú** agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

## Leasú 52

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Chun críocha phointe (h) den chéad mhír, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 chun na híoschaighdeáin don fhíorú neamhspleách tríú páirtí a shonrú.**

## Leasú 53

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) dícheall cuí a **chomhtháthú** ina mbeartais i gcomhréir le **hAirteagal 5**;

(a) dícheall cuí a **leabú** ina mbeartais **agus ina gcórais bainistíochta** i gcomhréir le **hAirteagal 5**;

## Leasú 54

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainnithint i gcomhréir le hAirteagal 6;

(b) drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainnithint **agus tosaíocht a thabhairt dóibh** i gcomhréir le hAirteagal 6;

Leasú 55

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) drochthionchair fhéideartha a chosc **agus** a mhaolú, **agus** deireadh a chur le drochthionchair iarbhír **agus** a méid a mhaolú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8;

*Leasú*

(c) drochthionchair fhéideartha a chosc **nó** a mhaolú **agus, i gcás inarb infheidhme**, deireadh a chur le drochthionchair iarbhír **nó** a méid a mhaolú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8;

Leasú 56

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. I gcás nach bhfuil sé indéanta aghaidh a thabhairt ar na tionchair uile a shainaithnítear ag aon am amháin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí, agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus pointe (c) á ndéanamh acu, tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair de réir a ndéine agus a ndóchúlachta, agus go gcuirfidh siad cineál agus comhthéacs a n-oibríochtaí, lena n-áirítear ón taobh geografach de, san áireamh. Tuigtear gurb ionann déine agus feidhm de scála, de raon feidhme agus de chineál doleigheasta an drochthionchair. Féadfaidh gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 1, pointe (c), aghaidh a thabhairt ar thionchair dhíobhálacha in ord a dtosaíochtaí.***

Leasú 57

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a **chomhtháthú** ina mbeartais chorparáideacha go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta;

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú **agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe.**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 2**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a **leabú** ina mbeartais chorparáideacha **agus ina gcórais bainistíochta** go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:

*Leasú*

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta. **Ceapfar an cód iompair chun a áirithiú go n-urramóidh an chuideachta cearta an duine agus an comhshaol;**

*Leasú*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme **ar fud an tslabhra luacha**, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain **agus iad a fhoilsiú. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal ar bheartais díchill chuí gnóthas tríd an bPointe Rochtana Aonair Eorpach ar feadh 30 bliain ar a laghad.**

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí beartas díchill chuí atá comhréireach agus comhchuí le dóchúlacht agus déine a ndrochthionchar féideartha nó iarbhír agus a n-imthosca sonracha, go háirithe a n-earnáil gníomhaíochta, méid agus fad a slabhra luacha agus méid, acmhainneacht, acmhainní agus gearáil na cuideachta.**

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **drochthionchair** ar an gcomhshaol a **shainaithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí** nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí **laistigh de réir a n-acmhainne** chun a **shainaithint agus a mheas an bhfuil siad ina gcúis le drochthionchair iarbhír** agus fhéideartha ar chearta an duine, **an rannchuidíonn siad leo nó an bhfuil siad nasctha go díreach leo, chomh maith le drochthionchair iarbhír** agus **fhéideartha**

baint acu lena slabhraí luacha, as a gcaidrimh ghnó *sheanbhunaithe*, i gcomhréir le *míreanna* 2, 3 agus 4.

ar an gcomhshaol a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcaidrimh ghnó, *agus cur chuige rioscabhunaithe á ghlacadh acu* i gcomhréir le *mír* 2, *mír* 3 agus *mír* 4.

## Leasú 63

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Áiritheoidh na Ballstáit go sainaitheoidh cuideachtaí an bhfuil siad ina gcúis le drochthionchair iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus le drochthionchair ar an gcomhshaol, nó an gcuireann siad leo nó an bhfuil siad nasctha go díreach leo, bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar mhodheolaíocht faireacháin rioscabhunaithe, agus dóchúlacht, déine agus práinn na ndrochthionchar, cineál agus comhthéacs a n-oibríochtaí, lena n-áirítear earnáil agus suíomh geografach, á gcur san áireamh, agus an bhfuil a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ina gcúis le haon cheann de na drochthionchair sin nó an gcuireann siad leo nó an bhfuil siad nasctha go díreach leo.*

## Leasú 64

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 1 b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1b. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí a slabhra luacha a mhapáil agus, le haird chuí do rúndacht tráchtála, faisnéis ábhartha a nochtadh go poiblí, lena n-áirítear ainmneacha,*

*suíomhanna, cineálacha táirgí agus seirbhísí arna soláthar, agus faisnéis ábhartha eile a bhaineann le fochuideachtaí, agus caidrimh ghnó.*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shaináithint.**

*scriosta*

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. Nuair a dhéanann cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, ní dhéanfar drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shaináithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.**

*scriosta*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na**

**4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na**

drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainnithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibrithe agus *páirtithe leasmhara* ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhir nó fhéideartha.

drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainnithint *agus a mheasúnú* bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear *ceardchumann, ionadaithe* oibrithe agus *geallsealbhóirí* ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhir nó fhéideartha. *Beidh an cur chuige sin in earnáil na seirbhís airgeadais bunaithe ar threoirlínte soiléire maidir leis an earnáil airgeadais. Déanfaidh institiúidí airgeadais rialáilte chomh maith le cuideachtaí eile tagairt d'fhaisnéis ábhartha a dhíorthaítear ó fhoinsí seachas gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, gníomhaireachtaí rátála inbhuanaitheachta nó riarthóirí tagarmharcanna.*

## Leasú 68

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an *gcomhshaol a shainnithnítear* de bhun Airteagal 6 a chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc láithreach, a mhaolú go *leordhóthanach* i gcomhréir le *mír* 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí *agus comhchuimseacha* chun drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an *gcomhshaoil a sainnithníodh, nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta* de bhun Airteagal 6, a chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc *nó nach féidir iad a chosc* láithreach, a mhaolú go *leormhaith, trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe* i gcomhréir le *míreanna* 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.

*Cuideachtaí a bhfuil nasc acu leis an drochthionchar féideartha gan iad a bheith ina gcúis leis nó rannchuidiú leis, ceanglaítear orthu úsáid a bhaint as a ngiaráil a mhéid is féidir chun aon tionchar atá fágtha a chosc nó a mhaolú agus ceanglaítear orthu cabhrú le feabhsúchán.*

## Leasú 69

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **bearta** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

*Leasú*

2. **Chun mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh**, beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **gníomhaíochtaí** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

## Leasú 70

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe a a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) straitéis tosaíochta a bhunú i gcomhréir le Prionsabal 17 de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine. Déanfaidh cuideachtaí breithniú ar leibhéal na déine, na dóchúlachta agus na práinne a bhaineann leis na drochthionchair fhéideartha agus iarbhír éagsúla ar chearta an duine nó na tionchair iarbhír ar an gcomhshaol, cineál agus comhthéacs a n-oibríochtaí, lena n-áirítear suíomh geografach, raon feidhme na rioscaí, a scála agus a dholeigheasta a d'fhéadfaidís a bheith agus, más gá, bainfidh siad leas as an mbeartas tosaíochta agus iad ag déileáil leo. Agus tosaíocht á tabhairt acu dá bhfreagairt ar rioscaí do chearta an**



*duine, is mar an phríomhthoisic a chaithfidh cuideachtaí le déine drochthionchair, amhail i gcás ina mbeadh an tionchar doleigheasta mar gheall ar fhreagairt mhoillithe.*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) áiritheoidh cuideachtaí nach mbeidh a mbeartais cheannaigh ina gcúis le drochthionchair fhéideartha nó iarbhir ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol ná nach gcuirfidh siad leis na drochthionchair sin;*

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó **a bhfuil gaol díreach gnó aige leis** go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta **um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach)**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe **conarthacha** sin, beidh feidhm ag mír 4;

(b) dearbhuithe conarthacha **agus eile atá comhréireach** a lorg, **más féidir**, ó chomhpháirtí gnó, **agus dlí na hiomaíochta á chur san áireamh**, go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta **coisc**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe sin, beidh feidhm ag mír 4;

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) *na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis agus sna bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun mír 1 a chomhlíonadh;*

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta *um chosc* inmharthanacht an FBM i mbaol;

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.**

*Leasú*

(c) próisis agus bonneagair *nósanna imeachta iomchuí a bhunú*, chun mír 1 a chomhlíonadh;

*Leasú*

(d) tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta *coisc* inmharthanacht an FBM i mbaol;

*Leasú*

*scriosta*

## Leasú 76

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh na bearta iomchuí chun **an chomhlíontacht a fhíorú** ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó **leis an gconradh**. Chun **comhlíontacht a fhíorú**, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

## Leasú 77

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfeair cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.** I gcás ina ndéantar bearta chun **comhlíontacht a fhíorú** i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

## Leasú 78

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Beidh na bearta iomchuí chun **a n-éifeachtacht a mheasúnú** ag gabháil leis na dearbhuithe, conarthacha nó **neamhchonarthacha**. Chun **éifeachtacht a mheasúnú**, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí. **Beidh na téarmaí a úsáidfeair cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.**

*Leasú*

I gcás ina ndéantar bearta chun **an éifeachtacht a mheas** i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

*Leasú*

**Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh forlámhas soiléir i gcónaí ag an dualgas dícheall cuí ginearálta ar aon dearbhuithe conarthacha. Déanfar dearbhuithe**

*conarthacha a mheasúnú i gcónaí in aghaidh an dualgais ghinearálta.*

Leasú 79

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go **leordhóthanach** leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó **chaidreamh** nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó **ón gcaidreamh sin** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina **bhfuil siad ina theideal de réir** an dlí lena rialaítear a **gcaidreamh**, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

*Leasú*

Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go **leormhaith** leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4 **agus aird chuí á tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta úsáid a bhaint as a gearáil chun drochthionchair fhéideartha a chosc nó a mhaolú go leormhaith**, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó **chaidrimh** nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó **ó chaidrimh atá ann cheana** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina **gceadaítear sin leis** an dlí lena rialaítear a **gcaidrimh**, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas **más chun leasa íospartaigh ionchasacha na ndrochthionchar féideartha agus iarbhír iad, i gcomhréir le díscor freagrach, agus comhréireacht, iarmhairtí cur isteach ar shlabhraí soláthair agus drochthionchair fhéideartha na gcinntí sin á gcur san áireamh freisin**:

Leasú 80

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór an drochthionchar

*Leasú*

(b) deireadh a chur, **mar rogha dheiridh**, leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór **nó do-aisiompaithe** an drochthionchar

féideartha.

féideartha.

## Leasú 81

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina **gcuirfidh** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile **nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don** eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

*Leasú*

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina **gcuireann** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, **d'eintitis is cúis le drochthionchair fhéideartha nó a chuireann le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1**, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile **má tá géarghá leis chun féimheacht an eintitis a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó a chosc. Ní fhéadfar cinneadh a dhéanamh chun an conradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile a fhoirceannadh de mhaolú ar mhír 5, pointe (b) ach amháin, mar rogha dheiridh, i gcás inar mhainnigh iarrachtaí gearála na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv) tionchar a imirt ar an** eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó **chun drochthionchair fhéideartha a chosc nó a mhaolú go leormhaith agus má tá leanúint den chonradh creidmheasa, iasachta nó den chonradh seirbhíse airgeadais eile comhréireach le déine agus dóchúlacht an drochthionchair fhéideartha.**

## Leasú 82

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaitníodh, ***nó ba cheart a bheith sainaitheanta***, de bhun Airteagal 6 a ***thabhairt chun deiridh***, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí ***agus comhchuímeacha de réir a n-acmhainne*** chun drochthionchair iarbhír ***arbh iad ba chúis leo nó ar rannchuidigh siad leo agus*** a sainaitníodh de bhun Airteagal 6, ***nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta de bhun Airteagal 6***, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo, ***a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh. Cuideachtaí atá bainteach leis an drochthionchar gan iad a bheith ina gcúis leis nó ina rannchuidiú leis, ceanglaítear orthu úsáid a bhaint as a ngiaráil a mhéid is féidir chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír.***

#### **Leasú 83**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 2**

2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair sin a ***íoslaghdú***.

2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí ***iarracht*** méid an tionchair sin a ***mhaolú a mhéid is féidir, agus san am céanna leanúint d'iarracht a dhéanamh deireadh a chur leis an drochthionchar.***

#### **Leasú 84**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

(a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc leis na daoine ***lena mbaineann*** agus trí chúiteamh airgeadais a

(a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú, lena n-áirítear, ***i gcás inar réasúnta agus infheidhme***, trí dhamáistí a íoc leis na daoine ***a ndéantar***

íoc leis na pobail *lena mbaineann*. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

*difear dóibh* agus trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail *a ndéantar difear dóibh*. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach *agus comhchuímeach* le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar, *chomh maith lena hacmhainní agus a gearáil*;

## Leasú 85

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe b a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) straitéis tosaíochta a bhunú i gcomhréir le Prionsabal 17 de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;*

## Leasú 86

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó *a bhfuil caidreamh gnó díreach aige leis* go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair *na cuideachta* agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta *um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach)*. Nuair a fhaightear na dearbhuithe *conarthacha* sin, beidh feidhm ag mír 5.

(c) *más infheidhme*, dearbhuithe, conarthacha *nó neamhchonarthacha*, a lorg ó chomhpháirtí gnó go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar *an* cód iompair agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta *ceartaithí*. Nuair a fhaightear na dearbhuithe sin, beidh feidhm ag mír 5.

## Leasú 87

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) na hinfheistíochtaí **is gá** a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis agus **sna** bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;

*Leasú*

(d) na hinfheistíochtaí a dhéanamh, **i gcás inar gá agus infheidhme**, amhail infheistíochtaí sna próisis agus bonneagair bhainistíochta nó táirgthe chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;

## Leasú 88

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) tacaíocht dhírithé chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta **ceartaitheach** inmharthanacht an FBM i mbaol;

*Leasú*

(e) tacaíocht dhírithé chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta **coisc** inmharthanacht an FBM i mbaol;

## Leasú 89

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**4. Maidir le drochthionchair iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích,**

*Leasú*

**scriosta**



*beidh feidhm ag mír 5.*

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh na bearta iomchuí chun **an chomhlíontacht a fhíorú** ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó **leis an gconradh**. Chun **comhlíontacht a fhíorú**, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

*Leasú*

Beidh na bearta iomchuí chun **a n-éifeachtacht a mheasúnú** ag gabháil leis na dearbhuithe, conarthacha nó **neamhchonarthacha**. Chun **an éifeachtacht a mheasúnú**, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí. **Beidh na téarmaí a úsáidtear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.**

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfead cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.** I gcás ina ndéantar bearta chun **comhlíontacht a fhíorú** i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

*Leasú*

I gcás ina ndéantar bearta chun **an éifeachtacht a mheas** i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghú leis na bearta i míreanna 3, 4 agus 5, staonfaidh an chuideachta ó **chaidreamh** nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó **ón gcaidreamh sin** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina **bhfuil siad ina theideal de réir** an dlí lena rialaítear a **gcaidreamh**, agus déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghú leis na bearta i míreanna 3, 4 agus 5, **agus aird chuí á tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta úsáid a bhaint as a gearáil chun drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deiridh nó a méid a íoslaghú**, staonfaidh an chuideachta ó **chaidrimh** nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó **ó chaidrimh atá ann cheana** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina **gceadaítear sin leis** an dlí lena rialaítear a **gcaidrimh**, agus déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas **más chun leasa íospartaigh ionchasacha na ndrochthionchar féideartha agus iarbhír iad, i gcomhréir le díscor freagrach, agus comhréireacht agus drochthionchair fhéideartha na gcinntí sin á geur san áireamh freisin**:

## **Leasú 93**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) **deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis** na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.

*Leasú*

(b) **mar rogha dheiridh, díscor go freagrach sa chaidreamh gnó i ndáil** leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.

## **Leasú 94**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina **gcuirfidh** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile **nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don** eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

*Leasú*

7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina **gcuireann** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil **d'eintitis is cúis le drochthionchair iarbhír nó a chuireann le drochthionchair iarbhír de réir bhrí mhír 1**, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile, **má tá géarghá leis chun féimheacht an eintitis a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó a chosc. Ní fhéadfar cinneadh a dhéanamh chun an conradh creidmheasa, iasachta nó an conradh seirbhíse airgeadais eile a fhoirceannadh de mhaolú ar mhír 6, pointe (b) ach amháin, mar rogha dheiridh, i gcás inar mhainnigh iarrachtaí gearála na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv) tionchar a imirt ar an eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó chun a méid a íoslaghdú agus má tá leanúint an chonartha creidmheasa, iasachta nó an chonartha seirbhíse airgeadais eile comhréireach le déine an drochthionchair iarbhír.**

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 8 a**

**Bearta iomchuí ó infheisteoirí  
institiúideacha agus ó bhainisteoirí  
sócmhainní chun a gcuid cuideachtaí  
infheistiúcháin a spreagadh chun na  
drochthionchair iarbhír a bhfuil siad ina**

*gcúis leo a thabhairt chun deiridh*

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh infheisteoirí institiúideacha agus bainisteoirí sócmhainní bearta iomchuí mar a thuairiscítear i mír 3 den Airteagal seo chun a gcuid cuideachtaí infheistiúcháin a spreagadh chun drochthionchair iarbhír a sainaitníodh, nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a thabhairt chun críche, i gcomhréir le hAirteagal 2, míreanna 2 go 6.*
- 2. I gcás nach féidir deireadh a chur leis an drochthionchar, áiritheoidh na Ballstáit go spreagfaidh infheisteoirí institiúideacha agus bainisteoirí sócmhainní a gcuid cuideachtaí infheistiúcháin chun méid an tionchair sin a íoslaghdú.*
- 3. I gcás inarb ábhartha, beidh sé de cheangal ar infheisteoirí institiúideacha agus ar bhainisteoirí sócmhainní dul i dteagmháil leis an gcuideachta infheistiúcháin agus cearta vótála a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 3 g (1), pointe (a) de Threoir 2007/36/CE [SRD2], chun comhlacht bainistíochta de chuideachta infheistiúcháin a spreagadh chun an tionchar iarbhír a thabhairt chun deiridh nó a mhéid a íoslaghdú. Beidh an ghníomhaíocht a lorgófar ón gcuideachta infheistiúcháin comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus le rannchuidiú iompar na cuideachta infheistiúcháin leis an drochthionchar. Ar an gcaoi chéanna, beidh na gníomhaíochtaí a cheanglófar ar infheisteoirí institiúideacha agus ar bhainisteoirí sócmhainní comhréireach agus comhchuíseach, agus tabharfaidh siad aird chuí ar an méid rialaithe atá acu ar an gcuideachta infheistiúcháin.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **gcuirfidh** cuideachtaí an deis **ar fáil** do dhaoine agus d'eagraíochtaí **atá liostaithe** i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil **imní** dhlísteanach **orthu** maidir le drochthionchair iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an **gcomhshaol** i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go **mbunóidh** cuideachtaí **sásraí éifeachtacha um ghearáin ar an leibhéal oibríochtúil, nó go nglacfaidh siad páirt iontu, ar sásraí iad is féidir a úsáid tríd an deis a thabhairt** do dhaoine agus d'eagraíochtaí **a liostaítear** i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil **faisnéis** dhlísteanach **acu** maidir le drochthionchair iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an **gcomhshaoil** i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha. **Ní mór údar fíorasach a bheith leis an gearán agus é a dhoiciméadú go réasúnach. Feidhmeoidh an nós imeachta gearán mar shásra luathrabhaidh maidir le feasacht riosca agus mar chóras idirghabhála araon agus beidh sé sábháilte, dlísteanach, inrochtana agus cothromasach, agus déanfar foráil leis maidir leis an bhféidearthacht gearáin a dhéanamh gan ainm agus faoi rún. Má théitear ar iontaoibh sásra den sórt sin, ní chuirfear bac ar éilitheoirí rochtain a bheith acu ar shásraí breithiúnacha.**

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasófar cuideachtaí chun sásra den chineál sin a chur ar fáil trí shocrúithe comhoibríocha le cuideachtaí, le scéimeanna tionscail nó le heagraíochtaí eile, trí pháirt a ghlacadh i sásraí casaoide il-gheallsealbhóirí nó trí dhul isteach i gCreat-Chomhaontú Domhanda.**

## Leasú 98

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go **bhféadfadh** drochthionchar **a bheith acu orthu,**

Leasú 99

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,

## Leasú 100

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.

## Leasú 101

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go

PE738.450v02-00

*Leasú*

(a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go **ndéanfaidh** drochthionchar **difear dóibh;**

*Leasú*

(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, **a bhfuil ábhar imní dlisteanach acu,**

*Leasú*

(c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann, **a bhfuil leas dlisteanach acu.**

3. Áiritheoidh na Ballstáit go

382/737

RR\1278479GA.docx

mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus na hoibrithe agus na ceardchumainn ábhartha a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal 6.

## Leasú 102

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **na gearánaithe** i dteideal an **mhéid a leanas**:

## Leasú 103

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) **obair leantach iomchuí a iarraidh ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1, agus**

## Leasú 104

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe b

mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus na hoibrithe agus na ceardchumainn ábhartha a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal 6. **Is féidir é sin a dhéanamh i gcomhar le scéimeanna tionscail nó le tionscnaimh il-gheallsealbhóirí.**

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **gearánaigh** i dteideal **obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ón gcuideachta a ndearna siad gearán léi de bhun mhír 1.**

*Leasú*

**scriosta**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.**

*scriosta*

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe **tréimhsiúla** ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó **sheanbhunaithe**, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh **na measúnuithe sin** bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad **gach 12 mhí ar a laghad** agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe **leanúnacha** ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. **Déanfar measúnuithe den sórt sin le ceardchumann, le hionadaithe oibríthe agus i gcomhairle le geallsealbhóirí.** Beidh **siad** bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad **go rialta** agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin.

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh



cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi *Airteagal* 19a agus *Airteagal* 29a de Threoir 2013/34/AE tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga *is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta*. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, agus cumhdóidh sé an bhliain féilire roimhe sin.

## Leasú 107

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena sonrúfar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, drochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin.

## Leasú 108

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi *Airteagail* 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga *oifigiúil de chuid an Bhallstáit*. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, agus cumhdóidh sé an bhliain féilire roimhe sin.

*Leasú*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena sonrúfar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, *a dhearadh agus a mhodheolaíocht*, drochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin. *Áiritheoidh an Coimisiún gur féidir tuairisciú a dhéanamh trí fhoirm shimplithe tuairiscithe agus déanfaidh sé, tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, treoirlínte a sholáthar chun tacú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.*

*Leasú*

*Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, áiritheoidh an Coimisiún nach mbeidh aon dúbláil sna ceanglais tuairiscithe le haghaidh cuideachtaí dá*

*dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), atá faoi réir ceanglais tuairiscithe agus a dhéanann drochthionchair phríomha a mheas i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>, agus fós na hoibleagáidí íosta a shonraítear sa Treoir seo á gcoinneáil go hiomlán.*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).*

## **Leasú 109**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ráitis bhliantúla arna n-ullmhú ag cuideachtaí de bhun an Airteagail seo faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin dá dtagraítear i Rialachán [cuir isteach Rialachán ESAP] chun an fhaisnéis sin a dhéanamh inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP).*

## **Leasú 110**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 12 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3), pointe (c) a éascú, glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le clásail chonartha *shamplacha*

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3), pointe (c) a éascú, glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le clásail chonartha *eiseamláireacha* dheonacha *nach déanaí ná bliain amháin*

dheonacha.

*tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Tabharfaidh sé tús áite d'fhorbairt clásal conarthach chun rioscaí don chomhshaol agus do chearta an duine a bhainistiú.*

## Leasú 111

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a **sholáthar** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **féadfaidh** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus **le páirtithe leasmhara**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an **nGníomhaireacht** Eorpach Chomhshaoil, agus **i gcás inarb iomchuí** le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, **lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.**

## Leasú 112

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1 – pointe a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## Leasú 113

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1 – pointe b (nua)

*Leasú*

Chun tacaíocht a **thabhairt** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **leis na geallsealbhóirí**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an **Ghníomhaireacht** Eorpach Chomhshaoil, **an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga** agus **Mheánmhéide**, agus le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint:

*Leasú*

**(a) i bhformáid dhigiteach, saor in aisce agus inrochtana go héasca;**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) lena n-áirítear le haghaidh earnálacha sonracha, comhthéacsanna agus réimsí sonracha, nó drochthionchair shonracha;**

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) lena n-áirítear treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh cuideachtaí agus earnálacha a chumhdaítear leis an Treoir seo a n-oibleagáidí díchill chuí a chur i bhfeidhm ag tarraingt ar threoir earnála agus chothrománach ábhartha ó ECFE agus ó na Náisiúin Aontaithe;**

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) lena n-áirítear forléargas ar thionscnaimh tionscail is infheidhme;**

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(e) lena n-áirítear treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar comhréireacht agus beartú tosaíochta, ó thaobh tionchar, earnálacha agus**

*limistéir gheografacha de, a chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag brath ar mhéid agus earnáil an ghnóthais;*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(f) treoir a ghlacadh agus a oiriúnú de réir mar is iomchuí maidir le dlí na hiomaíochta i ndáil lena n-oibleagáidí díchill chuí chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun a gcomhlíonadh le hAirteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3), pointe (c) a éascú, trí ghiaráil chomhchoiteann a úsáid.*

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cuirfear na treoirlínte ar fáil tráth nach déanaí ná ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú go tréimhsiúil ar ábharthacht a threoirlínte, déanfaidh sé iad a oiriúnú do dhea-chleachtais nua agus eiseoidh sé treoirlínte nua nuair is gá.*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Tabharfaidh an Coimisiún bileoga eolais tíre cothrom le dáta go rialta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad chun faisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil maidir leis na Coinbhinsiúin agus na Conarthaí idirnáisiúnta arna ndaingniú ag gach comhpháirtí trádála de chuid an Aontais. Baileoidh agus foilseoidh an Coimisiún sonraí trádála agus custaim maidir le tionscnamh amhábar, agus maidir le táirgí idirmheánacha agus críochnaithe, agus foilseoidh sé faisnéis faoi rioscaí a bhaineann le drochthionchair fhéideartha agus iarbhír ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar rialachas a bhaineann le tíortha nó réigiúin, earnálacha agus fo-earnálacha áirithe, agus táirgí áirithe.***

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír -1 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***-1. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis agus tacaíocht éifeachtach ar fáil do gheallsealbhóirí, lena bhféadfar suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha tiomnaithe, comhairle dlí agus tacaíocht riaracháin chun cearta a éileamh a chuirtear ar fáil dóibh leis an Treoir seo a áireamh.***

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur

1. ***Déanfaidh an Coimisiún i***

ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil **caidreamh gnó seanbhunaithe** acu leo ina slabhraí luacha, **déanfaidh na Ballstáit**, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí luacha cuideachtaí.

## Leasú 122

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**gcomhar leis na Ballstáit**, chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil **caidrimh ghnó** acu leo ina slabhraí luacha, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí luacha cuideachtaí.

*Leasú*

**2a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan tacaíocht stáit a chur ar fáil do chuideachtaí nach gcomhlíonann cuspóirí na Treorach seo.**

## Leasú 123

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Féadfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus chun bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha **páirtithe leasmhara** a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Leasú*

3. **Déanfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus chun bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha **geallsealbhóirí** a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

## Leasú 124

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Déanfaidh an Coimisiún tástálacha struis um athléimneacht do chuideachtaí a fhorbairt agus a chomhordú ar bhonn débhlantúil. Beidh siad sin bunaithe ar mhodheolaíochtaí comhchoiteanna lena ndéanfaí inbhuanaitheacht slabhraí luacha cuideachtaí a mhapáil, measúnú a dhéanamh orthu agus freagairtí coisctheacha agus feabhais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus leochaileachtaí a bhaineann le drochthionchair ina slabhraí luacha.**

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3b. Déanfaidh an Coimisiún, uair sa bhliain, agus níos minice i gcás inar gá, achoimre ar na measúnuithe faoi mhír 3a a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, lena n-áirítear na príomhrioscaí agus na príomhleochaileachtaí a saináithníodh.**

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 3 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3c. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28 chun faisnéis a éilítear ar chuideachtaí chun críche mhír 1, pointí (a) go (f), a**



**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Féadfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnaimh sin, a éascú. **Féadfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnaimh** lena mbaineann raon **páirtithe leasmhara**.

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Déanfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnaimh sin, a éascú. **Déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnaimh** lena mbaineann raon **geallsealbhóirí**.

**4a. Ní fhágfaidh an chaoi a mbítear ag brath ar scéimeanna tionscail agus ar thionscnaimh lena mbaineann raon geallsealbhóirí go scaoilfear an chuideachta ón bhfreagracht ar leith atá uirthi a dícheall cuí a dhéanamh ná go gcuirfidh cosc uirthi a bheith faoi dhliteanas.**

## Leasú 129

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh **na** cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a) agus **in** Airteagal 2(2), pointe (a), plean a **ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Saináithneofar leis an bplean sin, go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá **an t-athrú aeráide ina** riosca nó **ina thionchar ar** oibríochtaí na cuideachta.**

## Leasú 130

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina saináithnítear, nó inar cheart gur saináithníodh, an t-athrú aeráide mar **phríomhriosca** d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.

## Leasú 131

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 3

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), agus Airteagal 2(2), pointe (a), plean **aistrithe a tharraingt suas agus a fhoilsiú mar a shainmhínítear é in Airteagal 19a, mír 2, pointe (iii) de Threoir 2022/2464, ina saináithneoidh siad**, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá riosca nó **tionchar ag an athrú aeráide d'**oibríochtaí na cuideachta.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina saináithnítear, nó inar cheart gur saináithníodh, an t-athrú aeráide mar **phríomh-riosca** d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean **aistrithe**.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go cuí comhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus luach saothair inathraithe á shocrú acu, má tá luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.***

*scriosta*

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. ***Cuirfidh*** an Coimisiún liosta na n-údarás ***maoirseachta*** ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

*Leasú*

7. ***Déanfaidh*** an Coimisiún liosta ***de*** na ***húdaráis mhaoirseachta, agus nuair is infheidhme, inniúlachtaí na*** n-údarás ***sin faoi seach, a chur*** ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

*Leasú*

7. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. Maidir le cinní na n-údarás maoirseachta a bhaineann le comhlíonadh na Treorach ag cuideachta, áirítheoidh na Ballstáit nár dhochar na cinní sin do dhliteanas sibhialta na cuideachta faoi Airteagal 22.**

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Déanfaidh na **Ballstáit na** rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh **siad** gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

1. Déanfaidh **an Coimisiún** na rialacha **comhchuibhithe** a bhaineann leis na smachtbhannaí **riaracháin** is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, agus glacfaidh **na Ballstáit** gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Déanfar aon smachtbhanna a ghlacfar a phoibliú.**

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad bunaithe ar láimhdeachas na cuideachta.**

*scriosta*

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Bunóidh an tÚdarás bunachar sonraí poiblí ina liostófar na gnóthais uile atá faoi réir na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis an Údarás chun gach gnóthas neamh-Eorpach a chumhdaítear leis an Treoir seo a shainaithint.**

**(a) nascfaidh an liosta gnóthas ainm gach gnóthais leis an ráiteas arna fhoilsiú de bhun Airteagal 11 nó seachas sin taispeánfar nach bhfuil ráiteas foilsithe ag an ngnóthas;**

**(b) cuirfidh an tÚdarás bunachar sonraí poiblí ar bun maidir le limistéir ardriosca, mar a shainmhínítear in Airteagal 3;**

**(c) ba cheart gach réimse ardriosca a bheith nasctha le tuairisc ar na rioscaí sonracha a bhfuil sé faoina réir agus le doiciméadacht ábhartha maidir leis na rioscaí sin.**

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gur mhainnigh *siad* na hoibleagáidí a leagtar síos in *Airteagal 7* agus in *Airteagal 8* a chomhlíonadh agus;

*Leasú*

(a) gur mhainnigh na *cuideachtaí na* hoibleagáidí a leagtar síos in *Airteagail 7* agus 8 a chomhlíonadh agus;

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) *mar thoradh ar an mainneachtain sin, gur tharla drochthionchar ba cheart a shainaithint, a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a mhéid a mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus a raibh damáiste mar thoradh air.*

*Leasú*

(b) *ba é an mhainneachtain sin maidir le comhlíonadh ba chúis leis an drochthionchar nó a rannchuidigh leis an drochthionchar.*

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Ia. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna nach raibh cuideachta ina cúis le drochthionchar nó nár chuir sí le drochthionchar, ach ina bhfuil nasc díreach idir oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí na cuideachta agus drochthionchar.*

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

D'ainneoin mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit,

D'ainneoin mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit,

i gcás *ina ndearna* cuideachta *na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 7(4), nó Airteagal 8(3), pointe (c), agus Airteagal 8(5)*, nach mbeidh sí faoi dhliteanas as damáistí arb é is cúis leo drochthionchar a thagann chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhpháirtí indíriú *a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe aige leis, mura* rud é go raibh sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil gur leor an ghníomhaíocht a rinneadh *iarbhír*, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh, chun drochthionchar a chosc, a mhaolú nó a *laghdú*.

Leasú 143

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 – fómhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

i gcás *inar léirigh* cuideachta *gur chomhlíon sí a hoibleagáidí faoin Treoir seo*, nach mbeidh sí faoi dhliteanas as damáistí arb é is cúis leo drochthionchar a thagann chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhpháirtí indíriú, *seachas más* rud é go raibh sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil gur leor an ghníomhaíocht a rinneadh *i ndáiríre*, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh *a fhíorú*, chun drochthionchar a chosc *nó* a mhaolú, *chun deireadh a chur leis an drochthionchar nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú*.

*Leasú*

*Más rud é nár tugadh tosaíocht do dhrochthionchar tar éis bheartú tosaíochta na drochthionchar i gcomhréir le hAirteagal 4(1a), ní féidir cuideachta a chur faoi dhliteanas i leith riosca a thagann as drochthionchar den sórt sin ar choinníoll go raibh an tosaíocht riosca cruinn de réir dhéine agus dhóchúlacht na drochthionchar arna sainiú faoi Airteagal 6.*

Leasú 144

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 2 – fómhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Agus measúnú á dhéanamh an ann do dhliteanas agus ar mhéid an dliteanais faoin mír seo, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an*

*scriosta*

*Leasú*

*damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 8, chomh maith le haon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar a slabhraí luacha.*

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 22 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.

*Leasú*

4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine. *Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear d'aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag duine gortaithe de réir rialacha an dlí maidir le dliteanas conarthach nó neamhchonarthach nó córas dliteanais speisialta atá ann tráth a thugtar fógra faoin Treoir seo.*

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Airteagal 24  
Tacaíocht phoiblí*

*Leasú*

*scriosta*



***Áiritheoidh na Ballstáit go ndeimhneoidh cuideachtaí a dhéanann iarratas ar thacaíocht phoiblí nár forchuireadh aon smachtbhannaí orthu as mainneachtain oibleagáidí na Treorach seo a chomhlíonadh.***

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

*Leasú*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 3(1a), Airteagal 14(3c) agus*** Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

*Leasú*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal ***3(1a), Airteagal 14(3c) agus in Airteagal*** 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 28a***

***Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828 maidir  
le Caingne Ionadaíocha chun  
Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint***

***Cuirtear an méid seo a leanas le  
hIarscríbhinn I: '(67) Treoir (AE) .../... ó  
Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir  
le hInbhuanaitheacht Chorparáideach  
agus lena leasaítear Treoir (AE)  
2019/1937 (IO L ..., ..., lch. ...).'***

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoin **[OP]**: cuir isteach an dáta = 7 **bliana** tar éis **teacht** i bhfeidhm na **Treorach**] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus **déanfar** measúnú ar na saincheisteanna seo a leanas:

Faoin **[Oifig na bhFoilseachán]**: cuir isteach an dáta = 7 **mbliana** tar éis **dháta theacht** i bhfeidhm na **Treorach seo**] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach, **go háirithe maidir lena héifeachtacht i dtaca le drochthionchair fhéideartha a chosc, drochthionchair iarbhir a thabhairt chun críche nó a méid a íoslaghdú ar fud an domhain** agus measúnú **a dhéanamh** ar na saincheisteanna seo a leanas:

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) ar cheart an sainmhíniú ar ‘slabhra luacha’ maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a leathnú chun FBManna a chuimsiú;**

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) an gá bearta reachtacha breise a ghlacadh ó thaobh drochthionchair shonracha de;**

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, lena n-áirítear an cóineasú i gcur chun feidhme na mbeart idir na Ballstáit.**

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(dc) an raibh údar le tionchar na Treorach agus ar baineadh amach na spriocanna spriocdhírthe leis, lena n-áirítear na costais indíreacha ghaolmhara agus na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann leo, maidir le FBManna.**



## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA N-EINTITEAS NÓ NA NDAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara don tuairim. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
Deutscher Industrie- und Handelskammertag e.V. (German Chambers of Industry and Commerce)
Bundesministerium der Justiz (Federal Ministry of Justice (Germany))
European Coalition for Corporate Justice (ECCJ)
Global Witness
Südwind e.V.
European Trade Union Confederation (ETUC)
Responsible Business Alliance (RBA)
Dutch Ministry of Foreign Affairs
Organisation for Economic Co-operation and Development (OECD)
Open Society European Policy Institute
Andreas STIHL AG & Co. KG
Bundesarbeitskammer Österreich (Federal Chamber of Labor Austria)
Shift
American Chamber of Commerce to the European Union (AmCham EU)
Bundesverband der Deutschen Volksbanken und Raiffeisenbanken e.V. ( National Association of German Cooperative Banks
Kirkland & Ellis International LPP
Business Europe (Roundtable)
BlackRock Inc.
Deutsche Kreditwirtschaft (Association of German Banks)
Gesamtverband der Deutschen Versicherungswirtschaft (German Insurance Association)
Hans-Böckler Stiftung (Hans Böckler Foundation)
Arbeitgeberverband Gesamtmetall e.V. ( Federation of German Employers' Associations in the Metal and Electrical Engineering Industries)

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorpáraideach agus leasú ar Threoir (AE) 2019/1937
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 4.4.2022
<b>Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	15.9.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	René Repasi 3.3.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	17.11.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	24.1.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 32 -: 23 0: 1
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Billy Kelleher, Georgios Kyrtzos, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Csaba Molnár, Denis Nesci, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Eva Maria Poptcheva, Dorien Rookmaker, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtsun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Herbert Dorfmann, Gianna Gancia, Eider Gardiazabal Rubial, Valérie Hayer, Eugen Jurzyca, Chris MacManus, Ville Niinistö, Erik Poulsen, René Repasi
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Susanna Ceccardi, Andor Deli, Pascal Durand, José Manuel Fernandes, Pierre Larrourou, Marian-Jean Marinescu, Theresa Muigg, Alessandro Panza

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

32	+
Renew	Gilles Boyer, Engin Eroglu, Giuseppe Ferrandino, Valérie Hayer, Billy Kelleher, Georgios Kyrtos, Eva Maria Poptcheva, Erik Poulsen, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Marek Belka, Pascal Durand, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Pierre Larrourou, Pedro Marques, Csaba Molnár, Theresa Muigg, René Repasi, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli
The Left	José Gusmão, Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Ville Niinistö, Piernicola Pedicini, Ernest Urtasun

23	-
ECR	Michiel Hoogeveen, Eugen Jurzyca, Denis Nesci, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt
ID	Susanna Ceccardi, Gianna Gancia, Valentino Grant, Alessandro Panza, Marco Zanni
NI	Andor Deli
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Herbert Dorfmann, Markus Ferber, José Manuel Fernandes, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Aušra Maldeikienė, Marian-Jean Marinescu, Ralf Seekatz, Inese Vaidere

1	0
PPE	Frances Fitzgerald

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuíg an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Samira Rafaela

### RÉASÚNÚ GEARR

Tá iompar freagrach gnó ina dhlúthchuid de thiomantas an Aontais Eorpaigh d'obair chuibhiúil ar fud an domhain. Is léiriú é ar an gcaoi ar féidir le geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa na cleachtais rialachais eacnamaíoch atá ann cheana a athnuachan chun an t-aistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta a spreagadh, chomh maith lenár ngealltanais i leith chearta an duine agus dínite a chaomhnú. Beidh an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le dícheall cuí i ndáil le hinbhuanaitheacht chorporáideach agus, trí dheasampla a thabhairt, spreagfaidh sé cuideachtaí ó thríú tíortha chun teacht leis na huailmhianta a leagtar amach sa Treoir seo. Tá an Rapóirtéir go láidir den tuairim go mbeidh tionchar ag beartas dícheall cuí má chuireann sé cearta dosháraithe daoine agus a gceart chun timpeallacht ghlan chun tosaigh ar leasanna gnó seadánacha atá as dáta.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra a chuir an Coimisiún Eorpach ar aghaidh, agus leis na leasuithe a rinneadh air, féachann sí leis an togra le haghaidh na Treorach a neartú trí, i measc nithe eile, ionadaithe oibríthe agus comhpháirtithe sóisialta a chomhtháthú go láidir, íogaireacht inscne agus príomhshruthú inscne a chur san áireamh, an raon feidhme a leathnú, chun díriú ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardriosca uile, agus cur chuige íospartachbhunaithe a bheith ann. Ar fud an téacs, féachtar ar chuideachtaí mar chomhpháirtithe. Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a choinneáil le cleachtais agus noirm atá ann cheana, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Innáisiúnta agus Beartas Sóisialta, agus Treoirlínte ECFE maidir le Dícheall Cuí.

Measann an Rapóirtéir gur comhpháirtithe suntasacha iad FBManna na hEorpa chun lánacmhainneacht na Treorach i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach a scaoileadh. Déanfaidh an Treoir seo difear indíreach do ghnólachtaí Eorpacha, gan beann ar a méid, agus tá tacaíocht tuillte acu go léir maidir lena gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá ról ríthábhachtach ag gach cuideachta i ndrochthionchair



dhaonna nó chomhshaoil a chosc, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a leigheas. Is é sin an fáth a neartaíonn na leasuithe atá molta ag an Rapóirtéir cumas na gcuideachtaí a fheidhmíonn dícheall cuí, tríd an oibleagáid atá ar na Ballstáit teimpléid shaincheaptha, treoirlínte earnáilsonracha agus oiliúint a sholáthar agus cruthú líonraí agus/nó ardán a éascú. Léirigh samplaí ón réimse éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-ardán tacaíochta díchill chuí sin maidir le hualaí riaracháin a laghdú agus leas a bhaint as saineolas comhchoiteann cuideachtaí.

Thairis sin, tá an raon feidhme méadaithe anois chun príomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha ardriosca a áireamh ann amhail fiontair airgeadais, mar a moladh i dTreoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó. Tá sé mífhreagrach an earnáil atá lárnach do na cuideachtaí uile a mbeidh dícheall cuí le déanamh acu a eisiámh ó chuspóirí na Treorach seo. Ní mór do gach gnó a bheith tiomanta d'iompar freagrach.

Tá an Rapóirtéir suite de nach mbeidh an Treoir seo éifeachtach gan lionsa atá íogair ó thaobh inscne de a chomhtháthú. Níor thug an Treoir, mar a moladh í, aghaidh leordhóthanach ar an ngné inscneach d'iompar gnó freagrach. Ní chuirfidh an cur chuige atá 'dall ar inscne' obair chuibhiúil chun cinn go héifeachtach i slabhraí luacha ar fud an domhain. Go sonrach, cuireann an Rapóirtéir an earnáil Turasóireachta agus Fáilteachais san áireamh go sainráite ar an gcúis sin, ós rud é go bhfuil mná faoi ró-ionadaithe san earnáil sin ach go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht ar na leibhéil arda fostaíochta agus bhainistíochta agus dá réir sin go bhféadfaidís a bheith i riocht neamhbhuan inti.

Ar deireadh, measann an Rapóirtéir gur croílár na Treorach seo í rannpháirtíocht fhiúntach le grúpaí agus le daoine a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, mar a léirítear leis na leasuithe ar an nós imeachta gearán. I measc na ngrúpaí sin a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh tá pobail dhúchasacha, mná, leanaí, agus cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil. Ar an gcaoi chéanna, ní mór sceithirí a chosaint ós rud é go bhféadfaid siad drochthionchair a nochtadh nach nochtfaí murach sin. Is é tuairim an Rapóirtéara go mbeidh rannpháirtíocht fhiúntach cuideachtaí lárnach do thionchar agus do rath na Treorach seo.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir<sup>75</sup>, gheall an Coimisiún geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na

*Leasú*

(3) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir<sup>75</sup>, gheall an Coimisiún geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na

hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirithítear dálaí oibre cothroma. Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a bhaineann le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain<sup>75</sup>.

---

<sup>75</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A Strong Social Europe for Just Transitions [Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

<sup>76</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery [Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste

hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (*‘an Colún’*), lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirithítear dálaí *maireachtála cuibhiúla agus dálaí oibre cothroma. Ina theannta sin, cruthóidh sé níos mó infheictheachta don Cholún, agus úinéireacht de, i measc cuideachtaí, a bhfuil a rannpháirtíocht riachtanach chun an Colún a chur chun feidhme go héifeachtach*. Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a bhaineann le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair *chothrom agus* chuibhiúil ar fud an domhain<sup>76</sup>. *Airítear ar dhálaí oibre cuibhiúla, i measc nithe eile, fostaíocht shlán, am oibre, pá leordhóthanach, idirphlé sóisialta, saoirse comhlachais, comhairlí oibre a bheith ann, cómhargáil, cearta faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta na n-oibrithe, cothromaíocht oibre is saoil chomh maith le sláinte agus sábháilteacht*.

---

<sup>75</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A Strong Social Europe for Just Transitions [Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

<sup>76</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery [Teachttaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste

Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(22a) Chun réimsí tosaíochta na gníomhaíochta idirnáisiúnta atá dírithe ar dhul i ngleic le cearta an duine a léiriú, ba cheart roghnú na limistéar geografach ardriosca chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar Thuarascálacha Bliantúla AE maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus ba cheart athmheasúnú bliantúil a dhéanamh orthu.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 26 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(26a) Chun an Treoir seo a chur chun feidhme go héifeachtúil, ba cheart don Choimisiún bosca uirlisí a thabhairt isteach chun cabhair phraiticiúil a sholáthar do chuideachtaí maidir le ceanglais díchill chuí a chomhlíonadh, i.e. trí phointí teagmhála, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt nó trí shraith caighdeánaithe prionsabal mar bhonn do Chód Iompair.**

## Leasú 4

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 32

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar na leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.

*Leasú*

(32) *I gcás nach féidir leis an gcuideachta na drochthionchair ar fad a sainaithníodh, idir iarbhír agus fhéideartha, a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú ag an am céanna agus a mhéid is féidir, ba cheart go gceadófaí di tosaíocht a thabhairt dóibh bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht an drochthionchair bunaithe ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, le geallsealbhóirí ábhartha eile. I gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart déine an drochthionchair a mheasúnú bunaithe ar a thromchúisí atá sé (scála an drochthionchair), ar líon na ndaoine nó ar mhéid an chomhshaoil a ndearnadh difear dó (scóip an drochthionchair), ar a dho-athraithe atá sé, agus ar a dheacra atá sé an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú (cineál doleigheasta an drochthionchair). Áiritheofar leis an straitéis tosaíochta freisin go dtabharfar aghaidh ar na drochthionchair uile laistigh de thréimhse réasúnta ama. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh, **tar éis dul i mbun rannpháirtíocht fhiúntach leo**, agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar dul i mbun rannpháirtíocht leanúnach leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, **lena n-áirítear** i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí, **Straitéis***

*an Aontais maidir le cearta an Linbh agus an spriocdháta 2025 a d'fhógair na Náisiúin Aontaithe chun saothar leanaí a dhíothú ar fud an domhain. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. **Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh mná i ndálaí oibre forbhásacha aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair níos déine ó thaobh chearta an duine de, rud a mhéadódh a gcuid leochaileachta.** Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh, **agus é mar aidhm ag an am céanna gníomhú ar mhaithe le leas na ngrúpaí a ndéantar difear dóibh.***

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 42

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe **eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír. Ba cheart do chuideachtaí **nós imeachta** a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin **agus** ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-**

*Leasú*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. **Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar inrochtaineacht an tsásra gearán sin a áirithiú agus ar chosaint an ghearánaigh, go háirithe mná, daoine leochaileacha, daoine faoi mhíchumas agus mionaóisigh. Agus an ceart sin á fheidhmiú, ba cheart oibríthe agus a n-ionadaithe a chosaint go cuí freisin.** Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe, **a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, eagraíochtaí sochaí**

oibritha a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh **gearáin** i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair **dhiana** fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

sibhialta, **cosantóirí chearta an duine agus chearta an chomhshaoil** atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas **cuí-réasúnaithe** acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír. **Ba cheart do na Ballstáit creat a sholáthar, i gcomhréir lena ndlí saothair náisiúnta agus lena gcleachtais saothair náisiúnta, do chuideachtaí maidir leis an nós imeachta ba cheart dóibh** a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin. **Ba cheart do chuideachtaí** oibritha, ceardchumann agus ionadaithe oibritha eile a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi phróisis den sórt sin **agus faoi bhearta gaolmhara**. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearán, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha **éifeachtacha**. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart **gearánaigh** a bheith i dteideal obair leantach iomchuí a iarraidh ar an gcuideachta **i scríbhinn agus, má iarrann an gearánach é, trí mhodhanna leordhóthanacha cumarsáide**, ar an ngearán. **Ba cheart an obair leantach a bheith bunaithe ar fhíricí agus ba cheart fianaise thacaíochta don mhíniúchán a sholáthar léi. Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag gearánaigh** bualadh le hionadaí ó chuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair fhéideartha nó iarbhír arb iad ábhar an ghearán iad a phlé. Níor cheart sirtheoireachtaí neamhréasúnacha cuideachtaí a bheith mar thoradh ar an rochtain sin, **a luaithe a bheidh an obair leantach curtha ar fáil ag an gcuideachta. Féadfaidh cuideachtaí comhoibriú le comhpháirtithe gnó agus le heintitis ghnó, lena n-áirítear trí thionscnaimh ábhartha tionscail agus il-gheallsealbhóra, agus iad ag dul i ngleic le gearáin i gcás inarb ionann na gearánaigh agus na gearáin faoi seach, amhail trí chomhroinnt faisnéise, trí chomhimschrúduithe nó trí chomhbhearta faireacháin.**

## Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 48

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(48) D'fhonn an tacaíocht a thugann na Ballstáit do FBManna a chomhlánú, féadfaidh an Coimisiún cur le huirlisí, tionscadail agus gníomhaíochtaí eile ata ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. Féadfaidh sé bearta tacaíochta nua a chur ar bun a chuideoidh le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, maidir le ceanglais díchill chuí, lena n-áirítear faireachlann le haghaidh trédhearcacht an tslabhra luacha agus éascú na dtionscnamh comhpháirteach ó pháirtithe leasmhara.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 64 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(48) D'fhonn an tacaíocht a thugann na Ballstáit do FBManna a chomhlánú, féadfaidh an Coimisiún cur le huirlisí, tionscadail agus gníomhaíochtaí eile ata ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. Féadfaidh sé bearta tacaíochta nua a chur ar bun a chuideoidh le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, maidir le ceanglais díchill chuí, lena n-áirítear faireachlann le haghaidh trédhearcacht an tslabhra luacha agus éascú na dtionscnamh comhpháirteach ó pháirtithe leasmhara. ***D'fhéadfadh an Coimisiún cleachtais náisiúnta arna gcur i bhfeidhm ag eagraíochtaí gairmiúla a roinnt agus a thabhairt chun suntais, a chuireann ar chumas VSEanna/FBManna freagairt go héifeachtach ar cheanglais rialachais ar bhealach atá saincheaptha dá n-acmhainneacht agus dá sainiúlachtaí.***

*Leasú*

***(64a) Na hoibleagáidí ar chuideachtaí a leagtar amach sa Treoir seo, maidir le drochthionchair iarbhir agus ionchasacha ar chearta an duine agus drochthionchair chomhshaoil, níor cheart tionchar diúltach a bheith acu ar na cearta céanna sin, lena n-áirítear an ceart chun saoirse comhlachais, an ceart chun comhthionóil, an ceart chun eagrú a***

*dhéanamh agus an ceart chun cómhargála. Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo nuair a théann cuideachtaí áirithe (gnóthas árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (1), de Threoir 2009/138/CE agus institiúid um sholáthar pinsean ceirde mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (6) de Threoir 2016/2341) isteach, chun pinsin ghairme a sholáthar, i gcaidreamh le heintiteas dlíthiúil a gceanglaítear air soláthar pinsean ceirde dhéanamh dá fhostaithe. Ach na caidrimh shonracha sin a eisiámh, áiritheofar gur féidir le cuideachtaí, agus pinsin ghairme á soláthar acu, agus eintitis dhlíthiúla a ghníomhaíonn mar fhostóirí, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcónaí, lena n-áirítear iad siúd a leanann as comhaontuithe comhchoiteanna, chun pinsin ghairme a sholáthar d'oibrithe.*

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí **níos mó ná 250** fostaí aici ar an meán **agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 40 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith**, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % **den** ghlanláimhdeachas **sin i** gceann amháin nó níos mó de na **hearnálacha** seo a leanas:

- (i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt;
- (ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú

*Leasú*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí **150** fostaí **nó níos mó** ar an meán aici, ar choinníoll gur gineadh 50 % ar a laghad **dá** glanláimhdeachas **trí** cheann amháin nó níos mó de na **gníomhaíochtaí ardriosca** seo a leanas:

- (i) monarú teicstílí, **corpbhirt**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mórdhíola **agus miondíola** teicstílí, éadaí agus coisbhirt<sup>1a</sup>;
- (ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú



táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;

(iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriiliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna<sup>2a</sup>;

(iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriiliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile)<sup>3a</sup>;

**(iiia) gníomhaíochtaí tógála<sup>4a</sup>;**

**(iiib) soláthar seirbhísí airgeadais, amhail iasachtaí, creidmheasanna, maoiniú, pinsin, cistiú margaidh, bainistiú riosca, seirbhísí íocaíochta, urrúsú, árachas nó athárachas, seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta, agus seirbhísí airgeadais eile<sup>5a</sup>;**

**(iiic) réitigh chrua-earraí agus bogearraí a tháirgeadh, lena n-áirítear an intleacht shaorga, faireachas, aghaidh-aithint, stóráil nó próiseáil sonraí, seirbhísí teileachumarsáide, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí idirlín<sup>6a</sup>**

**(iiid) gníomhaíochtaí fostaíochta amhail seirbhísí glantacháin agus tí, turasóireacht agus fúilteachas, cúram sláinte, cúram sóisialta agus cúram do dhaoine scothaosta<sup>7a</sup>;**

**(iiie) táirgeadh agus soláthar fuinnimh, soláthar uisce, gás, gal, aerchóiriúchán chomh maith le séarachas agus bainistiú dramhaíola<sup>8a</sup>;**

**(iiif) seirbhísí iniúchóireachta agus deimhniúcháin a sholáthar maidir le comhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as forálacha na Treorach seo;**

- (iii) iompar, lóistíocht agus stóráil<sup>9a</sup>;  
(iih) táirgí plaisteacha a mhonarú agus a phróiseáil;

---

1a

<http://mneguidelines.oecd.org/responsible-supply-chains-textile-garment-sector.htm>

<sup>2a</sup><https://mneguidelines.oecd.org/rbc-agriculture-supply-chains.htm>

3a

<https://mneguidelines.oecd.org/stakeholder-engagement-extractive-industries.htm>;  
<http://mneguidelines.oecd.org/child-labour-risks-in-the-minerals-supply-chain.htm>

4a

[https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed\\_norm/---ipecc/documents/publication/wcms\\_854733.pdf](https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipecc/documents/publication/wcms_854733.pdf)

<sup>5a</sup> <https://mneguidelines.oecd.org/rbc-financial-sector.htm>

6a

<file:///C:/Users/cdheret/Downloads/G2232396.pdf>

7a

[https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed\\_norm/---ipecc/documents/publication/wcms\\_854733.pdf](https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---ipecc/documents/publication/wcms_854733.pdf) ;  
[https://www.bmas.de/SharedDocs/Downloads/DE/Publikationen/Forschungsberichte/fb-543-achtung-von-menschenrechten-entlang-globaler-wertschoepfungsketten.pdf?\\_\\_blob=publicationFile&v=1](https://www.bmas.de/SharedDocs/Downloads/DE/Publikationen/Forschungsberichte/fb-543-achtung-von-menschenrechten-entlang-globaler-wertschoepfungsketten.pdf?__blob=publicationFile&v=1)

<sup>8a</sup> [https://idsn.org/wp-content/uploads/2015/02/SR\\_on\\_Water\\_and\\_Sanitation\\_-\\_references\\_to\\_CBD\\_August\\_20141.pdf](https://idsn.org/wp-content/uploads/2015/02/SR_on_Water_and_Sanitation_-_references_to_CBD_August_20141.pdf)

9a

[https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed\\_dialogue/---](https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_dialogue/---)

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ drochthionchar ar dhaoine **faoi chosaint** de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2;

*Leasú*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ drochthionchar ar **dhaoine nó ar ghrúpaí daoine** de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2. **Ba cheart an Iarscríbhinn seo a athbhreithniú go rialta.**

## Leasú 10

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ **fostaithe na cuideachta, fostaithe a** fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ na **hoibríthe atá ag obair don chuideachta agus** dá fochuideachtaí, **do cheardchumainn agus d’ionadaithe oibríthe**, agus daoine aonair eile, grúpaí, pobail nó eintitis eile **agus a n-ionadaithe**, a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a caidrimh ghnó difear dá cearta nó dá leasanna, nó a bhféadfaidís difear a dhéanamh dóibh;

## Leasú 11

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail atá le leanúint ag fostaithe **agus** ag fochuideachtaí na cuideachta;

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail, atá le leanúint ag **bainistíocht agus** fostaithe na cuideachta, **ag a n-ionadaithe, agus ag** fochuideachtaí **na cuideachta. Forbrófar an cód iompair i gcomhairle le hoibríthe, le ceardchumann agus le hionadaithe na n-oibríthe agus cuirfear ar fáil go poiblí é chun rochtain na bpáirtithe agus na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a éascú. Ceapfar an cód iompair chun a áirithiú go n-urramóidh an chuideachta cearta an duine, an comhshaol agus dea-rialachas agus déanfar é a ailiniú le luachanna bunúsacha an Aontais maidir le hardleibhéal cosanta agus feabhsaithe ar cháilíocht an chomhshaoil agus maidir le comhionannas idir fir agus mná, na coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2, chomh maith le dlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. Beidh an cód iompair bunaithe ar threoirínte Eorpacha a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún, agus sraith chaighdeánaithe prionsabal ag gabháil leis, tar éis dó dul i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta.**

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 4

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí **i dteideal** úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair ar **chearta an duine agus ar an gcomhshaol** dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint **agus a mheasúnú** bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, **lena n-áirítear sonraí imdhealaithe, amhail sonraí imdhealaithe inscne, lena féidir**

tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibrithe **agus** páirtithe leasmhara ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

**treochtaí inscne-shonracha a shainaitheint**, go **mbainfidh** cuideachtaí úsáid as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a **ndéantar difear dóibh agus** le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear **oibrithe, ceardchumann agus ionadaithe oibrithe chomh maith le, i gcás inarb iomchuí, geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith le cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil, d'fhonn** faisnéis a bhailiú maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha. **Beidh na geallsealbhóirí éagsúil óna chéile ag brath ar chineál na dtionchar iarbhír nó féideartha atá i gceist, ar an earnáil lena mbaineann chomh maith leis an limistéar geografach lena mbaineann ina ndéanann an chuideachta a gníomhaíochtaí.**

Leasú 13

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Áireofar le sainaitheint agus measúnú drochthionchar iarbhír agus féideartha breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh gníomhaíochtaí na cuideachta difear a dhéanamh do ghrúpaí éagsúla nó a ndéanann siad difear sonrach dóibh cheana féin, agus aird ar leith á tabhairt ar dhúshlán a bhíonn roimh dhaoine aonair ó ghrúpaí nó ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste nó imeallaithe nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol a gcur i staideanna ina mbeidís leochaileach, amhail mná, leanaí, imircigh, daoine dúchasacha agus daoine**

*faoi mhíchumas. Beidh an breithniú sin bunaithe ar na coinbhinsiúin maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a liostaítear i Roinn 2, Cuid I den Iarscríbhinn, agus tacaíocht á fáil aige ó mheasúnú atá íogair ó thaobh inscne de ina gcuirtear san áireamh an tionchar difreáilte ar fhir agus ar mhná agus úsáid cur chuige ceartbhunaithe do leanaí.*

## Leasú 14

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***i gcás inar gá***, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú ***a thomhas***. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;

*Leasú*

(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun ***faireachán a dhéanamh ar*** an bhfeabhsú. ***Beidh an plean gníomhaíochta um chosc sin íogair ó thaobh inscne de tríd an tionchar difreáilte ar fhir agus ar mhná a mheas agus cuirfear dúshláin chomhshaoil agus dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide san áireamh ann.*** Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i ***rannpháirtíocht fhóinteach, amhail trí imeachtaí*** comhairliúcháin, le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh ***agus, i gcás inarb iomchuí, le geallsealbhóirí ábhartha eile. I gcás nach bhfuil cuideachta in ann na drochthionchair fhéideartha uile a sainaithníodh a chosc ag an am céanna, déanfaidh sí straitéis tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha a ndéantar difear dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, le geallsealbhóirí ábhartha eile, ar straitéis tosaíochta í lena gcuirfear san***

*áireamh leibhéal déine agus dóchúlachta, fad tréimhse, leathadh agus inchúlaitheacht na ndrochthionchar féideartha éagsúil ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Tabharfar aghaidh ar na drochthionchair uile agus ar na rioscaí uile laistigh de thréimhse réasúnta ama.*

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an drochthionchar **a neodrú** nó a mhéid a íoslaghdú, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc leis na daoine lena mbaineann agus trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail lena mbaineann. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

*Leasú*

(a) an drochthionchar **a aisiompú** nó, **mura féidir sin, a neodrú agus** a mhéid a íoslaghdú **go mór**, lena n-áirítear **trí bheartais fhreagrúla agus, i gcás inarb infheidhme**, trí dhamáistí a íoc leis an **duine, le grúpaí** daoine **nó le heintitis** agus trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail a ndéantar difear dóibh. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar.

## Leasú 16

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú **a thomas. I gcás inarb ábhartha**, déanfar an plean gníomhaíochta

*Leasú*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun **faireachán a dhéanamh ar** an bhfeabhsú. Déanfar an plean gníomhaíochta ceartaithí

ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;

a fhorbairt *trí rannpháirtíocht fhóna, lena n-áirítear nósanna imeachta comhairliúcháin, le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh, agus i gcás inarb iomchuí, le geallsealbhóirí ábhartha eile. Cuirfear an plean ceartaitheach sin ar fáil go poiblí agus déanfar faireachán air i gcomhairle le hionadaithe na ngeallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh. Mura bhfuil an chuideachta in ann stop a chur le gach drochthionchar iarbhír, nó é a íoslaghdú, ag an am céanna, áireofar sa phlean straitéis tosaíochta a bhfuil údar maith léi ina gcuirfear san áireamh leibhéal déine agus dóchúlachta, fad tréimhse, leathadh agus inchúlaitheacht gach drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Tabharfar aghaidh ar na drochthionchair uile agus ar na rioscaí uile laistigh de thréimhse réasúnta ama;*

Leasú 17

## Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas **na** gearáin a chur isteach:

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go **mbeidh nósanna imeachta gearáin i bhfeidhm ag cuideachtaí, atá dlisteanach, inrochtana, intuartha, cothrom, trédhearcach agus comhoiriúnach le cearta, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint na ndaoine dá ndéantar difear agus a n-ionadaithe. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí beartais agus próisis a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun neamhspleáchas an nós imeachta gearán a choinneáil, go mbeidh siad íogair ó thaobh inscne de agus go dtabharfar aghaidh leo ar riachtanais daoine a d'fhéadfadh a bheith níos mó i mbaol leochaileachta nó imeallaithe, go háirithe trí bhacainní ar rochtain orthu a bhaint. Foilseofar faisnéis ar bhealach nach**



*gcuirfidh sábháilteacht na ngeallsealbhóirí i mbaol, lena n-áirítear trína gcéannacht a choinneáil gan nochtadh agus trí neamh-fhrithbheartaíocht a ráthú mar gheall ar úsáid na nósanna imeachta gearáin.*

Féadfaidh siad seo a leanas gearáin a chur isteach:

- a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu,
- (b) ceardchumainn agus ionadaithe *eile* oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,
- (c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.

- a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu,
- (b) ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,
- (c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann,

*(ca) daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/1937.*

## Leasú 18

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe i dteideal an mhéid a leanas:

- (a) obair leantach iomchuí *a iarraidh* ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1, agus

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go *bhfaighidh* gearánaigh nó a n-ionadaithe faisnéis thráthúil maidir leis na bearta agus na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs gearán ar leith a cuireadh isteach agus go mbeidh siad i dteideal:

- (a) obair leantach iomchuí ar an ngearán *a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ama, i bhfoirm scríofa, agus, má iarrann an gearánach é trí mhodhanna leormhaithe cumarsáide, ón gcuideachta ar chuir siad gearán isteach léi de bhun mhír 1, agus míniú á thabhairt ar an gcaoi sin i dtaobh cé acu ar cinneadh go bhfuil gearán gan bhunús nó ar cinneadh*

(b) bualadh le hionadaithe *na* cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair thromchúiseacha iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.

*go bhfuil údar maith leis, agus*

(b) bualadh le hionadaithe *de chuid* cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair fhéideartha nó iarbhír atá ina n-ábhar don ghearán a phlé *agus plé a dhéanamh i dtaobh an bhfuarthas go bhfuil údar maith leis an ngearán, chun plé a dhéanamh ar ghníomhartha féideartha leighis.*

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe b a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) feabhsúchán iomlán nó rannchuidiú le feabhsúchán iomlán na ndrochthionchar iarbhír a fháil. Beidh an leigheas comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair.*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 – pointe b b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(bb) rochtain a fháil ar an nós imeachta maidir le hábhair imní a bhfuil bunús leo dá dtagraítear in Airteagal 19, ar an dliteanas sibhialta mar a thuiriscítear in Airteagal 22, agus ar aon sásraí breithiúnacha eile nó ar aon sásra casaoide neamhbhreithiúnach eile.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcaithfidh aon iarracht neamhbhreithiúnach ar leigheas a bheith i gcomhthráth le cómhargáil a mholadh agus le haitheantas a thabhairt do cheardchumann agus nár cheart do na hiarrachtaí sin, ar bhealach ar bith, an bonn a bhaint ó ról na gceardchumann dlísteanach maidir le haghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a bhaineann leis an saothar.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 – mír 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4b. *Má théitear i muinín an tsásra gearán agus leighis ar leibhéal na cuideachta, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar dhul i muinín leigheasanna breithiúnacha.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Treoirilínte

Treoirilínte *agus tacaíocht shaincheaptha do chuideachtaí*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-

oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha ***nó*** maidir le drochthionchair shonracha.

oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***déanfaidh*** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ***ábhartha***, lena n-áirítear ***comhpháirtithe sóisialta trastiionscail agus earnála***, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)*** agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar dhícheall cuí, ***amhail na Náisiúin Aontaithe, EIS agus Comhairle na hEorpa***, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear d'earnálachasonracha, drochthionchair shonracha ***agus limistéir gheografacha ardriosca. Beidh na treoirlínte sin bunaithe ar obair agus ar staidéir a rinneadh cheana amhail Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Freagrach Gnó chomh maith le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus bunófar iad ar bhealach ina mbeidh gné inscne-shonrach acu agus go n-áireofar iontu, i gcás inarb ábhartha, gnéithe a bhaineann le grúpaí i staideanna leochaileacha amhail daoine faoi mhíchumas. Cuirfear san áireamh sna treoirlínte scéimeanna earnálacha atá ann cheana maidir le dícheall cuí agus faisnéis a bhaineann le limistéir gheografacha shonracha. Beidh na treoirlínte i bhformáid dhigiteach atá inrochtana go héasca agus beidh siad ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar ábharthacht na dtreoirlínte agus déanfaidh sé iad a oiriúnú do riachtanais nua agus do dhea-chleachtais, bunaithe ar fhaisnéis a thabharfar cothrom le dáta go rialta maidir le drochthionchar féideartha nó iarbhír a***

*bhaineann le cearta an duine, leis an gcomhshaol agus le rialachas i ndáil le tíortha agus réigiúin áirithe, le hearnálacha áirithe agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta trasearnála agus earnála, agus le hionadaithe tionscail, agus bunaithe ar na treoirlínte arna soláthar ag an gCoimisiún, ardáin dhigiteacha a fhorbairt lena ngabhfaidh treoir do chuideachtaí maidir le conas beartais agus modheolaíochtaí díchill chuí a fhorbairt chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a mheasúnú, a shainaithint, a chosc agus deireadh a chur leo, chomh maith le plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt. Cumhdóidh na hardáin sin na cásanna éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus soláthrófar teimpléid shaincheaptha leo do chuideachtaí atá oiriúnaithe do na rioscaí iarbhír nó féideartha a d'fhéadfadh a bheith orthu amach anseo.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1b. Beidh na treoirlínte, na huirlisí agus na modheolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus (2) inrochtana freisin ag cuideachtaí a eisiatar ó raon feidhme na Treorach seo, ach a*

*bhféadfadh tionchar indíreach a bheith acu orthu. Is é an cuspóir a bheidh leis an tacaíocht shaincheaptha cuideachtaí de gach méid a dhreasú chun dícheall cuí a dhéanamh, agus feabhas a chur ar a n-acmhainneacht é sin a dhéanamh. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh FBManna tacaíocht shaincheaptha agus chuimsitheach, amhail trí dheiseanna oiliúna agus trí ardán líonraithe agus comhroinnte eolais a chruthú lena scaipfear dea-chleachtais agus tionscnaimh trastionscail dá bhforáiltear in Airteagal 13(1a).*

## **Leasú 27**

### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. *Sáruithe* ar chearta agus ar thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine

*Leasú*

1. *Sárú* ar chearta agus ar thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine

## **Leasú 28**

### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7a. *Sárú ar an gceart chun dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla a thairbhiú i gcomhréir le Coinbhinsiún EIS maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde agus i gcomhréir le Coinbhinsiún EIS maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde;*

*Leasú*

7a. *Sárú ar an gceart chun dálaí oibre sábháilte agus sláintiúla a thairbhiú i gcomhréir le Coinbhinsiún EIS maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde agus i gcomhréir le Coinbhinsiún EIS maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde;*

## **Leasú 29**

### **Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 21 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**21a. Sárú ar an gceart chun obair a dhéanamh (mar shampla Airteagal 6 ICECR)**

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 1 – fophointe 21 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**21b. Sárú ar an toirmeasc ar mhná a éigniú nó a chiapadh (mar shampla Coinbhinsiún 190 EIS, ‘Coinbhinsiún Iostanbúl’ Chomhairle na hEorpa)**

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 21 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**21c. Sárú ar chearta gan idirdhealú idir fir agus mná mar a léirítear é (mar shampla in Airteagal 1 agus Airteagal 2 de CEDAW agus in Airteagal 3 de ICCPR)**

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta gach Oibrí Imircigh agus Cearta Daoine dá Theaghlach a Chosaint;**

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 9 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine;***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 10 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a bhíonn ag Obair i gCeantair Thuaithe;***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- ***Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha (Uimh. 169)***  
***Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190)***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 15 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*



- *An Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 1981 (Uimh. 155).*

*An Coinbhinsiún maidir le Cur Chun Cinn an Chreata um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 2006 (Uimh. 187)*

*an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*

*Cairt Shóisialta na hEorpa*

*An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*

*An Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl')*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 15 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 2 – fleasc 15 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta gach Oibrí Imircigh agus Cearta Daoine dá Theaghlach a Chosaint*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Iarscríbhinn I — Cuid I — pointe 2 — fleasca 15 d (nua) go 15 j (nua)**

- ***An Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 1981 (Uimh. 155) agus Prótacal 2002 a ghabhann leis***
- ***An Coinbhinsiún maidir le Cur Chun Cinn an Chreata um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde, 2006 (Uimh. 187)***
- ***Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190)***
- ***Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc agus a chomhrac***
- ***Cairt Shóisialta na hEorpa***
- ***an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine***
- ***An Chairt um Chearta Bunúsacha***

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorpáraideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 4.4.2022
<b>Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	15.9.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Samira Rafaela 5.9.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	8.11.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	1.3.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 28 –: 20 0: 1
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	João Albuquerque, Marc Angel, Dominique Bilde, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Loucas Fourlas, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Radan Kanev, Ádám Kósa, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jörg Meuthen, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Marc Botenga, Gheorghe Falcă, Lina Gálvez Muñoz, José Gusmão, Pierre Larrourou, Antonius Manders, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Marie-Pierre Vedrenne

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

28	+
Renew	Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Irena Joveva, Max Orville, Samira Rafaela, Monica Semedo, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	João Albuquerque, Marc Angel, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Pierre Larroustourou, Evelyn Regner, Daniela Rondinelli, Marianne Vind
The Left	Marc Botenga, Leila Chaibi, José Gusmão, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri

20	-
ECR	Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło
ID	Dominique Bilde, Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli
NI	Ádám Kósa, Jörg Meuthen
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Gheorghe Falcă, Loucas Furlas, Radan Kanev, Miriam Lexmann, Antonius Manders, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh

1	0
Renew	Dragoș Pîslaru

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

10.2.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuir an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícéall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorpáraideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tiemo Wölken

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhíne an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha

*Leasú*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhíne an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. ***Luaítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) gur cheart go rannchuideodh beartas an Aontais le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, le sláinte an duine a chosaint, le húsáid stuama agus le réasúnach acmhainní nádúrtha agus le bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna***

a chothú.

**comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac.** Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine **agus an chomhshaoil**, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin, **inter alia**, forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip<sup>74</sup>. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí.

---

<sup>74</sup> Communication from the Commission to the European Parliament the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Region “The European Green Deal” [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste

*Leasú*

(2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil, **aerúidneodracht a bhaint amach faoi 2050**, agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip<sup>74</sup>. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí.

---

<sup>74</sup> Communication from the Commission to the European Parliament the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Region “The European Green Deal” [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste

na Réigiún: ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’] (COM/2019/640 final).

na Réigiún: ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’] (COM/2019/640 final).

### Leasú 3

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar ríthábhachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an **comhshaol** a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

---

<sup>77</sup> Enterprise Models and the EU agenda [Samhlacha Fiontraíochta agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.  
<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

### Leasú 4

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 8 a (nua)

*Leasú*

(4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar ríthábhachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine, **an comhshaol** agus an **aeráid** a chosaint, go háirithe **i bhfianaise an ghá atá le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach mar réamhriachtanas chun forbairt eacnamaíoch a áirithiú do na glúnta atá le teacht agus** ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

---

<sup>77</sup> Enterprise Models and the EU agenda [Samhlacha Fiontraíochta agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.  
<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

**(8a) Le comhaontuithe idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe iontu, amhail ‘Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal’ (GBF), leagadh amach spriocanna agus cuspóirí beachta chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh na bithéagsúlachta domhanda, lena n-áirítear athbhunú, caomhnú, díothú speiceas a stopadh, agus rioscaí a bhaineann le lotnaidicídí agus fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a laghdú. Meastar go bhfuil ról lárnach ag an earnáil phríobháideach, go háirithe a straitéisí infheistíochta, chun na cuspóirí sin a bhaint amach.**

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Sa Dlí Aeráide Eorpach<sup>86</sup>, thug an tAontas gealltanais dlíthiúil freisin go mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanais sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a sholáthraíonn cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin<sup>87</sup>, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘go mbeidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do

Leasú

(9) Sa Dlí Aeráide Eorpach<sup>86</sup>, thug an tAontas gealltanais dlíthiúil freisin go mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanais sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a sholáthraíonn cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin<sup>87</sup>, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘go mbeidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do



chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ I dTeachtaireacht 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>88</sup> leagtar amach gur ceart gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais a bheith ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorparáidigh.

chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ *Is é is aidhm le Clár Ginearálta Gníomhaíochta an Aontais don Chomhshaol go dtí 2030* (*‘an 8ú CGC’*)<sup>87a</sup> *dlús a chur leis an aistriú glas chuig geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach, athléimneach agus iomaíoch agus staid an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú trí, inter alia, cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú. Tá sé mar chuspóir tosaíochta fadtéarmach freisin ag an 8ú CGC gurb amhlaidh, faoi 2050 ar a dhéanaí, a bheidh daoine ag maireachtaíl go maith, laistigh de na teorainneacha pláinéadacha i ngeilleagar na dea-bhaile nach gcuirfear aon ní amú ann, ina mbeidh an fás ina fhás athghiniúnach, ina mbeidh aeráidneodracht san Aontas bainte amach agus ina mbeidh an neamhionannas laghdaithe go suntasach. I* dTeachtaireacht 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip<sup>88</sup>, leagtar amach gur ceart gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais a bheith ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorparáidigh.

---

<sup>86</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (*‘An Dlí Aeráide Eorpach’*) PE/27/2021/REV/1 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>87</sup> SWD/2020/176 críochnaitheach.

---

<sup>86</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (*‘An Dlí Aeráide Eorpach’*) PE/27/2021/REV/1 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

<sup>87</sup> SWD/2020/176 críochnaitheach.

<sup>87a</sup> *Cinneadh (AE) 2022/591 ó*

*Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le  
Clár Ginearálta Gníomhaíochta  
Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO  
L 114, 12.4.2022, lch. 22).*

<sup>88</sup> COM/2019/640 final.

<sup>88</sup> COM/2019/640 final.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach<sup>91</sup>, sa Straitéis Bhithéagsúlachta<sup>92</sup>, sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc<sup>93</sup> agus sa Straitéis Ceimiceán<sup>94</sup> agus in Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]<sup>95</sup>, in Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]<sup>96</sup> agus i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta<sup>97</sup> agus in Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála 2021<sup>98</sup>, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe.

*Leasú*

(11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach<sup>91</sup>, sa Straitéis Bhithéagsúlachta<sup>92</sup>, sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc<sup>93</sup> agus sa Straitéis Ceimiceán<sup>94</sup>, ***sa Straitéis Chógaisíochta don Eoraip<sup>94a</sup>, i bPlean Gníomhaíochta 2021 AE um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú<sup>94b</sup>*** agus in Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]<sup>95</sup>, in Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]<sup>96</sup> agus i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta<sup>97</sup> agus in Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála 2021<sup>98</sup>, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe. ***Dá bhrí sin, ba cheart do cheanglais díchill chuí faoin Treoir seo rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú agus trí staid an chomhshaoil a fheabhsú, go háirithe an t-aer, an t-uisce agus an ithir. Ba cheart dóibh rannchuidiú freisin le dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach neamhthocsaineach. Ba cheart do cheanglais díchill chuí faoin Treoir seo rannchuidiú freisin le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta maidir le***

***Truailliú Nialasach a mhéid a bhaineann le comhshaol saor ó thocsainí a chruthú agus sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chosaint ar rioscaí a bhaineann leis an gcomhshaol agus ar thionchair dhiúltacha.***

---

<sup>91</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

<sup>92</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM/2020/380 final).

<sup>93</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm

---

<sup>91</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

<sup>92</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM/2020/380 final).

<sup>93</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm

go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381 final).

<sup>94</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

<sup>95</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

<sup>96</sup> *Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta*

go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM/2020/381 final).

<sup>94</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

<sup>94A</sup> *Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis Chógaisíochta don Eoraip (COM/2020/761 final).*

<sup>94B</sup> *Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách: i dtreo Truailliú Nialasach san Aer, san Uisce agus san Ithir, COM(2021) 400 final.*

<sup>95</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal [Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery](#) [Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

<sup>96</sup> *Industry 5.0 [Earnáil na Tionsclaíochta*

5.0]; [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50\\_en](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_en)

97

<https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

<sup>98</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

5.0]; [https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50\\_en](https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_en)

97

<https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

<sup>98</sup> Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

## Leasú 7

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainnithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe. Chun **críoch** na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le **caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘caidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más**

*Leasú*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainnithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe. Chun **críche** na Treorach seo, ba cheart **caidreamh gnó díreach agus indíreach** a bheith i gceist le caidreamh gnó.

*seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indéach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.*

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 21

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí *de chuid* an Aontais a bhfuil níos mó ná **500** fostaí *acu* ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 150 milliún** acu sa bhliain airgeadais *roimh an mbliain* airgeadais *dheireanach*, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. *A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa*

*Leasú*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí an Aontais a bhfuil níos mó ná **250** fostaí ar an meán *acu* agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 40 milliún** acu sa bhliain airgeadais *dheireanach dár ullmhaíodh ráitis* airgeadais *bhliantúla*, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

chuideachta úsáideora. Oibrítthe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrítthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrítthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

## Leasú 9

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha

*Leasú*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil **agus aerúide** a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, **fionnadh**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, **táirgí de bhunadh ainmhíoch**, adhmaid, bia agus deochanna; **eastócadh fuinnimh agus acmhainní, lena n-áirítear eastóscadh, iompar agus láimhseáil** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta

neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). Maidir leis an earnáil airgeadais, mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhir agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.

miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).<sup>4</sup> Maidir leis an earnáil airgeadais, mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhir agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.

## Leasú 10

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(22a) Aithnítear sa Treoir seo an cur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ mar chur chuige comhtháite agus aontaithe arb é is aidhm dó cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach agus sláinte daoine, ainmhithe agus éiceachóras a bharrfheabhsú. Aithnítear leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’ go bhfuil dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe clóis agus sláinte ainmhithe fiáine, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear éiceachórais. Dá bhrí sin, cuirtear san***



*áireamh sa Treoir seo ról lárnach na hearnála sláinte san oiriúnú don athrú aeráide, agus déantar tiomantas inti go mbeidh ár gcórais sláinte inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, neodrach ó thaobh na haeráide de agus athléimneach faoi 2050 ar a dhéanaí. Ba cheart do chuideachtaí sna hearnálacha ábhartha a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar na cúig shaoirse maidir le leas ainmhithe. Maidir le doibharshaothrú, ba cheart urraim iomlán a thabhairt do chaighdeán an Chóid Sláinte um Ainmhithe Uiscí ón Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhithe maidir le hiompar agus marú mar aon le hArdán an AE maidir le Leas na n-Ainmhithe agus na Treoirlínte faoi Leas na n-Éisc maidir le cáilíocht uisce agus láimhseáil chomh fada agus a bhaineann le leas éisc veirteabrach saothraithe. I ndáil le tiomantas G7 aitheantas a thabhairt don mhéadú tapa atá tagtha ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR) ar an scála domhanda, is gá úsáid stuama fhreagrach antaibheathach i gcógais dhaonna agus tréidliachta a chur chun cinn, feasacht a mhúscailt maidir le seipsis, córais faireachais chomhtháite a fhorbairt bunaithe ar chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’, rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha a chur chun cinn i gcomhthráth, taighde agus nuálaíocht le haghaidh antaibheathach nua i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a neartú, agus forbairt cóireálacha nua fhrithmhiocróbacha a dhreasú agus béim ar leith á leagan ar dhreasachtaí tarraingthe.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 23**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an ***gcomhshaoil*** i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin ***glanláimhdeachas EUR 150 milliún ar a laghad san Aontas*** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach ***nó glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ach níos lú ná EUR 150 milliún sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amháil ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 24 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an ***gcomhshaol*** i ndáil le hoibríochtaí, ***táirgí agus seirbhísí***, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin ***láimhdeachas glan domhanda de bhreis agus EUR 40 milliún*** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach.

*Leasú*

***(24a) Maidir le cuideachtaí atá mar chuid de ghrúpa, lena n-áirítear fóirdheontais agus máthairchuideachtaí, ní fhéadfaidh an slabhra luacha céanna a bheith acu i gcónaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ar leibhéal an ghrúpa a dhéanfaí próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí. I ndáil leis sin, féadfaidh máthairchuideachtaí na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh thar ceann na gcuideachtaí ar fochuideachtaí dá gcuid iad a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.***

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a **chumhdach** le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol **de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc** agus na **hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol** a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Leasú*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a **chumhdacht** le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol **a bhaineann le catagóirí comhshaoil amhail maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, úsáid agus cosaint inbhuanaithe ithreach, uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, lena n-áirítear substaintí díobhálacha, cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras, agus a eascraíonn as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le forálacha**

*ábhartha na n-ionstraimí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.*

## Leasú 14

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus **leis an gcomhshaol** a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an **gcomhshaol** a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

*Leasú*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine, **an comhshaol** agus **an aeráid** a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, **táirgí agus seirbhísí**, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha **agus beartais agus cuspóirí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha ann**, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, **ar an gcomhshaol** agus ar an **aeráid** a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh **dul i dteagmháil go fóinteach le geallsealbhóirí, ba cheart dóibh** nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán **agus measúnú** a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí **agus dul i dteagmháil go fóinteach le geallsealbhóirí**. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 29 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(29a) Ba cheart oibleagáidí díchill chuí a aithint mar phróiseas leanúnach agus dinimiciúil in ionad an chleachtais ‘tic a chur sa bhosca’ agus ba cheart, dá bhrí sin, straitéisí díchill chuí a bheith i gcomhréir le nádúr dinimiciúil na dtionchar díobhálach. Ba cheart go gcumhdófaí leis na straitéisí sin gach drochthionchar iarbhír nó féideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, lena n-áirítear an aeráid, nó ar dhea-rialachas, cé gur cheart déine agus dóchúlacht an tionchair dhíobhálaigh, cumas na cuideachta aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar, agus rannchuidiú díreach na cuideachta le cúis an drochthionchair a mheas i gcomhthéacs beartais tosaíochta, i gcás nach bhfuil sé indéanta na drochthionchair uile a sainathnódh a chosc, a neodrú nó a cheartú ag an am céanna.*

## Leasú 16

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol a shainathint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainathint go cuimsitheach, ba cheart an tsainathint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar an **aeráid nó tionchair eile ar an** gcomhshaol a shainathint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainathint go cuimsitheach, ba cheart an tsainathint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an **aeráid agus**

dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine **agus ar chomhthéacs** an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na drochthionchair a shainaitheint. Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a **bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí**, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

**drochthionchair eile ar an** gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaitheint na ndrochthionchar measúnú ar **chomhthéacs** chearta an duine, an chomhshaoil **agus na haeráide** ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na drochthionchair a shainaitheint. Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di **straitéis tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme**, ar **straitéis í lenar cheart leibhéal déine, dóchúlachta agus in-aisiompaitheachta na n-iarmhairtí díobhálacha féideartha éagsúla ar chearta an duine, ar an gcomhshaoil, ar an aeráid agus ar an gcomhairliúchán le geallsealbhóirí a chur** san áireamh.

Leasú 17

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 31

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Chun ualach míchuí a sheachaint ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardtionchair a chumhdaítear**

*Leasú*

**scriosta**

*leis an Treoir seo, níor cheart oibleagáid a chur ar na cuideachtaí sin ach amháin na drochthionchair dhiana iarbhír nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann siad a shainaithint.*

## Leasú 18

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 34

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, *i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe*, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí *féachaint le* dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha *comhfhreagracha* a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an *chomhlíontacht* a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe *conarthacha*. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, rátháíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun

*Leasú*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh. Ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí dearbhuithe conarthacha *nó eile* a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe *comhfhreagracha* conarthacha *nó eile* a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an *comhlíonadh* a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, *lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh ina foireann féin agus ina bainisteoirí*, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, rátháíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun maoiniú a áirithiú, chun

maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an **gcód iompair nó leis an** bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 35

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghduithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh **chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh** plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha.

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 35 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

cabhrú leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

*Leasú*

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghduithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha.

*Leasú*

**(35a) Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus, i gcás inarb ábhartha, gníomhaireachtaí eile amhail an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle**



*Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) treoirlínte a eisiúint i bhformáid dhigiteach atá inrochtana go héasca agus saor in aisce maidir le gnéithe lena n-áirítear faisnéis faoi earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha, agus béim á leagan, inter alia, ar thosca riosca sonracha agus ar threoir phraiticiúil.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh treorach Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnaitheann cuideachta drochthionchair iarbhír ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in ***oibríochta*** a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó ***sheanbhunaithe***, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar ***íoslaghdú*** mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine agus ar an ***gcomhshaol*** agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ***i gcas inarb iomchuí de réir na n-imthosca***.

*Leasú*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnaitheann cuideachta drochthionchair iarbhír ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in ***oibríochtaí*** a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar ***mhaolú ar*** mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ***ar an gcomhshaol*** agus ar an ***aeráid*** agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú.

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 39**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe **conarthacha** a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach **a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis** go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé **conarthacha** comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe **conarthacha**. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh

*Leasú*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe a fháil, ó chomhpháirtí gnó díreach, go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair

arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

## Leasú 23

### Togra le haghaidh treorach Aithris 44 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

*Leasú*

***(44a) Ba cheart do chuideachtaí faisnéis fhónta leormhaith chuimsitheach a sholáthar do gheallsealbhóirí faoi dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid agus faoi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun a ndícheall cuí a urramú. Ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar chuideachta maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.***

## Leasú 24

### Togra le haghaidh treorach Aithris 46 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(46a) Ba cheart do chuideachtaí geallsealbhóirí, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil, a fhostú go héifeachtach, go fóinteach agus ar bhealach iomchuí le linn phróiseas iomlán an díchill chuí. Ba cheart do***

*chuideachtaí faisnéis fhónta a sholáthar do gheallsealbhóirí faoi dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le hoibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí ar leith, ar bhealach atá tráthúil, íogair ó thaobh an chultúir de agus inrochtana, agus sainghnéithe ghrúpa na ngeallsealbhóirí, amhail leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, á gcur san áireamh. Ní mór do chuideachtaí cearta na bpobal dúchasach a urramú, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear toiliú saor agus feasach roimh ré agus ceart na bpobal dúchasach chun féinchinntiúcháin.*

Leasú 25

### **Togra le haghaidh treorach Aithris 50**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **comhoiriúnach** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. I gcás ina saináithnítear, nó inar cheart go saináithneofaí, an aeráid mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

*Leasú*

(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí, **i gcomhairle le geallsealbhóirí**, plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **ailínithe** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras, chomh maith leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 (An Dlí Aeráide Eorpach). Ba cheart an slabhra luacha iomlán a chur san áireamh sa phlean agus ba cheart spriocanna faoi cheangal ama a áireamh ann, ar spriocanna iad a bhaineann lena gcuspóirí aeráide le haghaidh astaíochtaí Scóip 1, astaíochtaí Scóip 2 agus, i gcás inarb ábhartha,**

*astaíochtaí Scóip 3, lena n-áirítear dearbhspríocanna laghdaithe astaíochtaí le haghaidh gás ceaptha teasa agus, i gcás inarb ábhartha, astaíochtaí meatáin, do 2030 agus i gcéimeanna cúig bliana suas go dtí 2050. Sa phlean, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na moltaí is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, rioscaí agus tionchair a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide don chuideachta a mheas, luamháin dícharbónaithe laistigh de shlabhra gnó agus luacha na cuideachta a shainaithint, agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme a fhorbairt chun spríocanna aeráide na cuideachta a bhaint amach bunaithe ar shonraí eolaíocha reatha. Ba cheart go n-áireofaí sna pleananna oibleagáidí soiléire do stiúrthóirí agus do chomhaltaí boird chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí agus ar thionchair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid i straitéis na cuideachta.*

## Leasú 26

### Togra le haghaidh treorach Aithris 51

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) *D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an plean sin maidir le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú, má bhíonn an luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú an stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.*

*Leasú*

(51) *Ba cheart na spríocanna aeráide agus an plean aistriú a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú.*

## Leasú 27

### Togra le haghaidh treorach Aithris 63

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(63) I ndlíthe náisiúnta uile na mBallstát, tá dualgas cúraim ar na stiúrthóirí i leith na cuideachta. Chun a áirithiú go dtuigfear an dualgas ginearálta sin agus go gcuirfear i bhfeidhm é ar bhealach atá comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na hoibleagáidí díchill chuí a thugtar isteach leis an Treoir seo agus go **gcuirfidh** stiúrthóirí gnéithe inbhuanaitheachta **san áireamh** go córasach ina gcinntí, ba cheart soiléiriú a dhéanamh leis an Treoir seo ar bhealach comhchuibhithe, maidir le dualgas ginearálta chúram na stiúrthóirí gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, trína leagan síos go gcuirfidh na stiúrthóirí san áireamh na gnéithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i dTreoir 2013/34/AE, lena n-áirítear, **i gcás inarb infheidhme**, cearta an duine, an t-athrú aeráide agus **tionchair** ar an gcomhshaol, an gearrthearma, an meántearma agus an fadtearma san áireamh. Le soiléiriú den sórt sin ní gá struchtúir chorparáideacha náisiúnta atá ann cheana a athrú.

## Leasú 28

### Togra le haghaidh treorach Aithris 64

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(64) Ba cheart freagracht as dícheall cuí a shannadh do stiúrthóirí na cuideachta, i gcomhréir leis na creataí díchill chuí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do stiúrthóirí a bheith freagrach as **na**

*Leasú*

(63) I ndlíthe náisiúnta uile na mBallstát, tá dualgas cúraim ar na stiúrthóirí i leith na cuideachta. Chun a áirithiú go dtuigfear an dualgas ginearálta sin agus go gcuirfear i bhfeidhm é ar bhealach atá comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na hoibleagáidí díchill chuí a thugtar isteach leis an Treoir seo agus go **ndéanfaidh** stiúrthóirí gnéithe inbhuanaitheachta **a chomhtháthú** go córasach ina gcinntí, ba cheart soiléiriú a dhéanamh leis an Treoir seo ar bhealach comhchuibhithe, maidir le dualgas ginearálta chúram na stiúrthóirí gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, trína leagan síos go gcuirfidh na stiúrthóirí san áireamh na gnéithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i dTreoir 2013/34/AE, lena n-áirítear cearta an duine, an t-athrú aeráide agus **iarmhairtí** ar an gcomhshaol, an gearrthearma, an meántearma agus an fadtearma san áireamh. Le soiléiriú den sórt sin ní gá struchtúir chorparáideacha náisiúnta atá ann cheana a athrú.

*Leasú*

(64) Ba cheart freagracht as dícheall cuí a shannadh do stiúrthóirí na cuideachta, i gcomhréir leis na creataí díchill chuí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do stiúrthóirí a bheith freagrach as

gníomhaíochtaí díchill chuí **a leagtar síos** sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht a dhéanamh orthu agus as beartas díchill chuí na cuideachta a ghlacadh, agus ionchur na **bpáirtithe leasmhara** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta á **chur** san áireamh agus an dícheall cuí á **chomhtháthú** i gcórais bhainistíochta chorparáideacha. Ba cheart do stiúrthóirí an straitéis chorparáideach a **oiriúnú** freisin do thionchair iarbhír agus **do thionchair** fhéideartha **a shaináithnítear** agus aon bheart **díchill chuí a dhéanamh**.

gníomhaíochtaí díchill chuí **agus cur chun feidhme an phlean aistrithe aeráide dá dtagraítear** sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, **mar a leagtar síos sa Treoir seo** agus as beartas díchill chuí na cuideachta a ghlacadh, agus ionchur na **ngeallsealbhóirí** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta á **gcur** san áireamh agus an dícheall cuí **chomh maith le gníomhaíochtaí cur chun feidhme gaolmhara faoi phlean aistrithe aeráide na cuideachta de réir na Treorach seo á gcomhtháthú** i gcórais bhainistíochta chorparáideacha. Ba cheart do stiúrthóirí an straitéis chorparáideach a **chur in oiriúint** freisin do thionchair iarbhír agus fhéideartha **arna saináithint** agus **d'aon bheart arna ndéanamh maidir le dícheall cuí agus leis an bplean aistrithe aeráide**.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh treorach Aithris 70

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, **nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach**.

*Leasú*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh, ar **bhonn rialta, ar** cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí **nua** comhshaoil **agus aeráide** atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta.

**Togra le haghaidh treorach  
Aithris 71**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(71) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó **drochthionchair** iarbhír ar chearta an duine agus ar an **gcomhshaol** a chosc agus a mhaolú i slabhraí soláthair cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in **Airteagal 5** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

*Leasú*

(71) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine, **ar an gcomhshaol** agus ar an **aerúid** a chosc agus a mhaolú i slabhraí soláthair cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in **Airteagal 5** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) bhí níos mó ná **500 fostaí** ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas **níos mó ná EUR 150 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

(a) bhí níos mó ná **250 fostaí** ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas **domhanda ar mhó é ná EUR 40 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

## **Leasú 32**

### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) **níor** shroich an chuideachta **na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná 250 fostaí aici ar an meán** agus bhí glanláimhdeachas **de níos mó ná EUR 40 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, **ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin** i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

(b) shroich an chuideachta **an tairseach arb ionann í agus 250 fostaí agus** bhí glanláimhdeachas **domhanda ar mhó é ná EUR 40 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith **faoi phointe (a) agus bhí sí gníomhach** i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

## **Leasú 33**

### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt;

(i) monarú teicstílí, **fionnadh**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt;

## **Leasú 34**

### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;

*Leasú*

(ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), ***soláthar uisce, bainistíocht talún agus acmhainní, lena n-áirítear caomhnú an dúlra***, monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, ***táirgí ainmhithe***, adhmaid, bia agus deochanna;

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

*Leasú*

(iii) eastóscadh, ***scagadh, iompar agus láimhseáil*** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe iii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***(íia) earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear gás, fuinneamh núicléach, gal, leictreachas agus foinsí eile le linn a***

*Leasú*

*saolré, ó eastóscadh, scagadh, túirgeadh, dóchán breoslaí go hiompar, láimhseáil, stóráil agus bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl radaighníomhach;*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) cumhdaítear an chuideachta faoi Rialachán (AE) 2021/0104 (CSRD);*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(bb) níor shroich an chuideachta an tairseach faoi phointí (a) agus (b), ach cumhdaítear í le hoibleagáidí Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE).*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(a) gineadh glanláimhdeachas **níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;*

*(a) gineadh glanláimhdeachas **domhanda ar mhó é ná EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gineadh glanláimhdeachas **níos mó** ná EUR 40 milliún **ach nach mó ná EUR 150 milliún san Aontas** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, **ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda** i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i **mír 1**, pointe (b).

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in **Iarscríbhinn I** a ghabhann le **Treoir 2013/34/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup>;

---

<sup>1</sup>**Treoir 2013/34/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **26 Meitheamh 2013** maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara **ó chineálacha** áirithe gnóthas (**IO L 182**, 29.6.2013, lch. 19).

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

*Leasú*

(b) gineadh glanláimhdeachas **domhanda ar mhó é** ná EUR 40 milliún sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i **mír 1**, pointe (b).

*Leasú*

(i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in **Iarscríbhinn I nó II** a ghabhann le **Treoir 2013/34/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup>;

---

<sup>1</sup>**Treoir 2013/34/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **26 Meitheamh 2013** maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara **maidir le cineálacha** áirithe gnóthas (**IO L 182**, 29.6.2013, lch. 19).

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ii) duine dlítheanach atá bunaithe i gcomhréir le dlí náisiúnta tríú tír i bhfoirm atá inchomparáide leis na foirmeacha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II den Treoir sin;**

*scriosta*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b  
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún***

*Leasú*

ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ *drochthionchar ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid II;*

ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’:

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – pointe i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(i) drochthionchar ar cheann de na catagóirí comhshaoil seo a leanas:**

**(a) maolú ar an athrú aeráide;**

**(b) oiriúnú don athrú aeráide;**

**(c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as ithir, uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint;**

**(d) an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach;**

**(e) cosc agus rialú ar thruailliú, lena n-áirítear substaintí díobhálacha;**

**(f) an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú;**

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ii) drochthionchar ar an gcomhshaol a eascraíonn as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le forálacha ábhartha na n-ionstraimí a liostaítear i gCuid I, pointí 18 agus 19, den Iarscríbhinn, agus i gCuid II den Iarscríbhinn, agus an reachtaíocht náisiúnta agus na bearta a bhaineann leis na forálacha sin maidir leis na téacsanna idirnáisiúnta a liostaítear i gCuid I, pointí 18 agus 19 agus i gCuid II den Iarscríbhinn á gcur san áireamh, i gcás ina mbeidh fáil orthu;**

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – pointe iii (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iii) drochthionchar a eascraíonn as cion mar a leagtar amach in [Cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil]<sup>1a</sup>;**

---

<sup>1a</sup> COM(2021)851

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ drochthionchar ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, **Cuid I Roinn 1**, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, **Cuid I Roinn 2**;

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ drochthionchar ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, **Cuid I, Roinn 1**, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, **Cuid I, Roinn 2, agus an reachtaíocht náisiúnta agus na bearta a bhaineann leis na forálacha sin maidir leis na téacsanna idirnáisiúnta á gcur san áireamh, i gcás ina mbeidh fáil orthu;**

*Leasú*

(ca) ciallaíonn ‘drochthionchar ar leas ainmhithe’ drochthionchar ar leas neach mothaitheach de thoradh sárú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe;

*Leasú*

(cb) ciallaíonn ‘an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’ an prionsabal mar a shainmhínítear é in [Cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil]<sup>1a</sup>;

---

<sup>1a</sup> COM(2021)851

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(cc) ciallaíonn ‘cur chuige na hAon Sláinte Amháin’ cur chuige na hAon Sláinte Amháin mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (5) de Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Clár EU4Health’);*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(cd) ciallaíonn ‘sprioc eolaíocht bhunaithe’ sprioc arna sainiú ar bhonn fianaise dhochloíte eolaíoch chomhshaoil agus le bailíochtú eolaíoch neamhspleách, lena n-áirithítear, nuair a bhaineann an chuideachta amach í, go bhfuil tionchair na cuideachta i gcomhréir le spriocanna agus critéir inbhuanaitheachta an Aontais maidir leis an tsaincheist shonrach chomhshaoil. I gcás sonrach an mhaolaithe ar an athrú aeráide, ciallaíonn sé sin sprioc lenar féidir tionchair na cuideachta ar an athrú aeráide a ailíniú le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh, go háirithe maidir le haeráidneodracht faoi 2050 ar a dhéanaí, agus le cás aeráide 1,5 °C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta mar atá sainithe ag IPCC;*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó bunaithe’ caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra luacha é.**

*scriosta*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(fa) a dhéanann teagmháil le geallsealbhóirí.**

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó *bhunaithe* na cuideachta atá réamhtheachtach agus iartheachtach. *Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin ach gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid***

**(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó na cuideachta atá réamhtheachtach agus iartheachtach.**

*an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte sin FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintíteas sin;*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus **maidir** leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine, **leis an aeráid** agus leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí, **saineolas** agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an **aeráid, leis an** gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta, **lena n-áirítear éilimh fhéideartha ar dhliteanas i gcás damáistí a baineadh di de dheasca iniúchadh easnamhach;**

*Leasú*

*Leasú*

**(ha) ciallaíonn ‘cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil’ daoine aonair agus grúpaí a fhéachann, ina gcáil phearsanta nó ghairmiúil agus ar bhealach síochánta, le cearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, lena n-áirítear an**

*bhithéagsúlacht, uisce, aer, talamh, ithir, flóra agus fána, a chosaint agus a chur chun cinn;*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) ciallaíonn ‘FBM’ micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, nach cuid de mhórghrúpa é, mar a shainmhínítear na téarmaí sin in Airteagal 3(1), (2), (3) agus (7) de Threoir 2013/34/AE;

*Leasú*

(i) ciallaíonn ‘**fiontar beag agus meánmhéide**’ nó ‘FBM’ micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, nach cuid de mhórghrúpa é, mar a shainmhínítear na téarmaí sin in Airteagal 3(1), (2), (3) agus (7) de Threoir 2013/34/AE;

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe l**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol nó drochthionchar ar chearta an duine a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe, nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú;

*Leasú*

(l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol nó drochthionchar ar chearta an duine a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó **ainmhithe nó** do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú;

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn **‘páirtithe leasmhara’** fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a **ndéanann** táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a **gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.**

*Leasú*

(n) ciallaíonn **‘geallsealbhóirí’** fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile **nó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil, lena n-áirítear daoine dlítheanacha nó nádúrtha a dhéanann ionadaíocht orthu, a ndéantar difear dá gcearta nó dá leasanna de bharr drochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arb iad táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a caidrimh ghnó feadh an tslabhra luacha iomláin is cúis leo, ar choinníoll go bhfuil leas dlisteanach substainteach acu;**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(na) ciallaíonn **‘comhpháirtithe sóisialta’** fostaithe na cuideachta agus a n-ionadaithe atá ag comhoibriú leis an mbainistíocht agus lena hionadaithe trí hidirphlé sóisialta;

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe q**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(q) ciallaíonn **‘beart iomchuí’** beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar

*Leasú*

(q) ciallaíonn **‘beart iomchuí’ sraith** beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar

fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

## Leasú 62

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais i gcomhréir le ***hAirteagal 5***;

*Leasú*

(a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais ***agus ina gcórais bhainistíochta*** i gcomhréir le ***hAirteagal 5***;

## Leasú 63

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh máthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus in Airteagal 15(1) agus (2) a chomhlíonadh thar ceann cuideachtaí ar fochuideachtaí dá gcuid iad a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Tá an méid sin gan dochar do dhliteanas sibhialta fochuideachtaí i gcomhréir le hAirteagal 22.***

## Leasú 64

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **drochthionchair** ar an gcomhshaol a shaináithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin **mar chuideachtaí** nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcuidrimh ghnó **sheanbhunaithe**, i gcomhréir le **míreanna 2, 3 agus 4**.

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an eárnáil fuoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shaináithint.**

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí **ar bhealach trédhearcach** chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine **chomh maith le drochthionchair iarbhír** agus **fhéideartha** ar an gcomhshaol a shaináithint **agus measúnú a dhéanamh orthu**, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin, **a dtáirgí agus a seirbhísí**, nó as oibríochtaí, **táirgí agus seirbhísí** a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcuidrimh ghnó, i gcomhréir le **míreanna 2, 3 agus 4**.

*Leasú*

*scriosta*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na hoibleagáidí i mír 1 a chomhlíonadh, go ndéanfaidh cuideachtaí an méid seo a**

*leanas:*

*(a) staidreamh scóipe leathan a dhéanamh ar oibríochtaí, fochuideachtaí agus comhpháirtithe gnó na cuideachta chun réimsí a shainaithint inar dócha go mbeidh drochthionchair iontu, lena n-áirítear oibríochtaí aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo a mhapáil, agus tosca riosca ábhartha á gcur san áireamh; agus*

*(b) measúnuithe doimhne a dhéanamh ar oibríochtaí, ar fhochuideachtaí agus ar chomhpháirtithe gnó chun cineál agus méid na ndrochthionchar sonrath iarbhír agus féideartha a chinneadh, chomh maith le dóchúlacht agus déine na ndrochthionchar sin.*

## Leasú 67

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. *Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.*

*Leasú*

4. Chun na drochthionchair iarbhír agus fhéideartha dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfead acmhainní iomchuí ar fáil do chuideachtaí chun an Treoir a chomhlíonadh. Féadfaidh na Ballstáit oibriú leis an gCoimisiún chun acmhainní iomchuí a ullmhú, amhail measúnuithe riosca oifigiúla agus deasca cabhracha ad hoc. Beidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. Rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus a n-ionadaithe trí

*idirphlé sóisialta agus geallsealbhóirí eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.*

## Leasú 68

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

*Leasú*

2. ***Chun mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh***, beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

## Leasú 69

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ***i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc***, plean gníomhaíochta ***coisctheacha*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh ***gníomhaíochta*** agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle ***leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear***;

*Leasú*

(a) plean gníomhaíochta ***um chosc agus um maolú*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh ***treochlár agus*** amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh ***bearta iomchuí*** agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc ***agus um maolú*** a fhorbairt i gcomhairle ***le geallsealbhóirí, lena n-ionadaithe, lena n-áirítear ENRanna, le comhpháirtithe amhail oibríthe laistigh den idirphlé sóisialta, agus, i gcás inarb ábhartha, le tionscnaimh earnálacha agus scéimeanna tionscail. Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta iomchuí, i gcás inarb infheidhme, maidir le hoibríochtaí na cuideachta féin, lena fochuideachtaí chomh maith le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha na cuideachta***;



## Leasú 70

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Measfar gur beart iomchuí é plean aistrithe aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 den Treoir seo chun drochthionchair ar an gcomhshaol a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide a chosc nó a mhaolú de bhun mhír 1 den Airteagal seo.**

## Leasú 71

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **bearta** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

3. **Chun míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh**, beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **gníomhaíochtaí** seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:

## Leasú 72

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú, **lena n-áirítear trí dhamáistí** a íoc leis na daoine **lena mbaineann** agus **trí chúiteamh** airgeadais a íoc leis na pobail lena mbaineann. Beidh

(a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú **trí bhearta iomchuí. I gcás ina mbeidh ag gabháil leis na bearta sin damáistí** a íoc leis na daoine **dá ndéantar difear** agus **cúiteamh** airgeadais

***an ghníomhaíocht*** comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

a íoc leis na pobail lena mbaineann ***i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, tairbheoidh cuideachtaí den ráthaíocht dhlíthiúil chun cúiteamh a fháil ó na comhpháirtithe lena mbaineann.*** Beidh ***gníomhaíocht na cuideachta*** comhréireach le ***agus i gcomhréir le*** suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

## Leasú 73

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ***i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach,*** plean gníomhaíochta ***ceartaitheach*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. ***I gcás inarb ábhartha,*** déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na ***páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;***

## Leasú 74

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) plean gníomhaíochta ***ceartaithí*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. ***Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar.*** Déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na ***geallsealbhóirí;***

***3a. Measfar gur beart iomchuí é plean aistrithe aeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 15 den Treoir seo chun drochthionchair ar an gcomhshaol a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide a íoslaghdú de bhun***

*mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo.*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 8a***

***Tosaíocht a thabhairt do thionchair  
shainaitheanta iarbhír agus fhéideartha***

***1. Áiritheoidh na Ballstáit go ligfear do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt do thionchair dhiobhálacha fhéideartha agus iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a eascraíonn as a n-oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí féin, as táirgí agus seirbhísí a bhfochuideachtaí nó as a gcomhpháirtithe gnó a sainaitníodh de bhun Airteagal 6 chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 a chomhlíonadh, i gcás nach bhfuil sé indéanta na drochthionchair uile arna sainaitint a chosc, a neodrú nó a cheartú.***

***2. Beidh ord tosaíochta na ndrochthionchar bunaithe ar na nithe seo a leanas:***

***a) déine an drochthionchair, is é sin a thromchúisí atá sé, líon na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, nó méid an chomhshaoil a bhfuil damáiste déanta dó nó a bhféadfaí damáiste nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dó ar bhealach eile, ar dho-athraitheacht an tionchair agus ar aon teorainneacha ar an gcumas imthosca aonair a ndearnadh difear dóibh nó ar an gcomhshaol a athbhunú chuig an staid a bhí ann roimh an drochthionchar;***

*b) dóchúlacht an drochthionchair, is é sin an dóchúlacht go dtiocfaidh drochthionchar fhéideartha chun cinn;*

*c) comhairliúchán le geallsealbhóirí.*

*3. A luaithe a thabharfar aghaidh ar na drochthionchair uile a dtugtar tosaíocht dóibh i gcomhréir le hAirteagail 7 nó 8, ceanglófar ar an gcuideachta aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair eile;*

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 9a***

***Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara***

***1. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh cuideachtaí i dteagmháil go héifeachtach agus go fóinteach le geallsealbhóirí chun a n-oibleagáidí faoi Airteagail 5 go 11 agus Airteagal 15 den Treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a) straitéis rannpháirtíochta a fhorbairt, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme lena sainaitheofar agus lena liostaítear geallsealbhóirí ábhartha agus lena gcinnfear na bearta agus na huirlisí rannpháirtíochta is éifeachtaí agus is iomchuí, agus bacainní ionchasacha ar rannpháirtíocht á gcur i gcuntas, go háirithe bacainní ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí i staid imeallaithe agus leochaileach, modhanna cumarsáide iomchuí agus méid agus earnáil na cuideachta, agus fostaithe na cuideachta féin á gcur san áireamh i gcónaí;***

***(b) faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil do gheallsealbhóirí sainaitheanta a***

*bheidh cuimsitheach agus, i gcás inarb ábhartha i gcás athruithe suntasacha in oibríochtaí gnó, i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca agus gan moill mhíchuí;*

*(c) sásraí leordhóthanacha gearáin a chur ar bun do gheallsealbhóirí, lena gceadaítear, go háirithe, rúndacht, sábháilteacht agus sláine dhlíthiúil na ngeallsealbhóirí chun iad a chosaint i gcoinne an riosca frithbhirt agus in aghaidh Cásanna Straitéiseacha i gcoinne Rannpháirtíocht Phoiblí.*

*Tabharfaidh na Ballstáit treoir phraiticiúil do chuideachtaí maidir le conas geallsealbhóirí ábhartha a shainaithint agus díriú orthu agus an straitéis maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 13.*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le geallsealbhóirí a iarraidh go n-áireofaí iad sa rannpháirtíocht a leagtar amach i mír 1. I gcás ina ndiúltoídh an chuideachta an iarraidh sin, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le geallsealbhóirí ábhar imní a bhfuil bunús leis a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 19.*

Leasú 77

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a **sholáthar** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **féadfaidh** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus **le páirtithe leasmhara**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí

*Leasú*

Chun tacaíocht a **thabhairt** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **leis na geallsealbhóirí ábhartha**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil **agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh**

idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar *an dícheall* cuí, treoirlínte a eisiúint, lena *n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.*

*gníomhaireachtaí eile amhail an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) agus, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar *dhícheall* cuí, treoirlínte a eisiúint i bhformáid dhigiteach atá inrochtana go héasca, saor in aisce, lena *n-áireofar na gnéithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:**

(a) *faisnéis maidir le hearnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha;*

(b) *liostaí de thosca riosca, idir thosca earnála agus gheografacha, lena *n-áirítear comhthéacs amhail staideanna coinbhleachta, forghabhála agus idirdhealaithe a bhaineann le reiligiún, tuairimí polaitiúla, eitneacht, inscne, cultúr agus tosca sóisialta eile, mar shampla;**

(c) *forléargas ar thionscnaimh tionscail is infheidhme;*

(d) *treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar comhréireacht agus beartú tosaíochta, a chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag brath ar mhéid agus earnáil an ghnóthais;*

(e) *faisnéis maidir le cleachtais cheannaigh fhreagracha;*

(f) *comhroinnt acmhainní agus faisnéise i measc cuideachtaí agus eintiteas dlíthiúil eile chun drochthionchair a chosc, a mhaolú agus a leigheas, gan dochar don dlí iomaíochta is infheidhme;*

(g) *bearta ba cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil ar shealbhóirí beaga aghaidh a thabhairt orthu;*

*(h) díscor freagrach;*

*(i) treoir phraiticiúil maidir le conas geallsealbhóirí ábhartha a shaináithint agus díriú orthu agus an straitéis maidir le rannpháirtíocht geallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 9a a fhorbairt.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Cuirfear na treoirlínte ar fáil tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar ábharthacht a threoirlínte agus déanfaidh sé iad a oiriúnú do dheachleachtais nua.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1b. Déanfaidh an Coimisiún bileoga eolais tíre a chur ar fáil agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na Coinbhinsiúin agus na Conarthaí idirnáisiúnta arna ndaingniú ag gach comhpháirtí trádála de chuid an Aontais. Baileoidh agus foilseoidh an Coimisiún sonraí trádála agus custaim comhiomlánaithe maidir le tionscnamh amhábhhar, agus maidir le táirgí idirmheánacha agus críochnaithe, agus foilseoidh sé faisnéis faoi chearta an duine, faoi phoitéinseal comhshaoil agus rialachais nó faoi iarmhairtí díobhálacha ionchasacha nó iarbhir a bhaineann le*

*tíortha nó réigiúin, earnálacha agus fo-earnálacha áirithe, agus táirgí áirithe.*

Leasú 80

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), *pointe (a) agus in Airteagal 2(2), pointe (a), plean a ghlacadh* chun a áirithiú go *bhfuil* samhail ghnó agus straitéis na cuideachta *comhoiriúnach* leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda *a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Saináithneofar leis an bplean sin, go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá an t-athrú aeráide ina riosca nó ina thionchar ar oibríochtaí na cuideachta.*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 *plean aistriú a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe in Airteagal 19a de Rialachán (AE) 2021/0104 (CSRD)*, chun a áirithiú go *ndéanfar* samhail ghnó agus straitéis *ghnó* na cuideachta *a ailíniú* leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an *teorannú ar an téamh domhanda go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuispóir aeráidneodracht a bhaint amach mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 (An Dlí Aeráide Eorpach) a mhéid a bhaineann lena chuid oibríochtaí san Aontas, lena n-áirítear a sprioc maidir le haeráidneodracht 2050 agus sprioc aeráide 2030. Áireofar sa phlean sin tuairisc ar na nithe seo a leanas:*

(a) *athléimneacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid;*

(b) *na deiseanna don chuideachta a bhaineann le cúrsaí aeráide;*

(c) *saináithint agus míniú ar luamháin dhícharbónaithe laistigh d'oibríochtaí agus de shlabhra luacha na cuideachta, lena n-áirítear neamhchosaint na cuideachta ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le gual, ola agus gás, dá dtagraítear in Airteagail 19ú(2), pointe (a)(iii), agus 29a(2), pointe*



*(a)(iii), de Threoir 2013/34/AE;*

*(d) conas a chuirtear leasanna gheallsealbhóirí na cuideachta agus tionchar na cuideachta ar an athrú aeráide i gcuntas i samhail ghnó agus i straitéis ghnó na cuideachta;*

*(e) conas a cuireadh straitéis na cuideachta chun feidhme agus conas a chuirfear chun feidhme í maidir le cúrsaí aeráide, lena n-áirítear pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara;*

*(f) na spriocanna atá faoi cheangal ama agus bunaithe ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide arna leagan síos ag an gcuideachta d'astaíochtaí raon feidhme 1, 2 agus, i gcás inarb ábhartha, 3, lena n-áirítear dearbhspríocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030 agus i gcéimeanna cúig bliana suas go dtí 2050, tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta ag an gcuideachta i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach;*

*(g) tuairisc ar ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta maidir le hábhair aeráide;*

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina saináithnítear, nó inar cheart gur saináithníodh, an t-athrú aeráide mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

*scriosta*

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go cuí comhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus luach saothair inathraithe á shocrú acu, má tá luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.*

*scriosta*

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo agus go socrófar luach saothair inathraithe i gcomhréir le hAirteagal 26.*

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 25 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. *Áiritheoidh na Ballstáit, agus a ndualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta á chomhlíonadh acu, go gcuirfidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) san áireamh iarmhairtí a gcinntí maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear, i gcás*

1. Agus iad ag comhlíonadh a ndualgas gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 drochthionchair fhéideartha agus iarbhír arna sainaitheint de bhun na Treorach seo a chomhtháthú

*inarb infheidhme*, cearta an duine, an t-athrú aeráide agus iarmhairtí *ar an gcomhshaol*, lena n-áirítear sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

## Leasú 85

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus go háirithe an beartas díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 5, agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó gheallsealbhóirí agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. ***Tabharfaidh*** na stiúrthóirí ***tuarascáil ina leith sin*** don bhord stiúrthóirí.

## Leasú 86

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí bearta chun an straitéis chorparáideach a oiriúnú chun na drochthionchair iarbhír agus fhéideartha arna sainathint de bhun Airteagal 6 agus

*ina* gcinntí maidir le ***hábhair*** inbhuanaitheachta, lena n-áirítear cearta an duine, an t-athrú aeráide agus iarmhairtí ***comhshaoil***, lena n-áirítear sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus go háirithe an beartas díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 5 ***agus sna gníomhaíochtaí cur chun feidhme faoi Airteagal 15***, agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó gheallsealbhóirí agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. ***Tuairisceoidh*** na stiúrthóirí ***go rialta*** don bhord stiúrthóirí, ***agus pléifidh siad an dul chun cinn maidir le drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a mhaolú.***

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí bearta chun an straitéis chorparáideach a oiriúnú chun na drochthionchair iarbhír agus fhéideartha arna sainathint de bhun Airteagal 6 agus

aon bhearta arna ndéanamh de bhun *Airteagal* 7 go *hAirteagal* 9 a chur san áireamh.

aon bhearta arna ndéanamh de bhun *Airteagail* 7 go 9 agus *Airteagal* 15 a chur san áireamh.

## Leasú 87

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh beartas ábhartha agus éifeachtach i bhfeidhm ag cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 1000 fostaí acu ar an meán chun a áirithiú go mbeidh cuid d'aon luach saothair inathraithe do stiúrthóirí nasctha le plean aistriú na cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 15. Formheasfaidh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil beartas den sórt sin.***

## Leasú 88

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoin **[OP]**: cuir isteach an dáta = 7 bliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheistanna seo a leanas:

Faoin ... **[OF]**: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. ***Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí.*** Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheistanna seo a leanas:

## Leasú 89

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in *Airteagal 2(1)* a *íslíú*;

*Leasú*

(a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in *Airteagal 2(1)* a *choigeartú*;

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) tionchar na Treorach seo ar FBManna, mar aon le cuntas agus measúnú ar éifeachtacht na mbeart agus na n-uirlisí éagsúla le haghaidh tacaíochta arna soláthar do FBManna ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit;*

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) éifeachtacht na sásraí forfheidhmiúcháin arna gcur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus éifeachtacht na smachtbhannaí agus na nósanna imeachta maidir le dlíteanas sibhialta go háirithe;*

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bb) úsáid agus inrochtaineacht nósanna imeachta gearán agus gníomhaíochtaí leantacha a dhéanann cuideachtaí agus údaráis phoiblí;**

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe b c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bc) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i ngach próiseas díchill chuí;**

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) ar cheart *Airteagal 4 go hAirteagal 14* a leathnú *amach chun* drochthionchair *aeráide a chumhdach*.**

**(d) ar cheart *forálacha na Treorach seo* a leathnú *chuig* drochthionchair *bhreise ar an gcomhshaol, ar an aeráid nó ar leas ainmhithe*.**

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) an féidir *forálacha na Treorach seo* a ailíniú le reachtaíocht ábhartha eile.**

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) an bhforbrófar plean inbhuanaitheachta leathan, a dhéileálann le tionchair eile ar an gcomhshaol seachas an aeráid.**

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn – Cuid I – pointe 18 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

18. **Sárú ar an** toirmeasc ar aon díghrádú comhshaoil **intomhaiste a chruthú**, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, a

18. Toirmeasc ar aon díghrádú **cainníochtúil agus cáilíochtúil** comhshaoil **a dhéanamh agus rannchuidíonn leis an athrú aeráide**, amhail athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha, **lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa**, nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, a

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 18 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) chuireann as do na bunúis nádúrtha maidir le bia a chaomhnú agus a tháirgeadh nó

(a) **a** chuireann as do na bunúis nádúrtha maidir le bia **agus beatha** a chaomhnú agus a tháirgeadh nó

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid I – pointe 18 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) **a dhéanann** difear **do shláine** éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú,

*Leasú*

(e) **déanann sé** difear **don tsláine** éiceolaíoch, amhail dífhoraóisíú, **agus an tsláinte i gcomhréir leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’**

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – pointe 18 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

i gcomhréir le hAirteagal 3 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le hAirteagal 5 **agus le hAirteagal 27** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le hAirteagal 12 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha **agus leis an gceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe, arna léirmhíniú i gcomhréir leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’;**

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid I– pointe 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

19. **Sárú ar** an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraóisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraóisíú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta

*Leasú*

19. an toirmeasc ar thalamh, ar fhoraóisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraóisíú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta



**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – fotheideal 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Sárúithe ar chuspóirí** agus **ar thoirmisc** a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil

*Leasú*

**cuspoirí** agus **toirmisc de chuid an Aontais agus** a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a áirítear i gcoinbhinsiúin chomhshaoil **agus i reachtaíocht an Aontais**

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Sárú ar an oibleagáid maidir leis na bearta is gá a bhaineann le húsáid acmhainní bitheolaíocha a ghlacadh chun drochthionchair ar an éagsúlacht bhitheolaíoch a sheachaint nó a íoslaghdú, i gcomhréir le hAirteagal 10(b) de Choinbhinsiún 1992 maidir leis an mBithéagsúlacht agus [agus leasuithe féideartha á gcur san áireamh i gcomhréir le Coinbhinsiún iar-2020 na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht], lena n-áirítear oibleagáidí Phrótacal Cartagena maidir le forbairt, láimhseáil, iompar, úsáid, aistriú agus scaoileadh orgánach modhnaithe beo agus oibleagáidí **Phrótacal Nagoya** maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus na Tairbhí a Bhaineann leis na hAcmhainní sin mar aon lena n-Úsáid a Roinnt go Cóir agus go Cothromasach an 12 Deireadh Fómhair 2014;

*Leasú*

1. Sárú ar an oibleagáid maidir leis na bearta is gá a bhaineann le húsáid acmhainní bitheolaíocha a ghlacadh chun drochthionchair ar an éagsúlacht bhitheolaíoch a sheachaint nó a íoslaghdú, i gcomhréir le hAirteagal 10(b) de Choinbhinsiún 1992 maidir leis an mBithéagsúlacht agus [agus leasuithe féideartha á gcur san áireamh i gcomhréir le Coinbhinsiún iar-2020 na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht], **agus le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus leis an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi**, lena n-áirítear oibleagáidí Phrótacal Cartagena maidir le forbairt, láimhseáil, iompar, úsáid, aistriú agus scaoileadh orgánach modhnaithe beo agus oibleagáidí **Prótacal Nagoya** maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus na Tairbhí a Bhaineann leis na hAcmhainní sin mar aon lena n-Úsáid a Roinnt go Cóir agus go Cothromasach an 12 Deireadh Fómhair

2014;

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Sárú ar an** toirmeasc ar allmhairiú nó a onnmhairiú aon eiseamail a áirítear in Aguisín den Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 gan chead, de bhun Airteagail III, IV agus V;

*Leasú*

2. Toirmeasc ar allmhairiú nó a onnmhairiú aon eiseamail a áirítear in Aguisín den Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 gan chead, de bhun Airteagail III, IV agus V;

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Sárú ar an** toirmeasc ar mhonarú táirgí ar cuireadh mearcair leo de bhun Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn A, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata);

*Leasú*

3. Toirmeasc ar mhonarú táirgí ar cuireadh mearcair leo de bhun Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn A, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata);

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Sárú ar an** toirmeasc ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i bpróisis mhonaraíochta de réir bhrí Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn B, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata ón dáta céimnithe a shonraítear sa Choinbhinsiún maidir leis na táirgí agus na próisis faoi

*Leasú*

4. An toirmeasc ar úsáid mearcair agus comhdhúl mearcair i bpróisis mhonaraíochta de réir bhrí Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn B, Cuid I de Choinbhinsiún Minamata ón dáta céimnithe a shonraítear sa Choinbhinsiún maidir leis na táirgí agus na próisis faoi

seach;

seach;

## Leasú 107

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Sárú ar** an toirmeasc ar chóireáil dramhaíola mearcair d'aineoinn fhorálacha Airteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata;

*Leasú*

5. An toirmeasc ar chóireáil dramhaíola mearcair d'aineoinn fhorálacha Airteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata;

## Leasú 108

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. **Sárú ar an** toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán de bhun Airteagal 3 (1) (a) (i) agus Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, sa leagan de Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169 an 25 Meitheamh 2019 lgh. 45-77;

*Leasú*

6. Toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán de bhun Airteagal 3 (1) (a) (i) agus Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, sa leagan de Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169 an 25 Meitheamh 2019 lgh. 45-77;

## Leasú 109

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **Sárú ar** an toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola ar bhealach nach mbeidh slán ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm sa dlínse is

*Leasú*

7. An toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt dramhaíola ar bhealach nach mbeidh slán ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm sa dlínse is

infheidhme faoi fhorálacha Airteagal 6 (1) (d) (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha;

infheidhme faoi fhorálacha Airteagal 6 (1) (d) (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha;

## Leasú 110

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. **Sárú ar an** toirmeasc ar allmhairiú ceimiceáin a liostaítear in Iarscríbhinn III den Choinbhinsiún ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (UNEP/FAO), Coinbhinsiún a glacadh an 10 Meán Fómhair 1998, mar a léirigh an Páirtí allmhairíochta sa Choinbhinsiún i gcomhréir leis an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach;

*Leasú*

8. Toirmeasc ar allmhairiú ceimiceáin a liostaítear in Iarscríbhinn III den Choinbhinsiún ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (UNEP/FAO), Coinbhinsiún a glacadh an 10 Meán Fómhair 1998, mar a léirigh an Páirtí allmhairíochta sa Choinbhinsiún i gcomhréir leis an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach;

## Leasú 111

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. **Sárú ar** an toirmeasc ar tháirgeadh agus ar ídiú substaintí sonracha a ídíonn an ciseal ózóin (i.e. clórafluoracarbóin, Halóin, teitreaclóiríd charbóin, **1,1,1-tríchlóireatán, brómaclóraimeatán, bróimíd mheitile, hidreabrómafluoracarbóin agus hidreaclórafluoracarbóin**) tar éis a gcéimníthe amach de bhun **Choinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin agus a Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;**

*Leasú*

9. An toirmeasc ar tháirgeadh agus ar ídiú substaintí sonracha a ídíonn an ciseal ózóin (i.e. clórafluoracarbóin, Halóin, teitreaclóiríd charbóin, **1,1,1-tríchlóireatán, brómaclóraimeatán, bróimíd mheitile, hidreabrómafluoracarbóin agus hidreaclórafluoracarbóin**) tar éis a gcéimníthe amach de bhun **Choinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin agus a Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin;**

## Leasú 112

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 10 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. **Sárú ar an** toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola guaisí de réir bhrí Airteagal 1 (1) agus dramhaíola eile de réir bhrí Airteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190 an 12 Iúil 2006 lgh. 1-98) (Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433 an 22 Nollaig 2020 lgh. 11-19)

*Leasú*

10. Toirmeasc ar onnmhairí dramhaíola guaisí de réir bhrí Airteagal 1 (1) agus dramhaíola eile de réir bhrí Airteagal 1 (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190 an 12 Iúil 2006 lgh. 1-98) (Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 433 an 22 Nollaig 2020 lgh. 11-19)

## Leasú 113

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 11

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

11. **Sárú ar an** toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel chuig tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn VII (Airteagal 4A de Choinbhinsiún Basel, Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006);

*Leasú*

11. An toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel chuig tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn VII (Airteagal 4A de Choinbhinsiún Basel, Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006);

## Leasú 114

### Togra le haghaidh Treorach Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

12. **Sárú ar** an toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl eile a allmhairiú ó thír nach páirtí í i gCoinbhinsiún Basel (Airteagal 4 (5) de Choinbhinsiún Basel).

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

12. An toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl eile a allmhairiú ó thír nach páirtí í i gCoinbhinsiún Basel (Airteagal 4 (5) de Choinbhinsiún Basel).

*Leasú*

**12a. An oibleagáid laghdaithe a bhaint amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(a), Airteagal 4(1), Airteagal 4(2) agus Airteagal 5(1) de Chomhaontú Pháras faoi Chreat na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, an Dlí Aeráide Eorpach agus an Gealltanas Domhanda maidir le Meatain;**

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12b. Sárú ar phrionsabail chomhshaoil Eorpacha mar a shainmhínítear in Airteagal 191 CFAE;**

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12c. An oibleagáid gach beart a dhéanamh atá comhsheasmhach le**

*Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlíthe na Farraige (UNCLOS) atá riachtanach chun truailliú na muirthimpeallachta ó aon fhoinse a chosc, a laghdú agus a rialú, agus úsáid á baint chun na críche sin as na modhanna is fearr is féidir atá ar fáil dóibh agus i gcomhréir lena gcumais, i gcomhréir le hAirteagal 194(1) de UNCLOS, lena n-áirítear Airteagal 194 (3)(a), Airteagal 194 (3)(b), Airteagal 194 (3)(c), agus Airteagal 194 (3)(d) de UNCLOS;*

Leasú 118

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*12d. Na cearta rochtana ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil i gcomhréir, go háirithe, le hAirteagail 4, 6, agus 9 den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus') chomh maith le hAirteagail 5, 7, agus 8 den Chomhaontú Réigiúnach maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Ceartas i gCúrsaí Comhshaoil i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib ('Comhaontú Escazú');*

*An oibleagáid chun a áirithiú go mbeidh daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a dhéanann cearta an duine i gcúrsaí comhshaoil a bhaineann le slabhra luacha cuideachta a chur chun cinn agus a chosaint in ann gníomhú saor ó bhagairt, ó shrian agus ó neamhdheimhneacht agus nach ngearrfar pionós orthu, nach ndéanfar géarleanúint orthu ná nach ndéanfar iad a chiapadh ar*

*bhealach ar bith as a rannpháirtíocht, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chomhaontú Escazú chomh maith le hAirteagal 3(8) de Choinbhinsiún Aarhus;*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*12e. An oibleagáid gach beart iomchuí a dhéanamh chun aon tionchar trasteorann ar uisce trasteorann a chosc, a rialú agus a laghdú i gcomhréir le Coinbhinsiún 1992 maidir le Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta a Chosaint agus a Úsáid.*

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*12f. An oibleagáid chun drochthionchair ar na maoine atá sainithe mar oidhreacht nádúrtha a sheachaint nó a íoslaghdú mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a chosaint an 16 Samhain 1972 (an Coinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 5(d) den Choinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha;*



**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12g. An oibleagáid chun drochthionchair ar bhogaigh a sheachaint nó a íoslaghdú mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce an 2 Feabhra 1971 (Coinbhinsiún Ramsar), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Choinbhinsiún Ramsar agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha;**

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach  
Iarscríbhinn – Cuid II – pointe 12 h (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**12h. An oibleagáid truailliú ó longa a chosc, arna léirmhíniú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc an 2 Samhain 1973, arna leasú le Prótacal 1978 (MARPOL 73/78). Áirítear sa mhéid sin:**

**(a) toirmeasc ar scaoileadh amach san fharraige:**

**(i) ola nó meascán olach mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialachán 9 go 11 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;**

**(ii) substaintí leachtacha urchóideacha mar a shainmhínítear iad i Rialachán 1(6) d'Iarscríbhinn II a**

*ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialachán 5 agus 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le MARPOL 73/78; agus*

*(iii) séarachas mar a shainmhínítear i Rialachán 1(3) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialachán 8 agus 9 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le MARPOL 73/78;*

*(b) toirmeasc ar thruailliú neamhdhleathach ó shubstaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm pacáistithe mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialachán 1 go 7 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le MARPOL 73/78; agus*

*(c) toirmeasc ar thruailliú neamhdhleathach ó dhramhaíl longa mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialachán 3 go 6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL 73/78;*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorpharáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937	
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)	
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022	
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ENVI 4.4.2022	
<b>Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	15.9.2022	
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Tiemo Wölken 10.5.2022	
<b>Pléite sa choiste</b>	28.4.2022	10.10.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	9.2.2023	
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+: 39	–: 34
	0: 2	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Helène Fritzon, Malte Gallée, Andreas Glück, Catherine Griset, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ljudmila Novak, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraiki, Véronique Trillet-Lenoir, Achille Variati, Petar Vítanov, Alexandr Vondra, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska	
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	João Albuquerque, Eric Andrieu, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Billy Kelleher, Ska Keller, Sara Matthieu, Manuela Ripa, Robert Roos, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska	
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Karolin Braunsberger-Reinhold, Clare Daly, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Niclas Herbst, Beata Kempa, Karsten Lucke, Johan Nissinen, Sabrina Pignedoli, Andreas Schwab, Jörgen Warborn	

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

39	+
NI	Sabrina Pignedoli
Renew	Pascal Canfin, Martin Hojsík, Billy Kelleher, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Véronique Trillet-Lenoir, Michal Wiezik
S&D	Eric Andrieu, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Ilan De Basso, Cyrus Engerer, Helène Fritzon, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Karsten Lucke, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Christel Schaldemose, Achille Variati, Petar Vitanov, Tiemo Wölken
The Left	Clare Daly, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig
Verts/ALE	Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Ska Keller, Sara Matthieu, Tilly Metz, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Sarah Wiener

34	-
ECR	Beata Kempa, Joanna Kopcińska, Johan Nissinen, Robert Roos, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska
ID	Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Catherine Griset
PPE	Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jarosław Duda, Agnès Evren, Niclas Herbst, Ewa Kopacz, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolores Montserrat, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Massimiliano Salini, Christine Schneider, Andreas Schwab, Maria Spyraiki, Jörgen Warborn, Pernille Weiss
Renew	Andreas Glück, Jan Huitema, Erik Poulsen, Emma Wiesner
S&D	João Albuquerque

2	0
NI	Ivan Vilibor Sinčić
PPE	Nathalie Colin-Oesterlé

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar  
 - : i gcoinne  
 0 : staonadh



01.02.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall  
Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorpáraideach agus lena leasaítear Treoir  
(AE) 2019/1937  
(COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Pierfrancesco Majorino

### RÉASÚNÚ GEARR

Is príomhthoisic é an chaoi a bhfeidhmíonn cuideachtaí i dtíortha i mbéal forbartha chun cearta an duine, an comhshaol, an smacht reachta agus córais dea-rialachais na dtíortha sin a urramú agus chun a spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go ngníomhóidh cuideachtaí go freagrach, go seachnóidh siad díobháil agus go rannchuideoidh siad le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha atá i mbéal forbartha.

Is céim an-tábhachtach chun cinn í an Treoir seo i dtaca leis sin. Is geal leis an Rapóirtéir an togra, ach creideann sé, áfach, go bhfuil gá le feabhsuithe suntasacha chun iompar freagrach cuideachtaí i dtíortha i mbéal forbartha a áirithiú.

Ní mór cur chuige iomlánaíoch a áirithiú tríd an urraim don smacht reachta agus do chórais dea-rialachais a neartú sna tíortha, sna réigiúin nó sna críocha ina n-oibríonn an chuideachta. Braitheann rath gnó go mór ar inbhuanaitheacht na sochaithe ina n-oibríonn siad agus d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag gnólachtaí maidir leis an smacht reachta agus an dea-rialachas a chur chun cinn. Sa chiall sin, ba cheart do chuideachtaí staonadh ó éilliú agus ó dhrochchleachtas eile a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó na creataí institiúideacha agus dlíthiúla laga atá ann i roinnt mhaith tíortha i mbéal forbartha agus tacú leis na struchtúir atá ann cheana, agus dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh ar fud oibríochtaí agus slabhra luacha na cuideachta lena n-áirítear dlíthe agus beartais chánach, oibleagáidí conarthacha agus comhaontuithe tráchtála le linn na nósanna imeachta agus cinntí maidir le díospóidí a réiteach ar gach leibhéal a bheith á n-urramú

Ba cheart an raon feidhme a leathnú chun an oiread cuideachtaí agus is féidir a chur san áireamh agus ba cheart roinnt príomhearnálacha a chur leis amhail táirgeadh ola agus gáis agus earnáil scagtha ola nó foirgníochtaí, lóistíocht agus bonneagair. Ní mór na sainmhínte

a neartú chun drochthionchair an smachta reachta agus an dea-rialachais a chur san áireamh, chun roinnt treorach a chur ar fáil maidir le drochthionchair ar an gcomhshaol chomh maith le sainmhíniú na ngeallsealbhóirí a threisiú, lena n-áirítear trí chatagóir nua geallsealbhóirí leochaileacha a chur isteach.

I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh a iarrtar ar gheallsealbhóirí i gcaitheamh phróiseas iomlán an díchill chuí, moltar airteagal nua chun a rannpháirtíocht fhóinteach sa phróiseas chomh maith le feabhsuithe ar fhorálacha dlíthiúla eile a shainiú.

Tugadh isteach roinnt leasuithe chun a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí a slabhra luacha a mhapáil agus faisnéis ábhartha a nochtadh go poiblí, go ndéanfar aon chinneadh gnó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh le rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí ábhartha agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann dá dheasca.

I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, is sásraí úsáideacha iad leigheasanna neamhbhreithiúnacha chun leigheasanna agus cúiteamh a sholáthar d'íospartaigh nó do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu nó chun rannchuidiú leis an damáiste a rinneadh a dheisiú. Chun a áirithiú, áfach, gur féidir leo a gcuspóirí a chomhlíonadh, ní mór dóibh sraith ceanglas a chomhlíonadh mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

D'ainneoin na gceanglas tuairiscithe faoi Threoir 2013/34, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtuairiscíonn cuideachtaí ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo chomh maith le faisnéis ghaolmhar atá ríthábhachtach chun tacú le cuideachtaí agus a fochuideachtaí agus a gcomhpháirtithe gnó atá ag feidhmiú i dtíortha i mbéal forbartha chun drochthionchair iarbhrí nó fhéideartha a shainiú, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.

Mhol an Rapóirtéir roinnt treoirínite freisin gur cheart don Choimisiún a sholáthar chun tacú le cuideachtaí agus le húdaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, amhail i dtaobh na dtionchar ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas, maidir le dícheall cuí feabhsaithe a chur chun feidhme i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, maidir le sábháilteacht, rannpháirtíocht éifeachtach agus fhóinteach le geallsealbhóirí i ngach próiseas díchill chuí nó maidir le mapáil slabhra luacha cuideachtaí agus próiseas éifeachtúil chun faireachán a dhéanamh ar iompar comhpháirtithe gnó tríd an slabhra luacha.

Treisíodh na bearta tionlacain freisin chun go gcuirfí san áireamh an gá atá le dlús a chur leis an tacaíocht atá le soláthar i dtíortha atá i mbéal forbartha chun timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt agus chun spás sibhialta a chosaint, chun feasacht agus fothú acmhainní a ardú do phobail agus do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear ceardchumann, ENRanna nó comhlachais áitiúla, chun faireachán a dhéanamh ar iompar agus tionchair cuideachtaí nó chun tacú le rochtain ar cheartas d'íospartaigh agus do dhaoine agus do ghrúpaí a bhfuil leas dlisteanach acu.

Ar deireadh, tá sé ríthábhachtach an dliteanas sibhialta a threisiú lena n-áirítear go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rochtain ar an gceartas a fhíorú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann faoi láthair ina leith agus tríd an dualgas cruthúnais a aisiompú i dtreo cuideachtaí.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

*Leasú*

(1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. ***Luaítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go rannchuideoidh beartas an Aontais le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, le sláinte an duine a chosaint, le húsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha agus le bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac.*** Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú. ***Thairis sin, luaítear in Airteagal 208 CFAE nach mór don Aontas cuspóirí an chomhair um fhorbairt a chur san áireamh sna beartais a chuireann sé chun feidhme ar dócha go ndéanfaidh siad difear do thíortha i mbéal forbartha.***



## Leasú 2

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(2a) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá le hathrú sistéamach ar gheilleagar an Aontais chun a áirithiú go mbainfear an t-aistriú glas amach ar bhealach cóir agus cuimsitheach, laistigh de theorainneacha an phláinéid. Beidh baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) ag an Aontas agus a thacaíocht do thríú tíortha déanamh amhlaidh bunriachtanach má tá an tAontas le ceannaireacht dhomhanda a léiriú maidir le haistrithe inbhuanaitheachta a bhaint amach.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar rithábachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar imní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

(4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar rithábachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine, **cearta saothair** agus an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar imní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais<sup>77</sup> agus ar an leibhéal náisiúnta<sup>78</sup>, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

<sup>77</sup> ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [Samhlacha Fiontraíochta agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.

<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

<sup>77</sup> ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [Samhlacha Fiontraíochta agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

<sup>78</sup> E.g.

<https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

## Leasú 4

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 6

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta<sup>80</sup> lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála<sup>81</sup>, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhír agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhraí luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Tríphárteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta<sup>82</sup>.

<sup>80</sup> Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag

#### *Leasú*

(6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta<sup>80</sup> lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála<sup>81</sup>, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhír agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhraí luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainnithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. ***Ceanglaítear leis na treoirlínte sin freisin ar chuideachtaí an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú agus caighdeán níos airde díchill chuí atá fogair ó thaobh coinbhleachta de a chur i bhfeidhm, i gcás ina n-oibríonn na cuideachtaí sin i limistéir ina bhfuil coinbhleacht.*** Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhú Tríphárteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta<sup>82</sup>.

<sup>80</sup> Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag

<http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/>  
<https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>

<sup>81</sup> Treoir ECFE maidir le hlompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáilshonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: [https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

## Leasú 5

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe<sup>83</sup>, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. **Rannchuidíonn an** earnáil phríobháideach leis na haidhmeanna sin.

---

<sup>83</sup> [https://www.un.org/ga/search/view\\_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E](https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E).

## Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 10 a (nua)

<http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/>  
<https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>

<sup>81</sup> Treoir ECFE maidir le hlompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáilshonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

<sup>82</sup> Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: [https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS\\_094386/lang--en/index.htm](https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm).

*Leasú*

(7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe<sup>83</sup>, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. **Ba cheart don** earnáil phríobháideach **rannchuidiú go héifeachtach** leis na haidhmeanna sin.

---

<sup>83</sup> [https://www.un.org/ga/search/view\\_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E](https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E).

**(10a) Ba cheart do chleachtais díchill chuí faoin Treoir seo rannchuidiú le bithéagsúlacht mhuirí agus talún a chaomhnú agus a athbhunú trí, inter alia, cailliúint bithéagsúlachta a stopadh, a mhaolú agus a aisiompú agus feabhas a chur ar staid na n-éiceachóras agus a bhfeidhmeanna agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad, agus trí fheabhas a chur ar staid an chomhshaoil, go háirithe an t-aer, an t-uisce agus an ithir, mar chuid de na príomhchuspóirí sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chosaint ar rioscaí a bhaineann leis an gcomhshaol, i gcomhréir le Clár Oibre 2030.**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 11 a (nua)**

**(11a) Is príomhghné den Treoir seo é tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú. Sa chiall sin, cumhdaíonn coincheap an tionchair ar an gcomhshaol na díobhálacha foriomlána a d'fhéadfadh a bheith ann don aeráid nó don chomhshaol mar thoradh ar shárú ar ghealltanais idirnáisiúnta agus ar reachtaíocht an Aontais agus áirítear leis freisin tionchair ar cháilíocht an aeir agus ar thruailliú aeir; ar thruailliú nó éilliú uisce agus rochtain ar acmhainní uisce agus infhaighteacht na n-acmhainní sin; ar thruailliú, éilliú, creimeadh agus úsáid talún; ar bhithéagsúlacht, lena n-áirítear damáiste don fhiadhúlra, do ghrinneall na farraige agus don mhuirthimpeallacht, do fhlóra, d'fhána, do ghnáthóga nádúrtha agus d'éiceachórais; ar shláinte an duine i**

*gcomhréir leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’; ar an aeráid, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus trí linnte gás ceaptha teasa a bheith á scriosadh nó á ndíghrádú; agus ar an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear trí dhamáiste d’ath-inúsáidteacht agus d’in-athchúrsáilteacht, amhail éilliú sruthanna dramhaíola le substaintí guaiseacha.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 13 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(13a) Mar aon le hurráim do chearta an duine, don chomhshaol agus don smacht reachta, ba cheart dea-rialachas a áireamh freisin sa phróiseas díchill chuí. Tagraíonn dea-rialachas do rialacha, do phróisis agus d’iompar trína ndéantar leasanna a chur in iúl, acmhainní a bhainistiú, agus cumhacht a fheidhmiú sa tsochaí. Airítear ann an próiseas trína ndéanann institiúidí poiblí gnóthaí poiblí a stiúradh agus acmhainní poiblí a bhainistiú ar bhealach a chuireann chun cinn an smacht reachta agus baint amach chearta an duine (lena n-áirítear cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha). Is iad príomhghnéithe an dea-rialachais trédhearcacht, sláine, dlíthiúlacht, beartas fóna, rannpháirtíocht, cuntasacht, freagrúlacht, agus easpa éillithe agus éagóra. Ní mór a mheas go bhfuil an dea-rialachas rithábhachtach chun forbairt inbhuanaithe agus folláine an duine a bhaint amach. Baineann sé sin, go háirithe, le rialú an éillithe, a bhfuil sé léirithe go ndéanann sé difear don fholláine go díreach agus go hindíreach.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 13 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(13b) Tá sé rithábhachtach a áirithiú go gcuirfear dícheall cuí maidir le cearta an duine chun feidhme ar bhealach atá freagrúil ó thaobh inscne de lena n-aithnítear go bhfuil neamhionannas inscne leabaithe in institiúidí stáit agus margaidh araon agus go bhfuil sé ina shrian ar chearta na mban agus na gcailíní a fhíorú. Níl sárúithe ar chearta an duine neodrach ó thaobh inscne de agus níor cheart caitheamh leo amhlaidh. Is minic a bhíonn tionchar díréireach ag cleachtais ghnó dhíobhálacha ar mhná, rud a éilíonn próiseas díchill chuí a fhreagraíonn dá riachtanais shonracha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh cuideachtaí lionsa inscne i bhfeidhm i gcaitheamh chéimeanna agus ghníomhaíochtaí uile phróiseas an díchill chuí agus tacú go gníomhach leis an gcomhionannas inscne. Ba cheart do chuideachtaí oibriú le soláthróirí chun córas iniúchóireachta sóisialta a chur ar bun ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndearfar próisis agus sásraí feabhsúcháin inscne-fhreagrúla chun rochtain chomhionann agus torthaí comhionanna a áirithiú do gach inscne. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart sásraí casaoide corparáideacha a bheith inrochtana, éifeachtúil, sábháilte agus cothrom do mhná, agus na bacainní is dóichí a bheidh roimh mhná á gcur san áireamh.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí dhrochtionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochtionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe ***ina n-oibríonn siad, lena n-áirítear lasmuigh de mhargadh an Aontais*** trí dhrochtionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine, ar ***chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas*** a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochtionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha, ***go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha.***

*Leasú*

***(14a) Ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí agus cur chuige rioscabhunaithe á chur i bhfeidhm acu, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo. Ciallaíonn sé sin gur cheart don Treoir seo buntacar ceanglas a leagan síos do chuideachtaí ó gach earnáil chun dícheall cuí a dhéanamh lena gcumhdaítear a slabhraí luacha go ginearálta chun na háiteanna is dóchúla a bheidh ann do na tionchair thromchúiseacha a shainaithint agus chun tosaíocht a thabhairt do conas na rioscaí sin a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu nuair a shainaithneofar***

## Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 15*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó **dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe** ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. **Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo.** Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt **ina** caidrimh ghnó **dhíreacha agus indíreacha**, agus **ar** an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.

## Leasú 13

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. **Nuair nach bhfuil cuideachtaí in ann drochthionchair na slabhraí luacha a sheachaint, ba cheart go gceanglófaí orthu caidreamh díobhálach gnó a fhoirceannadh agus struchtúr a slabhraí luacha a mhodhnú chun a áirithiú nach rannchuideoidh sé sin a thuilleadh leis an drochthionchar nó nach bhféadfadh sé a bheith ina chúis leis an drochthionchar.** Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt **ar a** caidrimh ghnó, agus **i dtaobh** an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.



**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 16 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(16a) Ba cheart do chuideachtaí na bearta díchill chuí a fhorbairt agus a oiriúnú i bhfianaise an chomhthéacs pholaitiúil ina bhfeidhmíonn na cuideachtaí sin, a bhfochuideachtaí agus a gcaidrimh ghnó ar fud a slabhraí luacha. I limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca, tá baol breise ann go mbeidh cuideachtaí páirteach i sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Sna limistéir sin, ba cheart do chuideachtaí, dá bhrí sin, dícheall cuí méadaithe, coinbhleacht-íogair a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí méadaithe sin agus chun a áirithiú nach ndéanfaidh siad an choinbhleacht a éascú, a mhaoiniú, a ghéarú nó tionchar diúltach a imirt uirthi ar bhealach eile nó nach gcuirfidh siad le sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta i limistéir ina bhfuil coinbhleacht nó i limistéir ardriosca.*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(17) Bíonn drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna

(17) Bíonn drochthionchar ar chearta an duine, **ar chearta saothair** agus ar an gcomhshaol, **ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas** ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis

nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Ba cheart **a chumhdach** leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó **sheanbhunaithe** na cuideachta. Ba cheart **a chumhdach** leis caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha **sheanbhunaithe** réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, **agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha**, lena n-áirítear caidrimh **gnó** dhíreacha agus indíreacha **sheanbhunaithe**, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas **le** deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríníú nó a chur i líonadh talún.

drochthionchair ar chearta an duine, **ar chearta saothair** agus ar an gcomhshaol, **ar an smacht reachta agus ar dhearialachas** arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.

*Leasú*

(18) Ba cheart **go gcumhdófaí** leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, **dáileadh agus díol** earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, **agus aon cheann dá fhochuideachtaí agus dá bhrainsí atá faoi úinéireacht go díreach agus go hindíreach** lena n-áirítear **inter alia** forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó na cuideachta. Ba cheart **go gcumhdófaí** leis, caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta **agus d'aon cheann dá fhochuideachtaí agus dá bhrainsí atá faoi úinéireacht go díreach agus go hindíreach**, **ar** seirbhísí **iad** a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí **agus caidrimh iartheachtacha** na cuideachta a chur i gcrích, lena n-áirítear caidrimh **ghnó** dhíreacha agus indíreacha, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta **agus d'aon cheann dá fhochuideachtaí agus dá bhrainsí atá faoi úinéireacht go díreach agus go hindíreach** suas **go dtí** deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh

an tairge ar mhiondíoltóirí, *táirgí a dhíol le tomhaltóirí, nó seirbhísí a sholáthar dóibh, is cuma cén modh (e.g. saincheadú, ceadúnú)*, iompar agus stóráil an tairge, díchóimeáil an tairge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún. *Mar a luadh i dTreoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, ba cheart go gcumhdódh an slabhra luacha na struchtúir éagsúla a úsáideann an chuideachta agus aon cheann dá fochuideachtaí agus dá brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach chun oibriú lena n-áirítear, inter alia, saincheadúnú, ceadúnú agus fochonraitheoireacht.*

## Leasú 16

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) *A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí iasachtaí, seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile, ba cheart ‘slabhra luacha’ maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, agus dá bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. **Cliant ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid den slabhra luacha. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliant sin a chumhdach.***

## Leasú 17

*Leasú*

(19) *Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn maoiniú (iasachtaí agus cineálacha eile creidmheasa), árachas nó athárachas, ba cheart ‘slabhra luacha’ maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, agus dá bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a **theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe**. Chun **críoch** na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le **caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘caidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.**

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 21**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí **de chuid** an Aontais a bhfuil níos mó ná **500** fostaí **acu** ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 150 milliún** acu sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh

PE738.450v02-00

524/737

*Leasú*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí **gach caidreamh gnó a chumhdach**. Chun **críche** na Treorach seo, ba cheart **caidreamh gnó díreach agus indíreach** a bheith i gceist le caidreamh gnó.

*Leasú*

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí an Aontais a bhfuil níos mó ná **250** fostaí ar an meán **acu** agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn **EUR 40 milliún** acu sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná **50** fostaí ar an

RR\1278479GA.docx

níos mó ná **250** fostaí **acu** ar an meán agus níos mó ná **EUR 40 milliún** acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart **go gcuirfí** dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaíthe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar

meán **acu** agus níos mó ná **EUR 8 milliún** acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart dícheall cuí **a chur** i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaíthe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

*Leasú*

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar

aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart **roghnú na n-earnálacha** ardtionchair **chun críocha na Treorach seo a bheith** bunaithe ar threoir earnála **reatha** ECFE maidir le dícheall cuí. **Ba cheart féachaint** ar na hearnálacha **seo a leanas** mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), **agus** trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriiliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhíotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhíotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). **Maidir leis** an earnáil airgeadais, **mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dlíteanas teoranta.**

aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar **chearta saothair agus ar** shaincheisteanna comhshaoil, **an smachta reachta agus dea-rialachais** a léiriú, ba cheart **liosta earnálacha** ardtionchair **a sholáthar leis an Treoir seo**, bunaithe, **i measc nithe eile**, ar threoir earnála ECFE maidir le dícheall cuí **atá ann cheana. Áirítear** ar na hearnálacha **ar cheart a mheas** mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: **an earnáil fuinnimh lena n-áirítear ola, gás, fuinneamh núicléach, gal, leictreachas agus foinsí eile le linn a saolré, ó eastóscadh, scagadh, táirgeadh, dóchán breoslaí, in iompar, stóráil agus bainistiú dramhaíola lena n-áirítear dramhaíl radaighníomhach; earnáil na gceimiceán;** monarú teicstílí, **éadaí, fionnadh**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), trádáil mhórdhíola **agus miondíol** teicstílí, éadaí agus coisbhirt; **táirgeadh plaisteach, loingsiú agus bainistiú dramhaíola;** talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), **bainistiú talún agus acmhainní (lena n-áirítear i ndáil le caomhnú an dúlra nó gníomhaíochtaí gaolmhara eile);** monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, **táirgí ainmhithe**, adhmaid, bia agus deochanna **agus díol le tomhaltóirí;** eastóscadh, **iompar, próiseáil, minghlanadh agus láimhseáil** acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriiliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhíotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhíotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile); **tógáil, lóistíocht**

*agus tógáil bonneagair; an earnáil iompair, an lóistíocht agus an stóráil; táirgeadh, úsáid agus bainistiú dramhaíola táirgí leictreonacha; earnáil an bhainistithe dramhaíola; gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais; teicneolaíocht, gníomhaíochtaí digiteacha agus ardáin ar líne; monarú agus trádáil arm agus armlóin, lena n-áirítear ítimí dé-úsáide, monarú agus trádáil feithiclí míleata comhraic; gníomhaíochtaí slándála príobháidí agus gníomhaíochtaí seirbhíse córas slándála, lena n-áirítear forbairt agus oibriú teicneolaíochtaí bithmhéadrachta agus faireachais.*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an *gcomhshaoil* i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **EUR 150 milliún** ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún** ach níos lú ná **EUR 150 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.

*Leasú*

(23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus *cearta saothair*, ar an *gcomhshaoil*, ar an *smacht reachta agus ar dhea-rialachas* i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas **EUR 40 milliún** ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 8 milliún** ach níos lú ná **EUR 40 milliún** sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo. *D'fhéadfadh struchtúir éagsúla a*

*bheith ag fiontair ghnó a fhágann go bhfuil glanláimhdeachas faoi bhun na tairsí ag cuideachta aonair. Mar a luaitear sa Treoir Léirmhínteach do Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, d'fhéadfadh cuideachtaí oibriú inter alia trí fochuideachtaí éagsúla nó múnla saincheadúnais a leanúint. D'fhéadfadh cuideachtaí codanna suntasacha dá ngníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú nó a ligean ar fochonradh freisin. Dá bhrí sin, ba cheart go n-áireofaí ar ghlanláimhdeachas arna ghiniúint ag an gcuideachta san Aontas glanláimhdeachas arna ghiniúint go díreach san Aontas ag an gcuideachta agus an glanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas ag a fochuideachtaí agus brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach, chomh maith leis an nglanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas trí ghnóthais tríú páirtí lena bhfuil comhaontú ingearach déanta ag an gcuideachta nó ag a fochuideachtaí agus a brainsí faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach i gcomaoin ar ríchíosanna nó comhaontú seachfhoinsithe a íoc.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 24

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Chun raon feidhme an chur i bhfeidhm a shainiú i ndáil le cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, ba cheart an critéar láimhdeachais a bhfuil tuairisc air a roghnú toisc go gcruthaíonn sé nasc críochach idir na cuideachtaí tríú tír agus críoch an Aontais. Is athróg ionadach é an láimhdeachas le haghaidh na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin ar an margadh inmheánach. I gcomhréir leis an

*Leasú*

(24) Chun raon feidhme an chur i bhfeidhm a shainiú i ndáil le cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, ba cheart an critéar láimhdeachais a bhfuil tuairisc air a roghnú toisc go gcruthaíonn sé nasc críochach idir na cuideachtaí tríú tír agus críoch an Aontais. Is athróg ionadach é an láimhdeachas le haghaidh na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin ar an margadh inmheánach. I gcomhréir leis an



dlí idirnáisiúnta, tugann na héifeachtaí sin bonn cirt le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cuideachtaí tríú tír. Chun a áirithiú go sainaitheofaí láimhdeachas ábhartha na gcuideachtaí lena mbaineann, ba cheart úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar síos i dTreoir (AE) 2013/34 arna leasú le Treoir (AE) 2021/2101, modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad. Chun forfheidhmiú éifeachtach na Treorach seo a áirithiú, níor cheart tairseach fostaithe a chur i bhfeidhm chun a chinneadh cé na cuideachtaí tríú tír a thagann faoin Treoir seo, ós rud é go bhfuil an coincheap a bhaineann le ‘fostaithe’ a choinnítear chun críocha na Treorach seo bunaithe ar dhlí an Aontais agus nach bhféadfaí é a thrasú go héasca lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, in éagmais modheolaíocht shoiléir agus chomhsheasmhach, lena n-áirítear i gcreataí cuntasáíochta, chun fostaithe cuideachtaí tríú tír a chinneadh, chruthódh an tairseach fostaithe sin éiginnteacht dhlíthiúil agus bheadh sé deacair í a chur i bhfeidhm le haghaidh údaráis mhaoirseachta. Ba cheart an sainmhíniú ar láimhdeachas a bheith bunaithe ar Threoir 2013/34/AE lenar bunaíodh cheana na modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, toisc go bhfuil na sainmhínithe ar láimhdeachas agus ar ioncam cosúil le chéile i gcreataí idirnáisiúnta cuntasáíochta freisin. D’fhonn a áirithiú go mbeidh a fhios ag an údarás maoirseachta cé na cuideachtaí tríú tír a ghineann an láimhdeachas is gá san Aontas chun teacht faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart a cheangal leis an Treoir seo go gcuirfí in iúl d’údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar ionadaí údaraithe na cuideachta tríú tír nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, d’údarás maoirseachta an Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain

dlí idirnáisiúnta, tugann na héifeachtaí sin bonn cirt le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cuideachtaí tríú tír. Chun a áirithiú go sainaitheofaí láimhdeachas ábhartha na gcuideachtaí lena mbaineann, ba cheart úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar síos i dTreoir (AE) 2013/34 arna leasú le Treoir (AE) 2021/2101, modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad. Chun forfheidhmiú éifeachtach na Treorach seo a áirithiú, níor cheart tairseach fostaithe a chur i bhfeidhm chun a chinneadh cé na cuideachtaí tríú tír a thagann faoin Treoir seo, ós rud é go bhfuil an coincheap a bhaineann le ‘fostaithe’ a choinnítear chun críocha na Treorach seo bunaithe ar dhlí an Aontais agus nach bhféadfaí é a thrasú go héasca lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, in éagmais modheolaíocht shoiléir agus chomhsheasmhach, lena n-áirítear i gcreataí cuntasáíochta, chun fostaithe cuideachtaí tríú tír a chinneadh, chruthódh an tairseach fostaithe sin éiginnteacht dhlíthiúil agus bheadh sé deacair í a chur i bhfeidhm le haghaidh údaráis mhaoirseachta. Ba cheart an sainmhíniú ar láimhdeachas a bheith bunaithe ar Threoir 2013/34/AE lenar bunaíodh cheana na modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, toisc go bhfuil na sainmhínithe ar láimhdeachas agus ar ioncam cosúil le chéile i gcreataí idirnáisiúnta cuntasáíochta freisin. **Ba cheart go n-áireofaí ar ghlanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas glanláimhdeachas cuideachtaí tríú tír fiú mura n-oibríonn siad go díreach san Aontas ach trí struchtúir éagsúla lena n-áirítear inter alia fochuideachtaí agus brainsí agus comhaontuithe ingearacha i gcomaoin ar íocaíocht ríchíosanna - mar a léirítear i dTreoir Léirmhínithe Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine - chomh maith le comhaontuithe**

airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo í an chuideachta.

***seachfhoinsithe nó comhaontuithe fochonraitheoireachta.*** D'fhonn a áirithiú go mbeidh a fhios ag an údarás maoirseachta cé na cuideachtaí tríú tír a ghineann an láimhdeachas is gá san Aontas chun teacht faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart a cheangal leis an Treoir seo go gcuirfí in iúl d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar ionadaí údaráithe na cuideachta tríú tír nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, d'údarás maoirseachta an Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo í an chuideachta.

## Leasú 22

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc ***nó ar cheart*** nach liostaítear go sonrath san Iarscríbhinn sin agus a ***chuireann isteach go*** díreach ***ar*** leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den ***drochthionchar*** ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ***ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin***

*Leasú*

(25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart ***le*** dícheall cuí faoin Treoir seo ***go ndéanfaí aon tionchar diúltach ar theachtadh chearta daonna nó saothair duine nó grúpa daoine a sheachaint, mar a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus a*** dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo ***nó de thoradh mainneachtain bearta iomchuí díchill chuí frithéillithe a bhunú.*** Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nach liostaítear go sonrath san Iarscríbhinn sin agus a ***dhéanann dochar*** díreach ***do*** leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den ***tionchar***

*Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.*

*dióbhálach ar chearta an duine nó ar chearta saothair a chumhdaítear leis an Treoir seo. Ba cheart go gcuimseodh dícheall cuí, thairis sin, tionchair dhíobhálacha ar an gcomhshaol a eascraíonn as sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta comhshaoil lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta chomhshaoil a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo, nó as mainneachtain bearta iomchuí díchill chuí frithéillithe a bhunú nó go háirithe as drochthionchair ar cháilíocht an aeir, truailliú aeir agus atmaisféir, truailliú uisce, éilliú uisce, rochtain ar uisce agus ídiú fionnuisce, ithreach, amhail truailliú ithreach, éilliú ithreach, creimeadh ithreach, agus díghrádú talún, bithéagsúlacht, lena n-áirítear damáiste don fhiadhúlra, do ghrinneall na farraige agus don mhuirthimpeallacht, flora, fauna, gnáthóga nádúrtha agus éiceachórais, sláinte an duine i gcomhréir leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’, an aeráid, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus scrios nó díghrádú linnte.*

Leasú 23

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 25 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(25a) D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag iompar cuideachtaí ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha. D’fhéadfaidís leas a bhaint as na laigí atá ann cheana sna córais institiúideacha agus dlí chun gnó a dhéanamh trí na creataí idirnáisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana a shárú, go háirithe nuair nach n-urramaítear*

*rialacha, lena n-áirítear gan a gcánacha a íoc, nuair a bhíonn tionchar ag a bpróisis dhaonlathacha, feidhmiúcháin, reachtacha, riaracháin nó bhreithiúnacha trí chleachtais éillitheacha, foréigean nó imeaglú a úsáid nó nuair a bhíonn cuideachtaí páirteach go díreach nó go hindíreach i ngníomhaíochtaí coiriúla agus na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhaineann leis sin do na tíortha sin agus dá bpobail. Baineann an t-éilliú agus an smacht reachta neamhleor an bonn ón urraim do chearta an duine agus don chomhshaol. Cuireann éilliú ar chumas cuideachtaí freagracht as a dtionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a sheachaint, cuireann sé cosantóirí chearta an duine, an chomhshaoil, an smachta reachta agus an dea-rialachais i mbaol, lagaíonn sé cáilíocht, minicíocht agus iontaoibh as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás poiblí (e.g. údaráis chigireachta saothair agus chomhshaoil) agus as imeachtaí breithiúnacha.*

Leasú 24

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus **leis an gcomhshaol** a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, **fochuideachtaí**, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh **nós imeachta** gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun,

*Leasú*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine, **cearta saothair, an comhshaol, an smacht reachta** agus **dea-rialachas** a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, **a gcuid earraí táirgthe agus seirbhísí agus earraí agus seirbhísí a bhfochuideachtaí i gcaitheamh a saolré**, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, **tar éis dóibh dul i mbun comhairle fhóinteach le geallsealbhóirí**, an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar

ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a ***chur in iúl go poiblí***. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

chearta an duine, ar an gcomhshaol, ***ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas*** a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh ***sásra*** gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán ***agus measúnú*** a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh ***tuairisciú ar*** a ndícheall cuí ***agus ar an bhfaisnéis ghaolmhar chun tacú le cuideachtaí, a bhfochuideachtaí agus a gcomhpháirtithe gnó a oibríonn i dtíortha i mbéal forbartha chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais a shainaithint, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach***. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú ***agus foráil a dhéanamh maidir lena leigheas***, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

## Leasú 25

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 28

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí:

*Leasú*

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí:

tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, **lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe.** Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta **agus le heintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta nó ag aon cheann dá fochuideachtaí leo;** tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme; **tuairisc ar na bearta atá dírithe ar dhrochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú, agus deireadh a chur le drochthionchair iarbhír agus a méid a íoslaghdú;** tuairisc ar na bearta ceartaitheacha a rinneadh le linn na bliana roimhe sin tar éis aon líomhain gur sáraíodh an cód iompair agus aon tionchar díobhálach nua; **tuairisc ar na sásraí casaoide dá bhforáiltear sa Treoir seo; tuairisc ar thorthaí na measúnuithe ar na próisis, ar na bearta agus ar na nósanna imeachta.** Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. **Ní mór do chuideachtaí beartais leordhóthanacha a chur i bhfeidhm ionas nach gcuirfear costais an phróisis díchill chuí ar aghaidh chuig comhpháirtithe gnó atá níos laige.** Ba cheart go n-áireofaí sa bheartas díchill chuí straitéis chomhinfeistíochta chun cur le cumas na gcomhpháirtithe gnó níos laige dícheall cuí a dhéanamh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 29

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithe agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart a bhíonn in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus a bhíonn ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go sannfar tosaíochtaí ar an ngníomhaíocht. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine **agus** leis an gcomhshaol, *etc.*) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d’fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is *í* comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

## Leasú 27

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithe agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart a bhíonn in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus a bhíonn ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go sannfar tosaíochtaí ar an ngníomhaíocht. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine, leis an gcomhshaol, **leis an smachta reachta agus dea-rialachas etc.**) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d’fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

*Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do

chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis **chainníochtúil** agus **cháilíochtúil**. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaithint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine **agus ar chomhthéacs** an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar **athruithe sa timpeallacht** oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. **Maidir** le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, **is** ag tús an chonartha **amháin ar cheart dóibh na drochthionchair a shainaithint**. Agus drochthionchair á sainaithint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar **chearta saothair, ar** an gcomhshaol, **ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas** a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis **a fhaightear tar éis rannpháirtíocht fhóinteach leis na geallsealbhóirí** agus **ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla breise**. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaithint na ndrochthionchar measúnú ar **chomhthéacs** chearta an duine, **ceart saothair**, an chomhshaoil **agus an dea-rialachais** ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagra ar **na hathruithe sa chomhthéacs** oibriúcháin nó chun teacht rompu agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. **Ba cheart treoir iomchuí a bheith ann lena áirithiú gur féidir** le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile **na drochthionchair a shainaithint go hiomchuí** ag tús an chonartha **mar chuid de na próisis ionduchtaithe do chliaint ábhartha nua agus faoi réir nuashonrú bliantúil**. Agus drochthionchair á sainaithint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go



réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh. **Chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart don chuideachta straitéis tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhairle le geallsealbhóirí, ina gcuirfear san áireamh leibhéal déine, dóchúlacht, fad tréimhse, leathadh agus inchúlaitheacht na n-iarmhairtí díobhálacha féideartha éagsúla ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol agus ar chórais an smachta reachta agus an dea-rialachais.**

## Leasú 28

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 31

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) Chun ualach míchuí a sheachaint **ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardchionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, níor cheart oibleagáid a chur ar na cuideachtaí sin ach amháin na drochthionchair dhiana iarbhír nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann siad a shainaithint.**

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 32

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á **n-íoslaghdú nó** deireadh á chur leo. Chun **go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an**

*Leasú*

(31) Chun ualach míchuí **ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)** a sheachaint, **ba cheart tacú leis na fiontair sin trí bhearta agus uirlisí leormhaithe agus spriocdhírthe.**

*Leasú*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna, **riachtanais agus imthosca** na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh **go hiomlán** agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú agus á **bhfeabhsú agus** deireadh á chur leo **agus iad á n-íoslaghdú agus ba cheart iad a dheardh agus a chinneadh bunaithe ar**

*gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a úirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar na leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.*

*rannpháirtíocht fhóinteach leo. Ba cheart do chuideachtaí páirt a ghlacadh go tráthúil, go hinrochtana, go héifeachtúil agus go fóinteach le geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag an gcinneadh chun na drochthionchair a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh sula ndéanfar an cinneadh sin, agus ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin. I gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí, ba cheart do chuideachtaí scor d'aon chaidreamh gnó a bhaineann leas d'aon chineál as saothar leanaí mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 182. Ba cheart don chuideachta é sin a dhéanamh ar bhealach freagrach agus mar rogha dheireanach, a luaithe a theipeann ar na bearta a cuireadh chun feidhme chun deireadh a chur le saothar leanaí.*

Leasú 30

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 33

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(33) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, i gcás ina sainaitníonn cuideachta drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine **nó** ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a chosc agus chun iad a mhaolú go leordhóthanach. Chun deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart go leagfaí amach sa Treoir seo na gníomhaíochtaí ar cheart a bheith ag súil leis go ndéanfaid chuideachtaí iad chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú i gcás inarbh ábhartha, ag brath ar na himthosca.

*Leasú*

(33) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, i gcás ina sainaitníonn cuideachta drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine, ar **chearta saothair, ar an gcomhshaol ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a chosc agus chun iad a mhaolú go leordhóthanach. Chun deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart go leagfaí amach sa Treoir seo na gníomhaíochtaí ar cheart a bheith ag súil leis go ndéanfaid chuideachtaí iad chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú i gcás inarbh ábhartha, ag brath ar na himthosca.

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 34**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, *i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscithe*, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí *féachaint le* dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a *lorg* óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh *freisin a mbeidh sé d’aidhm acu* drochthionchair a chosc, *ba cheart dóibh* tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a *thabhairt* do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe acu leis*, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a *áirithiú*, chun *cabhrú* leis an gcód iompair nó *leis an bplean* gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó *trí threoraíocht* theicniúil amhail *an* oiliúint, uasghrádú *na gcóras*

*Leasú*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh. Ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a *fháil* óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí *freisin a samhlacha gnó agus a straitéisí gnó a oiriúnú, lena n-áirítear trádáil, soláthar, ceannach agus cleachtais phraghsála, agus* infheistíochtaí a dhéanamh *arb é is* aidhm *dóibh* drochthionchair a chosc, tacaíocht spriocdhírthe *agus* chomhréireach a *sholáthar* do FBM a bhfuil caidreamh gnó *acu* amhail maoiniú, mar shampla trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a *fháil*, chun *cuidiú* leis an gcód iompair nó *an plean* gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó *treoir* theicniúil amhail oiliúint, *córais bhainistíochta a* uasghrádú, agus *comhoibriú* le cuideachtaí

*bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.*

eile.

## **Leasú 32**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indéireach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indéireach ag comhlíonadh an chonartha.

## **Leasú 33**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a

*Leasú*

(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indéireach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indéireach ag comhlíonadh an chonartha.

*Leasú*

(36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a

dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, *i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus íoslaghdaíthe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh* gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más dian an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchar ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indírigh agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe, *íoslaghdaíthe agus feabhsúcháin* á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin *i gcomhréir le plean comhpháirteach faoi cheangal ama; nó an caidreamh* gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann *a fhoirceannadh* más dian an drochthionchar féideartha *nó má dhéantar an drochthionchar arís agus arís eile. Ba cheart do chuideachtaí dul i dteagmháil go fóinteach le geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag an gcinneadh díscor orthu sula ndéantar an cinneadh sin, agus ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair a bhaineann leis an gcinneadh díscor agus tabhairt faoi dhrochthionchair a bhí ann roimhe seo a leigheas, i gcás inarb iomchuí.* Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indírigh agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainnithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.

*Leasú*

(37) Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainnithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. ***Níor cheart go scaoilfeadh comhlíonadh scéimeanna tionscail agus tionscnamh il-gheallsealbhóra aon chuideachta óna hoibleagáidí ná óna dliteanas i leith sárúithe ar oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo.*** Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 38

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnithníonn cuideachta drochthionchair iarbhír ar chearta an duine **nó** ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh **cuideachta** in ann **deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin**, ba cheart a shoiléiriú, **a mhéid a bhaineann le caidrimh gnó sheanbhunaithe**, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí **méid na dtionchar** sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca.

## Leasú 36

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainnithníonn cuideachta drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ar **chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas**, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh **an chuideachta** in ann **na drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deireadh ina n-oibríochtaí agus ina bhfochuideachtaí féin agus a cheangal ar chomhpháirtithe déanamh amhlaidh**. Ba cheart a shoiléiriú, **áfach, maidir le caidreamh gnó**, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí **na tionchair** sin a íoslaghdú, **a mhéid is féidir**. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine, ar **chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas agus** chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca.

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó **méid an drochthionchair** a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh **ar chomhréir** le tromchúis agus scála an drochthionchair **agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar**. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí **féachaint le** dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a **lorg** óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó **méid an drochthionchair** a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, **i gcás inarb ábhartha**, comhar chun feabhas

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó **é** a íoslaghdú **a mhéid is féidir**, le gníomhaíocht a bheidh **i gcomhréir** le tromchúis agus scála an drochthionchair. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a **fháil** óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó **é** a íoslaghdú **a mhéid is féidir**, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.



a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

## **Leasú 37**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair iarbhír leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indéireach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chaidrimh gnó indírigh leis an gconradh a fhíorú.

## **Leasú 38**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 41**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta a

*Leasú*

(40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair iarbhír leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indéireach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chaidrimh gnó indírigh leis an gconradh a fhíorú.

*Leasú*

(41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhír nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó iad a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta a

bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, ***i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an*** caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

## Leasú 39

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 42

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí ***gearáin*** a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní ***dhlisteanacha*** maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine ***nó*** ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh ***gearáin*** den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair ***a oibríonn*** sa slabhra luacha lena mbaineann, ***agus*** eagraíochtaí sochaí sibhialta ***atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír***. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na ***gearáin*** sin

bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar ***nó má tharlaíonn sé arís***. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

*Leasú*

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine, ***do grúpaí, do phobail, d'eintitis*** agus d'eagraíochtaí ***casaoídí*** a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní ***a bhfuil údar cuí leo*** maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar ***chearta saothair, ar*** an gcomhshaol ***agus ar an smacht reachta agus an dea-rialachas***. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh ***casaoídí*** den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair ***atá ag obair*** sa slabhra luacha lena mbaineann, eagraíochtaí ***na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, an chomhshaoil, an smachta reachta agus an dea-rialachais nó daoine***

agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas, ***i gcás inarb ábhartha***, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis ***agus gearáin***, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir ***le*** caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh ***gearáin*** i dteideal obair leantach iomchuí ar an ***ngearán*** a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ***ghearán*** a phlé. ***Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.***

***dlítheanacha eile a bhfuil mar chuspóir reachtúil acu cearta an duine, cearta saothair, an comhshaol nó an smacht reachta agus an dea-rialachas a chosaint.*** Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na ***casaoidí*** sin agus ba cheart dóibh na ***geallsealbhóirí ábhartha ar fad, lena n-áirítear na*** hoibrithe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe, a chur ar an eolas faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra ***casaoide agus*** leighis, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir ***leis na*** caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh ***casaoideoirí*** i dteideal obair leantach iomchuí ar an ***gcasaoid*** a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun ***na*** drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ***chasaoid*** a phlé.

## Leasú 40

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 43

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chuí. Ba cheart dóibh measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an ***gcomhshaol*** a shainnithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus ***chun*** deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainnithnítear na drochthionchair go cuí, go

*Leasú*

(43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chuí. Ba cheart dóibh, ***i gcomhar le geallsealbhóirí***, measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine, ***ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta*** agus ar an ***dea-rialachas*** a shainnithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus deireadh a chur leo. Ba cheart

gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun cinn.

leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainaitnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun cinn.

## Leasú 41

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 44

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó féideartha a shainaitnítear agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. ***Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo***

*Leasú*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó féideartha a shainaitnítear agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. ***D'ainneoin na gceanglas tuairiscithe faoi Threoir 2013/34/AE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na cuideachtaí tuairisciú ar na hábhair a***

*sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid maidir le cumarsáid a dhéanamh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 44 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*chumhdaítear leis an Treoir seo trína gcuid beartas díchill chuí, pleananna gníomhaíochta coisc, pleananna gníomhaíochta ceartaithí, nósanna imeachta chun déileáil le casaoidí, tuarascálacha ar thoradh na measúnuithe mar aon le faisnéis ábhartha eile a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin ar bhealach inrochtana agus tráthúil.*

*Leasú*

*(44a) Ba cheart do chuideachtaí faisnéis fhónta leormhaith chuimsitheach a sholáthar do gheallsealbhóirí faoi dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas agus faoi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun a ndícheall cuí a urramú. Ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar chuideachta maidir leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh. Ní bheidh rúndacht faisnéise tráchtála agus tionsclaíche ina bac ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le cur chun feidhme fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo ag cuideachta.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 45 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(45a) Tá rannpháirtíocht iomlán, shábháilte, thrédhearcach, fhóinteach agus éifeachtach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile le linn gach céime den phróiseas díchill chuí sa slabhra luacha ar fad ríthábhachtach chun cur chun feidhme cuí na Treorach seo a áirithiú. I gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart an próiseas sin a bheith idirghníomhach, inrochtana, freagrúil, leanúnach, freagrúil ó thaobh inscne de agus tuisceanach don leanbh agus ba cheart é a chur in oiriúint do gheallsealbhóirí leochaileacha. Ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach go tráthúil agus sula ndéanfaí cinntí a d'fhéadfadh aon drochthionchar a imirt. An fhaisnéis ábhartha uile a theastaíonn ó na geallsealbhóirí chun breithiúnais fheasacha a thabhairt, ba cheart í a chur ar fáil ar bhealach gonta, cuimsitheach agus inrochtana go héasca agus trédhearcach, lena n-áirítear faisnéis fhóinteach faoi oibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí agus na drochthionchar a bheadh acu go hiarbhír agus a d'fhéadfadh a bheith acu.**

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 45 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(45b) Go háirithe, ba cheart do chuideachtaí aird ar leith a thabhairt agus rannpháirtíocht fhóinteach na ngrúpaí a bhféadfadh tionchar a bheith orthu a áirithiú, lena n-áirítear oibríthe chomh maith le cosantóirí chearta an duine, ceart comhshaoil agus an smachta**

*reachta agus dea-rialachais le linn an phróisis díchill chuí ina iomláine. I gcomhréir le UNGPanna agus le Treoirlínte ECFE, ba cheart do chuideachtaí dul i dteagmháil le geallsealbhóirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, agus é mar chuspóir acu a leasanna agus a n-ábhair imní a thuiscint agus freagairt dóibh. Ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh go háirithe leo siúd ar dóigh dóibh a bheith ar na daoine is leochailí ó thaobh drochthionchair i ndáil le hoibríochtaí nó slabhra luacha na cuideachta, amhail feirmeoirí beaga, oibríthe feirme, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla, agus mná. Ba cheart an ceart chun toiliú saor, roimh ré agus feasach na bpobal dúchasach agus áitiúil a bheith leabaithe go hiomlán i bpróisis ábhartha rannpháirtíochta agus comhairliúcháin, i gcomhréir le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus le Coinbhinsiún EIS maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha. Ba cheart a áireamh sa phróiseas rannpháirtíochta aitheantas sainráite a thabhairt do ról an idirphlé shóisialta agus na rannpháirtíochta le hionadaithe oibríthe agus ceadchumann, mar a thuiriscítear i dTreoirlínte ECFE agus i nDearbhú Tríphárteach na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.*

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris S45 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(45c) Bunóidh an Coimisiún grúpa comhairleach saineolaithe chun faisnéis a sholáthar agus ceisteanna a fhreagairt**

*faoin Treoir seo chun íoslghdú a dhéanamh ar na costais cur chun feidhme a bhaineann leis na heintitis a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo, chomh maith leo siúd atá lasmuigh di. D'áiritheofaí leis sin go mbeadh cáilíocht na faisnéise a fhaightear le linn achoimre na tuarascála maidir le dícheall cuí cruinn agus seachadta go tráthúil. Laghdóidh sé sin rómhaorlathas do chuideachtaí freisin.*

Leasú 46

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 46

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **le páirtithe leasmhara, le** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, **leis an nGníomhaireacht** Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí **le** comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **geallsealbhóirí,** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, **an Gníomhaireacht** Eorpach Chomhshaoil, **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)** agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.

Leasú 47



**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 49**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha chun tacú le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena gcumas drochthionchair a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an duine agus ar an **gcomhshaol** a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá **os comhair** feirmeoirí beaga. Ba cheart **dóibh a n-ionstraimí** comharsanachta, forbartha agus comhair idirnáisiúnta a úsáid chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a gcuid oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó réamhtheachtacha ar chearta an duine **agus** ar an gcomhshaol. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le **páirtithe leasmhara** chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine agus ar an **gcomhshaol**.

*Leasú*

(49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha chun tacú le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena gcumas drochthionchair a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an duine, **cearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta** agus ar an **dea-rialachas** a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá **roimh fheirmeoirí beaga atá ar chuid de na gníomhaithe is imeallaithe sna slabhraí luacha domhanda. Mura bhfreastalaíonn** feirmeoirí beaga **ar a gcuid riachtanas, ní féidir leo íoc as na feabhsuithe sóisialta (e.g. gan saothar leanaí) agus comhshaoil (e.g. gan dífhoraóisiú nó éagsúlú inbhuanaithe) a bhfuil na ceannaitheoirí, na rialtais agus na tomhaltóirí ag súil leo uathu. As seo amach, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-ionstraimí** comharsanachta, forbartha, agus comhair idirnáisiúnta **chomh maith le hionstraimí trádála** a úsáid chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a gcuid oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó réamhtheachtacha ar chearta an duine, ar **chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta agus saineolas lena n-éascófar do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh.** D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le **geallsealbhóirí** chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le

drochthionchair ar chearta an duine, *ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta* agus ar an *dea-rialachas*. *Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil do na geallsealbhóirí, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine, ceart saothair, an chomhshaoil agus an smachta reachta agus dea-rialachais i dtíortha atá i mbéal forbartha chun a rannpháirtíocht fhóinteach agus shábháilte sna próisis díchill chuí ar fad a áirithiú. Go háirithe, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla na sochaí sibhialta chun faireachán a dhéanamh ar na cleachtais chorparáideacha agus chun cuideachtaí a choinneáil cuntasach agus ba cheart go n-éascófaí an rochtain ar cheartas trí bhearta agus cistí. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar chlár shonracha tacaíochta do chosantóirí chearta an duine, ceart saothair, an chomhshaoil agus an smachta reachta agus dea-rialachais atá i mbaol mar gheall ar an bhfaireachán a dhéanann siad ar ghníomhaíochtaí corparáideacha. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-idirphlé le tríú tíortha a mhéadú chun rannchuidiú le timpeallachtaí a chumasú ina n-íoslaghdaítear na rioscaí frithbheartaíochta.*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 50**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba

*Leasú*

(50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba

cheart do chuideachtaí plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **comhoiriúnach** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. I gcás ina sainaithnítear, nó inar cheart go sainaithneofaí, an aeráid mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

cheart do chuideachtaí, **i gcomhairle le geallsealbhóirí**, plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **ailínithe** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119, de bhun na moltaí is déanaí ó IPCC agus ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide. Dá réir sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.**

## Leasú 49

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 51

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an plean sin maidir le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú, ***má bhíonn an luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú an stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.***

## Leasú 50

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 54

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir

*Leasú*

(51) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an plean sin maidir le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú.

*Leasú*

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir

seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sáruiithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí airgid a bheith *ar* áireamh sna smachtbhannaí riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. ***I gcás nach ndéantar*** foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ***ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhaoirseachta inniúla.***

Leasú 51

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 56

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(56) ***D'fhonn*** cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh na ndrochthionchar a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na gcuideachtaí as damáistí a thagann ***chun cinn toisc nár chomhlíon cuideachta an próiseas díchill chuí.*** Ba cheart go mbeadh ***an chuideachta*** faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é nár chomhlíon ***sí*** na hoibleagáidí drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le tionchair iarbhír nó méid na dtionchar iarbhír sin a íoslaghdú, agus más rud é, toisc nár

PE738.450v02-00

556/737

seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sáruiithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí airgid ***atá comhréireach le láimhdeachas na cuideachta*** a bheith ***san*** áireamh sna smachtbhannaí riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. ***Ba cheart*** foráil ***a dhéanamh*** i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ***gan dochar dá n-athbhreithniú ag an údarás breithiúnach inniúil.***

*Leasú*

(56) ***Chun*** cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh na ndrochthionchar a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na gcuideachtaí as damáistí a thagann ***as drochthionchair.*** Ba cheart ***cuideachtaí a bheith faoi dhliteanas docht i leith damáistí a eascraíonn as aon drochthionchar mar thoradh ar a gcuid oibríochtaí féin nó ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí. Maidir le drochthionchar a eascraíonn as oibríochtaí na gcomhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó ag cuideachtaí leo, ba***

RR\1278479GA.docx

chomhlíon, gur tharla drochthionchar ar cheart é a shainnithint, a chosc, nó a mhaolú, nó deireadh a chur leis nó a mhéid a íoslaghódú trí na bearta iomchuí agus gur tharla damáiste dá dheasca sin.

*cheart* go mbeadh *cuideachtaí* faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é nár chomhlíon *siad* na hoibleagáidí drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le tionchair iarbhír nó méid na dtionchar iarbhír sin a íoslaghódú, agus más rud é, toisc nár chomhlíon, gur tharla drochthionchar ar cheart é a shainnithint, a chosc, nó a mhaolú, nó deireadh a chur leis nó a mhéid a íoslaghódú trí na bearta iomchuí agus gur tharla damáiste dá dheasca sin.

## Leasú 52

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 57

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal *caidrimh ghnó seanbhunaithe indéreacha*, ba cheart *dhliteanas na cuideachta* a bheith *faoi réir coinníollacha sonracha*. Níor cheart *go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas más rud é gur chuir sí bearta díchill chuí sonracha i gcrích*. Níor cheart, *áfach, go saorfaí ó dhliteanas í trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme i gcás ina raibh sé míréasúnta a bheith ag súil leis gur leordhóthanach an beart iarbhír a rinneadh, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhlíonadh a fhíorú, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis nó chun méid an drochthionchair a íoslaghódú. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, tá aird chuí le tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a d'éiligh údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht spriocdhírithé a soláthraíodh,*

*Leasú*

(57) Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal *na gcaidreamh gnó indéreach*, ba cheart *d'aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige a bheith i dteideal méid iomlán na ndamáistí a eascraíonn as aon drochthionchar a fháil ón gcuideachta agus ba cheart don chuideachta tairbhe a bhaint as dearbhú dlíthiúil chun cúiteamh a fháil ó na compháirtithe sin a bhfuil caidreamh gnó aici leo agus arb iad atá freagrach as an drochthionchar.*

*agus ar aon chomhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha.*

Leasú 53

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 58**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(58) *Ní rialaítear leis an gcóras dlíteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur leordhóthanach gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, agus dá bhrí sin fágtar an cheist sin faoin dlí náisiúnta.*

*Leasú*

(58) *Is í an bhacainn is suntasaí ar rochtain ar cheartas d'íospartaigh drochthionchair ná an deacracht a bhaineann le mainneachtain na cuideachta a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Is féidir le sárúithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir lena mbaineann damáiste do dhuine nó do ghrúpa daoine a bheith an-deacair a chruthú sa chúirt nó os comhair aon chomhlacht inniúil eile ag éilítheoirí, ós rud é go n-éilíonn sé sin go minic rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ach ag an gcuideachta. Dá bhrí sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcomhréir lena gcórais bhreithiúnacha náisiúnta, chun a áirithiú, i gcás ina ndéanfaidh daoine a mheasann go ndearnadh éagóir orthu trí mhainneachtain freagrachtaí díchill chuí a chur i bhfeidhm fíorais a shuí os comhair cúirte nó comhlacht inniúil eile, ar fíorais iad óna bhféadfaí a thiomhdiú go ndearnadh sárú díreach nó indíreach ar na freagrachtaí díchill chuí, gur faoin bhfreagróir a bheidh sé a chruthú gur leordhóthanach gníomhaíocht na cuideachta in imthosca an cháis, rud a rannchuideoidh le rochtain ar leigheas éifeachtach.*

Leasú 54

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 58 a (nua)**

**(58a)** *Is ceart daonna a aithnítear go hidirnáisiúnta an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, ar ceart é atá cumhdaithe in Airteagal 8 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus in Airteagal 2(3) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus is ceart bunúsach de chuid an Aontais é freisin de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar leigheas éifeachtach agus nach gcuirfidh costais agus fad na n-imeachtaí cosc ar éilitheoirí rochtain a fháil ar chúirteanna nó ar chomhlachtaí neamhbhreithiúnacha (nó struchtúir nó sásraí). I measc na mbeart sin, d'fhéadfadh siad a bheith i bhfoirm cistiú poiblí mar shampla, lena n-áirítear tacaíocht struchtúrtha d'íospartaigh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha, teorainn a chur leis na táillí cúirte nó riaracháin is infheidhme, nó rochtain a thabhairt ar chúnamh dlíthiúil.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59**

(59) Maidir le rialacha dliteanais shibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí a eascraíonn as gan dícheall cuí leordhóthanach a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha sa slabhra luacha. Chomh maith leis sin, ba cheart na rialacha dliteanais shibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do rialacha Aontais nó do rialacha

(59) Maidir le rialacha dliteanais shibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí a eascraíonn as gan dícheall cuí leordhóthanach a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha sa slabhra luacha. Chomh maith leis sin, ba cheart na rialacha dliteanais shibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do rialacha Aontais nó do rialacha

náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchar ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear leis an Treoir seo nó lena bhforáiltear do dhliteanas níos déine ná mar a fhoráiltear leis an Treoir seo.

## Leasú 56

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 59 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine, ***drochthionchair ar chearta saothair*** nó le drochthionchar ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear leis an Treoir seo nó lena bhforáiltear do dhliteanas níos déine ná mar a fhoráiltear leis an Treoir seo.

*Leasú*

***(59a) Ba cheart do cheardchumann, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó do ghníomhaithe ábhartha eile atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, amhail institiúidí náisiúnta um chearta an duine nó ombudsmain, a bheith in ann caingne ionadaíocha a thabhairt os comhair a gcúirteanna thar ceann agus chun comhleasanna íospartach a bhfuil drochthionchair iarbhír agus fhéideartha acu a chosaint, agus ba cheart cearta agus oibleagáidí páirtí is éilitheoir sna himeachtaí a bheith ag na heintitis sin.***

## Leasú 57

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 61

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(61) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh sárúithe ar chearta an duine agus ***dochar*** don chomhshaol caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh agus cúiteamh a éileamh as damáistí a thagann chun cinn de bharr nár chomhlíon cuideachta na hoibleagáidí díchill chuí a eascraíonn as an Treoir seo, fiú i gcás nach

*Leasú*

(61) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh sárúithe ar chearta an duine, ***ar chearta saothair***, agus ***dochair*** don chomhshaol, ***don smacht reachta agus don dea-rialachas*** caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh agus cúiteamh a éileamh as damáistí a thagann chun cinn de bharr nár chomhlíon cuideachta na



dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh den sórt sin, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh mar shampla i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta an dlí phríobháidigh nuair a dhéantar an damáiste i dtríú tír, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leis an Treoir seo a áirithiú go bhfuil an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm go héigeantach i gcásanna nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh ina leith sin.

## Leasú 58

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 64

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(64) Ba cheart freagracht as dícheall cuí a shannadh do stiúrthóirí na cuideachta, i gcomhréir leis na creataí díchill chuí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do stiúrthóirí a bheith freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht a dhéanamh orthu agus as beartas díchill chuí na cuideachta a ghlacadh, agus ionchur na **bpáirtithe leasmhara** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta á chur san áireamh agus an dícheall cuí á chomhtháthú i gcórais bhainistíochta chorparáideacha. Ba cheart do stiúrthóirí an straitéis chorparáideach a oiriúnú freisin do thionchair iarbhír agus do thionchair fhéideartha a shainaitnítear agus aon bheart díchill chuí a dhéanamh.

## Leasú 59

hoibleagáidí díchill chuí a eascraíonn as an Treoir seo, fiú i gcás nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh den sórt sin, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh mar shampla i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta an dlí phríobháidigh nuair a dhéantar an damáiste i dtríú tír, **go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha**, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leis an Treoir seo a áirithiú go bhfuil an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm go héigeantach i gcásanna nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh ina leith sin.

*Leasú*

(64) Ba cheart freagracht as dícheall cuí a shannadh do stiúrthóirí na cuideachta, i gcomhréir leis na creataí díchill chuí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do stiúrthóirí a bheith freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht a dhéanamh orthu agus as beartas díchill chuí na cuideachta a ghlacadh, agus ionchur na **ngeallsealbhóirí** agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta **arna sainaitint i gcomhpháirt mar ábhartha** á chur san áireamh agus an dícheall cuí á chomhtháthú i gcórais bhainistíochta chorparáideacha. Ba cheart do stiúrthóirí an straitéis chorparáideach a oiriúnú freisin do thionchair iarbhír agus do thionchair fhéideartha a shainaitnítear agus aon bheart díchill chuí a dhéanamh.

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 65

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sárúithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sárúithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>106</sup>, dá bhrí sin, maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

---

<sup>106</sup> Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

## Leasú 60

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 65 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sárúithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sárúithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>106</sup>, dá bhrí sin, maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin. ***Go háirithe, ba cheart cosaint éifeachtach a thabhairt do gheallsealbhóirí a bhfuil gearáin nó ábhair imní á gcur isteach acu, go háirithe trí rúndacht agus anaithnideacht an ghearáin nó an ábhair imní a ardaíodh a áirithiú.***

---

<sup>106</sup> Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

*Leasú*

***(65a) Tá cosantóirí chearta an duine, ceart saothair, ceart comhshaoil agus an smachta reachta agus an dea-rialachais ar thús cadhnaíochta maidir leis na***

*hiarmhairtí a bhíonn ag drochthionchair comhshaoil, chearta an duine agus an smachta reachta agus dea-rialachais ar fud an domhain agus san Aontas, agus d'fhéadfaí iad a bhagairt go díreach, a imeaglú, a ghéarleanúint, a chiapadh nó fiú a dhúnmharú, agus dá réir sin ba cheart go mbainfeadh siad tairbhe as cosaint chothrom éifeachtach. Ba cheart do chuideachtaí na rioscaí iarbhir agus féideartha a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a thomhas, chomh maith le rioscaí comhthéacsúla do chosantóirí chearta an duine, ceart saothair, ceart comhshaoil agus an smachta reachta agus an dea-rialachais, dul i dteagmháil leo agus beartas a fhoilsiú faoi chosantóirí lena n-áirítear seasamh neamhfhulaingthe maidir le bagairtí nó foréigean ina gcoinne. Ní mór a áireamh go sainráite i mbeartais na cuideachta ina bprótacail díchill chuí chun cearta cosantóirí talún agus ceart comhshaoil a chosaint.*

Leasú 61

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 69**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(69) *Tá* an Treoir seo **gan dochar d'oibleagáidí** i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na

*Leasú*

(69) *Treoraítear* an Treoir seo **leis príonsabal na neamhdhíobhála, i gcomhréir leis na hoibleagáidí** i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm

hoibleagáidí sonracha sin.

acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

## Leasú 62

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 70

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, ***nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach.***

## Leasú 63

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 71

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(71) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó drochthionchair iarbhír ar chearta an duine

*Leasú*

(70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ***bhonn rialta ar*** cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta.

*Leasú*

(71) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó drochthionchair iarbhír ar chearta an duine,

agus ar an gcomhshaol a chosc agus a **mhaolú** i slabhraí soláthair cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 **den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

**ar chearta saothair**, agus ar an gcomhshaol, **ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas** a chosc, **a mhaolú** agus a **leigheas** i slabhraí soláthair cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 **CAE**. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

## Leasú 64

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Airteagal 1

Ábhar

*Leasú*

Airteagal 1

Ábhar

**-1. Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go n-urramóidh cuideachtaí cearta an duine, cearta saothair, an smacht reachta agus dea-rialachas agus go ndéanfaidh siad an comhshaol a chosaint laistigh dá n-oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí féin, agus laistigh d'oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus a slabhraí luacha.**

1. Leagtar síos leis an Treoir seo

1. Leagtar síos leis an Treoir seo

rialacha

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir **le drochthionchair** iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena **n-oibríochtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó **bunaithe** ag an gcuideachta leo **agus**

(b) maidir le dliteanas i leith sárúithe ar na hoibleagáidí thuasluaite.

**Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidreamh bunaithe’ go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.**

2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun leibhéal cosanta chearta an duine nó **chun** cosaint an **chomhshaoil a laghdú nó chun an aeráid a chosaint** dá bhforáiltear le dlí na mBallstát tráth a **nglacfar** an Treoir seo.

3. Beidh an Treoir seo gan dochar d’oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an

rialacha

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir **leis an gcur chuige rioscabhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar a ndrochthionchair** iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar **chearta saothair, drochthionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid agus drochthionchar ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas**, i ndáil lena **gcuid oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí** féin, oibríochtaí, **táirgí agus seirbhísí** a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo,

(b) maidir le dliteanas i leith sárúithe ar na hoibleagáidí thuasluaite, **agus**

**(b a) maidir le rochtain ar cheartas, lena n-áirítear leigheasanna breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha d’íospartaigh an drochthionchair agus do na daoine nó grúpaí daoine a bhfuil leasanna dlisteanacha acu.**

2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun **laghdú a dhéanamh ar** leibhéal **na** cosanta **a thugtar do** chearta an duine **agus do chearta saothair** nó **do chosaint an chomhshaoil nó** cosaint **na haeráide nó cosaint an smachta reachta nó an dea-rialachais** dá bhforáiltear le dlí na mBallstát **an** tráth a **ghlacfar** an Treoir seo **agus le haon dlí eile is infheidhme.**

3. Beidh an Treoir seo gan dochar d’oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide, **chosaint na gceart saothair, agus na hurraime don smacht reachta agus don dea-rialachas**, faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má

Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

## Leasú 65

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 2

##### Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) bhí níos mó ná **500** fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas **níos mó ná EUR 150 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná **250** fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná **EUR 40 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

(i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus

*Leasú*

#### Airteagal 2

##### Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí **agus grúpaí gnóthas** a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) bhí níos mó ná **250** fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas **domhanda ar mhó é ná EUR 40 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná **50** fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná **EUR 8 milliún** aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

(i) monarú teicstílí, **éadaí**, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola **agus**

coisbhirt;

(ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;

(iii) eastóscadh acmhainní *mianraí* gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní *mianraí*, táirgí *mianraí* bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

2. Beidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 150 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;

(b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún** ach nach mó ná **EUR 150 milliún** san Aontas sa bhliain

*mhiondíola* teicstíle, éadaí agus coisbhirt;

(ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), *bainistiú talún agus acmhainní (lena n-áirítear maidir le caomhnú an dúlra nó gníomhaíochtaí gaolmhara eile)*, monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna *agus díol le tomhaltóirí*;

(iii) *fuinneamh*, eastóscadh, *iompar, próiseáil, feabhsú, scagadh agus láimhseáil* acmhainní *mianracha* gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitriam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), *monarú táirgí ríomhaire, leictreonacha agus optúla agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianracha*, táirgí *mianracha* bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile);

*(iii a) tógáil, lóistíocht agus bonneagair agus tionscadail innealtóireachta sibhialta eile; agus*

*(iii b) táirgeadh ola agus gáis agus an earnáil scagtha ola;*

2. Beidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná **EUR 40 milliún** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;

(b) gineadh glanláimhdeachas *de* níos mó ná **EUR 8 milliún** ach nach mó ná **EUR 40 milliún** san Aontas sa bhliain



airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i ***mír 1, pointe*** (b).

3. Chun críocha ***mhír 1***, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibrithe gníomhaireachta sealadacha a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mba oibrithe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta.

airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i ***mír 1, pointe*** (b).

3. Chun críocha ***na Treorach seo***, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibrithe gníomhaireachta sealadacha a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mba oibrithe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta. ***Ina theannta sin:***

***(a) beidh na nithe seo a leanas san áireamh i meánlíon na bhfostaithe:***

***(i) na fostaithe sa chuideachta;***

***(ii) na fostaithe ina fochuideachtaí agus ina brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach; agus***

***(iii) na fostaithe i ngnóthais tríú páirtí lena ndearna an chuideachta nó a fochuideachtaí agus a brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach comhaontú ingearach ar an mbonn go n-íocfaí ríchiosanna, comhaontú seachfhoinsithe nó comhaontú fochonraitheoireachta;***

***(b) áireofar sa ghlanláimhdeachas an glanláimhdeachas arna ghiniúint ar fud an domhain:***

***(i) ag an gcuideachta; agus***

***(ii) ag a fochuideachtaí agus a brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach agus ag ngnóthais tríú páirtí lena ndearna an chuideachta nó a fochuideachtaí agus a brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach comhaontú ingearach ar an mbonn go n-íocfaí ríchiosanna, comhaontú seachfhoinsithe nó comhaontú fochonraitheoireachta.***

***Chun críocha mhír 2, áireofar na nithe***

*seo a leanas sa ghlanláimhdeachas:*

*(i) an glanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas ag an gcuideachta;*

*(ii) an glanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas ag a fochuideachtaí agus a brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach; agus*

*(iii) an glanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas trí ghnóthais tríú páirtí lena ndearna an chuideachta nó a fochuideachtaí agus a brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach comhaontú ingearach ar an mbonn go n-íocfaí ríchiosanna, comhaontú seachfhoinsithe nó comhaontú fochonraitheoireachta.*

4. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1, is é an Ballstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a bheidh inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a rialáil.

4. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1, is é an Ballstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a bheidh inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a rialáil.

## **Leasú 66**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe iii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(iiia) duine dlítheanach d'aon chineál a ghabhann gníomhaíochtaí de chineál tráchtála air féin, gan beann ar an gcuspóir dár bunaíodh é agus ar an earnáil ina n-oibríonn sé;*

## **Amendment 67**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ ***drochthionchar ar an gcomhshaol de thoradh*** sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí ***de bhun na gcoinbhinsiún*** idirnáisiúnta ***maidir leis an gcomhshaol*** a liostaítear ***san Iarscríbhinn, Cuid II;***

*Amendment*

(b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ ***aon díobháil thromchúiseach don chomhshaol a eascraíonn as*** sárú ar cheann de na toirmisc agus ***de*** na hoibleagáidí ***arna mbunú faoin dlí*** idirnáisiúnta ***comhshaoil, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta chomhshaoil a*** liostaítear ***i gCuid II den Iarscríbhinn, sárú de réir bhrí Threoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup> an ... maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, nó maidir le drochthionchar ar cheann de na catagóirí comhshaoil seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:***

(a) ***cáilíocht an aeir, truailliú aeir agus an t-atmaisféar;***

(b) ***truailliú uisce, éilliú uisce, rochtain ar uisce agus ídiú an fhionnuisce;***

(c) ***ithir, amhail truailliú ithreach, éilliú ithreach, creimeadh ithreach, úsáid talún agus díghrádú talún;***

(d) ***bithéagsúlacht, lena n-áirítear damáiste don fhiadhúlra, do ghrinneall na farraige agus don mhuirthimpeallacht, do fhlóra, d’fhána, do ghnáthóga nádúrtha agus d’éiceachórais;***

(e) ***sláinte an duine i gcomhréir leis an gcur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’;***

(f) ***an aeráid, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus trí linnte gás ceaptha teasa a bheith á scriosadh nó á ndíghrádú; agus***

(g) ***an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach, lena n-áirítear lagú ar in-athúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht***

*amháil éilliú sruthanna dramhaíola le substaint ghuaiseach, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.*

---

*1<sup>a</sup> Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.*

## Leasú 68

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ ***drochthionchar ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2;***

*Leasú*

(c) Ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine ***agus ar chearta saothair***’ ***aon díobháil do theachtadh chearta an duine agus ceart saothair i gcás duine nó grúpa daoine, nó aon laghdú ar an teachtadh sin, mar a chumhdaítear i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta, go háirithe na coinbhinsiúin a liostaítear sa Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2 agus go háirithe an seasamh cosanta atá san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1 agus a bhunaítear tríd an gcásdlí ábhartha agus obair na gcoistí inniúla;***

## Leasú 69

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe c (a) nua

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ca) áirítear i ‘ndrochthionchar ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas’ ***sárúithe a liostaítear in Iarscríbhinn, Cuid IIa, mar a shainmhínítear in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha agus ciallaíonn sé an díobháil a dhéantar d’fheidhmiú éifeachtach an smachta***

*reachta agus na gcóras dea-rialachais i dtír, i réigiún nó i gcríoch ina n-oibríonn an chuideachta nó a fochuideachta nó a comhpháirtithe sa slabhra luacha nuair a sháraítear na hoibleagáidí agus na toirmisc de bhun na ngníomhartha dlí maidir leis an smacht reachta nó an dea-rialachas idirnáisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear coinbhinsiúin frithéillithe;*

*cuimsíonn ‘drochthionchar ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas’ na tionchair ar struchtúir neamhfhoirmiúla freisin;*

## Leasú 70

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ *caidreamh le* conraitheoir, *le* fochonraitheoir nó *le haon* eintiteas dlíthiúil eile (‘comhpháirtí’)

*Leasú*

(e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ *gaolmhaireacht idir cuideachta nó ceann dá fochuideachtaí agus* conraitheoir, fochonraitheoir nó *aon* eintiteas dlíthiúil eile (‘comhpháirtí’) *laistigh den slabhra luacha*

## Leasú 71

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó bunaithe’ *caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra luacha é.*

*Leasú*

*scriosta*

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó *bhunaithe* na cuideachta *atá réamhtheachtach* agus *iartheachtach*. *Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin ach gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht*. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais *rialáilte sin* FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin;

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus *maidir leis an gcomhshaol* a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht

*Leasú*

(g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, *dáileadh nó díol* earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, *nó ag aon cheann dá fochuideachtaí agus dá brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach*, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara *a dhéantar mar chuid* de chaidrimh ghnó *réamhtheachtacha agus iartheachtacha* na cuideachta agus *lena n-áirítear scéimeanna oibre neamhshoirmiúla chomh maith le fochonraitheoireacht* agus *obair bhaile*. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais *rialáiltemaidir le maoiniú, árachas nó athárachas a sholáthar* FBManna *ná daoine nádúrtha* a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin. *Ní chumhdaítear le slabhra luacha iartheachtach na ngnóthas airgeadais rialáilte sin ach cliaint ar comhpháirtithe gnó díreacha iad*;

*Leasú*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, *na* ceanglais maidir le cearta an duine, *cearta saothair an comhshaol, an smacht reachta* agus *an dea-rialachas* a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an

leasa, a bhfuil taithí agus **inniúlacht aige in** ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá **cuntasach** as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí **aige agus atá inniúil ar** ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol, **saothar** agus le cearta an duine, **leis an smacht reachta** agus **leis an dea-rialachas agus atá freagrach** as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

Leasú 74

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe l

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol **nó** drochthionchar ar chearta an duine a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe, nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an **staid a bhí ann** roimh an tionchar a athbhunú;

*Leasú*

(l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol, drochthionchar ar chearta an duine **agus ar chearta saothair nó drochthionchar ar fheidhmiú an smachta reachta agus na gcóras dea-rialachais sa tír, sa réigiún nó sa chríoch ina bhfuil an chuideachta nó a fochuideachtaí sa slabhra luacha ag oibriú, ar drochthionchar é a** bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe, nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an **chaoi a raibh cúrsaí** roimh an tionchar a athbhunú, **nó a dhéanann difear do na príomhinstiúidí nó na príomhstruchtúir a bhfuil sé de chúram orthu cosaint a thabhairt don phobal agus seirbhísí a chur ar fáil dó nó an comhshaol a chosaint ar bhealach a fhágann nach mbeidh siad in ann a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích, rud a fhágfaidh go gcuirfear isteach ar na próisis chinnteoireachta, go n-éascófar éilliú, foréigean nó imeagló agus go gcuirfear bac ar phobail a gcearta a theachtadh nó go ndéanfar dochar tromchúiseach don chomhshaol;**

Leasú 75

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn ‘*páirtithe leasmhara*’ *fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.*

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘*geallsealbhóirí*’:

(i) *fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí agus oibríthe an tslabhra luacha, agus daoine eile, lena n-áirítear leanaí, grúpaí, pobail nó eintitis eile, nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ceardchumainn a ndéantar difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfai difear a dhéanamh dóibh, de bharr drochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine, ar an aerúid, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar chórais an dea-rialachais ar cuideachta, a fochuideachtaí agus a caidrimh ghnó, lena n-áirítear feadh an tslabhra luacha, is cúis leo;*

(ii) *daoine dlítheanacha nó nádúrtha eile a bhíonn i mbun saincheisteanna a bhaineann leis an Treoir seo, a dhéanann iad chur chun cinn agus a chosaint, mar chuid dá gcuspóir reachtúil nó ar shlí eile;*

Leasú 76

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(na) ‘*ciallaíonn cosantóirí chearta an*



*duine agus ceart saothair, an chomhshoil, an smachta reachta an dea-rialachais daoine aonair, grúpaí agus struchtúir na sochaí, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, a dhéanann cosaint agus fíorú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a aithnítear go huilíoch a chur chun cinn nó a fhéachann le cosaint a thabhairt dóibh agus le haghaidh chosaint an chomhshaoil, an smachta reachta agus an dea-rialachais*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(nb) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí leochaileacha’ daoine aonair agus grúpaí sealbhóirí cirt atá imeallaithe agus leochaileach de dheasca comhthéacsanna ar leith nó tosca trasnacha, lena n-áirítear, i measc nithe eile, gnéas, inscne, aois, cine, eitneacht, aicme, oideachas, féiniúlacht dúchais, stádas imirce, míchumas, mar aon le stádas sóisialta agus eacnamaíoch, atá ina gcúis le drochthionchair dhifreáilte agus drochthionchair a bhíonn díreireach go minic agus le hidirdhealú agus lena gcuirtear bac breise ar an rannpháirtíocht agus ar an rochtain ar cheartas;*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe n c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(nc) ciallaíonn ‘rannpháirtíocht shuntasach’ próiseas leanúnach idirghníomhaíochta agus idirphlé idir cuideachta agus geallsealbhóirí a*

*ndéantar difear dóibh lena gcuirtear ar chumas na cuideachta a leasanna agus a n-ábhair imní a chloisteáil, a thuiscint agus freagairt dóibh de mheon macánta. Airítear leis próiseas rannpháirtíochta atá réamhghníomhach, idirghníomhach, freagrúil, leanúnach agus inscne-fhreagrúil do leanaí le geallsealbhóirí agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, a bheidh curtha in oiriúint do gheallsealbhóirí leochaileacha, amhail sealbhóirí beaga, daoine dúchasacha agus pobail áitiúla agus a bheidh ar siúl le linn an phróisis díchill chuí ina iomláine, lena n-áirithítear go ndéanfar obair leantach chuí ar chur chun feidhme na ngealltanais comhaontaithe, lena n-áiritheofar go dtabharfar aghaidh ar thionchair dhíobhálacha ar gheallsealbhóirí a bhfuil tionchar acu agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu;*

Leasú 79

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 – mír 1 – pointe q**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(q) ciallaíonn ‘**beart** iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh **ghnó** ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

*Leasú*

(q) ciallaíonn ‘**bearta** iomchuí’ **sraith** beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, **agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an drochthionchar féideartha nó iarbhír**, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, **tar éis rannpháirtíocht agus comhairliúchán rialta, cruthaithe agus rialta a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha agus** imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh **gnó** ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 –mír 1 – pointe q a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qa) ciallaíonn ‘limistéir ina bhfuil coinbhleacht nó limistéir ardriosca’ limistéir ina bhfuil coinbhleacht armtha nó limistéir leochaileacha iarchoinbhleachta, limistéir atá faoi fhorghabháil nó faoi ionghabháil, chomh maith le limistéir ina bhfuil smacht reachta agus rialachas agus slándáil lag nó nach ann dóibh, amhail stáit theipthe, agus sárúithe forleathana agus tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta nó ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;*

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 –mír 1 – pointe q b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(qb) ciallaíonn ‘earnálacha ardriosca’ earnálacha gníomhaíochta a bhfuil dóchúlacht níos airde nó déine níos mó ag baint leo maidir le drochthionchair ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid nó ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas agus a liostaítear i gCuid II b den Iarscríbhinn.*

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go

1. Áiritheoidh na Ballstáit go *n-*

**ndéanfaidh** cuideachtaí **dícheall cuí maidir le** cearta an duine agus **leis** an gcomhshaol mar a leagtar síos in **Airteagal 5** go **hAirteagal 11** (‘dícheall cuí’) trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais i gcomhréir le **hAirteagal 5**;
- (b) **drochthionchair** iarbhír nó **fhéideartha** a shainaitint i gcomhréir le **hAirteagal 6**;
- (c) drochthionchair fhéideartha a chosc **agus** a mhaolú, **agus** deireadh a chur **le drochthionchair iarbhír agus** a méid a **mhaolú** i gcomhréir le **hAirteagal 7** agus **le hAirteagal 8**;
- (d) **nós imeachta gearán** a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le **hAirteagal 9**;
- (e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le **hAirteagal 10**;
- (f) an dícheall cuí a **chur in iúl** go poiblí i gcomhréir le **hAirteagal 11**.

**urramóidh** cuideachtaí cearta an duine, **an comhshaol** agus **an smacht reachta agus an dea-rialachas agus nach mbeidh siad ina gcúis le drochthionchair ar chearta an duine, ar an** gcomhshaol **agus ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas ná nach gcuireann siad leo, go díreach ná go hindíreach, trí oibleagáid a chur orthu próiseas díchill chuí a sheoladh** mar a leagtar síos in **Airteagal 5** go **11** (‘dícheall cuí’) trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh **trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe trí bhithin:**

- (a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais i gcomhréir le **hAirteagal 5**;
- (b) **rioscaí** iarbhír nó **féideartha agus drochthionchair** a shainaitint i gcomhréir le **hAirteagal 6**;
- (c) drochthionchair fhéideartha a chosc, **drochthionchair iarbhír** a mhaolú, deireadh a chur **leo**, a méid a **íoslaghdú agus iad a leigheas** i gcomhréir le **hAirteagal 7** agus **8**;
- (ca) **a áirithiú gur próiseas leanúnach agus coiscitheach é an dícheall cuí a dhéantar ar bhonn tosaíochta bunaithe ar leibhéal déine, dóchúlachta agus práinne na ndrochthionchar féideartha nó iarbhír ar chineál agus comhthéacs na n-oibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 7**;
- (cb) **i gcás inar gá, díscor go freagrach**;
- (d) **sásraí éifeachtacha casaoide** a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le **hAirteagal 9**;
- (e) faireachán **agus measúnú** a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le **hAirteagal 10**;
- (f) an dícheall cuí a **thuairisciú** go poiblí i gcomhréir le **hAirteagal 11**.
- (fa) **rannpháirtíocht fhiúntach, rialta, inrochtana, chomh maith le rannpháirtíocht shábháilte thráthúil le geallsealbhóirí agus lena gcaidrimh ghnó**

*a áirithiú le linn an phróisis díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 11d.*

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1a. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh cuideachtaí i mbun samhlacha gnó agus straitéisí a chruthaíonn nó a chuireann le drochthionchair ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas agus go ndéanfaidh cuideachtaí an chaoi a dtugann siad aghaidh ar an tionchar ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas a tharlaíonn ina n-oibríochtaí, in oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus ina slabhraí luacha a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh.*

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*1b. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí atá ag oibriú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca dícheall cuí méadaithe atá íogair ó thaobh coinbhleachta de chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol níos mó atá ann go ndéanfaí sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus dochar don chomhshaol agus chun a áirithiú nach ndéanfaidh a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí na coinbhleachtaí a ghéarú ná a mhaoiniú. Mar chuid den phróiseas díchill chuí méadaithe sin, déanfar anailís atá íogair ó*

*thaobh coinbhleachta de agus beidh na geallsealbhóirí rannpháirteach ar bhealach éifeachtach, sábháilte agus fóinteach i gcomhréir le hAirteagal 11a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh cuideachtaí atá ag oibriú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus ardriosca urraim do na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta.*

Leasú 85

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 5

An dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais cuideachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí **an** dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorpáraideacha **go léir** agus **go mbeidh** beartas díchill chuí **i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas** sa bheartas díchill chuí:

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas san fhadtéarma, maidir le dícheall cuí;

*Leasú*

#### Airteagal 5

An dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais cuideachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorpáraideacha **uile** agus beartas díchill chuí **a ghlacadh, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme. Déanfar foráil** sa bheartas díchill chuí **maidir le rannpháirtíocht fhóinteach, shábháilte agus rialta le geallsealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 11d trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad ann:**

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas **sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus** san fhadtéarma maidir le dícheall cuí, **lena n-áirítear tuairisc chuimsitheach ar an gcuideachta, ar a caidreamh gnó agus ar a slabhraí luacha, lena n-áirítear inter alia liosta de chaidrimh ghnó agus de láithreáin táirgthe na cuideachta**

;

(b) cód iompair *ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta;*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear *na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe.*

(b) cód iompair *lena saineofar na rialacha agus na prionsabail a bheidh le leanúint ag lucht bainistíochta na cuideachta, ag fostaithe, ag fochuideachtaí agus ag comhpháirtithe an tslabhra luacha, agus a bhunófar le rannpháirtíocht iomlán agus comhairliúchán ábhartha le geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 11a;*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme *ar fud an tslabhra luacha*, lena n-áirítear:

(i) *na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú, lena n-áirítear uirlisí, modheolaíocht, cuspóirí agus amlíne na mbeart;*

(ii) *na bearta a glacadh chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó, lena n-áirítear forálacha conarthacha; agus*

(iii) *tuairisc ar na bearta chun rannpháirtíocht shábháilte agus fhóinteach na ngeallsealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 11a a áirithiú.*

(ca) *tuairisc ar na drochthionchair iarbhír agus fhéideartha arna sainaithint agus arna measúnú i gcomhréir le hAirteagal 6 i ndáil le hoibríochtaí díreacha agus indíreacha na cuideachta lena n-áirítear trí aon cheann dá fochuideachtaí agus dá brainsí atá faoi úinéireacht dhíreach agus indíreach, mar aon lena cuid oibríochtaí gnó agus slabhraí luacha;*

(cb) *tuairisc ar na bearta a bhfuil sé mar aidhm leo drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus deireadh a chur le drochthionchair iarbhír agus a méid a mhaolú i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8;*

*(cc) cumas na gcomhpháirtithe gnó níos laige dícheall cuí a dhéanamh, agus gearáil na cuideachta á cur san áireamh chun a áirithiú nach gcuirfear costais an phróisis díchill chuí ar aghaidh chuig comhpháirtithe gnó atá i riocht níos laige; agus*

*(cd) tuairisc ar an sásra casaoide dá dtagraítear in Airteagal 9.*

*Nuair a dhéantar tagairt sa tuairisc ar na próisis dá dtagraítear i bpointe (c) d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí, cuirfidh cuideachtaí tuarascáil chuimsitheach lena mbeartas díchill chuí ar thorthaí na n-iniúchtaí tríú páirtí sna trí bliana roimhe sin.*

*1a. Maidir le gnóthais a oibríonn i gceann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (qb), áireofar freisin sa tuairisc ar chur chuige na cuideachta, sa chód iompair agus sa tuairisc ar na próisis agus ar na bearta a cheanglaítear faoi mhír 1, pointí (a) go (c), den Airteagal seo fócas mionsonraithe ar na rioscaí agus na tionchair a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin.*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta *gach bliain*.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a *athbhreithniú*, a thabhairt cothrom le dáta *agus a fhoilsiú go pras a luaithe a shainaithníonn siad aon drochthionchair iarbhír agus fhéideartha nua nó i gcás inar tharla athruithe substaintiúla ar a slabhraí luacha, agus go bliantúil ar a laghad. Beidh rochtain ag an bpobal ar bheartais díchill chuí na gcuideachtaí.*

*2a. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos chun a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí bainistíochta nó maoirseachta, de réir mar a bheidh, ag brath ar dhlíthe náisiúnta na gcuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú agus, go*



*háirithe an beartas díchill chuí dá dtagraítear san Airteagal seo, agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó gheallsealbhóirí.*

*2b. Ní sárú ar an dlí iomaíochta is infheidhme a bheidh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm comhchaighdeán agus prionsabal coiteann le haghaidh cód iompair laistigh de thionscail agus thar thionscail chun tacú le comhlíonadh éifeachtúil na Treorach seo.*

Leasú 86

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 6

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **drochthionchair ar an gcomhshaol** a shainaithint, **ar drochthionchair iad** a eascraíonn as a **n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí** nó as **oibríochtaí** a bhfochuideachtaí agus, **i gcás ina bhfuil baint acu lena** slabhraí luacha, **as a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe**, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

*Leasú*

#### Airteagal 6

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint **agus a mheasúnú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **ar chearta saothair** a shainaithint **agus measúnú a dhéanamh orthu agus drochthionchair chomhshaoil, smachta reachta agus dhea-rialachais** a eascraíonn as a **samhlacha gnó féin agus as a gcuid oibríochtaí, táirgí agus seirbhísí féin** nó, as a bhfochuideachtaí agus a **gcomhpháirtithe ina** slabhraí luacha a **bhfuil caidreamh gnó ag na cuideachtaí leo, de réir cur chuige rioscabhunaithe** agus i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

**1a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a gcuid slabhraí luacha a mhapáil agus an fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú go poiblí, lena n-áirítear ainmneacha, láithreacha, na cineálacha táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear agus faisnéis ábhartha eile a bhaineann leis na fochuideachtaí agus**

*an gnó. Bunaithe ar thorthaí na mapála sin, féadfaidh cuideachtaí measúnú domhain a dhéanamh ar na réimsí inar sainaithníodh drochthionchair a bheith ann nó na cinn is suntasaí.*

*1b. Déanfar measúnú ar dhéine drochthionchair bunaithe ar a thromchúisí atá sé, ar an dóchúlacht ard go dtarlóidh sé, ar líon na ndaoine nó ar mhéid na timpeallachta a ndearnadh difear dó, ar dho-aisathraitheacht na dtionchar sin, agus ar an deacracht a bhaineann le leigheas a chur ar fáil i bhfianaise na mbeart is gá chun an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú.*

2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhir agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithint.

3. Nuair a *dhéanann* cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), *creidmheas, iasacht nó seirbhísí* airgeadais eile *a sholáthar*, ní dhéanfar *drochthionchair* iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus *drochthionchair* ar an gcomhshaol a shainaithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i *mír 1* a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, *i gcás inarb iomchuí, go mbeidh* cuideachtaí *i dteideal* úsáid *a bhaint* as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear *tríd an nós imeachta gearán* dá bhforáiltear in Airteagal 9. *I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le* grúpaí a bhféadfaí

2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhir agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithint.

3. Nuair a *sholáthróidh* cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), *seirbhísí creidmheasa, iasachta nó* airgeadais eile, ní dhéanfar *na drochthionchar* iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus *na drochthionchar* ar an gcomhshaol *ar an smacht reachta agus ar dea-rialachas de réir beart rioscabhunaithe iomchuí* a shainaithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i *mír 1* a shainaithint *agus a mheasúnú* bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil *go mbainfidh* cuideachtaí úsáid as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear *faisnéis atá inrochtana don phobal agus chuirtear in iúl dóibh* agus faisnéis a bhailítear *trí na sásraí casaoide* dá bhforáiltear in Airteagal 9. *Beidh rannpháirtíocht éifeachtach agus*

difear a dhéanamh dóibh, *lena n-áirítear oibríthe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile* chun faisnéis a bhailiú maidir *leis na* drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

*fhóinteach ag cuideachtaí freisin leis na geallsealbhóirí ábhartha uile agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, lena n-áirítear oibríthe agus* grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh chun faisnéis a bhailiú maidir *le* drochthionchair iarbhír nó fhéideartha. *Beidh an cur chuige sin in earnáil na seirbhísí airgeadais bunaithe ar threoirlínte soiléire maidir leis an earnáil airgeadais.*

*4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh geallsealbhóirí i dteideal faisnéis bhreise a iarraidh ar chuideachta maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4 agus go bhfreagróidh an chuideachta don iarraidh sin i gcomhréir le hAirteagal 11 a.*

Leasú 87

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 7

Drochthionchair fhéideartha a chosc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair *fhéideartha* ar chearta an duine agus *drochthionchair ar an gcomhshaol* a *shaináithnítear de bhun Airteagal 6 a* chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc láithreach, a mhaolú go *leordhóthanach, i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.*

*Leasú*

#### Airteagal 7

Drochthionchair fhéideartha a chosc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair *a d'fhéadfadh a bheith ann* ar chearta an duine agus *ar chearta saothair* a chosc, nó i gcás nach féidir iad a chosc *nó nach féidir iad a chosc* láithreach, *drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus ar chearta saothair chomh maith le drochthionchair chomhshaoil nó drochthionchair ar an smachta reachta agus dea-rialachas a eascraíonn óna n-oibríochtaí táirgí agus seirbhísí, táirgí agus seirbhísí a bhfochuideachtaí, agus táirgí agus seirbhísí a tharlaíonn ina ngníomhaíochtaí féin agus ina slabhraí luacha agus a saináithníodh, nó ba cheart a bheith saináitheanta, de bhun Airteagal 6,*

*a mhaolú go leormhaith, trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid.*

*1 a. Chun críocha mhír 1, ceanglófar ar chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh bearta iomchuí agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Beidh an plean gníomhaíochta coisc ar fáil go poiblí agus forbrófar é le rannpháirtíocht éifeachtach fhóinteach na ngeallsealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 11 a.*

*Beidh feidhm ag na bearta iomchuí maidir le hoibríochtaí na cuideachta féin, lena fochuideachtaí chomh maith le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha na cuideachta.*

*I gcás nach mbeidh an chuideachta in ann gach drochthionchar féideartha a chosc nó a mhaolú ag an am céanna, áireofar sa phlean sin straitéis tosaíochta ina gcuirfear san áireamh leibhéal déine agus dóchúlachta na ndrochthionchar féideartha éagsúil ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar an smacht reatha agus ar chórais dhea-rialachais.*

2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na **bearta** seo a leanas a **dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:**

*(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;*

(b) dearbhuithe conarthacha a **lorg ó**

2. *Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, beidh sé de cheangal ar chuideachtaí, bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas;*

(b) dearbhuithe conarthacha a **fháil**

*chomhpháirtí gnó a bhfuil gaol díreach gnó aige leis go n-áiríteoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;*

(c) na hinfheistíochtaí *is gá* a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis *agus sna bonneagair* bhainistíochta nó táirgthe, *chun mír 1 a chomhlíonadh;*

(d) tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc inmhathanacht an FBM i mbaol;

(e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, *i gcás inarb ábhartha*, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.

*bunaithe ar théarmaí córa, réasúnacha agus neamh-idirdhealaitheacha, nó dearbhuithe eile laistigh de chaidrimh ghnó ar fud an tslabhra luacha, i ndáil le plean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme;*

(c) na hinfheistíochtaí *riachtanacha* a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis bhainistíochta nó táirgthe, *san fhothú acmhainneachta, i gcomhbhearta coiscitheacha agus maolaithe le comhpháirtithe sa slabhra luacha, bonneagair agus inrianaitheacht táirgí;*

(c a) *samhlacha agus straitéisí gnó a oiriúnú chun drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu;*

(c b) *oiliúint a chur ar sholáthraithe, cumarsáid a dhéanamh leo nó comhoibriú leo maidir le forfheidhmiú na ndlíthe cosanta ábhartha;*

(d) *breithniú a dhéanamh ar* tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc inmhathanacht an FBM i mbaol;

(e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach;

(e a) *i gcás cuideachtaí a choinníonn scaireanna, a gcearta vótála a fheidhmiú*

3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.

4. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

5. Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí *mhír 1* nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go *leordhóthanach* leis na bearta i *míreanna 2, 3 agus 4, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh* ó chaidreamh nua a

*d'fhonn drochthionchair ar chearta an duine, ar an gcomhshaol agus ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas a chosc;*

*(eb) measúnuithe ar chearta an duine atá íogair ó thaobh inscne de a dhéanamh, lena n-áirítear trí shonraí imdhealaithe a bhailiú agus a úsáid.*

3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.

4. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí. *Ní shaorfaidh fíorú comhlíontachta trí thionscnaimh tionscail nó trí fhíorú neamhspleách tríú páirtí an chuideachta óna hoibleagáidí ná óna dliteanas faoin Treoir seo;*

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

5. Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí *mhír 1* nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go *leormhaith* leis na bearta i *míreanna 2, 3 agus 4, ós rud é nach bhfuil maolú indéanta nó inghlactha, nó nach bhfuil*

dhéanamh *leis an gcomhpháirtí* nó ón gcaidreamh *sin* a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, *i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a *fhionraí go sealadach*, agus iarrachtaí coisctheacha agus *íoslaghdúcháin* á saothrú ag an am céanna, *má tá súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma;*

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór an drochthionchar féideartha.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun deireadh a chur *leis an gcaidreamh gnó* i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

*ionchas réasúnach ann go dtiocfaidh athrú orthu, staonfaidh cuideachtaí ó chaidreamh nua a dhéanamh nó ón gcaidreamh atá ann cheana* a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha.

*I gcásanna den sórt sin, déanfaidh cuideachtaí na bearta seo a leanas:*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a *chur ar fionra*, agus iarrachtaí coisctheacha agus *maolaithe* á saothrú ag an am céanna;

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór an drochthionchar féideartha *nó má dhéantar an drochthionchar arís agus arís eile.*

*Rachaidh cuideachtaí i gcomhairle go tráthúil, go héifeachtúil agus go fóinteach le páirtithe leasmhara a bhfuil tionchar ag an gcinneadh orthu chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis sula ndéanfar an cinneadh sin, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin.*

*Déanfaidh gnóthais bearta iomchuí chun drochthionchair a eascraíonn as an gcaidreamh gnó a chur ar fionraí nó a scor a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh.*

*Ní chuirfidh foirceannadh caidrimh ghnó isteach ar fhreagracht cuideachta aghaidh a thabhairt ar na tionchair iarbhir a thagann chun cinn le linn théarma an chaidrimh.*

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun deireadh *an caidreamh* a chur *ar fionraí nó a fhoirceannadh* i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

## Leasú 88

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 8

Drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deiridh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaitníodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a thabhairt chun *deiridh*, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.
2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí *méid an tionchair* sin a íoslaghdú.
3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
  - (a) an drochthionchar a *neodrí* nó a mhéid *a íoslaghdú*, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc *leis na* daoine *lena mbaineann* agus trí chúiteamh airgeadais a *íoc leis na pobail lena mbaineann*. Beidh

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

*Leasú*

#### Airteagal 8

Drochthionchair iarbhír a *mhaolú agus a* thabhairt chun deiridh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a *bhí, nó ba cheart a bheith, ag tarlú ina ngníomhaíochtaí féin agus ina slabhra luacha agus a* sainaitníodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta de bhun Airteagal 6 a *mhaolú agus a* thabhairt chun *críche ag baint úsáide as cur chuige riosca-bhunaithe*, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.
2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí *an tionchar* sin a íoslaghdú *a mhéid is féidir*.
3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
  - (a) *gach beart iomchuí a dhéanamh chun* an drochthionchar a *leigheas go hiomlán* nó *rannchuidiú lena leigheas go hiomlán nó chun é a íoslaghdú, a mhéid is féidir le leigheasanna iomchuí*, lena n-



an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;

áirítear trí dhamáistí *agus cúiteamh airgeadais* a íoc *le daoine, le grúpaí daoine nó le pobail dá ndéantar dífead agus trí chúiteamh iomlán a thabhairt as an damáiste don chomhshaol nó as an díobháil don smacht reachta agus do chórais dea-rialachais. I gcás ina n-íocann cuideachtaí damáistí nó cúiteamh airgeadais as drochthionchair a eascraíonn as iompar a gcomhpháirtithe gnó, bainfidh cuideachtaí tairbhe as dearbhú dlíthiúil chun cúiteamh a fháil ó na comhpháirtithe sin. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar. *Áirítear le feabhsúchán raon foirmeacha substainteacha arb é is aidhm dóibh gníomhú in aghaidh aon dochair do chearta an duine, don chomhshaol, don smacht reachta agus don dea-rialachas, nó aon dochar a dhéantar dóibh a shlánú. Baineann sé le haon díobháil agus damáiste a rinne cuideachta nó ar rannchuidigh sí lena ndeanamh trí ghníomhartha nó neamhghníomhartha; áirítear leis sin leithscéal, aiseag, athshlánú, cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais, athbhunú an chomhshaoil agus smachtbhannaí, chomh maith le cosc a chur ar dhíobháil, mar shampla, trí urghairí nó ráthaíochtaí neamhatarlaithe;**

*(a a) i gcás pobail dhúchasacha, leanfaidh gníomhaíochtaí feabhsúcháin caighdeáin idirnáisiúnta, mar atá aitheanta i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, agus folaíonn siad gníomhaíochtaí chun aiseag a dtailte, a gcríoch agus a n-acmhainní a lorg;*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta *ceartaitheach* a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta *ceartaithí agus bearta* a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá

sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. *I gcás inarb ábhartha, déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;*

(c) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí *gnó* a bhfuil caidreamh gnó díreach aige go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5.

sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta *ceartaithí* a fhorbairt le *rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí, agus cuirfear ar fáil go poiblí é; Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;*

(b a) *beidh feidhm ag na bearta iomchuí, i gcás inarb infheidhme, maidir le hoibríochtaí na cuideachta féin, lena fochuideachtaí chomh maith le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha na cuideachta;*

(b b) *próisis, oibríochtaí agus tionscadail a oiriúnú;*

(b c) *más gá, stop a chur le próisis, le hoibríochtaí agus le tionscadail;*

(c) dearbhuithe conarthacha a *fháil* ó chomhpháirtí *díreach* a bhfuil caidreamh gnó aige leis go ndéanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) *cearta an duine, cearta oibríthe, an comhshaol agus an smacht reachta agus dea-rialachas a urramú agus cuirfidh sé an plean coisc chun feidhme;*

(ii) *comhlíontacht leis an gcód iompair agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta ceartaithí a áirithiú; agus*

(iii) *oibríthe agus geallsealbhóirí eile a chur ar an eolas faoi na sásraí casaoide,*

*arna mbunú ag an gcuideachta nó ina bhfuil an chuideachta rannpháirteach, faoi Airteagal 9, lena n-áirítear trí dhearbhuíthe conarthacha comhfhreagracha a fháil óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid den slabhra luacha iad (cascáidiú conarthach); Nuair a fhaightear na dearbhuíthe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5;*

(d) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis **agus sna bonneagair** bhainistíochta nó táirgthe, chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;

(d) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis bhainistíochta nó táirgthe, **agus i mbonneagair, inrianaitheacht táirgí mar aon le fothú acmhainneachta, pleananna feabhsúcháin agus maolaithe comhpháirteacha le comhpháirtithe sa slabhra luacha**, chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;

**(d a) samhlacha agus straitéisí gnó a oiriúnú;**

(e) tacaíocht **dhírithe** chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó **fadbhunaithe** ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht an FBM i mbaol;

(e) tacaíocht **spriocdhírithe** chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht an FBM i mbaol;

(f) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, **i gcás inarb ábhartha**, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.

(f) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach;

**(f a) déanfaidh gnóthais a choinníonn scaireanna a gcearta vótála a fheidhmiú d'fhonn drochthionchair ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas a chosc.**

4. Maidir le drochthionchair iarbhir nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná

4. Maidir le drochthionchair iarbhir nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná

a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indéach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.

5. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun **comhlíontacht** a fhíorú i ndáil le FBManna, **is í** an chuideachta **a íocfaidh as** costas **an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí**.

6. Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí **mhír 1** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú leis na bearta i **míreanna 3, 4** agus 5, staonfaidh an chuideachta ó chaidreamh nua a dhéanamh **leis an gcomhpháirtí** nó ón gcaidreamh **sin** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, **i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh**, agus déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí

a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indéach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.

5. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí. **Ní shaorfaidh fíorú comhlíontachta trí thionscnaimh tionscail nó trí fhíorú neamhspleách tríú páirtí an chuideachta óna hoibleagáidí ná óna dliteanas faoin Treoir seo;**

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun **comhlíonadh** a fhíorú i ndáil le FBManna, **íocfaidh** an chuideachta **an** costas **gaolmhar**.

6. Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí **mhír 1** nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú leis na bearta **dá bhforáiltear i míreanna 3, 4** agus 5, staonfaidh an chuideachta ó chaidreamh nua a dhéanamh nó ón gcaidreamh **atá ann cheana** a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha agus déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí

go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun **deireadh a chur leis an gcaidreamh** gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais **eile** ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó

(b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar **nó má dhéantar an drochthionchar arís agus arís eile.**

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun **an caidreamh** gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe **a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis.**

**Rachaidh cuideachtaí i gcomhairle ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus fóinteach le geallsealbhóirí a bhfuil tionchar ag an gcinneadh orthu chun an caidreamh gnó a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis sula ndéanfar an cinneadh sin, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin.**

7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht, **clúdach árachais reachtúil** nó seirbhísí **eile** airgeadais ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfadh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

Leasú 89

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 a (nua)**

**Airteagal 8a**

**Díscor Freagrach**

1. **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí díscor go freagrach, agus mar rogha dheiridh amháin, agus iad ag freagairt do chásanna nach féidir tionchair fhéideartha agus drochthionchair de réir bhrí Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) a chosc, deireadh a chur leo, ná iad a mhaolú go héifeachtach nó a íoslaghdú go fóinteach ar shlí eile de réir thuairimí na bpáirtithe leasmhara a ndéantar difear dóibh, go háirithe oibrithe, nó páirtithe leasmhara eile a bhfuil leas dlisteanach acu. Chuige sin, rachaidh cuideachtaí i mbun rannpháirtíochta go fóinteach le páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 9a, sula ndéanfaidh siad cinneadh.**

2. **Mar chuid dá n-oibleagáid tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 11, nochtfaidh cuideachtaí líon na gcásanna inar chinn siad díscor a dhéanamh, an chúis atá leis an díscor sin agus suíomh na gcaidreamh gnó lena mbaineann gan a gcéannacht a nochtadh.**

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 9**

**Airteagal 9**

**Airteagal 9**

**Nósanna imeachta gearán**

**Sásraí casaoide neamhbhreithiúnacha**

1. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí an deis ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí atá liostaithe i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil inní dhlisteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhír nó**

1. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh cuideachtaí sásraí casaoide éifeachtacha ar an leibhéal oibríochtúil nó go nglacfaidh siad páirt iontu, mar chóras feasachta riosca luathrabhaidh agus mar chóras feabhsúcháin araon, ar**

fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol i ndáil **lena n-oibríochtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.

***féidir le daoine agus le heagraíochtaí a liostaítear i mír 2 úsáid a bhaint astu chun casaoidí a chur in iúl agus leigheasanna a iarraidh*** i gcás ina bhfuil inní dhlísteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol ***nó drochthionchair ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais*** i ndáil ***le hoibríochtaí na cuideachta*** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.

***Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil cuideachtaí in ann sásraí den sórt sin a chur ar fáil trí shocrúithe comhoibríochta le cuideachtaí nó eagraíochtaí eile, trí pháirt a ghlacadh i sásraí casaoide lena mbaineann raon páirtithe leasmhara nó trí dhul isteach i gcreat-chomhaontú domhanda.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí casaoide ar fáil go poiblí, inrochtana go háitiúil, intuartha, sábháilte, cothrom, iomchuí don chomhthéacs, trédhearcach, comhoiriúnach le cearta, agus inoiriúnaithe mar a leagtar amach sna critéir éifeachtachta le haghaidh sásraí casaoide neamhbhreithiúnacha i bPrionsabal 31 de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i mBarúil Ghinearálta Uimh. 16 Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Forúlfar leis na sásraí sin go bhféadfai ábhair inní a chur in iúl gan ainm nó faoi rún, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

***Féachfaidh siad go háirithe le cosaint a thabhairt i gcoinne na frithbheartaíochta, agus go háirithe, maidir lena áirithiú go mbeidh na himeachtaí sin go hiomlán inrochtana do phobail dhúchasacha.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sealbhóirí ceart iarbhír, sealbhóirí ceart a bhféadfai difear a dhéanamh dóibh agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach i ndearadh na sásraí casaoide sin agus***

*meastóireacht orthu, agus i soláthar leigheasanna.*

*Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí faisnéis ar fáil do shealbhóirí ceart iarbhír, do shealbhóirí ceart a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus do pháirtithe leasmhara eile faoi na sásraí casaoide sin, lena n-áirítear faisnéis faoi conas rochtain a fháil orthu, faoi chinntí agus leigheasanna a bhaineann le cuideachta agus an chaoi a bhfuil na sásraí sin á gcur chun feidhme ag an gcuideachta. Foilseofar an fhaisnéis ar fad ar bhealach nach gcuirfidh sábháilteacht na bpáirtithe leasmhara i mbaol, lena n-áirítear trí gan a gcéannacht a nochtadh.*

*Le sásraí casaoide, beifear in ann réitigh a mholadh do na cuideachtaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhír.*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na **gearúin** a chur **isteach**:

(a) daoine **dá ndéantar** difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a **bheith acu orthu**,

(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile **oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann**,

(c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta **ata gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann**.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na **casaoidí** a chur **in iúl**:

(a) daoine **aonair, grúpaí, comhphobail nó eintitis a ndéanann drochthionchar** difear **dóibh** nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar **difear** a **dhéanamh dóibh**,

(b) ceardchumainn agus ionadaithe **oibrithe** eile,

(c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta, **cosantóirí chearta an duine, cosantóirí an chomhshaoil, cosantóirí an smachta reatha agus cosantóirí dea-rialachais mar aon le híospartaigh agus finnéithe éillithe**;

(c a) **daoine eile a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a áitíonn sárú ar cheart**,



3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na **gearáin** dá dtagraítear i **mír 1**, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an **gearán** gan bhunús, agus na **hoibrithe** agus na ceardchumainn **ábhartha** a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an **ngearán**, go measfar an drochthionchar is ábhar don **ghearán** a bheith sainaitheanta de réir bhrí **Airteagal 6**.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe i dteideal an mhéid a leanas:

(a) obair leantach iomchuí **a iarraidh** ar an **ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi** de bhun **mhír 1**, agus

**(c b) comhpháirtithe gnó nach bhfuil in ann ceanglais na ndearbhuithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 7(2) agus i bpointe (c) d’Airteagal 8(3) a chomhlíonadh mar gheall ar chleachtais ceannaigh éagóracha a gceannaitheoirí.**

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na **casaoidí** dá dtagraítear i **mír 1**, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an **chasaoid** gan bhunús, agus na **páirtithe leasmhara ábhartha uile**, lena n-áirítear **oibrithe** agus ceardchumainn, a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an **gcasaoid**, go measfar an drochthionchar is ábhar don **chasaoid** a bheith sainaitheanta de réir bhrí

**Airteagal 6. Tuairisceoidh an chuideachta go poiblí ar an gcaoi a gcuirtear casaoidí san áireamh maidir le rioscaí nó sáruithe a shaináithint agus freagairt dóibh, lena n-áirítear inter alia staidreamh maidir leis an gcasaoid a fuarthas, na cineálacha drochthionchair dá dtagraítear, an chaoi a láimhseálann cuideachtaí iad agus foilsíú cásanna próiseáilte agus cásanna anaithnidithe.**

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe **agus a n-ionadaithe** i dteideal an mhéid a leanas:

(a) obair leantach **thráthúil, thrédhearcach, éifeachtach agus** iomchuí ar an **gcasaoid a fháil i scríbhinn, ón sásra casaoide lenar ndearna siad casaoid** de bhun **mhír 1**, lena dtabharfar réasúnú réasúnaithe agus inrochtana i dtaobh ar measadh go raibh bunús leis an éileamh nó nach raibh;

**(a a) dearbhuithe maidir le neamh-fhrithbheartaíocht, rúndacht agus anaithnideacht a fháil do gach páirtí leasmhar iarbhír agus gach páirtí leasmhar a bhféadfaí difear a dhéanamh**

(b) *bualadh* le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal *cuí* chun drochthionchair iarbhír *nó fhéideartha* atá ina n-ábhar *don ghearán* a phlé.

dó;

(a b) *faisnéis thráthúil agus éifeachtach a fháil faoi na céimeanna agus na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs casaoid ar leith a rinneadh tríd an sásra casaoide neamhspleách;*

(b) *idirghníomhú go díreach leis na sásraí casaoide agus le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair fhéideartha nó iarbhír atá ina n-ábhar casaoide a phlé, lena n-áirítear dearbhuithe maidir le neamh-fhrithbheartaíocht, rúndacht agus anaitheacht nuair a iarrtar sin agus leigheas iomchuí a mholadh;*

(b a) *iarraidh ar chuideachtaí drochthionchair iarbhír a leigheas go hiomlán nó rannchuidiú leis na drochthionchair iarbhír a leigheas ina n-iomláine. Beidh an leigheas comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair.*

(b b) *freagra tráthúil agus réasúnaithe a fháil i scríbhinn ón gcuideachta ar iarraidh dhlísteanach le haghaidh feabhsúcháin.*

4a. *Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear úsáid sásra casaoide cosc ar na héilitheoirí rochtain a bheith acu ar an nós imeachta a bhaineann le hábhair imní réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 19, ar an dlíteanas sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 22, ná ar aon sásra breithiúnach eile ná ar aon sásra casaoide neamhbhreithiúnach eile. Áiritheoidh na Ballstáit freisin nach mbeidh an ceart chun dul i muinín na gcomhlachtaí breithiúnacha agus na gcúirteanna coinníollach ar úsáid an tsásra casaoide roimh ré. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon iarracht neamhbhreithiúnach ar leigheas i gcomhthráth le cómhargáil a mholadh agus le haitheantas a thabhairt do cheardchumainn agus nár cheart do na hiarrachtaí sin, ar bhealach ar bith, an*

*bonn a bhaint ó ról na gceardchumann dlisteanach maidir le haghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a bhaineann leis an saothar.*

## Leasú 91

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Áiritheoidh* na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, *i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí* luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a *gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe*, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine *agus* ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, *i gcás inarb iomchuí*, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gach *12 mhí* ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir *le* toradh na measúnuithe sin.

## Leasú 92

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11

RR\1278479GA.docx

603/737

PE738.450v02-00

*Leasú*

*Áiritheoidh* na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí *agus ar bhearta a bhfochuideachtaí, ar oibríochtaí agus ar bhearta shlabhraí* luacha na cuideachta *agus* ar oibríochtaí *agus ar bhearta a gcaidreamh gnó*, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine, ar *chearta saothair, ar* an gcomhshaol, *ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas* a shainnithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad *le rannpháirtíocht fhóinteach na bpáirtithe leasmhara. Déanfar na measúnuithe* gach *12 mhí* ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí, *an plean coisc agus an plean gníomhaíochta ceartaithí* a thabhairt cothrom le dáta *agus na hoibríochtaí agus na bearta a mhodhnú* i gcomhréir *leis an* toradh *a bheidh ar* na measúnuithe sin.

**Airteagal 11**

**Airteagal 11**

***Cumarsáid a dhéanamh***

***Ceanglais tuairiscithe***

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí ***nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE tuarascáil*** ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo ***trí ráiteas bliantúil*** a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin ***i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, agus cumhdóidh sé an bhliain féilire roimhe sin.***

***D’ainneoin na gceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí tuairisciú*** ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo ***i gcomhréir le hAirteagal 4 trína gcuid beartas díchill chuí, pleananna gníomhaíochta coisc, pleananna gníomhaíochta ceartaithí, nósanna imeachta chun déileáil le casaoidí, tuarascálacha ar thoradh na measúnuithe mar aon le faisnéis ábhartha eile*** a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin ***ar bhealach inrochtana agus tráthúil.***

***Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go dtuairisceoidh cuideachtaí ar an méid seo a leanas:***

***(a) drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar an dea-rialachas agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4 i ndáil le hoibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí áirithe, agus i ndáil le hoibríochtaí, tionscadail agus infheistíochtaí de chuid a slabhraí luacha, ar bhealach atá íogair ó thaobh cultúir de agus ar bhealach inrochtana, agus sainghnéithe an ghrúpa páirtithe leasmhara, lena n-áirítear inscne, á gcur san áireamh. Soláthrófar mapáil mhionsonraithe ar shlabhraí luacha na cuideachta, lena n-áirítear ainmneacha, suíomhanna, táirgí agus seirbhísí;***

***(b) bearta arna gcur chun feidhme chun tuairimí agus leasanna na bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh le linn an phróisis díchill chuí;***

***(c) bearta arna gcur chun feidhme mar chuid dá straitéisí comhinfeistíochta***

*chun cur le cumas na gcomhpháirtithe gnó níos laige dícheall cuí a dhéanamh;*

*(d) faisnéis maidir le líon na gcásanna inar chinn cuideachtaí díscor a dhéanamh, an chúis atá leis an díscor sin agus suíomh na soláthraithe lena mbaineann gan a gcéannacht a nochtadh, ach amháin i gcás ina measann cuideachtaí go bhfuil sé inghlactha é sin a dhéanamh i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme;*

*(e) toradh na measúnuithe lena n-áirítear cóipeanna d'iniúchtaí fíoraithe tríú páirtí agus cuirfidh siad na páirtithe leasmhara ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 11 a.*

*Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh cuideachtaí a mbeartais díchill chuí agus go dtabharfaidh siad cothrom le dáta iad go pras, a luaithe a shainaitheoidh siad aon drochthionchar iarbhír agus féideartha nua, agus uair sa bhliain ar a laghad.*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe i gcomhréir le **hAirteagal 28** maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi **mhír 1**, lena sonrófar faisnéis **maidir leis an** tuairisc ar dhícheall cuí, drochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe i gcomhréir le **hAirteagal 28** maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi **mhír 1**, lena sonrófar faisnéis **faoin** tuairisc ar dhícheall cuí, **a dhearadh, a mhodheolaíocht,** drochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin, **chomh maith le faisnéis ghaolmhar chun tacú le cuideachtaí, lena bhfochuideachtaí agus lena gcomhpháirtithe gnó atá ag feidhmiú i dtíortha i mbéal forbartha chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais a shainaitheint, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.**

*Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe freisin maidir leis an gcaoi ar féidir an tuairisciú sin a chomhtháthú sa Phointe Rochtana Aonair Eorpach chun an t-ualach ar chuideachtaí agus ar*

*údaráis inniúla a laghdú.*

Leasú 93

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 11a***

***Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara***

***1. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh cuideachtaí páirt de mheon macánta, go héifeachtach, go sábháilte agus go fóinteach le páirtithe leasmhara agus a n-oibleagáidí de bhun Airteagail 4 go 11 á gcomhlíonadh acu. Ceanglófar ar chuideachtaí an méid seo a leanas a áirithiú:***

***(a) go mbeidh páirtithe leasmhara uile rannpháirteach go rialta agus le linn an phróisis díchill chuí iomláin, dá bhforáiltear in Airteagail 4 go 11;***

***(b) modhanna éifeachtacha agus iomchuí rannpháirtíochta de réir a méide agus de réir chineál agus chomhthéacs a n-oibríochtaí agus na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear: amlínte iomchuí le haghaidh gníomhaíochtaí rannpháirtíochta; baic ar an rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu; cosaint leormhaith do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ar an riosca go ndéanfaí bearta díoltais, roimh an rannpháirtíocht, le linn na rannpháirtíochta agus i ndiaidh na rannpháirtíochta; anaithnideacht agus rúndacht a áirithiú, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara is mó atá buailte agus is leochailí a lorg go réamhghníomhach agus tús áite a thabhairt don rannpháirtíocht sin, agus cur chuige inscne-fhreagrúil agus fabhrach do leanaí a áirithiú;***

*(c) fairsnéis rialta agus fhóinteach do pháirtithe leasmhara maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann lena ngníomhaíochtaí ar bhealach tráthúil, íogair ó thaobh an chultúir de agus inrochtana, agus sainiúlachtaí an ghrúpa páirtithe leasmhara á gcur san áireamh; agus*

*(d) i gcás athruithe suntasacha ar oibríochtaí, gníomhaíochtaí nó comhthéacs oibríocháin, go ndéanfaidh siad cumarsáid réamhghníomhach agus tuairisciú comhlántach agus idirmheánach a chur ar fáil.*

*2. Déanfar comhairliúchán leis na pobail dhúchasacha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine, amhail na caighdeáin sin a forbraíodh i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, lena n-áirítear an urraim dá gcearta chun saorthoilithe fheasaigh roimh ré agus a gcearta ar a dtailte, ar a gcríocha agus ar a n-acmhainní.*

*3. Déanfaidh cuideachtaí measúnú agus freagairt thráthúil ar an iarraidh ar rannpháirtíocht, agus ar iarraidh an pháirtí leasmhair ar fhairsnéis bhreise maidir le gníomhaíochtaí cuideachtaí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4. Cuirfear an fhairsnéis ar fáil go tráthúil i scríbhinn agus beidh sí leormhaith agus intuigthe.*

*Má dhiúltaíonn an chuideachta iarraidh ar fhairsnéis, cuirfidh sí réasúnú leormhaith agus mionsonraithe ar fáil i scríbhinn agus laistigh de thréimhse ama réasúnach. I gcás nach dtugann an chuideachta réasúnú leordhóthanach, go dtugann sí neamhaird ar an iarraidh, nó go ndiúltaíonn sí nochtadh a dhéanamh, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis ábhartha i dteideal a ordú go nochtfaí an fhairsnéis.*

*4. Cuirfidh an chuideachta páirtithe leasmhara ar an eolas freisin faoina*

*beartas díchill chuí agus faoi chur chun feidhme an bheartais, a mbeidh siad in ann rannchuidiú leis.*

**5. I gcás nach bhfuil an rannpháirtíocht fhóinteach le páirtithe leasmhara indéanta don chuideachta nó nach bhfuil sé sábháilte do pháirtithe leasmhara, breithneofar ar roghanna malartacha réasúnacha agus inchreidte eile.**

Leasú 94

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, ***lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.***

*Leasú*

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***déanfaidh*** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)*** agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint maidir ***leis an méid seo a leanas:***

***(a) earnálacha sonracha, comhthéacsanna agus réimsí agus go háirithe earnálacha ardriosca gníomhaíochta eacnamaíche a bhfuil drochthionchair dhiana mar thoradh orthu; Dréachtóidh an Coimisiún treoirlínte gan mhoill maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh gnóthais airgeadais an***



*Treoir seo, lena n-áirítear treoirlínte maidir le coincheapa an tslabhra luacha agus an cur chuige rioscabhunaithe;*

*(b) tionchair ar an smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais;*

*(c) dícheall cuí atá freagrúil ó thaobh inscne de agus atá freagrúil ó thaobh an chultúir de;*

*(d)- drochthionchair shonracha;*

*(e) cur chun feidhme an díchill chuí mhéadaithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir ardriosca;*

*(f) rannpháirtíocht shábháilte, éifeachtach agus fhóinteach le páirtithe leasmhara sna próisis díchill chuí uile;*

*(g) mapáil slabhraí luacha cuideachtaí agus próiseas éifeachtúil chun faireachán a dhéanamh ar iompraíocht na gcomhpháirtithe gnó feadh na slabhraí luacha;*

*(h) bearta ba cheart do chuideachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga, lena n-áirítear rochtain ar ioncam maireachtála.*

*(i) rochtain ar cheartas a éascú d'íospartaigh agus do dhaoine, do ghrúpaí daoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil leasanna dlisteanacha acu;*

*(j) rioscaí frithbheartaíochta atá os comhair páirtithe leasmhara a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine, cosantóirí an chomhshaoil, cosantóirí an smachta reachta agus cosantóirí an dea-rialachais as a rannpháirtíocht i bpróisis díchill chuí;*

*(k) díscor ó chaidrimh dhíobhálacha ghnó nó ó réimse nó earnáil eacnamaíoch ar leith ar bhealach freagrach; agus*

*(l) comhar le húdarais na dtíortha comhpháirtíochta chun imscrúduithe a dhéanamh.*

*Má chloíonn cuideachtaí leis na treoirlínte, measfar gur réamhriachtanas é sin chun ceanglais na Treorach seo dá dtagraítear sna treoirlínte a chomhlíonadh.*

Leasú 95

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Airteagal 14  
Bearta tionlacain

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** acu leo ina slabhraí luacha, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí luacha cuideachtaí.

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna.

*Leasú*

Airteagal 14  
Bearta tionlacain

**-1. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis agus tacaíocht éifeachtach a sholáthar do pháirtithe leasmhara a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus do pháirtithe leasmhara a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear trí bhíthin suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha tiomnaithe, comhairle dlí agus tacaíocht riaracháin chun cearta a éileamh a chuirtear ar fáil dóibh leis an Treoir seo.**

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó acu leo ina slabhraí luacha, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí luacha cuideachtaí.

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna **chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun a bhfeasacht a ardú agus chun rochtain ar na cearta dá**

3. **Féadfaidh** an Coimisiún **bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha** agus **chun** bearta nua a cheapadh, **lena n-áirítear** tionscnaimh chomhphárteacha páirtithe leasmhara **a éascú** chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

**bhforáiltear dóibh leis an Treoir seo a éascú.**

3. **Forbróidh** an Coimisiún agus **na Ballstáit sásraí comhair** agus **comhpháirtíochta le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le sárúithe ar chearta an duine, ar dhíobhálacha don chomhshaol, don smacht reachta agus don dea-rialachas agus** bearta nua a cheapadh. **Áireofar leis sin comhpháirtíochtaí luacha comhroinnte a éascú chomh maith le** tionscnaimh chomhphárteacha páirtithe leasmhara chun **cur le hacmhainneacht na ngníomhaithe eacnamaíocha réamhtheachtacha chun** cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

3a. **Tacóidh an Coimisiún le sonraí neamhspleácha a bhailiú go rannpháirtíoch agus go sábháilte maidir le drochthionchair ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar an smacht reatha agus ar dhea-rialachas agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí is gá chun na sonraí a chur san áireamh.**

3b. **Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>, bearta a sholáthar, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, arb é is aidhm dóibh:**

**(a) feasacht agus fothú acmhainneachta na bpáirtithe leasmhara a mhúscailt chun a rannpháirtíocht ghníomhach i bpróisis díchill chuí a áirithiú;**

**(b) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo agus ar na próisis díchill chuí;**

**(c) tacú le rochtain ar cheartas d'íosparthaigh agus do dhaoine agus do ghrúpaí daoine a bhfuil leasanna dlisteanacha acu lena n-áirítear ábhair imní réasúnaithe a chur faoi bhráid na n-**

*údarás maoirseachta de bhun Airteagal 19;*

*(d) rannchuidiú le scéimeanna caighdeánacha príobháideacha, méadrachtaí, córais faireacháin agus mheasúnaithe a chóineasú, a chomhchuibhiú agus a ghairmiúlú, chomh maith le formáidí cuntasaióchta agus tuairiscithe chun sonraí feidhmíochta maidir le dícheall cuí atá inchreidte, íogair ó thaobh inscne de, iontaofa, inghníomhaithe agus inchomparáide a áirithiú.*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnaimh** lena mbaineann raon **páirtithe** leasmhara.

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnamh** lena mbaineann raon **páirtithe** leasmhara. **Cuimseoidh na critéir chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht scéime tionscail peirspictíochtaí na sochái sibhialta a úireamh in iniúchtaí agus i stiúradh na gcaighdeán agus na sásraí casaoide de réir chritéir éifeachtachta Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.**

***Ní fhágfaidh an chaoi a mbítear ag brath ar scéimeanna tionscail agus ar thionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara go scaoilfear an chuideachta ón bhfreagracht ar leith atá uirthi a dícheall cuí a dhéanamh ná go gcuirfear cosc uirthi a bheith faoi dhlíteanas i leith neamhchomhlíonadh na***

*Treorach seo.*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).*

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh **na** cuideachtaí **dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a) agus in Airteagal 2(2), pointe (a)**, plean a ghlacadh chun a áirithiú go **bhfuil** samhail ghnó agus straitéis na cuideachta **comhoiriúnach** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Sainaitheofar leis an bplean sin, go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá an t-athrú aeráide ina riosca nó ina thionchar ar oibríochtaí na cuideachta.**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí plean a **fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcomhairle le ceardchumann, ionadaithe oibrithe agus páirtithe leasmhara, chun** a áirithiú go **ndéanfar** samhail ghnó agus straitéis **ghnó** na cuideachta **a ailíniú** leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go **1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119. Maidir leis an bplean sin:**

**(a) beidh sé bunaithe ar fhianaise agus tabharfar cothrom le dáta go rialta é i gcomhréir leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil;**

**(b) cuirfear an slabhra luacha iomlán san áireamh ann agus tabharfar aghaidh ar astaíochtaí raon feidhme 1, 2 agus 3;**

**(c) saineofar dearbhspriocanna**

*laghdaithe gearrthéarmacha agus meántéarmacha do 2025 agus 2030, a ndéanfar athbhreithniú orthu gach cúig bliana go dtí 2050, lena míneofar a n-ailíniú le cás aeráide 1.5 °C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta agus i dtaobh an bhfuil na spriocanna sin bunaithe ar an eolaíocht, de bhun na moltaí is déanaí ó IPCC agus ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide;*

*(d) saineofar gníomhaíochtaí cur chun feidhme do gach raon feidhme agus sprioc, atá bainteach le míniú ar luamháin um dhícharbónú a shainaithnítear;*

*(e) saineofar na pleananna airgeadais agus infheistíochta arna gceapadh chun na spriocanna a bhaint amach agus tabharfar gealltanas ina leith.*

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. *Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina sainaithnítear, nó inar cheart gur sainaithníodh, an t-athrú aeráide mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.***

*scriosta*

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. *Áiritheoidh na Ballstáit go***

*scriosta*

*gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go cuí comhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus luach saothair inathraithe á shocrú acu, má tá luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.*

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí freagrach go díreach agus go pearsanta as maoirseacht a dhéanamh ar na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

7. ***Cuirfidh*** an Coimisiún liosta na n-údarás maoirseachta ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

7. ***Déanfaidh*** an Coimisiún liosta na n-údarás maoirseachta, ***agus, i gcás inarb infheidhme, inniúlachtaí na n-údarás sin faoi seach, a chur*** ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8a.** *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cáilíochtaí, an saineolas agus na scileanna ag na húdaráis mhaoirseachta maidir le cearta an duine, cearta saothair, an comhshaol, an smacht reachta agus dea-rialachas chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus a gcumhachtaí a fheidhmiú.*

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 17 – mír 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8b.** *Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na húdaráis mhaoirseachta tuarascáil bhliantúil ina mbeidh mionsonraí ar a ngníomhaíochtaí san am a chuaigh thart, ar a bplean oibre amach anseo agus ar a dtosaíochtaí agus go gcuirfidh siad an tuarascáil sin ar fáil. Áirítear leis sin tuairisciú ar imscrúduithe dúnta agus a dtorthaí, smachtbhannaí féideartha nó cinntí eile maidir le himscrúduithe.*

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 18**

**Airteagal 18**

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta

1. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní **leordhóthanacha** ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-*

1. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní **leormhaithe** ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an*



áirítear an chumhacht *faisnéis a iarraidh* agus imscrúduithe a dhéanamh *maidir* le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo.

2. Féadfaidh údarás maoirseachta imscrúdú a thionscnamh *uidh* féin nó mar thoradh ar ábhair imní *chuí-réasúnaithe* a cuireadh in iúl dó de bhun *Airteagal 19, má mheasann sé go bhfuil faisnéis leordhóthanach aige lena léirítear gur sháraigh cuideachta na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo.*

3. Déanfar cigireachtaí i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht agus *i gcomhréir le réamhrabhadh don chuideachta, ach amháin i gcás ina gcuirfidh an réamhfhógra sin bac ar éifeachtacht na cigireachta.* I gcás inar mian le húdarás maoirseachta, mar chuid dá imscrúdú, cigireacht a dhéanamh ar chríoch Bhallstáit nach é a Bhallstát féin é, iarrfaidh sé cúnaimh ar an údarás maoirseachta sa Bhallstát sin de bhun Airteagal 21(2).

4. Más rud é, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2, go sainaithníonn údarás maoirseachta mainneachtain na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tréimhse iomchuí ama don chuideachta lena mbaineann chun gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, má tá gníomhaíocht den sórt sin indéanta.

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú i gcás damáistí, i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.

5. Agus a gcúraimí á ndéanamh acu, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a

chumhacht *a cheangal ar ghnóthais an fhaisnéis uile is gá a sholáthar* agus imscrúduithe a dhéanamh, *ar féidir cuairteanna allamuigh a bhaineann* le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo *a áireamh, i gcás inarb iomchuí,*

2. Féadfaidh údarás maoirseachta imscrúdú a thionscnamh *ar a chonlán* féin nó mar thoradh ar ábhair imní *réasúnaithe* a cuireadh in iúl dó de bhun *Airteagal 19.*

3. Déanfar cigireachtaí i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht agus *gan réamhrabhadh a thabhairt* don chuideachta. I gcás inar mian le húdarás maoirseachta, mar chuid dá imscrúdú, cigireacht a dhéanamh ar chríoch Bhallstáit nach é a Bhallstát féin é, iarrfaidh sé cúnaimh ar an údarás maoirseachta sa Bhallstát sin de bhun Airteagal 21(2).

4. Más rud é, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2, go sainaithníonn údarás maoirseachta mainneachtain na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tréimhse iomchuí ama don chuideachta lena mbaineann chun gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, má tá gníomhaíocht den sórt sin indéanta.

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú, *lena n-áirítear* i gcás damáistí, *nó* i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.

5. Agus a gcúraimí á ndéanamh acu, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a

laghad ag na húdaráis mhaoirseachta:

(a) a ordú go scoirfí de sháruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go staonfaí ó aon athdhéanamh ar an iompar ábhartha agus, i gcás **inarb iomchuí**, gníomhaíocht feabhais atá comhréireach leis an sárú agus atá riachtanach chun an sárú a thabhairt chun deiridh;

(b) smachtbhannaí airgid a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20;

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe a sheachaint.

6. I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit maidir smachtbhannaí riaracháin, **féadfar** an tAirteagal seo agus Airteagal 20 a chur chun feidhme sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna a thionscnamh agus go bhforchuirfidh cúirteanna náisiúnta inniúla é, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuirfidh na húdaráis mhaoirseachta.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

laghad ag na húdaráis mhaoirseachta:

(a) a ordú go scoirfí de sháruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go staonfaí ó aon athdhéanamh ar an iompar ábhartha agus, i gcás **inar féidir**, gníomhaíocht feabhais atá comhréireach leis an sárú agus atá riachtanach chun an sárú a thabhairt chun deiridh;

(b) smachtbhannaí airgid **éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha** a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20;

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe a sheachaint.

6. I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit maidir smachtbhannaí riaracháin, **déanfar** an tAirteagal seo agus Airteagal 20 a chur chun feidhme sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna a thionscnamh agus go bhforchuirfidh cúirteanna náisiúnta inniúla é, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuirfidh na húdaráis mhaoirseachta.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

**7a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cinní ó údaráis mhaoirseachta maidir le comhlíonadh na Treorach ag cuideachta gan dochar do dhliteanas sibhialta na cuideachta faoi Airteagal 22.**

Leasú 104

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha i dteideal ábhair inní **chuí-réasúnaithe** a chur faoi bhráid aon **údaráis mhaoirseachta** i gcás ina bhfuil cúiseanna acu lena chreidiúint, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil cuideachta i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo ('ábhair inní **shuntasacha**').

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha i dteideal ábhair inní **réasúnaithe** a chur faoi bhráid aon **údarás maoirseachta** i gcás ina bhfuil cúiseanna acu lena chreidiúint, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil cuideachta i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo ('ábhair inní **réasúnaithe**'), **gan dochar d'aon chaingean dlí a d'fhéadfadh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 22.**

*Leasú*

**1a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcosnófar céannacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil ábhair inní réasúnaithe á gcur isteach aige, arna iarraidh sin don duine lena mbaineann nó don údarás maoirseachta ar a chonlán féin.**

*Leasú*

Smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh

siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur agus, ***má tá***, nuair ***atá*** cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar ***iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh.***

siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

***1 a. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis na bearta agus na smachtbhannaí riaracháin seo a leanas ar a laghad laistigh dá ndlí náisiúnta:***

***(a) ráiteas poiblí ina gcuirfear in iúl an duine nádúrtha nó an t-eintíteas dlítheanach atá freagrach, lena n-áirítear stiúirthóirí na cuideachta agus cineál an tsáráithe;***

***(b) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;***

***(c) eisiamh sealadach nó buan ó rochtain ar chistiúchán poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais; agus***

***(d) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a dhéanamh.***

2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur agus, ***i gcás ina ndéanfar***, nuair ***a bheidh*** cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar ***an méid seo a leanas:***

***(a) iarrachtaí na cuideachta aon gníomhaíocht cheartaitheach arna héileamh ag údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh;***

***(b) aon infheistíochtaí arna ndéanamh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8;***

***(c) comhoibriú le heintitis eile chun***

*aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh;*

*(d) déine agus fad an tsáraithe ag an gcuideachta, nó déine na dtionchar a tharla;*

*(e) aon sárúithe roimhe sin ag an gcuideachta;*

*(f) na tairbhí airgeadais a ghnóthaigh an chuideachta nó na cailteanais a sheachain sí de bharr an tsáraithe, má tá na sonraí ábhartha ar fáil;;*

*(g) pionóis arna bhforchur i leith an tsáraithe chéanna i mBallstáit eile;*

*(h) a mhéid a dhéileáil an chuideachta le gearáin nó tograí a d'ardaigh páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear trí shásraí casaoide de bhun Airteagal 9;*

*(i) aon toisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme i leith chúinsí an cháis.*

3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad ***bunaithe ar*** láimhdeachas na cuideachta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ***bhfoilseofar*** aon chinneadh de chuid na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le sárú fhorálacha na Treorach seo.

3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad ***comhréireach le*** láimhdeachas na cuideachta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ***ndéanfar*** aon chinneadh de chuid na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le sárú fhorálacha na Treorach seo ***a fhoilsiú agus a chur ar fáil go poiblí tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis fhorchur an smachtbhanna. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an mhodheolaíocht agus na critéir a glacadh chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.***

Leasú 107

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Bunóidh an Líonra bunachar sonraí poiblí ina liostófar na cuideachtaí uile atá faoi réir na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis na húdaráis mhaoirseachta chun na cuideachtaí uile nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad a chumhdaítear leis an Treoir seo a shainaithint.*

*Nascfaidh liosta na gcuideachtaí ainm gach cuideachta leis an ráiteas arna fhoilsiú de bhun Airteagal 11 nó seachas sin taispeánfar nár fhoilsigh an chuideachta ráiteas.*

*Bunóidh an Líonra bunachar sonraí poiblí de limistéir ardriosca. I ngach iontráil a bhaineann le limistéar ardriosca beidh tuairisc ar na rioscaí sonracha a bhfuil an limistéir sin faoina réir agus doiciméadacht ábhartha maidir leis na rioscaí sin.*

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Airteagal 22  
Dliteanas sibhialta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas i leith damáistí

*Leasú*

Airteagal 22  
Dliteanas sibhialta

*-1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas docht i leith damáistí a eascraíonn as aon drochthionchar atá mar thoradh ar a n-oibríochtaí, a dtáirgí nó a seirbhís féin agus ar oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí a bhfochuideachtaí.*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas i leith damáistí a eascraíonn as aon drochthionchar atá

más rud é:

(a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar síos *in Airteagal 7 agus in Airteagal 8* a chomhlíonadh agus;

(b) *mar thoradh ar an mainneachtain sin*, gur tharla drochthionchar ba cheart a shainaithint, a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a mhéid a mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos *in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus* a raibh damáiste mar thoradh air.

2. D'ainneoin *mhír 1*, áiritheoidh na Ballstáit, *i gcás ina ndearna cuideachta na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 7(4), nó Airteagal 8(3), pointe (c), agus Airteagal 8(5), nach mbeidh sí faoi dhliteanas as damáistí arb é is cúis leo drochthionchar a thagann chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhpháirtí indíriú a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe aige leis, mura rud é go raibh sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil gur leor an ghníomhaíocht a rinneadh iarbhír, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh, chun drochthionchar a chosc, a mhaolú nó a laghdú.*

*Agus measúnú á dhéanamh an ann do dhliteanas agus ar mhéid an dliteanais faoin mír seo, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta*

*mar thoradh ar oibríochtaí, táirgí nó seirbhísí a gcomhpháirtithe* más rud é:

(a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar síos *sa Treoir seo* a chomhlíonadh agus;

(b) gur tharla drochthionchar ba cheart a shainaithint, a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a mhéid a mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos *sa Treoir seo* agus a raibh damáiste mar thoradh air.

*1 a. D'ainneoin mhíreanna -1 agus 1, i gcás ina n-eascraíonn an damáiste as drochthionchair de bharr caidrimh ghnó laistigh de shlabhra luacha cuideachta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chuideachta faoi dhliteanas, mura gcruthóidh sí gur ghníomhaigh sí leis an gcúram cuí agus gur chuir sí gach beart iomchuí chun feidhme chun a áiritiú nach dtarlódh an damáiste.*

2. D'ainneoin *mhír 1*, áiritheoidh na Ballstáit *go bhféadfadh aon duine nó aon ghrúpa daoine a bhfuil leas dlisteanach aige a bheith i dteideal méid iomlán na ndamáistí a eascraíonn as aon drochthionchar a fháil ó chuideachtaí. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfidh cuideachtaí tairbhe as dearbhú dlíthiúil chun cúiteamh a fháil óna bhfochuideachtaí agus ó na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó acu leo agus arb iad atá freagrach as an drochthionchar.*

*scriosta*

*orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhíríthe arna soláthar de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 8, chom maith le haon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar a slabhraí luacha.*

*2a. Leis na córais dliteanais arna gcur i bhfeidhm de bhun an Airteagail seo, áirítheoidh na Ballstáit go dtabharfar aghaidh ar na baic atá ann cheana ar an rochtain ar cheartas agus go háirithe:*

*(a) go mbeifear in ann comhshásamh a fháil;*

*(b) go mbeidh eagraíochtaí atá ag gníomhú thar ceann na n-íospartach agus ar mhaithe le cosaint chomhleasanna na n-íospartach in ann caingne ionadaíocha a thionscnamh;*

*(c) go n-áiríteofar nach gcuirfear cosc ar éilítheoirí rochtain a fháil ar na cúirteanna de dheasca chostais na n-imeachtaí atá bunaithe ar fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo; agus*

*(d) go ndéanfar tréimhsí teorann réasúnta agus iomchuí a leagan síos d'éilítheoirí nó do ghrúpaí éilítheoirí le haghaidh cásanna a thabhairt os comhair na gcúirteanna inniúla.*

*2b. Déanfaidh na Ballstáit na tréimhsí teorann a chur ar fionraí a fhad a mhairfidh na nósanna imeachta a bhaineann le gearáin arna gcur isteach trí shásraí casaoide de bhun Airteagal 9, le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag údaráis mhaoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 18 agus le hábhair imní chuí-réasúnaithe arna gcur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta de bhun Airteagal 19. Cuirfear deireadh leis an bhfionraíocht ar a luaithe 1 bhliain amháin tar éis don údarás maoirseachta cinneadh a dhéanamh.*

*2c. I gcás inar sholáthair éilítheoirí*



*fianaise atá ar fáil go réasúnta agus ar leor i chun tacú lena ngníomhaíocht i gcomhréir le mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na cúirteanna ordú a thabhairt don chosantóir agus do thríú páirtithe aon fhianaise atá ina seilbh acu a sholáthar, arna iarraidh sin ag an éilitheoir agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta, faoi réir rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht agus comhréireacht.*

3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó **díreach nó indíreach** sa slabhra luacha.

4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an **gcomhshaol** lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh

3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta **comhpháirteach agus leithleach** a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó **dhírigh nó indírigh** sa slabhra luacha.

4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine **agus ar chearta saothair, le drochthionchair ar an gcomhshaol** nó le drochthionchair ar an **smacht reachta agus ar dhea-rialachas** lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.

*4a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, i gcomhréir lena gcórais náisiúnta bhreithiúnacha, chun a úirithiú, i gcás ina ndéanfaidh daoine a mheasann go ndearnadh éagóir orthu trí mhainneachtain freagrachtaí díchill chuí a chur i bhfeidhm fíorais a shuíomh, os comhair cúirte nó comhlacht inniúil eile, ónar féidir a thoimhdiú go ndearnadh sárú díreach nó indíreach ar na freagrachtaí díchill chuí, gur faoin bhfreagróir a bheidh sé a chruthú gur leor gníomhaíocht na cuideachta faoi imthosca an cháis.*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh

feidhm shainordaitheach sáraitheach ag an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena **dtrasuítear** an tAirteagal seo i gcásanna nach é dlí Ballstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh chuige sin.

feidhm shainordaitheach sáraitheach ag an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena **dtrasuítear** an tAirteagal seo i gcásanna nach é dlí Ballstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh chuige sin.

## Leasú 109

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Airteagal 23

Sárúithe a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

*Leasú*

#### Airteagal 23

Sárúithe a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

***Áiritheoidh na Ballstáit go staonfaidh cuideachtaí ó fhrithbheart i gcoinne aon gheallsealbhóir agus a n-ionadaithe as a gcearta a fheidhmiú faoin Treoir seo, agus go ndéanfaidh siad an baol a bhaineann le frithbhearta agus bearta díoltais i dtaca lena gcaidrimh ghnó agus a slabhraí luacha a aithint, a chosc agus a mhaolú agus go ndéanfaidh siad faireachán ar an mbaol sin.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas i leith gníomhaíochtaí frithbhirt i gcoinne geallsealbhóirí agus a n-ionadaithe, lena n-áirítear sceithirí agus cosantóirí chearta an duine, cosantóirí an chomhshaoil, cosantóirí an smachta reachta agus cosantóirí dea-rialachais, arna ndéanamh acu féin nó ag gníomhaithe ar tugadh sainordú dóibh déanamh amhlaidh.***

***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir leis na nósanna imeachta uile a bhaineann le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, agus go háirithe na nósanna imeachta sin a***

*leagtar síos chun gearáin a dhéanamh nó ábhair inní a chur in iúl, go mbeidh rúndacht na n-ábhar inní sin, chomh maith le hanaithnideacht, sábháilteacht agus sláine fhisiciúil agus dhlíthiúil na ngeallsealbhóirí agus na ngearánach uile i gceist, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine, cosantóirí chearta saothair, cosantóirí an chomhshaoil, cosantóirí an smachta reachta agus cosantóirí dea-rialachais. I gcás ina mbaineann na nósanna imeachta sin le sceithirí, ba cheart na nósanna imeachta sin a bheith i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937.*

## Leasú 110

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 25 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus a ndualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta á chomhlíonadh acu, go gcuirfidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in *Airteagal 2(1)* san áireamh iarmhairtí a gcinntí maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, *cearta* an duine, an *t-athrú* aeráide agus *iarmhairtí* ar an gcomhshaol, lena n-áirítear sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

## Leasú 111

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 26

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus a ndualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta á chomhlíonadh acu, go gcuirfidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in *Airteagal 2(1)* san áireamh iarmhairtí a gcinntí maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, *iarmhairtí ar chearta* an duine, *ar* an *athrú* aeráide agus ar an gcomhshaol, *chomh maith le tionchair ar smacht reachta agus ar chórais dea-rialachais na dtíortha, na réigiún nó na gcríoch ina n-oibríonn an chuideachta, a fochuideachtaí nó a comhpháirtithe sa slabhra luacha*, lena n-áirítear sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Airteagal 26

Dícheall cuí a chur ar bun agus a mhaoirsiú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in **Airteagal 2(1)** freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in **Airteagal 4** a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus go háirithe an **beartas** díchill chuí dá dtagraítear in **Airteagal 5**, agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó **gheallsealbhóirí** agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tabharfaidh na stiúrthóirí tuarascáil ina leith sin don bhord stiúrthóirí.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí bearta chun an straitéis **chorparáideach** a oiriúnú chun na drochthionchair iarbhir agus fhéideartha arna sainaithint de bhun **Airteagal 6** agus aon **bhearta** arna ndéanamh de bhun **Airteagal 7 go hAirteagal 9** a chur san áireamh.

Airteagal 26

Dícheall cuí a chur ar bun agus a mhaoirsiú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in **Airteagal 2(1)** freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in **Airteagal 4** a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus go háirithe **as an mbeartas** díchill chuí dá dtagraítear in **Airteagal 5** agus **as cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear in Airteagal 15 le rannpháirtíocht éigeantach fhóinteach** agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó **na geallsealbhóirí uile** agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta **uile lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine**. Tabharfaidh na stiúrthóirí tuarascáil ina leith sin don bhord stiúrthóirí **go rialta agus pléifidh an bord an dul chun cinn agus na dúshláin a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na tionchair shuntasacha ar chearta an duine, ar chearta saothair, ar an gcomhshaol, ar an smacht reachta agus ar dhea-rialachas agus déanfaidh sé athbhreithniú ar shamhail ghnó na cuideachta agus aon athrú atá beartaithe uirthi**.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí bearta chun an **tsamhail ghnó agus an straitéis ghnó** a oiriúnú chun **aghaidh a thabhairt ar rioscaí díchill chuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus chun** na drochthionchair iarbhir agus fhéideartha arna sainaithint de bhun **Airteagal 6** agus aon **bheart** arna ndéanamh de bhun **Airteagal 7 go 9** a chur san áireamh.

**2a. Bunóidh an Coimisiún grúpa comhairleach saineolaithe um dhícheall cuí chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt d'eintitis maidir le cur chun**

*feidhme na Treorach seo agus dea-chleachtais.*

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – fo-cheannteideal 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Sárúithe ar chearta agus ar thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine

*Leasú*

Sárúithe ar chearta **an duine** agus ar **chearta saothair agus ar** thoirmisc a áirítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine **agus um chearta saothair**

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Sárú ar an gceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha **a** lena n-áirítear pá cóir, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn **réasúnach** le huaireanta oibre i gcomhréir le **hAirteagal 7** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;

*Leasú*

7. Sárú ar an gceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha lena n-áirítear pá cóir, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn **réasúnta** le huaireanta oibre i gcomhréir le **hAirteagal 7** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha **agus le hAirteagail 23(3) agus 25(1) de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;**

*Réasúin*

*In Airteagail 23 agus 25 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, tugtar soiléiriú mionsonraithe breise ar na gnéithe de chaighdeán maith maireachtála agus dálaí oibre córa fabhracha.*

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 18 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

i gcomhréir le ***hAirteagal 3*** de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le ***hAirteagal 5*** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le ***hAirteagal 12*** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha;

## Leasú 115

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

20. Sárú ar cheart na bpobal dúchasach chun na dtailte, na gríoch agus na n-acmhainní ba leosan go traidisiúnta, a bhí ina seilbh go traidisiúnta nó a bhí á n-úsáid nó á bhfáil ar shlí eile acu i gcomhréir le ***hAirteagal 25, Airteagal 26(1) agus (2), Airteagal 27, agus Airteagal 29(2) de Dhearbhú*** na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

## Leasú 116

### Togra le haghaidh treorach Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 20 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

i gcomhréir le ***hAirteagal 3*** de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le ***hAirteagal 5*** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus le ***hAirteagal 12*** den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha, ***agus leis an gceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe;***

*Leasú*

20. Sárú ar cheart na bpobal dúchasach chun na dtailte, na gríoch agus na n-acmhainní ba leosan go traidisiúnta, a bhí ina seilbh go traidisiúnta nó a bhí á n-úsáid nó á bhfáil ar shlí eile acu i gcomhréir le ***Dearbhú*** na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;

*Leasú*

***20a. Sárú ar cheart na bpobal dúchasach a saorthoilíú feasach roimh ré a thabhairt, a mhodhnú, a choinneáil siar nó a tharraingt siar maidir le hidirghabhálacha, cinntí agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá dtailte, dá gríocha, dá n-acmhainní agus dá gcearta, i gcomhréir le hAirteagail 10, 11(2), 19, 28, 29(2) agus 32(2) de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus le hAirteagail 6***

**agus 16(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 169 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha;**

*Réasúnú*

*Ba cheart tagairt shainráite do shaorthoilíú feasach roimh ré na bpobal dúchasach a chur isteach san Iarscríbhinn, i gcomhréir le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus le Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha.*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – pointe 21 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**21 a. I limistéir ina bhfuil coinbhleacht, sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta mar a leagtar amach iad go háirithe i gCoinbhinsiún na Ginéive agus sna prótacail bhreise a ghabhann leo.**

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid I – fo-cheannteideal 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Coinbhinsiún maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha
- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
  - An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
  - An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha;
  - An Coinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú;

2. Coinbhinsiún maidir le cearta an duine, **cearta saothair** agus saoirsí bunúsacha
- Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
  - An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
  - An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha;
  - An Coinbhinsiún maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú;

- An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó **Pionóis** eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
  - An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú;
  - An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe in aghaidh **Ban** a Dhíothú;
  - An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh;
  - An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas;
  - Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;
- 
- An Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;
- 
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Prótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún

- An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó **Pionós** eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach;
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chiníoch a Dhíothú;
- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe in aghaidh **na mBan** a Dhíothú;
- An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh;
- An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas;
- Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach;
- ***An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach Forfheidhmithe;***
- An Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga;
- ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForéigean in aghaidh na mBan a Dhíothú;***
- ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a bhíonn ag Obair i gCeantair Thuaithe;***
- ***Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine;***
- ***Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe;***
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Prótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún



Aontaithe in aghaidh na Coireachta  
Eagraithe Trasnáisiúnta;

- Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair;
- Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;
- Croíchoinbhinsiún/bunchoinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair:
  - An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87)
  - An Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98)
  - An Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) agus Prótacal 2014 lena mbaineann;
  - An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, 1957 (Uimh. 105)
  - An Coinbhinsiún maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138)
  - An Coinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is Measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182)
  - An Coinbhinsiún maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100)
  - An Coinbhinsiún maidir le hIrdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111)

Aontaithe in aghaidh na Coireachta  
Eagraithe Trasnáisiúnta;

• ***An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta gach Oibrí Imircigh agus Cearta Daoine dá Theaghlach a Chosaint;***

- Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair;
- Dearbhú Trípháirteach Prionsabal maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair;
- Croíchoinbhinsiún/bunchoinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair:
  - An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87)
  - An Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98)
  - An Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) agus Prótacal 2014 lena mbaineann;
  - An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, 1957 (Uimh. 105)
  - An Coinbhinsiún maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138)
  - An Coinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is Measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182)
  - An Coinbhinsiún maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100)
  - An Coinbhinsiún maidir le hIrdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111)
- ***Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hOibríthe***

*Tí, 2011 (Uimh. 189)*

- *Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190).*

*Ionstraimí an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta – Ceithre Choinbhinsiún na Ginéive 1949:*

- *Coinbhinsiún (I) le haghaidh Fheabhsú Staid an Lucht Créachtaithe agus an Lucht Breoite i bhFórsaí Armtha ar an Machaire*

- *Coinbhinsiún (II) le haghaidh Fheabhsú Staid na gComhaltaí Créachtaithe, Breoite agus Longbhriste d'Fhórsaí Armtha ar Muir*

- *Coinbhinsiún (III) maidir le Déileáil le Príosúnaigh Chogaidh*

- *Coinbhinsiún (IV) maidir le Cosaint Daoine Sibhialta in Aimsir Chogaidh*

- *Prótacaíl bhreise a ghabhann le Coinbhinsiún na Ginéive.*

*Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta*

- *An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*

- *An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh*

- *Cairt Shóisialta na hEorpa.*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**SÁRUITHE AR CHUSPÓIRÍ AGUS AR  
THOIRMISC A AITHNÍTEAR *GO*  
*HIDIRNÁISIÚNTA* AGUS A ÁIRÍTEAR**

*Leasú*

**SÁRUITHE AR CHUSPÓIRÍ AGUS AR  
THOIRMISC A AITHNÍTEAR *AR*  
*LEIBHÉAL AN AONTAIS* AGUS *AR AN*  
*LEIBHÉAL IDIRNÁISIÚNTA* AGUS A**

Leasú 120

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Sáruihte ar oibleagáidí, ar thoirmisc agus ar chaighdeáin a áirítear i gcoinbhinsiúin agus treoirlínte idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir leis an smacht reachta agus dea-rialachas***

***1. Sáruihte ar oibleagáidí, ar thoirmisc agus ar chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta agus go réigiúnach***

***1. Sárú ar an oibleagáid rialacha an Aontais maidir le faisnéis airgeadais arna nochtadh ag cuideachtaí a chomhlíonadh mar a leagtar síos:***

***(a) i Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 le haghaidh cuideachtaí liostaithe***

***(b) i dTreoir 2013/34/AE le haghaidh cuideachtaí neamhliostaithe agus gnólachtaí beaga.***

***2. Sárú ar an oibleagáid Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup> a chomhlíonadh, gan beann ar an cuideachta phríobháideach, cuideachta faoi úinéireacht stáit nó cuideachta faoi rialú stáit í.***

***3. Sárú ar na hoibleagáidí chun éilliú a chomhrac ar cheart go n-áireofaí leis, inter alia, an méid seo a leanas:***

***(a) buntáiste míchuí a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt d'aon ghnó d'oifigeach poiblí nó d'aon duine eile, go díreach nó go hindíreach, chun go mbainfidh an t-oifigeach poiblí nó an***

*duine mí-úsáid as an tionchar iarbhír nó an tionchar a mheastar atá aige nó aici d'fhonn buntáiste míchuí a fháil ó rialtas nó údarás poiblí de chuid an Stáit is Páirtí do thionscnóir bunaidh an ghnímh nó d'aon duine eile;*

*(b) sirtheoireacht nó glacadh buntáiste míchuí d'aon ghnó ag oifigeach poiblí nó ag aon duine eile, go díreach nó go hindíreach, dó nó di féin nó do dhuine eile chun go mbainfidh an t-oifigeach poiblí nó an duine mí-úsáid as an tionchar iarbhír nó an tionchar a mheastar atá aige nó aici d'fhonn buntáiste míchuí a fháil ó rialtas nó údarás poiblí de chuid an Stáit is Páirtí sa Choinbhinsiún;*

*(c) buntáiste míchuí a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt d'aon ghnó, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine a stiúránn eintiteas na hearnála príobháidí nó fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú stáit nó a oibríonn dóibh, i gcáil ar bith, don duine féin nó do dhuine eile, chun go ngníomhóidh sé nó sí nó go staonfaidh sé nó sí ó ghníomhú agus sárú ar a dhualgais nó dualgais á dhéanamh aige nó aici;*

*(d) sirtheoireacht nó glacadh buntáiste míchuí d'aon ghnó, go díreach nó go hindíreach, ag aon duine a stiúránn eintiteas na hearnála príobháidí nó fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú stáit nó a oibríonn dóibh, i gcáil ar bith, don duine féin nó do dhuine eile, chun go ngníomhóidh sé nó sí nó go staonfaidh sé nó sí ó ghníomhú agus sárú ar a dhualgais nó dualgais á dhéanamh aige nó aici;*

*(e) an claonchasadh d'aon ghnó a dhéanann duine, le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais nó tráchtála, ar duine é a stiúránn cuideachta phríobháideach nó cuideachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú stáit nó a oibríonn di, i leith aon mhaoin, aon chiste*

*príobháideach nó aon urrús  
príobháideach nó aon rud eile a bhfuil  
luach air a chuirtear de chúram air nó  
uirthi de bharr a phoist nó poist;*

*(f) gan aon chód iompair a bheith i  
bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfaidh  
gnólachtaí príobháideacha, gnólachtaí  
atá faoi úinéireacht nó faoi rialú stáit  
agus na gairmeacha ábhartha uile a  
gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach ceart  
cuí chun coinbhleachtaí leasa a chosc,  
agus chun úsáid dea-chleachtas tráchtála  
a chur chun cinn i measc gnólachtaí agus  
i gcaidreamh conarthach gnólachtaí le  
stáit sa slabhra soláthair ina iomláine;*

*(g) easpa trédhearcachta i measc  
comhpháirtithe gnó, lena n-áirítear bearta  
iomchuí maidir le céannacht daoine  
dlítheanacha agus nádúrtha a bhfuil  
baint acu le bunú agus bainistiú eintiteas  
corparáideach, lena n-áirítear a n-úinéirí  
tairbhiúla;*

*(h) easpa cosc iomchuí ar mhí-úsáid  
nósanna imeachta lena rialaítear eintitis  
phríobháideacha nó eintitis atá faoi  
úinéireacht nó faoi rialú stáit, lena n-  
áirítear nósanna imeachta maidir le  
fóirdheontais agus ceadúnais arna  
ndeonú ag údaráis phoiblí le haghaidh  
gníomhaíochtaí tráchtála;*

*(i) easpa coisc ar choinbhleachtaí  
leasa trí shrianta a fhorchur, de réir mar  
is iomchuí agus ar feadh tréimhse  
réasúnta ama, ar ghníomhaíochtaí  
gairmiúla iaroifigeach poiblí nó ar  
fhostaíocht oifigeach poiblí tar éis dóibh  
éirí as oifig nó dul ar scor, i gcás ina  
mbaineann na gníomhaíochtaí sin nó an  
fhostaíocht sin go díreach leis na  
feidhmeanna arna sealbhú nó arna  
maoirsiú ag na hoifigigh phoiblí sin le  
linn a dtéarma oifige;*

*(j) easpa beart lena n-áirithítear, agus  
struchtúr agus méid na cuideachta á gcur  
san áireamh, go mbeidh rialuithe  
iniúchóireachta inmheánacha*

*leordhóthanacha i bhfeidhm chun cabhrú le gníomhartha éillithe a chosc agus a bhrath agus go mbeidh cuntais agus ráitis airgeadais riachtanacha na cuideachta faoi réir nósanna imeachta iniúchóireachta agus deimhniúcháin iomchuí.*

**4. Sárú ar na toirmisc seo a leanas:**

**(a) cuntais lasmuigh den chlár comhardaithe a bhunú;**

**(b) idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe nó idirbhearta nach saináithnítear go leordhóthanach iad a dhéanamh;**

**(c) caiteachas nach ann dó a thairfeadadh;**

**(d) dlíteanais a chlárú lena ngabhann saináithint mhícheart a míreanna;**

**(e) doiciméid bhréagacha a úsáid; agus**

**(f) doiciméid leabharchoimeáda a scríosadh d'aon ghnó níos luaithe ná mar a fhoráiltear leis an dlí.**

**5. Mainneachtain maidir le bearta iomchuí a dhéanamh chun rannpháirtíocht ghníomhach daoine aonair agus grúpaí a chur chun cinn, go háirithe an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí phobail, ag brath ar na cúiseanna atá leis an éilliú, a thromchúisí atá sé agus ar bhagairt an éillithe agus ar na drochthionchair a bhíonn aige ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar an aeráid agus ar na drochthionchair eacnamaíocha agus shóisialta ar dhaoine agus ar phobail lena mbaineann agus ar an smacht reachta agus ar chórais rialachais.**

**6. Sciúradh d'aon ghnó ar fháltais ó choireacht i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme:**

**(a) trí mhaoin a chomhshó nó a aistriú, i gcás inarb eol gur fáltais ó**

*choireacht an mhaoin sin, chun foinse aindleathach na maoine a cheilt nó a chur i mbréagriocht nó chun cabhrú le duine ar bith a bhfuil baint aige le déanamh an chiona preideacáide iarmhairtí dlíthiúla ghníomh an duine sin a sheachaint;*

*(b) trí fhíorchineál, foinse, suíomh, bail, gluaiseacht nó úinéireacht na maoine nó aon cheart ina leith a cheilt nó a chur i mbréagriocht, i gcás inarb eol gur fáltais ó choireacht an mhaoin sin;*

*(c) trí mhaoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid, i gcás inarb eol, tráth a fála, gur fáltais ó choireacht an mhaoin sin;*

*(d) trína bheith rannpháirteach i ndéanamh aon cheann de na cionta arna mbunú i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, nó i gcomhlachas nó i gcomhcheilg aon cheann de na cionta sin a dhéanamh, iarrachtaí chun iad a dhéanamh agus cabhrú agus neartú le déanamh aon cheann acu, iad a éascú agus comhairle a thabhairt ina leith.*

*7. Bac ar an gceartas:*

*(a) trí lámh láidir, bagairtí nó imeaglú a úsáid nó trí bhuntáiste míchuí a ghealladh, a thairiscint nó a thabhairt chun fianaise bhréagach a aslú nó chun cur isteach ar fhianaise a thabhairt nó ar fhianaise a thabhairt ar aird in imeacht i dtaca le déanamh cionta arna mbunú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;*

*(b) trí lámh láidir, bagairtí nó imeaglú a úsáid chun cur isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil oifigigh bhreithiúnaigh nó oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí i dtaca le déanamh cionta arna mbunú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;*

*2. Liosta neamh-uileghabhálach coinbhinsiún agus treoirlínte*

- *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, 2003*

- *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, 2000*
- *Prótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, 2000*
- *Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi chois agus Pionós a ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, 2000*
- *An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta i gcoinne Earcaíocht, Úsáid, Maoiniú agus Oiliúint Amhas, 1989*
- *An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Dhíchur, 1999*
- *Dlí sibhialta Chomhairle na hEorpa maidir leis an Éilliú 1999 – Coinbhinsiún ECFE in aghaidh na Breabaireachta, 1997*
- *Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Prionsabail Bhunúsacha an Cheartais d'Íospartaigh na Coiriúlachta agus Mhí-úsáid na Cumhachta, 1985*
- *Prionsabail Bhunúsacha maidir le Neamhspleáchas na mBreithiúna (arna bhformhuiniú le rún 40/32 an 29 Samhain 1985 agus rún 40/146 an 13 Nollaig 1985 ón gComhthionól Ginearálta)*
- *Prionsabail Bangalore maidir le*



*hIompar Breithiúnach (arna bhformhuiniú le rún 2006/23 ón gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta)*

- *Prionsabail Bhunúsacha maidir le Ról Dlíodóirí, arna nglacadh ag an 8ú Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Coireacht a Chosc agus Cóireáil Ciontóirí, Havana (Cúba), ón 27 Lúnasa go dtí an 7 Meán Fómhair 1990*
- *Moladh Rec (2000) 21 an 25 Deireadh Fómhair 2000 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit maidir leis an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh*
- *Prionsabail Ghinearálta maidir le gairm an dlíodóra arna nglacadh ag an International Bar Association (2014) – IBA Practical Guide on Business and Human Rights for Business Lawyers (arna glacadh le rún ó Chomhairle IBA an 28 Bealtaine 2016)*
- *Foilseachán de chuid Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa – CCBE Practical Issues for Bar and Law Societies on Corporate Social Responsibility - Guidance III (Bealtaine 2017)*
- *Tuarascáil ón Tascfhórsa maidir le Ról na nDlíodóirí agus Struchtúir Idirnáisiúnta Tráchtála 2019*
- *Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe (prionsabal uimh. 10)*
- *Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta*
- *ISO 26000.*

---

*1<sup>a</sup> Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na*

*hEorpa agus ón gComhairle  
an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena  
leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le  
nochtadh na faisnéise neamh-airgeadais  
agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí  
móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014,  
lch. 1).*

Leasú 121

**Togra le haghaidh treorach  
Iarscríbhinn I – Cuid II b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Liosta neamh-uileghabhálach  
gníomhachtaí eacnamaíocha a mheasfar  
gur gníomhaíochtaí ardriosca iad*

*Measfar gur gníomhaíochtaí ardriosca  
iad gníomhaíochtaí na hearnála  
eacnamaíche atá liostaithe thíos mar  
gheall ar an acmhainneacht atá acu  
drochthionchair a imirt ar chearta an  
duine, ar an gcomhshaol, ar an smacht  
reachta agus ar dhea-rialachas, go  
háirithe sna tíortha atá i mbéal forbartha  
ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin.*

*Tá an liosta sin bunaithe ar ainmníocht  
chaighdeánach Eorpach na  
ngníomhaíochtaí eacnamaíocha táirgiúla  
(cóid NACE).*

*Ba cheart go measfaí gur liosta neamh-  
uileghabhálach é a fhéadfaidh an  
Coimisiún a thabhairt cothrom le dáta i  
gcomhréir le hAirteagal 29(c) den Treoir  
seo:*

*(i) monarú teicstílí, corpbhirt, earraí  
fionnaidh, leathair agus táirgí gaolmhara  
(lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil  
mhórdhiola agus miondíol teicstílí,  
corpbhirt, earraí fionnaidh, leathair agus  
táirgí gaolmhara (lena n-áirítear éadaí  
agus coisbheart);*

*(ii) talmhaíocht, foraoiseacht agus  
iascach lena n-áirítear dobharshaothrú,  
bainistiú talún agus acmhainní (lena n-  
áirítear maidir le caomhnú an dúlra nó*

*gníomhaíochtaí gaolmhara eile), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhiola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe, adhmaid, bia agus deochanna;*

*(iii) an earnáil fuinnimh lena n-áirítear gás, fuinneamh núicléach, gal, leictreachas agus foinsí eile le linn a saolré, ó eastóscadh, scagadh, táirgeadh, dóchán breoslaí, iompar, stóráil agus bainistiú dramhaíola lena n-áirítear dramhaíl radaighníomhach;*

*(iv) na gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cairéalaithe uile, gníomhaíochtaí tacaíochta mianadóireachta, agus trádáil mhórdhiola acmhainní mianracha agus táirgí mianracha bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile);*

*(v) táirgeadh, úsáid agus diúscairt ceimiceán orgánach agus neamhorgánach, lena n-áirítear cógaisíocht, táirgí cosanta plandaí agus leasacháin;*

*(vi) monarú agus trádáil mhórdhiola táirgí rubair agus plaisteacha;*

*(vii) monarú agus trádáil mhórdhiola arm agus armlóin, lena n-áirítear ítimi dé-úsáide agus monarú feithiclí míleata comhraic;*

*(viii) monarú agus trádáil mhórdhiola táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla;*

*(ix) giniúint, tarchur agus dáileadh cumhachta leictrí;*

*(x) bailiú, cóireáil agus soláthar uisce;*

*(xi) gníomhaíochtaí a bhaineann le bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola;*

*(xii) iompar de thalamh, d'uisce agus aeriompar (seachas iompar d'iarnród do*

*phaisinéirí, iompar idiruirbeach, iompar paisinéirí eile de thalamh) agus iompar trí phíblínte chomh maith le lóistíocht agus stórúil;*

*(xiii) tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe, innealtóireacht shibhialta;*

*(xiv) tógáil, deisiú agus cothabháil long agus bád;*

*(xv) gníomhaíochtaí slándála príobháidí agus gníomhaíochtaí seirbhíse córas slándála, lena n-áirítear forbairt agus oibriú teicneolaíochtaí bithmhéadrachta agus faireachais; agus*

*(xvi) gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais.*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	DEVE 15.9.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Pierfrancesco Majorino 22.3.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	26.10.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	25.1.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 14 –: 10 0: 0
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Barry Andrews, Eric Andrieu, Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Beata Kempa, Karsten Lucke, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Ilan De Basso, Malte Gallée, Marlene Mortler, María Soraya Rodríguez Ramos, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Claude Gruffat, Miriam Lexmann, Aušra Maldeikienė, Carles Puigdemont i Casamajó

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH  
TUAIRIM AIR**

14	+
NI	Carles Puigdemont i Casamajó
Renew	Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud, María Soraya Rodríguez Ramos
S&D	Eric Andrieu, Udo Bullmann, Ilan De Basso, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho
The Left	Miguel Urbán Crespo
Verts/ALE	Malte Gallée, Claude Gruffat, Michèle Rivasi
10	-
ECR	Beata Kempa
ID	Dominique Bilde, Bernhard Zimniok
PPE	Hildegard Bentele, Miriam Lexmann, Aušra Maldeikienė, Marlene Mortler, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé
0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

25.1.2023

**TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE  
AGUS UM FHUINNEAMH**

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle  
maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena  
leasaítear Treoir (AE) 2019/1937  
(COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Martina Dlabajová

PA\_Legam



## RÉASÚNÚ GEARR

Trí chéile, tacaíonn an rapóirtéir leis an aidhm fhadtéarmach a chuirtear i láthair sa togra ón gCoimisiún, aidhm nach mór a ailíniú, áfach, le riachtanais reatha gnólachtaí, go háirithe FBManna agus leis an bprionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’. Is léir gur gá creat dlíthiúil comhchuibhithe agus cothrom iomaíochta a chur ar fáil, más mian linn cur leis an muinín atá ag cuideachtaí as gealltanais cuideachtaí maidir le cearta an duine agus cosaint an chomhshaoil a fhorfheidhmiú, agus infheistíocht inbhuanaithe a dhreasú ag an am céanna, ach níor cheart go gcruthódh an togra reachtach ualaí nua nach bhfuil gá leo, go háirithe do FBManna i slabhraí soláthair atá ann cheana agus iontu siúd a bheidh ann amach anseo. Ar an taobh eile, is gá neamhréitigh shaobhacha idir na Ballstáit a sheachaint chun intuarthacht agus deimhneacht a mhéadú don tionscal.

Tacaíonn an Rapóirtéir go láidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le FBManna agus micrifhiontair a choinneáil amach as na rialacha atá beartaithe. Bheadh an t-ualach airgeadais agus riaracháin chun próiseas díchill chuí a bhunú agus a chur chun feidhme róthrom ar ghnólachtaí beaga agus teaghlai a ndéanfaidh oibleagáidí a eascraíonn as cuideachtaí móra i measc a gcustaiméirí difear dóibh go hindíreach cheana féin. Dá réir sin, tá údar cuí leis na ceanglais atá sa togra chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith acu agus chun tacaíocht iomchuí a chur ar fáil dóibh agus tá gá leo. Is le cur chuige den sórt sin amháin is féidir an sprioc a bhaint amach maidir le tacú le FBManna, ní hamháin tacú leo sin ó na Ballstáit agus ón Aontas, ach leo sin freisin ó chuideachtaí laistigh de shlabhraí soláthair lasmuigh den Aontas.

Mar sin féin, tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart na rialacha atá beartaithe feadh an tslabhra luacha a thabhairt isteach de réir a chéile agus, dá bhrí sin, molann sí go díreofaí ar an slabhra soláthair agus ní ar an slabhra luacha ina iomláine. Tá go leor coincheapa dlíthiúla sa togra ón gCoimisiún freisin atá doiléir, coincheapa a bhféadfai léirmhíntithe éagsúla a thabhairt orthu, agus dá bhrí sin, tá siad ag teacht salach ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar chuspóirí comhchuibhithe. Níor cheart aon oibleagáid a leagan síos ach amháin i gcomhthéacs gníomhaíochta a bhaineann le hoibríochtaí a dhéanann cuideachta í féin nó a dhéantar trí chaidreamh díreach gnó. Ní chuireadh an togra ach cuideachtaí a rannchuidíonn le táirgeadh earraí, lena n-áirítear a bhforbairt, nó soláthar seirbhísí, mar ‘chomhpháirtithe díreacha’. Níor cheart feidhm a bheith ag an treoir maidir le cuideachtaí iartheachacha nach ndéanann ach táirgí a úsáid nó a fháil agus/nó iad a ídiú go dtí deireadh a saolré. B’ionann sin agus ualach iomarcach ar na cuideachtaí sin, a bhíonn ag oibriú de ghnáth le go leor soláthraithe i gcomparáid le cuideachtaí réamhtheachtacha a bhfuil líon laghdaithe soláthróirí acu. Ba cheart an t-athrú sin a léiriú freisin sa sainmhíniú ar ghaolmhaireacht ghnó seanbhunaithe chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí agus chun a áirithiú nach mbíonn ach caidreamh díreach i gceist.

Ar deireadh, maidir le dliteanas, tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart é a fhágáil faoi na Ballstáit é a ailíniú leis an gcóras dliteanais shibhialta atá ann cheana. I bhfianaise an tionchair a d’fhéadfadh a bheith aige sin ar chuideachtaí, eisiann roinnt Ballstát an córas sonrath dliteanais agus tugann siad tús áite d’oibleagáid modhanna seachas d’oibleagáid toraidh. Ba cheart an deis sin a choinneáil do na Ballstáit a dtástálacha féin a úsáid chun cuntasacht agus leigheas iomchuí a mheas.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí *luacha*.

### Leasú 2

#### Togra le haghaidh Treorach Aithris 14 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí *soláthair*.

*Leasú*

*(14 a) I gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha, ní mór do gach cuideachta san Aontas cloí le cosaint chearta an duine agus le caighdeáin chomhshaoil. Murab amhlaidh an cás, ceanglaítear ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis ábhartha an reachtaíocht a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, ní gá do chuideachtaí laistigh den Aontas iompar a chéile a rialú. Is é is*

*aidhm don dícheall cuí dul i ngleic le rioscaí i gcásanna nach bhfuil cearta an duine agus caighdeáin chomhshaoil á bhfhorfheidhmiú iontu, nó nach féidir é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, díreofar gníomhaíochtaí rianaithe sa slabhra soláthair réamhtheachtach ar chaidrimh ghnó dhíreacha lasmuigh den Aontas Eorpach.*

## Leasú 3

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, **maidir** lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena **gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe** ar fud a slabhraí **luacha** i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart **aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha** na cuideachta, **na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó**

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh **de réir a n-acmhainne** chun bearta díchill chuí **atá bunaithe ar riosca** a chur ar bun agus a dhéanamh, **i ndáil** lena n-oibríochtaí féin, a bhfochuideachtaí, chomh maith lena **gcaidreamh gnó díreach le heintitis ó thriú tíortha** ar fud a slabhraí **soláthair** i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. **Cé gur féidir a iarraidh ar chuideachtaí drochthionchair a chosc nó a mhaolú trí bheartais díchill chuí, tá sé fós de fhreagracht ar stáit sáruithe ar chearta an duine a chomhrac ar fud an domhain.** Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart na **bearta a dhéantar**

*dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.*

*a bheith comhréireach agus i gcomhréir le dóchúlacht agus déine iarmhairtí díobhálacha ionchasacha nó iarbhír na cuideachta agus a himthosca sonracha, go háirithe a hearnáil gníomhaíochta, méid agus fad a slabhra soláthair, méid na cuideachta, a hacmhainneacht, a hacmhainní agus a gearáil.*

#### Leasú 4

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Bíonn drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí **luacha**, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, **nó ar leibhéal diúscairthe na dtáirgí nó na dramhaíola**. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna nginiúint le linn **shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí**, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí **luacha**.

#### Leasú 5

##### Togra le haghaidh Treorach Aithris 17 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(17) Bíonn drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí **soláthair**, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar **agus** na monaraíochta. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna nginiúint le linn **an táirgthe**, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin, a bhfochuideachtaí agus i slabhraí **soláthair**.

*(17 a) Ba cheart cead a bheith ag cuideachtaí straitéis tosaíochta a bhunú bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar mhodheolaíocht faireacháin riosca-bhunaithe chun drochthionchair fhéideartha a shainiú. Ba cheart do*

*chuideachtaí breithniú a dhéanamh ar leibhéal déine, dóchúlachta agus práinne na ndrochthionchar éagsúil, ar chineál agus comhthéacs na n-oibríochtaí, lena n-áirítear tíreolaíocht, ar raon feidhme na rioscaí, ar a scála agus ar a dholeigheasta a d'fhéadfaidís a bheith, agus más gá, ba cheart dóibh leas a bhaint as an mbeartas tosaíochta chun aghaidh a thabhairt orthu.*

Leasú 6

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra **luacha** gníomhaíochtaí a **bhaineann le táirgeadh** earra nó **le soláthar** seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse **agus úsáid agus diúscairt an táirge** mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara **de chaidrimh** ghnó **sheanbhunaithe** na cuideachta. Ba cheart **a chumhdach leis** caidrimh ghnó **dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe** réamhtheachtacha **lena ndéantar** amhábhbar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a **dhéanann** seirbhísí **a sholáthar** don chuideachta, **seirbhísí a bhfuil gá leo** chun gníomhaíochtaí na cuideachta a **chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iartheachtacha, lena n-áirítear caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a**

*Leasú*

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra **soláthair** gníomhaíochtaí a **bhfuil gá díreach leo chun** earra **a tháirgeadh** nó seirbhísí **a sholáthar** ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara **a bhaineann le caidrimh** ghnó **dhíreacha** na cuideachta. Ba cheart **go gcuimseodh sé** caidrimh ghnó réamhtheachtacha **a dhéanann** amhábhbar, táirgí, codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a **chuireann** seirbhísí **ar fáil** don chuideachta **atá riachtanach** chun gníomhaíochtaí na cuideachta a **dhéanamh**.

*chur i líonadh talún.*

## Leasú 7

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) A *mhéid a* bhaineann le **gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí iasachtaí, seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile**, ba cheart **'slabhra luacha'** maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, agus dá bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. Cliaint ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid den slabhra luacha. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliaint sin a chumhdach.

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra **luacha** a shainaithint **mar is ceart** agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó **sheanbhunaithe**. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le **caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha** agus **indíreacha atá**

*Leasú*

(19) **Ós rud é go bhfuil tionscal na seirbhísí airgeadais faoi réir roinnt forálacha agus oibleagáidí cheana féin faoin reachtaíocht atá ann cheana amhail an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe (SFDR) nó an Treoir maidir le Ceanglais Chaipítíl (CRD), is léir go bhfuil an riosca forluí, easpa soiléireachta agus ualach míchuí ann. Thairis sin, níor cheart an riosca a bhaineann le maoiniú teoranta do gheilleagar na hEorpa a mheas faoina luach. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú tionchair cuí a dhéanamh sula bhféadfaí é a áireamh amach anseo.**

*Leasú*

(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra **soláthair** a shainaithint agus **tosaíocht chuí a thabhairt dóibh bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar fhaireachán rioscabhunaithe agus** chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist

*marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.*

## **Leasú 9**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 20 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*le caidreamh gnó caidreamh le comhpháirtí gnó ó thríú tír atá riachtanach chun earraí a sholáthar nó seirbhísí a sholáthar atá riachtanach chun táirge na gcuideachtaí a tháirgeadh nó chun an tseirbhís ábhartha a sholáthar agus a úsáid, a bhfuil comhaontú tráchtála ag an gcuideachta leis, agus nach bhfuil i gceist leis ach cuid diomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra soláthair.*

*Leasú*

*(20 a) Chun an t-ualach rialála ar shaoránaigh, ar riaracháin agus ar ghnólachtaí a thugtar isteach leis an Treoir seo a fhritháireamh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chreat rialála an Aontais i réimse beartais ábhartha tríd an bprionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’ a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach i dteachtairacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2021 dar teideal ‘Rialáil Níos Fearr: Dul i gcomhar le chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh’, agus, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha a thíolacadh chun forálacha i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais sa réimse beartais céanna a leasú nó a scriosadh.*

## **Leasú 10**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 21**

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **500** fostaí acu ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas **domhanda** os cionn EUR 150 milliún acu sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná **250** fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi

(21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná **5000** fostaí acu ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas **in AE** os cionn EUR 150 milliún acu sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná **1000** fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírthe a chomhlíonadh lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>103</sup>, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

---

<sup>103</sup> Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi



chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

## Leasú 11

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 37

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha **agus indíreacha**, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainaitheint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhri sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **D'fhéadfadh cuideachtaí** measúnú a dhéanamh, ar **a dtionscnamh féin, ar** ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart **freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún** agus **ag** na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó **faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí** a éascú. **Féadfaidh an Coimisiún**, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus **na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara**.

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 45

*Leasú*

(37) Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainaitheint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhri sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Ba cheart do Bhallstáit** measúnú a dhéanamh ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart **don Choimisiún** agus **do** na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi **scéimeanna nó tionscnaimh den sórt sin, agus faoi thorthaí** na scéimeanna nó **na dtionscnamh sin**, a éascú. **Ba cheart don Choimisiún**, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus **tionscnaimh il-gheallsealbhóirí**.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra **luacha** a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonarhacha eiseamláireacha.

**Leasú 13**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 46**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart **an rogha a bheith ag an gCoimisiún**, agus **leas á bhaint aige as** treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit **agus le páirtithe leasmhara**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **an dícheall** cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear **treoirlínte** le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair **shonracha**.

*Leasú*

(45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra **soláthair** a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonarhacha eiseamláireacha, **lena n-áirítear clásail chonarhacha atá dírithe ar FBManna, agus ar mhicrifhiontair a bhféadfadh tionchar a bheith ag an Treoir seo orthu.**

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart **don Choimisiún**, agus treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha **á n-úsáid aige** mar thagairt, **agus** i gcomhairle leis na Ballstáit, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, **leis an nGníomhaireacht Eorpach um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, agus** i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **dhícheall** cuí, treoirlínte a eisiúint **i bhformáid dhigiteach, saor in aisce agus inrochtana go héasca**, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha sonracha nó **drochthionchair shonracha, forléargas ar thionscnaimh tionscail is infheidhme, agus treoir phraiticiúil** maidir le **comhréireacht agus beartú tosaíochta, ó thaobh tionchair, earnálacha agus réimsí geografacha de. Ina theannta sin, ba**

*cheart a áireamh sna treoirlínte liosta de limistéir, cibé acu limistéir earnála nó limistéir gheografacha iad, amhail réigiúin agus tíortha nach dócha go dtarlóidh drochthionchair ar chearta an duine agus/nó drochthionchair ar an gcomhshaol iontu nó ar dócha go dtarlóidh na drochthionchair sin. Níor cheart ceangal a chur ar chuideachtaí dícheall cuí a dhéanamh ar chodanna den slabhra soláthair atá nasctha le limistéir nach dócha go dtarlóidh drochthionchair iontu. D'fhéadfadh an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ríocht Aontaithe, Ceanada, an Astráil, an Nua-Shéalainn, agus an tSeapáin a bheith ina dtíortha nó ina réigiúin nach dócha go dtarlóidh drochthionchair iontu. D'fhéadfadh comhaontú saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír nó réigiún a bheith i gceist le critéar amháin don liosta sin. Ba cheart na treoirlínte a chur ar fáil tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar ábharthacht a threoirlínte agus déanfaidh sé iad a oiriúnú do dhea-chleachtais nua. Ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún bileoga eolais tíre cothrom le dáta go rialta agus cuirfear ar fáil go poiblí iad chun faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil maidir leis na Coinbhinsiúin agus na Conarthaí idirnáisiúnta arna ndaingniú ag gach comhpháirtí trádála de chuid an Aontais. Baileoidh agus foilseoidh an Coimisiún sonraí trádála agus custaim maidir le tionscnamh amhábar, agus maidir le táirgí idirmheánacha agus críochnaithe, agus foilseoidh sé faisnéis faoi chearta an duine, faoi phoitéinseal comhshaoil agus rialachais nó faoi iarmhairtí díobhálacha ionchasacha nó iarbhir a bhaineann le tíortha nó réigiúin, earnálacha agus fo-earnálacha áirithe, agus táirgí áirithe.*

## Leasú 14

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 47

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit **suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe** a chur ar bun agus a oibriú, ina *n-aonair* nó i gcomhpháirt, agus **d'fhéadfadh** na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna **freisin** agus cuidiú leo cur **lena gcumas**. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmhathanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

## Leasú 15

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

*Leasú*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit **ábhair thacaíochta** a chur ar bun agus a oibriú, ina *n-aonar* nó i gcomhpháirt, **amhail suíomhanna gréasáin tiomnaithe, sraitheanna uirlisí, tairseacha nó ardáin,** agus **ba cheart do** na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt **freisin** do FBManna agus cuidiú leo cur **leis an acmhainneacht an Treoir seo a chomhlíonadh**. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmhathanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena **n-oibríochtaí** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra **luacha** arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – pointe 1 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcaidreamh gnó mar ‘chaidreamh bunaithe’ go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) bhí níos mó ná **500** fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus **bhí** glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún  **aici** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Leasú*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena **bpríomhoibríochtaí gnó** féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra **soláthair** arna ndéanamh ag eintitis **i dtríú tíortha** a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus

*Leasú*

*scriosta*

*Leasú*

(a) bhí níos mó ná **5000** fostaí ag an gcuideachta ar an meán, **lena n-áirítear a fochuideachtaí**, agus **ghin sí** glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún **san Aontas** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná **250** fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 40 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

## **Leasú 19**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ***ach nach mó ná EUR 150 milliún*** san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i mír 1, pointe (b).

## **Leasú 20**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 2 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná **1000** fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 40 milliún aici ***in AE*** sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlanláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:

*Leasú*

(b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i mír 1, pointe (b).

*Leasú*

***(b a) a bhfochuideachtaí nó a n-oifigí brainse arna mbunú san Aontas Eorpach agus arna rialú ag an gcuideachta tríú tír, ghin siad, i dteannta a chéile, glanláimhdeachas iomlán de níos mó ná EUR 40 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais***

*dheireanach agus tá oifig bhraíne nó  
fochuideachta acu san Aontas.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) ciallaíonn ‘*caidreamh* gnó’  
*caidreamh le conraitheoir, le  
fochonraitheoir nó le haon* eintiteas  
dlíthiúil *eile* (*‘comhpháirtí’*)

*Leasú*

(e) ciallaíonn ‘*comhpháirtí* gnó’  
eintiteas dlíthiúil

## Leasú 22

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe e – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an  
gcuideachta leis *nó lena soláthraíonn an  
chuideachta maoiniú, árachas nó  
athárachas, nó*

*Leasú*

(i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an  
gcuideachta leis *agus*

## Leasú 23

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe e – pointe ii

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) a dhéanann oibríochtaí gnó a  
bhaineann le táirgí nó seirbhísí na  
cuideachta don chuideachta nó thar a  
ceann;

*Leasú*

(ii) a dhéanann oibríochtaí gnó a  
bhaineann *go díreach* le táirgí nó seirbhísí  
na cuideachta don chuideachta nó thar a  
ceann;

## Leasú 24

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó *bunaithe*’ *caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra luacha é.*

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 3 — mír 1 — pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) ciallaíonn ‘slabhra *luacha*’ gníomhaíochtaí a *bhaineann le táirgeadh* earraí nó *le soláthar* seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse *agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon* leis na gníomhaíochtaí gaolmhara *de chaidrimh* ghnó *bhunaithe* na cuideachta *atá réamhtheachtach agus iarteachtach. Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin ach gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte sin FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin;*

Leasú 26

*Leasú*

(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ *gaolmhaireacht le comhpháirtí gnó* nach ionann é agus cuid diomaibhseach nó nach bhfuil ann ach cuid choimhdeach den slabhra *soláthair*;

*Leasú*

(g) ciallaíonn ‘slabhra *soláthair*’ gníomhaíochtaí a *bhfuil gá díreach leo chun* earraí *a tháirgeadh* nó seirbhísí *a sholáthar* ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse *chomh maith* leis na gníomhaíochtaí gaolmhara *a bhaineann le caidrimh* ghnó *réamhtheachtacha dhíreacha* na cuideachta;



**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe n**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn ‘*páirtithe leasmhara*’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis *eile a ndéanann* táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a *gcaidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainnithint

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an geomhshaol a shainnithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí *luacha*, as a

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘*geallsealbhóirí*’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, *fostaithe laistigh dá slabhra soláthair*, agus daoine aonair *eile*, grúpaí, pobail nó eintitis *a bhfuil nó a bhféadfadh tionchar díreach a bheith acu ar a gcearta nó ar a leasanna leis na tionchair dhíobhálacha iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an geomhshaol a bhaineann le* táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a *caidreamh gnó*;

*Leasú*

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainnithint *agus tús áite a thabhairt dóibh*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an geomhshaol a shainnithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí *soláthair*, as a

gcaidrimh ghnó *sheanbhunaithe*, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

gcaidrimh ghnó, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2 a. Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, féadfaidh cuideachtaí gach réimse dá n-oibríochtaí féin, limistéir a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí soláthair, limistéir a gcomhpháirtithe gnó a mhapáil. Bunaithe ar thorthaí na mapála sin, féadfaidh cuideachtaí measúnú domhain a dhéanamh ar na réimsí inar sainaitníodh drochthionchair a bheith ann nó na cinn is suntasaí.**

**Féadfaidh cuideachtaí drochthionchair iarbhír agus ionchasacha a shainaithint ar bhonn measúnú riosca agus modheolaíocht faireacháin rioscabhunaithe, agus dóchúlacht, déine agus práinn drochthionchar á gcur san áireamh, cineál agus comhthéacs a n-oibríochtaí, lena n-áirítear suíomh earnála agus suíomh geografach, raon feidhme na rioscaí, a scála agus conas a d'fhéadfaidís a bheith doleigheasta.**

**Leis an tosaíocht sin, tacófar le cuideachtaí cinneadh a dhéanamh faoi na drochthionchair fhéideartha shainaitheanta a dhéanann cuideachtaí a chosc nó a mhaolú mar thosaíocht faoi Airteagal 7 agus cad iad na drochthionchair iarbhír a chuireann deireadh le cuideachtaí nó a íoslaghdaíonn siad mar thosaíocht faoi Airteagal 8.**

## Leasú 30

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2 b.** *Ní cheanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus, i gcás ina bhfuil baint acu leis, ar a slabhraí soláthair, a shainaitheint óna gcaidrimh ghnó, nuair atá siad nasctha le tíortha nó réigiúin nach dócha go dtarlóidh drochthionchair fhéideartha iarbhír iontu de réir threoirlínte an Choimisiúin faoi Airteagal 13.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 — mír 2 — pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) tacaíocht **dhírithe** chomhréireach a **chur ar fáil** do FBM a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an **chomhlíontacht leis an gcód** iompair nó **leis an bplean** gníomhaíochta um chosc inmharthanacht an FBM i mbaol;

(d) tacaíocht **spriocdhírithe agus** chomhréireach a **sholáthar** do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, **lena n-áirítear rochtain ar fhothú acmhainneachta, treoir, tacaíocht airgeadais nó rannpháirtíocht i dtionscnaimh chomhoibríocha i** gcás ina gcuirfeadh **comhlíonadh an chóid** iompair nó **an phlean** gníomhaíochta um chosc inmharthanacht an FBM i mbaol;

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 8 - mír 3 - pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) tacaíocht **dhírithe** chomhréireach a **chur ar fáil** do FBM a bhfuil caidreamh

(e) tacaíocht **spriocdhírithe agus** chomhréireach a **sholáthar** do FBM a

gnó ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an **chomhlíontacht leis an gcód** iompair nó **leis an bplean** gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht **an** FBM i mbaol;

bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, **lena n-áirítear rochtain ar threoir fothaithe acmhainneachta, tacaíocht airgeadais nó rannpháirtíocht i dtionscnaimh chomhoibríocha i** gcás ina gcuirfeadh **comhlíonadh an chóid** iompair nó **an phlean** gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht FBM i mbaol;

## Leasú 33

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun tacaíocht a **sholáthar** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **féadfaidh** an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus **le páirtithe leasmhara**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **an dícheall** cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear **treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha**.

*Leasú*

1. Chun tacaíocht a **thabhairt** do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, **déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus **leis na geallsealbhóirí ábhartha**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, **leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach agus le Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus**, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar **dhícheall** cuí, treoirlínte **soiléire agus sothuigthe** a eisiúint **i bhformáid dhigiteach, saor in aisce agus inrochtana go héasca, agus aird chuí á tabhairt ar acmhainneachtaí agus acmhainní teoranta FBManna**, lena n-áirítear **an méid seo a leanas:**

## Leasú 34

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha;**

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) forléargas ar na tionscnaimh tionscail is infheidhme, ar thionscnaimh il-gheallsealbhóirí agus ar scéimeanna tionscail;**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(c) treoir phraiticiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfar comhréireacht agus beartú tosaíochta, ó thaobh tionchair, earnálacha agus limistéir gheografacha de, a chur i bhfeidhm maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag brath ar mhéid agus ar earnáil na cuideachta;**

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d) liostaí de limistéir, bíodh siad earnálach nó geografach, amhail liosta réigiún agus tíortha nach dócha go**

*dtarlóidh nó inar dócha go dtarlóidh drochthionchair ar chearta an duine nó drochthionchair ar an gcomhshaol.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- 2. Déanfaidh an Coimisiún liosta na limistéar a shaináithnítear i bpointe (d) a nuashonrú go leanúnach agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí é.*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- 3. Cuirfear na treoirlínte ar fáil tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar ábharthacht a threoirlínte agus déanfaidh sé iad a oiriúnú do dhea-chleachtais nua.*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leo ina slabhraí *luacha*, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó acu leo ina slabhraí *soláthair*, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a

hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, **suíomhanna gréasáin, ardáin** nó **tairseacha atá tiomnaithe go leithleach** nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar **na** FBManna atá i **láthair** i slabhraí **luacha** cuideachtaí.

eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, **ábhair tacaíochta aonair** nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú, **amhail deasca cabhrach tiomnaithe, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha**. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar FBManna **agus go háirithe ar mhicrifhiontair** atá **le fáil** i slabhraí **soláthair** cuideachtaí.

## Leasú 41

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a **thabhairt** do FBManna.

*Leasú*

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais **agus theicniúil a sholáthar** do FBManna **chun cabhrú leo ceanglais díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh dá ndeoin féin**.

## Leasú 42

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Féadfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát **a chomhlánú** lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus **chun** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhphárteacha **páirtithe leasmhara** a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Leasú*

3. **Bunóidh** an Coimisiún **comhairleoirí díchill chuí faoi raon feidhme an Líonra Fiontar Eorpach agus comhlánóidh sé** bearta tacaíochta na mBallstát lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus **féadfaidh sé** bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhphárteacha **geallsealbhóirí** a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Féadfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. **Féadfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnamh** lena mbaineann raon **páirtithe leasmhara**.

*Leasú*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Déanfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. **Déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na **dtionscnaimh** lena mbaineann raon **geallsealbhóirí**.



## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	<i>Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus leasú ar Threoir (AE) 2019/1937</i>
<b>Tagairtí</b>	<i>COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)</i>
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	<i>ITRE</i> 4.4.2022
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	<i>Martina Dlabajová</i> 19.4.2022
<b>Pléite sa choiste</b>	13.10.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	24.1.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+ : 43 - : 24 0 : 3
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	<i>Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Marisa Matias, Eva Maydell, Marina Measure, Dan Nica, Angelika Niebler, Niklas Nienäß, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyrali, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho</i>
<b>Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	<i>Franc Bogovič, Damien Carême, Jakop G. Dalunde, Matthias Ecke, Klemen Grošelj, Alicia Homs Ginel, Ladislav Ilčić, Elena Lizzi, Marian-Jean Marinescu, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Jordi Solé, Susana Solís Pérez, Viola von Cramon-Taubadel, Emma Wiesner</i>
<b>Comhaltai ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	<i>Rosanna Conte, László Trócsányi</i>

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

43	+
<i>ECR</i>	<i>Ladislav Ilčič, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Johan Nissinen, Grzegorz Tobiszowski</i>
<i>ID</i>	<i>Markus Buchheit, Rosanna Conte, Marie Dauchy, Elena Lizzi</i>
<i>NI</i>	<i>András Gyürk, László Trócsányi</i>
<i>EPP</i>	<i>Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Marian-Jean Marinescu, Eva Maydell, Angelika Niebler, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Sara Skytvedal, Maria Spyrali, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss</i>
<i>Renew</i>	<i>Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Bart Groothuis, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Susana Solís Pérez, Emma Wiesner</i>
<i>S&amp;D</i>	<i>Ivo Hristov</i>

24	-
<i>ECR</i>	<i>Robert Roos</i>
<i>S&amp;D</i>	<i>Beatrice Covassi, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Alicia Homs Ginel, Dan Nica, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho</i>
<i>The Left</i>	<i>Marc Botenga, Marisa Matias, Marina Mesure</i>
<i>Verts/ALE</i>	<i>Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffé, Jakop G. Dalunde, Henrike Hahn, Niklas Nienaf, Jutta Paulus, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel</i>

3	0
<i>NI</i>	<i>Clara Ponsatí Obiols</i>
<i>S&amp;D</i>	<i>Josianne Cutajar, Miapetra Kumpula-Natri</i>

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

3.3.2023

## **TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA**

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Deirdre Clune, Uas.

PA\_Legam

### **RÉASÚNÚ GEARR**

Is é is aidhm don togra le haghaidh Treoir i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorporáideach go gcothófar iompar corparáideach inbhuanaithe agus freagrach ar fud na slabhraí luacha domhanda, aidhm a dtugann an Rapóirtéir lántacaíocht di. Cuirfidh an togra de cheangal ar chuideachtaí drochthionchair a ngníomhaíochtaí ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus, i gcás inar gá, na drochthionchair sin a chosc, deireadh a chur leo nó iad a mhaolú. Leis na rialacha nua seo, cruthófar deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta i gcomparáid leis an staid atá ann faoi láthair, áit a nglactar cuir chuige éagsúla sna Ballstáit éagsúla.

Is é is aidhm don dréacht-tuairim méadú a chur ar leibhéal an chomhchuibhithe sa Treoir agus ilroinnt a sheachaint, cur chuige riosca-bhunaithe a chaomhnú agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do FBManna chun cabhrú leo na ceanglais a chomhlíonadh.

Aontaíonn an Rapóirtéir tríd is tríd leis na cuspóirí arna moladh ag an gCoimisiún, ach is ábhar inní di mar sin féin go nglacann an Treoir atá beartaithe cur chuige ina mbeidh íosleibhéal comhchuibhithe, rud a thugann rogha do na Ballstáit oibleagáidí a fhorchur a bheidh éagsúil ó na hoibleagáidí sa Treoir seo. Is ábhar inní don Rapóirtéir gur rialacha éagsúla ar an leibhéal náisiúnta a bheidh mar thoradh air, go mbeidh ceanglais dhifriúla sna Ballstáit dhifriúla a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó dheimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta a bheith á gcruthú do chuideachtaí. Chuige sin, mhol an Rapóirtéir sraith leasuithe chun leibhéal an chomhchuibhithe agus an chomhair trasteorann sa togra a mhéadú. Mar

shampla, ní mór go mbeadh cuideachtaí in ann a léiriú go gcomhlíonann siad na ceanglais ar bhonn comhdhlúite trína bheith in ann tuairisciú ar leibhéal an ghrúpa in aon Bhallstát amháin.

Chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do FBManna na ceanglais a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, neartaigh an Rapóirtéir na forálacha in Airteagail 7 agus 8 a bhaineann leis an tacaíocht a thugtar do FBManna. Ina theannta sin, mhol an Rapóirtéir go ndéanadh an Coimisiún treoirlínte a éisiúint chun cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ar treoirlínte iad a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn chun tacaíocht riaracháin nó airgeadais a chur ar fáil do FBManna. Thairis sin, molann an Rapóirtéir freisin go mbunódh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta, a d'fhéadfadh cuideachtaí a threorú agus tacú leo agus fónamh i bhfeidhm idirchaidrimh freisin chun gurbh fhearr a d'áiritheofaí comhar trasteorann, agus chun ilroinnt a sheachaint.

Ar deireadh, chuir an Rapóirtéir leasú leis arb é is aidhm dó soiléiriú breise a thabhairt ar a riachtanaí atá sé cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh ar mhaithe le dícheall cuí éifeachtach agus gur cheart gur trí mhodheolaíocht faireacháin sheanbhunaithe riosca-bhunaithe a dhéanfar é sin chun a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí an riosca a shainaithint go héifeachtach ina slabhra luacha, agus cineál agus comhthéacs oibríochtaí na cuideachta á gcur san áireamh. D'fhéadfaí, mar shampla, cúrsaí geografacha, raon feidhme na rioscaí agus a scála a chur san áireamh.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### **Leasú 1** **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó ***dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe*** ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart go gcuirfeadh an Treoir seo de cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh

*Leasú*

(15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart go gcuirfeadh an treoir seo de cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfeadh stop leo. Mar

drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, i dtaca le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart gur 'oibleagáidí acmhainne' na príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a mbeifí ag súil le réasún gur cosc nó íoslaghdú an drochthionchair a bheadh mar thoradh orthu in imthosca an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta dul i bhfeidhm ar a caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an gceist an bhféadfadh an chuideachta cur lena hacmhainn tionchair.

shampla, i dtaca le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart gur 'oibleagáidí acmhainne' na príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a mbeifí ag súil le réasún gur cosc nó íoslaghdú an drochthionchair a bheadh mar thoradh orthu in imthosca an cháis shonraigh. Ba cheart **an ghníomhaíocht a bheith i gcomhréir le tábhacht agus scála an drochthionchair agus lena oiread a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. Ba cheart** aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta dul i bhfeidhm ar a caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an gceist an bhféadfadh an chuideachta cur lena hacmhainn tionchair. **Ba cheart cur chuige riosca-bhunaithe a bheith mar bhonn taca leis na hoibleagáidí díchill chuí dá bhforáiltear faoin Treoir seo, lena gcuirfear san áireamh déine, dóchúlacht agus práinn na ndrochthionchar féideartha agus iarbhir.**

**Leasú 2**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 18**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(18) Ba cheart go gcumhdófaí faoin slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le hearra a bheith á tháirgeadh ag cuideachta nó seirbhísí a bheith á soláthar aici, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon le gníomhaíochtaí gaolmhara chaidrimh ghnó sheanbhunaithe na cuideachta. Ba**

*Leasú*

*scriosta*

*cheart go gcuimseodh sé caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe réamhtheachtacha trína ndéantar amhábhbar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart go gcuimseofaí freisin caidrimh iarteachtacha, lena n-áirítear caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta go dtí deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia an táirge a dháileadh ar mhiondioltóirí, an táirge a iompar agus a stóráil, díchóimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.*

**Leasú 3**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaithint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí díchill chuí a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh ghnó sheanbhunaithe. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le caidrimh ghnó sheanbhunaithe na caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha a mhaireann, nó a mheastar a bheith marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcaidreamh ghnó ar “caidrimh*

*scriosta*

*sheanbhunaithe” iad, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Sa chás gur caidreamh seanbhunaithe é caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.*

**Leasú 4**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh sa Treoir seo ar na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú.

*Leasú*

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí **agus faisnéis ghaolmhar** a chur in iúl go poiblí **chun tacú le cuideachtaí, a bhfochuideachtaí agus a gcomhpháirtithe gnó a oibríonn i dtíortha i mbéal forbartha chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainnithint, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach**. Chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí, ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh sa Treoir seo ar na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le

drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú.

**Leasú 5**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(27a) Leis an Treoir seo, díritear ar chothrom iomaíochta a chruthú agus féachtar le deireadh a chur le hilroinnt sa mhargadh inmheánach. Maidir le héifeachtacht na Treorach seo beidh rithábhacht le rialacha aonfhoirmeacha a bheith á bhfheidhmiú sa mhargadh inmheánach. Níor cheart ar an ábhar sin go ndéanfadh na Ballstáit forálacha a choinneáil ná a thionscnamh, ina ndlí náisiúnta, a bheidh éagsúil leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo.**

**Leasú 6**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 29**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithe agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus **atá ar fáil go réasúnta don chuideachta**, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá le tosaíocht gníomhaíochta a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh

(29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithe agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart **comhréireach** atá in ann cuspóirí an díchill chuí **riosca-bhunaithe** a bhaint amach **agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta**, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair agus **leibhéal rannpháirtíochta na cuideachta sna drochthionchair fhéideartha**, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá le tosaíocht



gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaol, etc.) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d'fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirphlé le cuideachta eile arb í comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

gníomhaíochta a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaol, etc.) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d'fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirphlé le cuideachta eile arb í comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh treorach Aithris 30

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair chomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin nó saoráidí is airde riosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseofaí i sainaithint na ndrochthionchar measúnú dinimiciúil ar chearta an duine agus ar an gcomhthéacs comhshaoil, agus é a dhéanamh go tráthrialta: sula dtabharfar faoi ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh

#### *Leasú*

(30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, ***i gcomhréir le cur chuige faireacháin riosca-bhunaithe***. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair chomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin nó saoráidí is airde riosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseofaí i sainaithint na ndrochthionchar measúnú dinimiciúil ar chearta an duine agus ar an gcomhthéacs comhshaoil, agus é a dhéanamh go tráthrialta: sula dtabharfar

chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagairt ar athruithe sa timpeallacht oibríúcháin nó chun teacht rompu; agus **go tréimhsiúil**, gach **12 mhí** ar a laghad, i rith shaolré aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhís iasachtaí, creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ba cheart dóibh na drochthionchair a shainaitheint. Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar shamhail ghnó agus straitéisí chaidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint freisin agus measúnú a dhéanamh orthu. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó deireadh a chur leo nó iad a íoslaghdú an tráth céanna, ba cheart go bhféadfadh sí ord tosaíochta a shannadh ar a gníomhaíocht, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnta di, agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

**Leasú 8**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 30 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

faoi ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibríocht; mar fhreagairt ar athruithe sa timpeallacht oibríúcháin nó chun teacht rompu; agus, gach **12 mhí** ar a laghad, i rith shaolré aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhís iasachtaí, creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ba cheart dóibh na drochthionchair a shainaitheint. Agus drochthionchair á sainaitheint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar shamhail ghnó agus straitéisí chaidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaitheint freisin agus measúnú a dhéanamh orthu. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó deireadh a chur leo nó iad a íoslaghdú an tráth céanna, ba cheart go bhféadfadh sí ord tosaíochta a shannadh ar a gníomhaíocht, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnta di, agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.

*Leasú*

**(30a) Faoin gcur chuige riosca-bhunaithe i leith dícheall cuí ba cheart deis ar mhodheolaíocht shainaitheanta riosca-bhunaithe a thabhairt lena gcumasófar do chuideachtaí cur chuige comhréireach a ghlacadh i leith drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol lena gcuirtear dóchúlacht, déine agus práinn na ndrochthionchar iarbhír agus féideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol san áireamh chomh maith le nádúr agus comhthéacs oibríochtaí na cuideachta, lena n-áirítear breithnithe geografacha,**

*méid agus cineál na rioscaí a bhaineann leis na tionchair fhéideartha nó na drochthionchair sin agus a scála.*

**Leasú 9**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 32**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh nuair a dhéantar na drochthionchair sin a chosc, a mhaolú agus a íoslaghdú nó nuair a chuirtear deireadh leo. Chun go bhféadfadh *idirphlé* leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas an caidreamh gnó a fhoirceannadh (a dhíscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a dhéanamh níos measa, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí. Dá ndéanfaí caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí a fhoirceannadh, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos measa fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.

*Leasú*

(32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh nuair a dhéantar na drochthionchair sin a chosc, a mhaolú agus a íoslaghdú nó nuair a chuirtear deireadh leo. Chun go bhféadfadh *idirghabháil* leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas an caidreamh gnó a fhoirceannadh (a dhíscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a dhéanamh níos measa, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar leanaí. Dá ndéanfaí caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí a fhoirceannadh, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos measa fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh. *Sula ndéantar cinneadh na drochthionchair a fhionraí nó a fhoirceannadh ba cheart do chuideachtaí idirphlé tráthúil, éifeachtúil agus fóinteach a dhéanamh le geallsealbhóirí a n-imreoidh an cinneadh sin tionchar orthu, agus déanfaidh siad aon drochthionchair fhéideartha a d'fhéadfadh eascairt as na gníomhaíochtaí sin a mheas.*

**Leasú 10**  
**Togra le haghaidh treorach**

## Aithris 34

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc, *lena n-áirítear trí* dearbhuithe conarthacha *comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd*. Ba cheart bearta iomchuí chun an *chomhlíontacht* a fhíorú a bheith ag gabháil *leis na dearbhuithe conarthacha*. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhir agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun maoiniú a áirithiú, mar chabhair chun an cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail i bhfoirm oiliúna nó uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

## Leasú 11

PE738.450v02-00

684/737

RR\1278479GA.docx

*Leasú*

(34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha *nó eile* a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó acu leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc. *Ba cheart na dearbhuithe conarthacha a bheith réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach agus* ba cheart bearta iomchuí chun an *chomhlíontacht* a fhíorú a bheith ag gabháil *leo*. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhir agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnaimh chun maoiniú a áirithiú, mar chabhair chun an cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail i bhfoirm oiliúna nó uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus dul i gcomhar le cuideachtaí eile.

**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an conradh á chomhlíonadh ag an gcaidreamh gnó indíreach.**

**Leasú 12**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(37) Maidir le caidrimh ghnó *dhíreacha agus indíreacha*, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon geallsealbhoirí cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainnithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt**

*Leasú*

**scriosta**

**(37) Maidir le caidrimh ghnó, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon geallsealbhoirí cabhrú le gearáil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainnithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt**

sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. **Féadfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon geallsealbhóirí.

sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. **Ba cheart go ndéanfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit **agus geallsealbhóirí ábhartha**, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon geallsealbhóirí. **Ina theannta sin ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún córas a fhorbairt chun aitheantas foirmiúil a thabhairt do scéimeanna tionscail agus do thionscnaimh ilgheallsealbhóra. Rannchuideoidh comhlíonadh scéimeanna tionscail aitheanta agus tionscnaimh ilgheallsealbhóra chun comhlíonadh na gceanglas díchill chuí a fhorchuirtear faoin Treoir seo a áirithiú. Ní fhágfaidh dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnamh ilgheallsealbhóra go scaoilfear an chuideachta óna freagracht agus oibleagáidí aonair dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.**

**Leasú 13**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 39**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na drochthionchair iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart go ndéanfaidís an drochthionchar a neodrú nó **méid an drochthionchair** a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh i gcomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an

*Leasú*

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na drochthionchair iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart go ndéanfaidís an drochthionchar a neodrú nó **é** a íoslaghdú **a mhéid is féidir**, le gníomhaíocht a bheidh i gcomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás

drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta a shaineofar go soiléir maidir le gníomhaíocht a dhéanamh, agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart go bhféachfadh cuideachtaí le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis a áiritheoidh go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, **lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí**. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí infheistíochtaí freisin arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó **méid an drochthionchair** a íoslaghdú, ba cheart go dtabharfaidís tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart go rachaidís i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

**Leasú 14**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na**

inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta a shaineofar go soiléir maidir le gníomhaíocht a dhéanamh, agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart go bhféachfadh cuideachtaí le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis a áiritheoidh go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí infheistíochtaí freisin arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó **an drochthionchar** a íoslaghdú **a mhéid is féidir**, ba cheart go dtabharfaidís tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart go rachaidís i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.

*Leasú*

*scriosta*

*tionchair iarbhír leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chaidrimh gnó indíreach leis an gconradh a fhíorú.*

**Leasú 15**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 42**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Ba cheart go dtabharfadh cuideachtaí an deis do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inní dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann ***i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír.*** Ba cheart go mbunódh cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibríthe, na ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh

*Leasú*

(42) Ba cheart go dtabharfadh cuideachtaí an deis do dhaoine, ***a ndéanann drochthionchar difear dóibh nó a bhfuil forais réasúnta acu lena chreidiúint go ndéanfaidh drochthionchar difear dóibh,*** agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inní dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann. Ba cheart go mbunódh cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na ***geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear na*** hoibríthe, na ceardchumainn agus ionadaithe oibríthe eile a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna



gearánaigh i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

**Leasú 16**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 43**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) Ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí faireachán ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chuí. Ba cheart go ndéanfaidís measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a **gcuidreamh gnó seanbhunaithe**, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun cinn.

breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearánaigh i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

*Leasú*

(43) Ba cheart go ndéanfadh cuideachtaí faireachán ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chuí. Ba cheart go ndéanfaidís measúnuithe tréimhsiúla, **i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha**, ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a **gcaideaimh gnó**, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo go hiarbhír. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí móra nua drochthionchair a bheith tagtha chun cinn.

**Leasú 17**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 44**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagadh síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat OECD, is cuid dhílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis ábhartha a chur in iúl go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainnithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo de bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid chumarsáide a chomhlíonadh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta.

*Leasú*

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagadh síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat OECD, is cuid dhílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis ábhartha a chur in iúl go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainnithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo de bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid chumarsáide a chomhlíonadh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. ***Ba cheart an tuairisciú sin a bheith inrochtana agus mionsonraithe go leor chun go léireofar a chomhlíontaí atá próiseas díchill chuí cuideachta leis an Treoir seo. Ba cheart go bhforálfadh an Coimisiún do thuairisciú simplithe freisin agus go sainaithneodh sé na cuideachtaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as próiseas***

*tuairiscithe simplithe den sórt sin.*

**Leasú 18**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 44 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(44a) Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí idirphlé éifeachtach, sábháilte agus fóinteach le geallsealbhóirí ábhartha nuair a bheidh a n-oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo á gcomhlíonadh acu. Ba cheart an t-idirphlé sin a bheith i gcomhréir le hacmhainneacht chuideachta an t-idirphlé a dhéanamh. Ba cheart gur idirphlé idirghníomhach, inscne-íogair, freagrúil a bheidh ann agus é in oiriúint do gheallsealbhóirí leochaileacha, i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart é a dhéanamh sula ndéantar cinntí agus ar bhonn rialta. Ba cheart an t-idirphlé sin a dhéanamh go tráthrialta agus ar bhealach inrochtana agus trédhearcach.*

**Leasú 19**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 46**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an **rogha a bheith ag an gCoimisiún**, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le

(46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart **go ndéanfadh an Coimisiún**, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le

comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha.

comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha, **agus riachtanais FBManna go háirithe á gcur san áireamh, agus ba cheart go gcumasódh sé cúnamh airgeadais agus riaracháin. Cumhdófar faoi na treoirlínte, i gcás inarb ábhartha, saincheisteanna a bhaineann le ceannach freagrach, amhail iad seo a leanas: dícheall cuí a chur chun feidhme i limistéir choinbhleachta, i staideanna forghabhála, agus i gcríocha neamh-fhéinrialaitheacha; agus díscor freagrach.**

**Leasú 20**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 47**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, **nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta.** Chun tacú le FBManna, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit, ina **n-aonair** nó i gcomhpháirt, suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin dhílsithe a chur ar bun agus a oibriú, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú chucu i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí a

*Leasú*

(47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú. Chun tacú le FBManna, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit, ina **n-aonar** nó i gcomhpháirt, suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin dhílsithe a chur ar bun agus a oibriú, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú chucu i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí a bhfuil comhpháirtí gnó acu ar FBM é tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, agus ceanglais chothroma, réasúnacha,

bhfuil comhpháirtí gnó acu ar FBM é tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, *i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol*, agus ceanglais chothroma, réasúnacha, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna. *Ba cheart go n-áiritheodh gach Ballstát go mbunófar tairseach shonrach amháin a ghníomhódh mar phointe teagmhála aonair, go háirithe ar mhaithe le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, chun treoraíocht agus faisnéis ábhartha a sholáthar do chuideachtaí maidir le conas oibleagáidí díchill chuí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh.*

## Leasú 21

### Togra le haghaidh treorach

#### Aithris 65

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sárúithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sárúithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937<sup>106</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá bhrí sin, maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

*Leasú*

(65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sárúithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sárúithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá bhrí sin, maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin. *Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go bhféadfar gearáin a chur isteach go hanaitheoid agus faoi rún agus maidir le haon fhaisnéis a fhoilsítear i ndáil le gearáin go ndéanfar é ar bhealach nach gcuirfidh sábháilteacht na ngeallsealbhóirí i mbaol, lena n-áirítear trína gcéannacht a cheilt.*

---

<sup>106</sup> Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint

*daoine a thuairiscíonn sáruiúthe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).*

**Leasú 22**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 71 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(71a) Ba cheart go measúnódh an Coimisiún ar cheart an Treoir seo a chur le liosta na bhforálacha de dhlí an Aontais a chumhdaítear le hIarscríbhinn I de Threoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus go dtuairisceodh sé dá réir, chun deis a thabhairt do thomhaltóirí caingne ionadaíocha a thabhairt in aghaidh sáruiúthe ar na forálacha náisiúnta a glacadh de bhun na Treorach seo.**

**Leasú 23**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* ag an gcuideachta leo agus

(a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus **drochthionchair iarbhír agus fhéideartha** ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo agus

**Leasú 24**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfar athmheasúnú tréimhsiúil ar a bhfuil i gceist le caidreamh gnó ar ‘caidreamh seanbhunaithe’ é, agus gach 12 mhí ar a laghad.***

*scriosta*

**Leasú 25**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 1 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2a. Ní leagfaidh na Ballstáit síos, ina ndlí náisiúnta, forálacha nach bhfuil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo, seachas i gcás Airteagail 22 agus 25.***

**Leasú 26**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó seanbhunaithe’ caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach cuid dhiomaibhseach nó choimhdeach, amháin, den slabhra luacha é.***

*scriosta*

**Leasú 27**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ga) ciallaíonn cur ‘chuige riosca-bhunaithe’ próiseas a thugann deis do chuideachtaí a ngníomhaíochtaí díchill chuí a bhainistiú bunaithe ar anailís ar na gníomhaíochtaí ábhartha, lena gcuirtear san áireamh dóchúlacht, déine agus práinn drochthionchar féideartha nó***

*iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol chomh maith le cineál agus comhthéacs oibríochtaí na cuideachta, lena n-áirítear breithnithe geografacha, saintréithe na hearnála eacnamaíche agus méid agus cineál na rioscaí a bhaineann leis na tionchair fhéideartha nó na drochthionchair sin agus a scála.*

## Leasú 28

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe h

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

## Leasú 29

### Togra le haghaidh treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe n

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó **eintitis** eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a caidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.

*Leasú*

(h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil **an** taithí agus **an** inniúlacht **riachtanach** aige, **lena n-áirítear** in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;

*Leasú*

(n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail, **eintitis**, **eagraíochtaí sochaí sibhialta**, **ceardchumann**, **ionadaithe oibrithe** nó **eagraíochtaí** eile a **dhéanann cearta an duine agus an comhshaol a chur chun cinn**, a **chumhdach agus a chosaint**, a ndéanann **drochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a eascraíonn as táirgí**,



seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a caidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.

**Leasú 30**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe q**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(q) ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, ***i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus*** atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá le tosaíocht gníomhaíochta a áirithiú.

**Leasú 31**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe q a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 32**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe c**

*Leasú*

(q) ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart ***comhréireach*** atá in ann cuspóirí an díchill chuí ***riosca-bhunaithe*** a bhaint amach agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta ***agus a bhfuil mar aidhm aige aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an drochthionchar, i gcomhréir le déine, nádúr, práinn agus dóchúlacht an drochthionchair agus leibhéal rannpháirtíochta na cuideachta sna drochthionchair fhéideartha, agus*** imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá le tosaíocht gníomhaíochta a áirithiú.

*Leasú*

(qa) ciallaíonn ‘force majeure’ ***ócáid neamhghnách agus nach bhféadfaí a thuar a luíonn lasmuigh de rialú cúraim chuí agus nach bhféadfaí a sheachaint d’ainneoin cúram cuí a bheith á fheidhmiú.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) drochthionchair fhéideartha a chosc **agus a mhaolú, agus deireadh a chur le** drochthionchair iarbhír agus a méid a íoslaghdú i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8;

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 4 – mír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 4 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) an dícheall cuí a chur in iúl go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 11.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Leasú*

(c) drochthionchair fhéideartha a chosc **le tréaniarrachtaí réasúnta, lena maolófar** drochthionchair iarbhír agus **lena gcuirfear deireadh leo agus** a méid a íoslaghdú i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8;

*Leasú*

(e) faireachán **agus measúnú** a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;

*Leasú*

(f) **faisnéis ábhartha a nochtadh agus** an dícheall cuí a chur in iúl go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 11.

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí mar a leagtar síos in Airteagail 5 go 11 ar bhonn cur chuige riosca-bhunaithe.**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas **sa bheartas díchill chuí**:

#### **Leasú 37**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas san fhadtéarma, maidir le dícheall cuí;

#### **Leasú 38**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta;

#### **Leasú 39**

##### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun an dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh **an beartas díchill chuí comhréireach agus riosca-bhunaithe agus beidh** gach ceann de na nithe seo a leanas **ann**:

*Leasú*

(a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas **sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus** san fhadtéarma, maidir le dícheall cuí;

*Leasú*

(b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta **ar fud a hoibríochtaí féin**;

*Leasú*

(c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun an dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a

fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó *sheanbhunaithe*.

#### Leasú 40

##### Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 – mír 1 – pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

#### Leasú 41

##### Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a nuashonrú gach bliain.

#### Leasú 42

##### Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shainaithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a

fhíorú, *lena n-áirítear uirlisí, modheolaíocht, cuspóirí agus amlíne na mbeart sin, agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó, i gcomhréir le cur chuige riosca-bhunaithe*.

*Leasú*

(ca) *tuairisc ar chur chuige na cuideachta i leith idirphlé fóinteach le geallsealbhóirí a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 11a.*

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a *athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann a chreidiúint go bhfuil drochthionchair shuntasacha nua tagtha chun cinn.*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí, *i gcomhréir le cur chuige riosca-bhunaithe* chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair *iarbhír agus fhéideartha* ar an gcomhshaol a shainaithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-

bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcaidrimh ghnó *sheanbhunaithe*, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

**Leasú 43**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcaidrimh ghnó, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.

*Leasú*

**1a.** *Chun an oibleagáid i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh cuideachtaí gach réimse dá n-oibríochtaí féin, réimsí a bhfochuideachtaí agus réimsí a gcomhpháirtithe gnó a mhapáil, agus féadfaidh siad faisnéis ábhartha a nochtadh ar bhonn na mapála sin. Bunaithe ar thorthaí na mapála sin, féadfaidh cuideachtaí domhain-mheasúnú a dhéanamh ar na réimsí inar sainaithníodh gur dóichí drochthionchair a bheith i láthair iontu nó a bheith níos suntasaí.*

**Leasú 44**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1b.** *Áiritheoidh na Ballstáit go háirithe maidir le cuideachtaí a oibríonn i gceann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b), go spriocdhíreofar freisin le bearta iomchuí ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin.*

**Leasú 45**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 6 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithe.

**Leasú 46**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 6 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithe bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

**Leasú 47**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. De mhaolú ar mhír 1 **den Airteagal seo**, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach **bearta iomchuí a dhéanamh chun** drochthionchair thromchúiseacha iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithe.

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithe bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin **éifeachtacha agus fhóinteacha** le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibríthe agus **ceardchumann** agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

*Leasú*

**4a. Bunóidh cuideachtaí straitéis tosaíochta i gcás nach mbeidh siad in ann gach drochthionchar sainaitheanta nó gach drochthionchar féideartha a chosc nó a mhaolú ag an am céanna. A luaithe**

*a shainaitheofar na tionchair is suntasaí agus a dhéileálfar leo, tabharfaidh an cuideachta aghaidh ar thionchair is lú suntas Sa straitéis tosaíochta sin, féadfaidh cuideachtaí breithniú a dhéanamh ar leibhéal déine, dóchúlachta agus práinne na ndrochthionchar éagsúil ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, ar chineál agus comhthéacs oibríochtaí na cuideachta, lena n-áirítear breithnithe geografacha, ar mhéid agus cineál na rioscaí, lena n-áirítear aon riosca nua nó aon riosca atá ag teacht chun cinn, ar a scála agus ar a dholeigheasta a d'fhéadfaidís a bheith, agus más gá, féadfaidh cuideachtaí leas a bhaint as an mbeartas tosaíochta chun aghaidh a thabhairt orthu. Agus tosaíocht á tabhairt acu dá bhfreagairt ar rioscaí do chearta an duine, úireoidh cuideachtaí gurb í déine drochthionchair an príomhfachtóir, amhail i gcás ina mbeadh an tionchar doleigheasta dá mbeadh moill ar an bhfreagairt.*

**Leasú 48**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a sainaitníodh, nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc nó iad a chosc láithreach, go ndéanfar iad a mhaolú go leordhóthanach **i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí, **comhréireacha agus riosca-bhunaithe** chun drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a **eascraíonn as oibríochtaí dílse, a bhfochuideachtaí agus a gcaidreamh gnó,** a sainaitníodh, nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc nó iad a chosc láithreach, go ndéanfar iad a mhaolú go leordhóthanach, agus **leibhéal rannpháirtíochta na gcuideachtaí sna drochthionchair fhéideartha á chur san áireamh.**

**Leasú 49**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart um chosc a theastaíonn, plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta le haghaidh gníomhaíochta agus iad sainithe go soiléir agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh;

**Leasú 50**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil gaol díreach gnó aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc a lorg, **lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid atá a a gcuid gníomhaíochtaí ina gcuid de shlabhra luacha na cuideachta (cascúidiú conarthach)**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;

**Leasú 51**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Leasú*

(a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart um chosc a theastaíonn, plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta le haghaidh gníomhaíochta **nó bearta iomchuí** agus iad sainithe go soiléir agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh **agus d'fhéadfaí tuarascálacha agus faisnéis a bhailítear trí na sásraí gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9 a chur san áireamh;**

*Leasú*

(b) dearbhuithe conarthacha **nó eile** a lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil gaol díreach gnó aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc a lorg. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis **agus bonneagair** bhainistíochta nó táirgthe, chun **mír 1** a chomhlíonadh;

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) tacaíocht dhírithe agus chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** ag an gcuideachta leis, **i gcás ina gcuirfí inmharthanacht an FBM i mbaol dá ndéanfaí an** cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc a chomhlíonadh;

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta**

*Leasú*

(c) infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis bhainistíochta nó táirgthe, **san fhothú acmhainneachta, i gcomhbhearta agus bonneagair um chosc agus um maolú** chun **mír 1** a chomhlíonadh;

*Leasú*

**(ca) samhlacha agus straitéisí gnó lena n-áirítear cleachtais trádála, soláthair, cheannaigh agus phraghsála a nuahosnrú, i gcás inar gá, chun drochthionchair fhéideartha a chosc;**

*Leasú*

(d) tacaíocht dhírithe agus chomhréireach, **amhail iasachtaí nó maoiniú**, a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis, **chun a áirithiú go ndéanfar** an cód iompair nó an plean gníomhaíochta um chosc a chomhlíonadh;

*Leasú*

**scriosta**

*i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh Conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indéach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar Conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.*

## **Leasú 55**

### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc ná a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh, nó ón gcaidreamh atá ann cheana a leathnú, leis an gcomhpháirtí i ndáil lenar eascair an tionchar sin nó ar ina shlabhra luacha a d'eascair sé, agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas, i gcás ina bhfuil siad i dteideal iad a dhéanamh de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh:

## **Leasú 56**

### **Togra le haghaidh treorach**

#### **Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a fhionraí go sealadach, agus iarrachtaí coisctheacha agus *íoslaghdúcháin* a shaothrú ag an am céanna, i gcás ina bhfuil ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma;

*Leasú*

Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc ná a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4, ***toisc nach bhfuil maolú indéanta nó inghlactha, nó nach bhfuil ionchas réasúnach ann maidir le hathrú***, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh, nó ón gcaidreamh atá ann cheana a leathnú, leis an gcomhpháirtí i ndáil lenar eascair an tionchar sin nó ar ina shlabhra luacha a d'eascair sé, agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas, i gcás ina bhfuil siad i dteideal iad a dhéanamh de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh:

*Leasú*

(a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a fhionraí go sealadach, agus iarrachtaí coisctheacha agus ***maolaithe*** a shaothrú ag an am céanna, i gcás ina bhfuil ionchas réasúnach ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma;

**Leasú 57**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) an caidreamh gnó a fhoirceannadh i dtaca leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann i gcás dian-drochthionchar féideartha.

*Leasú*

(b) an caidreamh gnó a fhoirceannadh i dtaca leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann i gcás dian-drochthionchar féideartha ***agus sa chás nach ndéantar na coinníollacha le haghaidh fionraí sealadach faoi phointe (a), amhail maolú, a chomhlíonadh.***

**Leasú 58**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Sula gcinnfidh an chuideachta an caidreamh gnó a fhionraí nó a fhoirceannadh déanfaidh sí idirphlé tráthúil le geallsealbhóirí a n-imreoidh an cinneadh sin tionchar orthu, agus déanfaidh sí na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí nó foirceannadh an chaidrimh agus aon drochthionchair fhéideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas.***

**Leasú 59**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil don rogha an caidreamh gnó a fhoirceannadh i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil don rogha an caidreamh gnó a ***fhionraí nó a*** fhoirceannadh i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

**Leasú 60**  
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Ní dhéanfaidh cuideachtaí díscor ach mar rogha dheiridh, á chur san áireamh go háirithe go bhféadfadh an díscor na drochthionchair a dhéanamh níos measa.***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***De mhaolú ar fomhír a haon, i gcás ina dtarlaíonn force majeure a bhfuil diantionchar aige ar oibríochtaí shlabhra luacha na cuideachta, ní cheanglófar ar an gcuideachta caidreamh gnó a fhionraí nó a fhoirceannadh ná ní choiscear uirthi caidrimh ghnó nua a dhéanamh nó síneadh nach faide ná sé mhí a chur le caidrimh ghnó atá ann cheana chun a hoibleagáidí conarthacha i leith comhpháirtithe trádála eile a chomhlíonadh.***

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 7 – mír 5 – fomhír 2 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfaidh cuideachtaí gach beart réasúnach gan mhoill chun atheagrú a slabhraí luacha a úirithiú agus tiocfaidh siad ar réitigh eile chun na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar, chun go mbeidh ar a gcumas fomhír a haon a chomhlíonadh a luaithe agus is féidir.***

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh treorach**

## **Airteagal 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

### **Airteagal 7a**

***Dícheall cuí ar leibhéal an ghrúpa***

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh máthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 5 go 11 agus Airteagal 15(1) agus (2) a chomhlíonadh thar ceann cuideachtaí arb iad a bhfochuideachtaí iad agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.***
  - 2. Ní bheidh máthairchuideachta in ann oibleagáidí a chomhlíonadh thar ceann fochuideachtaí i gcomhréir le mír a haon ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:***
    - (a) go ndéanfaidh an fochuideachta an fhaisnéis riachtanach uile a sholáthar dá máthairchuideachta agus go gcomhoibreoidh sí léi chun na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh;***
    - (b) go gcloífidh an fochuideachta le beartas díchill chuí a máthairchuideachta arna oiriúnú dá réir chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5(1) i leith na fochuideachta;***
    - (c) go ndéanfaidh an fochuideachta an dícheall cuí a chomhtháthú ina beartais chorparáideacha uile i gcomhréir le hAirteagal 5.***
- Ní fhágfaidh dícheall cuí ar leibhéal an ghrúpa mar a leagtar amach san Airteagal seo go scaoilfear an fochuideachta óna freagracht agus óna hoibleagáidí aonair dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.***

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaitníodh, nó ar cheart a bheith sainaitheanta, de bhun **Airteagal 6** a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le **míreanna 2 go 6** den Airteagal seo.

**Leasú 65  
Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair sin a íoslaghdú.

**Leasú 66  
Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta a shaineofar go soiléir maidir le gníomhaíocht a dhéanamh, agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. I gcás inarb ábhartha, déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt **i gcomhairle** le

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaitníodh, nó ar cheart a bheith sainaitheanta, de bhun **Airteagal 6** a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le **míreanna 2 go 6** den Airteagal seo, **agus leibhéal rannpháirtíochta na gcuideachtaí sna drochthionchair iarbhír á chur san áireamh.**

*Leasú*

2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair sin a íoslaghdú, **agus go mbeidh iarrachtaí á saothrú acu chun an drochthionchar a thabhairt chun deiridh.**

*Leasú*

(b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach, **lena n-áirítear bearta**, a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta a shaineofar go soiléir maidir le gníomhaíocht a dhéanamh, agus táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. **Beidh an plean gníomhaíochta i gcomhréir le suntasacht agus scála an**

geallsealbhóirí;

*drochthionchair agus lena oiread is a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar; I gcás inarb ábhartha, déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt trí chomhairliúchán fóinteach agus idirphlé le geallsealbhóirí ábhartha.*

**Leasú 67**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí **gnó** a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cód iompair agus, a mhéid is gá, plean gníomhaíochta ceartaitheach, **lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid den slabhra luacha iad (cascáidiú conarthach)**. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5.

**Leasú 68**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis **agus sna bonneagair** bhainistíochta nó táirgthe, chun **míreanna 1, 2 agus 3** a chomhlíonadh;

**Leasú 69**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe d a (nua)**

RR\1278479GA.docx

711/737

PE738.450v02-00

*Leasú*

(c) dearbhuithe conarthacha **nó eile** a lorg ó chomhpháirtí **díreach** a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cód iompair agus, a mhéid is gá, plean gníomhaíochta ceartaitheach. Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5.

*Leasú*

(d) na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis bhainistíochta nó táirgthe, **san fhothú acmhainneachta, i gcomhbhearta coisc agus maolaithe agus i mbonneagair** chun **míreanna 1, 2 agus 3** a chomhlíonadh;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) *straitéisí gnó lena n-áirítear cleachtais leordhóthanacha trádála, soláthair, cheannaigh agus phraghsála a nuahosnrú, de réir mar is gá, chun drochthionchair fhéideartha a chosc;***

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 3 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) tacaíocht dhírithé agus chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó *seanbhunaithe* ag an gcuideachta leis, ***i gcás ina gcuirfí inmharthanacht an FBM i mbaol de bharr comhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta ceartaitheach;***

(e) tacaíocht dhírithé agus chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leis;

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. *Maidir le drochthionchair iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn comhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.***

*scriosta*

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**



## Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí a shaothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó méid an drochthionchair a **íoslagh**dú, nó

### Leasú 73

#### Togra le haghaidh treorach

#### Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) an caidreamh gnó a fhoirceannadh i dtaca leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, i gcás ina meastar go bhfuil an drochthionchar an-dian.

### Leasú 74

#### Togra le haghaidh treorach

#### Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

### Leasú 75

#### Togra le haghaidh treorach

#### Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2

*Leasú*

(a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí a shaothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó méid an drochthionchair a **mhaolú**, nó

*Leasú*

(b) an caidreamh gnó a fhoirceannadh i dtaca leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann i gcás ina meastar go bhfuil an drochthionchar an-dian **nó sa chás nach bhfuil na coinníollacha le haghaidh fionraí sealadach faoi phointe (a), amhail maolú, á gcomhlíonadh.**

*Leasú*

***Sula gcinnfidh an chuideachta an caidreamh gnó a fionraí nó a fhoirceannadh déanfaidh sí idirphlé tráthúil le geallsealbhóirí a n-imreoidh an cinneadh sin tionchar orthu, agus déanfaidh sí na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí nó foirceannadh an chaidrimh agus aon drochthionchair fhéideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit foráil do rogha a bheith ann an caidreamh gnó a fhoirceannadh i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Déanfaidh na Ballstáit foráil do rogha a bheith ann an caidreamh gnó a **fhionraí nó a** fhoirceannadh i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

*Leasú*

*Ní dhéanfaidh cuideachtaí díscor ach mar rogha dheiridh, á chur san áireamh go háirithe go bhféadfadh an díscor na drochthionchair a dhéanamh níos measa.*

*Leasú*

*De mhaolú ar fhomhír a haon, i gcás ina dtarlaíonn force majeure a bhfuil diantionchar aige ar oibríochtaí shlabhra luacha na cuideachta, ní cheanglófar ar an gcuideachta caidreamh gnó a fhionraí nó a fhoirceannadh ná ní choiscfear uirthi caidrimh ghnó nua a dhéanamh nó síneadh nach faide ná sé mhí a chur le caidrimh ghnó atá ann cheana chun a hoibleagáidí conarthacha i leith comhpháirtithe trádála eile a chomhlíonadh. Déanfaidh cuideachtaí gach beart réasúnach gan mhoill chun atheagrú a slabhraí luacha a áirithiú agus tiocfaidh siad ar réitigh eile chun na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar, chun go mbeidh ar a gcumas fomhír a haon a chomhlíonadh a luaithe agus is féidir.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí an deis ar fáil do dhaoine agus d’eagraíochtaí atá liostaithe i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil inní dhlísteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus maidir le drochthionchair ar an gcomhshaol i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí an deis ar fáil do dhaoine agus d’eagraíochtaí atá liostaithe i mír 2 gearáin **agus rabhaidh luatha** a chur faoina mbráid **gan stró** i gcás ina bhfuil inní dhlísteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus maidir le drochthionchair **iarbhír agus fhéideartha** ar an gcomhshaol i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus **eintitis a bhfuil caidreamh gnó ag an gcuideachta leo ina** slabhraí luacha. **Bunófar an gearán ar fhiorais oibiachtúla agus beidh doiciméadú réasúnach ag gabháil leis.**

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas **na** gearáin a chur isteach:

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go **mbeidh an sásra gearán dá dtagraítear i mír 1 sábháilte, cothrom, inrochtana, agus trédhearcach agus go** bhféadfaidh siad seo a leanas gearáin a chur isteach:

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu a chreidiúint go **bhféadfadh** drochthionchar difear **a dhéanamh** dóibh,

*Leasú*

(a) daoine dá ndéantar difear **go díreach** nó a bhfuil forais réasúnacha acu a chreidiúint go **ndéanfaidh** drochthionchar difear dóibh **go díreach**,

**Leasú 81**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn **sa slabhra** luacha lena mbaineann,

*Leasú*

(b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn **ar fud an tslabhra** luacha lena mbaineann **agus a ndéanann drochthionchar difear dóibh nó a bhfuil forais réasúnacha acu a chreidiúint go ndéanfaidh drochthionchar difear dóibh,**

**Leasú 82**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.

*Leasú*

(c) eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann, **maidir le daoine a ndearna drochthionchar difear dóibh nó a bhfuil forais réasúnacha acu a chreidiúint go ndéanfaidh drochthionchar difear dóibh.**

**Leasú 83**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta i gcás ina measann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus go gcuirfear na hoibrithe agus ceardchumainn **ábhartha** ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta **sábháilte** chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta i gcás ina measann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus go gcuirfear na **geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na** hoibrithe agus **na** ceardchumainn ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an

6.

drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal 6. **Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar gearáin a chur isteach ar bhealach anaithnid agus faoi rún.**

**Maidir le haon fhaisnéis a fhoilseofar i ndáil le gearáin áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar i ar bhealach nach gcuirfidh sábháilteacht na ngeallsealbhóirí i mbaol, lena n-áirítear gan a gcéannacht a nochtadh.**

**Leasú 84**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) **bualach** le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun dian-drochthionchair iarbhír nó fhéideartha arb iad ábhar an ghearáin iad a phlé.

**Leasú 85**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 9 – mír 4 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 86**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus a mbearta féin, ar oibríochtaí agus bearta a bhfochuideachtaí

*Leasú*

(b) **idirphlé a dhéanamh** le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun dian-drochthionchair iarbhír nó fhéideartha arb iad ábhar an ghearáin iad a phlé.

*Leasú*

**(ba) faisnéis thráthúil agus éifeachtach a fháil faoi na céimeanna agus na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs gearán a cuireadh isteach.**

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus a mbearta féin, ar oibríochtaí agus bearta a bhfochuideachtaí

agus ar oibríochtaí agus bearta a gcaidreamh gnó seanbhunaithe i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atáthar maidir le leitheadúlacht na ndrochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gach 12 mhí ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua a bheith ann go dtarlódh na drochthionchair sin. Déanfar an beartas díchill chuí a nuashonrú i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin.

agus ar oibríochtaí agus bearta a gcaidreamh gnó seanbhunaithe i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atáthar maidir le leitheadúlacht na ndrochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla, **maidir le hidirphlé fóinteach le geallsealbhóirí ábhartha** agus déanfar iad gach 12 mhí ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann a chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua a bheith ann go dtarlódh na drochthionchair sin. **Maidir le cuideachtaí a oibríonn i gceann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b), soláthróidh na measúnuithe mioneolas freisin maidir leis na rioscaí sonracha a bhaineann leis an earnáil sin.** Déanfar an beartas díchill chuí a nuashonrú i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin. **Airitheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí faisnéis ábhartha maidir le toradh na measúnuithe sin a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 11.**

## **Leasú 87** **Togra le haghaidh treorach** **Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit maidir le cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE go dtuairisceoidh siad ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, ina gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin.

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit maidir le cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE go dtuairisceoidh siad ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a **chomhlíonann ceanglais na Treorach seo a fhoilsiú** ar a suíomh gréasáin, **ar bhealach inrochtana agus tráthúil**, i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. **Ba cheart an tuairiscíú sin a bheith inrochtana agus mionsonraithe go leor chun go léireofar a**

*chomhlíontaí atá próiseas díchill chuí cuideachta leis an Treoir seo. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, ina gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin.*

**Leasú 88**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le ***hAirteagal 28*** maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi ***mhír 1***, lena sonrúfar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, ar dhrochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus na gníomhaíochtaí a rinneadh ina leith.

**Leasú 89**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 11 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le ***hAirteagal 28*** maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi ***mhír 1***, lena sonrúfar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, ar dhrochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus na gníomhaíochtaí a rinneadh ina leith, ***chomh maith le faisnéis ghaolmhar chun tacú le cuideachtaí, lena bhfochuideachtaí agus lena gcomhpháirtithe gnó atá ag oibriú i dtíortha i mbéal forbartha na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shaináithint agus a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.***

*Leasú*

***Áiritheoidh an Coimisiún go bhféadfar tuairisciú simplithe a dhéanamh agus déanfaidh sé nósanna imeachta don tuairisciú simplithe sin a fhorbairt agus na cuideachtaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as próiseas tuairiscithe simplithe i gcomhréir leis an gcur chuige riosca-bhunaithe a shaináithint, mar chuid de na hionstraimí tarmligthe seo. Maidir le cuideachtaí ar mian leo leas a bhaint as an bpróiseas tuairiscithe simplithe, lorgóidh siad formheas ón údarás inniúil***

*náisiúnta ábhartha.*

**Leasú 90**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 11 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Féadfaidh an Coimisiún foráil do na dálaí faoina bhféadfadh na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1 brath ar thuairisciú comhdhlúite an ghrúpa lena mbaineann siad chun a gceanglais tuairiscithe faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.*

**Leasú 91**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 11a**

**Idirphlé le Geallsealbhóirí**

*Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí idirphlé éifeachtach, sábháilte agus fóinteach le geallsealbhóirí nuair a bheidh a n-oibleagáidí de bhun Airteagail 4 go 11 á gcomhlíonadh acu. Déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis an idirphlé le geallsealbhóirí.*

**Leasú 92**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***féadfaidh*** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, le

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ***déanfaidh*** an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, ***le lucht tionscail*** agus le



Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, **lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.**

geallsealbhóirí **ábhartha**, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte **ginearálta** a eisiúint **chomh maith le treoirlínte earnáilsonracha agus tioncharshonracha. Leis na treoirlínte seo go háirithe éascófar comhlíonadh cheanglais na Treorach seo do na cuideachtaí uile agus dá gcomhpháirthe gnó a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Cuirfear riachtanais FBManna san áireamh go háirithe sna treoirlínte a chumasóidh cúnaimh riaracháin agus airgeadais.**

**Leasú 93**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Cabhróidh na treoirlínte le cuideachtaí, go háirithe FBManna, a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11, trí threoraíocht a sholáthar faoin tslí ab eifeachtúla leis na ceanglais faoi ionstraimí difriúla Aontais a chomhlíonadh, chun cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach seo a áirithiú. Foilseofar na treoirlínte sin roimh theacht i bhfeidhm don Treoir seo agus déanfar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta, agus na forbairtí is déanaí sna hearnálacha lena mbaineann á gcur san áireamh.**

**Leasú 94**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 14 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó **seanbhunaithe** acu leo ina slabhraí luacha, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí **na hoibleagáidí a eascraíonn as** an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha dílsithe a chur ar bun agus a oibriú ar bhonn aonair nó i gcomhpháirt. Tabharfar **aird ar leith**, i ndáil leis sin, **ar** na FBManna a bheidh i láthair i slabhraí luacha **cuideachtaí**.

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 14 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, **féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna.**

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh treorach  
Airteagal 14 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Féadfaidh** an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus féadfaidh sé bearta

*Leasú*

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó acu leo ina slabhraí luacha, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha dílsithe a chur ar bun agus a oibriú ar bhonn aonair nó i gcomhpháirt. Tabharfar **an fhaisnéis, an chomhairle agus an tacaíocht**, i ndáil leis sin, **do** na FBManna, **go háirithe**, a bheidh i láthair i slabhraí luacha **na gcuideachtaí agus í saincheaptha dá sainriachtanais.**

*Leasú*

2. **Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna chun cabhrú leo ceanglais dícheall chuí a chomhlíonadh. Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí chun a gcearta a fheidhmiú faoin Treoir seo. D'fhéadfaí a áireamh leis sin suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha dílsithe a chur ar bun. Beidh an mhír seo gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.**

*Leasú*

3. **Déanfaidh** an Coimisiún, **lena n-áirítear chun comhsheasmhacht a áirithiú**, bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht Aontais atá ann cheana chun tacú le

nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus féadfaidh sé bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Leasú 97**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh ilgheallsealbhóra chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 5 go 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Féadfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. **Féadfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh ilgheallsealbhóra.

*Leasú*

4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh ilgheallsealbhóra chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 5 go 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. **Déanfaidh** an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnamh sin, a éascú. **Déanfaidh** an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit **agus geallsealbhóirí ábhartha**, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh ilgheallsealbhóra. **Déanfaidh an Coimisiún córas a fhorbairt chun aitheantas foirmiúil a thabhairt do scéimeanna tionscail agus tionscnaimh ilgheallsealbhóra. San áireamh sna critéir chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht scéime tionscail beidh peirspictíochtaí na sochaí sibhialta in iniúchóireachtaí agus stiúradh na nósanna imeachta caighdeán agus gearán. Rannchuideoidh comhlíonadh scéimeanna tionscail agus tionscnamh ilgheallsealbhóra aitheanta chun comhlíonadh na gceanglas díchill chuí faoi Airteagail 5 go 11 a áirithiú. Foilseoidh an Coimisiún sceideal scéimeanna tionscail agus tionscnamh ilgheallsealbhóra aitheanta tráth nach**

*déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, agus coinneoidh sé an sceideal sin cothrom le dáta. Ní fhágfaidh dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnamh ilgheallsealbhóra go scaoilfear an chuideachta óna freagracht agus oibleagáidí aonair dícheall cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.*

**Leasú 98**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

#### ***Airteagal 14a***

##### ***Pointe Teagmhála Aonair***

- 1. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach. Féadfaidh na Ballstáit an ról sin a thabhairt d'údarás atá ann cheana. I gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach údarás inniúil amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil sin a bheith ina phointe teagmhála aonair freisin.***
- 2. Féadfaidh cuideachtaí treoraíocht a lorg agus tuilleadh tacaíochta agus faisnéise a fháil faoin gcaoi is fearr lena n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh tríd an bpointe teagmhála aonair sin. Is faisnéis, comhairle agus tacaíocht phraiticiúil a bheidh ansin agus déanfar í a shaincheapadh do shainriachtanais FBManna go háirithe.***
- 3. Féadfaidh an pointe teagmhála aonair feidhm idirchaidrimh a fheidhmiú chun comhar trasteorann idir údaráis na mBallstát agus na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile a áirithiú trí chomhar a dhéanamh leis an Líonra Eorpach Maoirseachta arna bhunú in Airteagal 21.***

4. *Déanfaidh an Coimisiún na tionscnaimh Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 a chomhordú agus tairseach aonair a sholáthar a mbeidh rochtain éasca uirthi i dteangacha oifigiúla uile AE. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis iomchuí a sholáthar freisin ar an tairseach sin maidir le dálaí domhanda chearta an duine agus cúrsaí comhshaoil, ar faisnéis í a dhíreoidh ar na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) agus (2)(b).*

**Leasú 99**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 16 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gach cuideachta de chumhacht dá hionadaí údaraithe cumarsáid a fháil ó údaráis mhaoirseachta maidir leis na hábhair uile is gá chun na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Ceanglófar ar chuideachtaí na cumhachtaí agus na hacmhainní riachtanacha a thabhairt dá n-ionadaí údaraithe chun dul i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta.

**Leasú 100**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gach cuideachta de chumhacht dá hionadaí údaraithe cumarsáid a fháil **go díreach agus go tapa** ó údaráis mhaoirseachta maidir leis na hábhair uile is gá chun na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Ceanglófar ar chuideachtaí na cumhachtaí agus na hacmhainní riachtanacha a thabhairt dá n-ionadaí údaraithe chun dul i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta **go héifeachtach**.

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gach cuideachta de chumhacht dá hionadaí údaraithe cumarsáid a fháil **go díreach agus go tapa** ó údaráis mhaoirseachta maidir leis na hábhair uile is gá chun na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Ceanglófar ar chuideachtaí na cumhachtaí agus na hacmhainní riachtanacha a thabhairt dá n-ionadaí údaraithe chun dul i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta **go héifeachtach**.

*Leasú*

**Fónfaidh údarás maoirseachta amháin mar phointe teagmhála aonair freisin le haghaidh cuideachtaí agus oibreoirí eacnamaíocha i gcomhréir le hAirteagal 14a.**

**Leasú 101**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 17 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Faoin dáta a léirítear in Airteagal 30(1), pointe (a) cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe orthu.

**Leasú 102**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 17 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 103**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 17 – mír 7 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

6. Faoin dáta a léirítear in Airteagal 30(1), pointe (a) cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta ***agus, de réir mar is infheidhme, faoi inniúlachtaí faoi seach na n-údarás sin*** arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe orthu.

*Leasú*

***7a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-eolas, an taithí agus na scileanna iomchuí ag na húdaráis mhaoirseachta i ndáil le cearta an duine, bainistíocht ghnó, an comhshaol agus cúrsaí aeráide chun a ndualgais a chomhlíonadh i gcomhthéacs na Treorach seo agus a gcumhachtaí a fheidhmiú.***

*Leasú*

***7b. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na húdaráis mhaoirseachta tuarascáil bhliantúil ina dtabharfar mioneolas ar ghníomhaíochtaí ábhartha, plean oibre agus tosaíochtaí don todhchaí agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis***

*maidir le smachtbhanna agus cinntí, agus go gcuirfidh siad an tuarascáil ar fáil.*

**Leasú 104**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta a ngníomhaíochtaí i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus tabharfaidh siad aird chuí ar an gcur chuige riosca-bhunaithe maidir le dícheall cuí le haghaidh cuideachtaí.**

**Leasú 105**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 18 – mír 5 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach **agus** dholeigheasta a sheachaint.

(c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach **nó** dholeigheasta a sheachaint.

**Leasú 106**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar sábháilteacht na ndaoine sin leis na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear trína áirithiú maidir le hábhair inní agus faisnéis a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don duine lena mbaineann dá nochtfaí iad go mbeidh siad anaithnid agus faoi rún i gcónaí.**

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 19 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithe is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhlíonadh dhlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar imní cuí-réasúnaithe agus soláthróidh sé an réasúnú chuige sin.

**Leasú 108**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 109**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 20 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na

*Leasú*

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithe is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhlíonadh dhlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar imní cuí-réasúnaithe, agus **faoi chinntí an údaráis**, agus soláthróidh sé an réasúnú chuige sin.

*Leasú*

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na hÚdaráis Mhaoirseachta bealaí inrochtana chun ábhair imní cuí-réasúnaithe a fháil. Ba cheart na córais sin a chur ar fáil sna teangacha ábhartha agus gan aon chostas a bheith ag baint leo. Beidh aon nós imeachta den sórt sin cóir, cothrom, agus tráthúil, agus ní bheidh sé róchostasach, agus i gcás inarb iomchuí, soláthróidh sé leigheasanna leordhóthanacha agus éifeachtacha.***

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na



smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

***Tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar fhaisnéis a choinnítear laistigh de Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta a bheith á malartú chun a áirithiú go ndéanfar smachtbhannaí a chuíchóiriú laistigh den Aontas.***

## **Leasú 110**

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 20 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Agus cinneadh á dhéanamh faoina mbeidh smachtbhannaí le forchur agus, má tá, cinneadh maidir le cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais arna cheangal uirthi ag údarás maoirseachta a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh.

*Leasú*

2. Agus cinneadh á dhéanamh faoina mbeidh smachtbhannaí le forchur agus, má tá, cinneadh maidir le cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais arna cheangal uirthi ag údarás maoirseachta a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithé arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, ***éifeachtaí carnacha féideartha ó smachtbhannaí arna bhforchur ar an gcuideachta cheana féin*** chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh.

## **Leasú 111**

### **Togra le haghaidh treorach Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. ***Éascóidh*** an Líonra ***comhar*** na n-údarás maoirseachta agus ***comhordú agus ailíniú chleachtais*** rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus mhaoirseachta na n-údarás maoirseachta agus, de réir mar is

*Leasú*

Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. ***Fónfaidh*** an Líonra ***mar ardán comhair*** na n-údarás maoirseachta agus ***chun cleachtais*** rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus mhaoirseachta na n-údarás maoirseachta ***a chomhordú*** agus ***a***

iomchuí, *comhroinnt faisnéise* eatarthu.

*ailíniú agus, de réir mar is iomchuí, chun faisnéis a chomhroinnt eatarthu, chomh maith le gníomhaíochtaí bliantúla ábhartha an Líonra a nochtadh. Go háirithe déanfaidh an Líonra éascaíocht ar chur chuige cuíchóirithe a fhorbairt maidir leis na smachtbhannaí is infheidhme as sárúithe ar an rialachán seo lena n-áirítear, gan dochar don dlí náisiúnta, trí raon coiteann agus critéir choiteanna a chinneadh maidir le pionóis.*

**Leasú 112**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Maidir le húdaráis mhaoirseachta nach iad an pointe teagmhála aonair i mBallstát iad agus a sheolann gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Treoir seo, déanfaidh siad faisnéis ábhartha a chomhroinnt leis an bpointe teagmhála aonair chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis riachtanach ag an bpointe teagmhála aonair chun a chúraimí a dhéanamh.**

**Leasú 113**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoin ... [**OP**: cuir isteach an dáta = 7 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] **ar a dhéanaí**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheisteanna seo a

Faoin ... [**OP**: cuir isteach an dáta = 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], **agus gach trí bliana dá éis sin**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheisteanna seo

leanas:

a leanas:

**Leasú 114**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) faoinar gá athruithe reachtacha a ghlacadh;**

**Leasú 115**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(db) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ar fud na bpróiseas ábhartha díchill chuí;**

**Leasú 116**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 – pointe d c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(dc) an cóineasú agus an éagsúlacht idir na Ballstáit sa reachtaíocht náisiúnta i ndiaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo;**

**Leasú 117**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Faoin ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], athbhreithneoidh an Coimisiún tionchar na Treorach seo, lena n-áirítear na costais ghaolmhara indíreacha agus a n-éifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus**

*comhshaoil ar FBManna, agus beidh cuntas agus measúnú ag gabháil leis ar a éifeachtaí atá na bearta éagsúla agus na huirlisí tacaíochta a sholáthraíonn an Coimisiún agus na Ballstáit do FBManna.*

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937		
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)		
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta arna fhógairt sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022		
<b>Tuairim ó</b> Dáta arna fhógairt sa suí iomlánach	IMCO 4.4.2022		
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Deirdre Clune 21.4.2022		
<b>Pléite sa choiste</b>	26.10.2022	29.11.2022	8.12.2022
<b>Dáta an ghlactha</b>	2.3.2023		
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: -: 0:	23 15 0	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Adam Bielan, Anna Cavazzini, Deirdre Clune, David Cormand, Maria Grapini, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Róza Thun und Hohenstein, Marion Walsmann, Marco Zullo		
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Clara Aguilera, Marc Angel, Vlad-Marius Botoș, Jordi Cañas, Christian Doleschal, Malte Gallée, Ivars Ijabs, Katrin Langensiepen, Tsvetelina Penkova, Romana Tomc, Kosma Złotowski		
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Patrick Breyer, José Manuel Fernandes, Ljudmila Novak, Javier Zarzalejos		

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

23	+
ECR	Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek, Kosma Złotowski
PPE	Deirdre Clune, Christian Doleschal, José Manuel Fernandes, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Ljudmila Novak, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Romana Tomc, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos
Renew	Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoș, Jordi Cañas, Svenja Hahn, Ivars Ijabs, Róza Thun und Hohenstein, Marco Zullo

15	-
S&D	Alex Agius Saliba, Clara Aguilera, Marc Angel, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, René Repasi
The Left	Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Anna Cavazzini, David Cormand, Malte Gallée, Katrin Langensiepen

0	0

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Corporate Sustainability Due Diligence and amending Directive (EU) 2019/1937			
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0071 – C9-0050/2022 – 2022/0051(COD)			
<b>Dáta curtha síos sa Pharlaimintte</b>	24.2.2022			
<b>Coistí freagracha</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.4.2022			
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AFET 4.4.2022	DEVE 15.9.2022	INTA 4.4.2022	CONT 4.4.2022
	ECON 4.4.2022	EMPL 4.4.2022	ENVI 4.4.2022	ITRE 4.4.2022
	IMCO 4.4.2022	CULT 4.4.2022	LIBE 4.4.2022	AFCO 4.4.2022
	FEMM 4.4.2022			
<b>Not delivering opinions</b> Date of decision	CONT 15.3.2022	CULT 15.3.2022	LIBE 28.4.2022	AFCO 28.3.2022
	FEMM 10.5.2022			
<b>Associated committees</b> Date announced in plenary	AFET 15.9.2022	ENVI 15.9.2022	EMPL 15.9.2022	ECON 15.9.2022
	INTA 15.9.2022			
<b>Rapóirtéir don tuairim</b> Dáta an cheapacháin	Lara Wolters 28.2.2022			
<b>Pléite sa choiste</b>	5.9.2022	17.11.2022	24.1.2023	
<b>Dáta an ghlactha</b>	25.4.2023			
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: –: 0:	19 3 3		
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Pascal Arimont, Manon Aubry, Gunnar Beck, Ilana Cicurel, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Virginie Joron, Pierre Karleskind, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Maria-Manuel Leitão-Marques, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Raffaele Stancanelli, Axel Voss, Marion Walsmann, Lara Wolters, Javier Zarzalejos			
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Daniel Buda, Pascal Durand, Heidi Hautala, Antonius Manders			
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Agnes Jongerius, Maite Pagazaurtundúa			
<b>Dáta curtha síos</b>	8.5.2023			





## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

19	+
NI	Sabrina Pignedoli
PPE	Pascal Arimont, Daniel Buda, Antonius Manders, Jiří Pospíšil, Axel Voss, Javier Zarzalejos
Renew	Ilana Cicurel, Pierre Karleskind, Karen Melchior, Maite Pagazaurtundúa
S&D	Pascal Durand, Ibán García Del Blanco, Agnes Jongerius, Maria-Manuel Leitão-Marques, Lara Wolters
The Left	Manon Aubry
Verts/ALE	Heidi Hautala, Sergey Lagodinsky

3	-
ECR	Angel Dzhambazki, Raffaele Stancanelli
ID	Gunnar Beck

3	0
ID	Virginie Joron, Gilles Lebreton
PPE	Marion Walsmann

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh